
Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem



# Banc Ceannais na hÉireann

Tuarascáil Bhliantúil 2016

Banc Ceannais na hÉireann

10 Aibreán 2017

A Aire, a chara,

Faoi Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú), tá sé de cheangal ar Bhanc Ceannais na hÉireann tuarascáil a ullmhú maidir lena ghníomhaíochtaí i rith na bliana agus an cháipéis sin a thíolacadh duit laistigh de thréimhse sé mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais..

Is onóir dom é Gníomhaíochtaí agus Cuntais Bhliantúla Bhanc Ceannais na hÉireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 a iamh leis seo.

Is mise le meas,

**Philip R. Lane**
**An Gobharnóir**

# Clár na nÁbhar

**Cuid 1**

Coimisiún an Bhainc Ceannais 4
Eagraíocht 5
An Ardbhainistíocht 6
Lucht Bainistíochta 7
Ráiteas Tosaigh ón nGobharnóir 8
2016: Sracfhéachaint ar an mBanc 10
2016: Sracfhéachaint ar Gheilleagar na hÉireann 11
**Caibidil 1:** An Creat do Phlean Straitéiseach 2016-2018: Athbhreithniú ar an gCur Chun Feidhme in 2016 12
– Réamhrá 13
– Freagrachtaí Straitéiseacha 14
– Cumasóirí Straitéiseacha 20
**Caibidil 2:** Príomhghníomhaíochtaí agus Forbairtí in 2016 22
– Cobhsaíocht Praghsanna 23
  • Cairt 1: Ceannacháin Mhíosúla APP in 2016 24
– Cobhsaíocht Airgeadais 27
  • Bosca 1: Athbhreithniú ar Bhearta Macrastuamachta Morgáiste maidir le Cóimheasa Iasachta le Luach agus Cóimheasa Iasachta le hIoncam 28
  • Bosca 2: Tascfhórsa an Bhainc Ceannais maidir le Brexit 29
– Cosaint Tomhaltóirí 31
– Maoirseacht agus Forfheidhmiú 34
  • Cairt 2: Gnólachtaí Rialáilte 34
– Forbairt Beartas Rialála 38
  • Cairt 3: Líonra Beartais an Bhainc 39
– Íocaíochtaí, Socraíochtaí agus Airgeadra 41
  • Tábla 1 – Eisiúintí Nótaí Bainc 42
  • Bosca 3: Sraith Nótaí Bainc Europa 43
  • Tábla 2: Eisiúintí Bonn 44
  • Bosca 4: Boinn Fhorógra na Poblachta 1916 44
– Comhairle Eacnamaíoch agus Staidreamh 46
– Téarnamh agus Réiteach 51
  • Bosca 5: Leachtú Chomhar Creidmheasa an Rois 52
– Daoine agus Eolas 53
– Faisnéis agus Acmhainní ??
  • Bosca 6: Tionscadail shuntasacha TF a baineadh amach in 2016 54
  • Bosca 7: Soláthar Breise Riosca a chur chun feidhme i gCuntais Bhliantúla 2016 56
  • Bosca 8: Clár Fusion 58
  • Tábla 3: Gnéithe de Staid Glansócmhainní Airgeadais an Bhainc 61
  • Bosca 9: Feidhmíocht Fuinnimh, Sábháilteachta agus Comhshaoil - Tionscnaimh an Bhainc 62
  • Bosca 10: Freagracht Shóisialta Chorparáideach 65
– Cumarsáid agus Cuntasacht 66
  • Bosca 10: Freagracht Shóisialta Chorparáideach 67
**Caibidil 3:** Rialachas agus Iniúchóireacht Inmheánach 69
– Rialachas 69
– Creat Dlíthiúil agus Cuspóirí Reachtúla 70
– Coimisiún an Bhainc Ceannais 70
– Comhaltaí an Choimisiúin 71
  • Tábla 4 – Cruinnithe ar fhreastail Comhaltaí an Choimisiúin orthu le linn 2016 74
  • Tábla 5 – Cruinnithe den Choiste Iniúchóireachta 2016 75
  • Tábla 6 – Cruinnithe den Choiste Buiséid agus Luacha Saothair 2016 76
  • Tábla 7 – Cruinnithe den Choiste Riosca 2016 77
– Cuntasacht 80
  • Tábla 8 – Láithreas os comhair Comhchoistí Oireachtais le linn 2016 81
– Iniúchóireacht Inmheánach 82
**Iarscríbhinn 1:** Ráitis agus Páipéir arna bhfoilsiú ag an mBanc in 2016 83
Gluais 91

**Cuid 2**

Oibríochtaí Airgeadais 96
Ráiteas Cuntas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 101

# Cuid 1

# Coimisiún an Bhainc Ceannais

amhail ar an 31 Márta 2017



**Philip R. Lane,**
**An Gobharnóir**




**Sharon Donnery,**
**Leas-Ghobharnóir**
**(Baincéireacht**
**Cheannais)**



**Cyril Roux,**
**Leas-Ghobharnóir**
**(Rialáil Airgeadais)**




**Derek Moran,**
**Ard-Rúnaí na Roinne**
**Airgeadais**



**Alan Ahearne**




**Patricia Byron**




**Blanaid Clarke**



**John FitzGerald**



**Des Geraghty**




**Michael Soden**



**Neil Whoriskey,**
**Rúnaí**

# Eagraíocht

amhail ar an 31 Márta 2017




* *Ex-officio.*

^ Tuairiscíonn an Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach go díreach don Ghobharnóir agus ní thuairiscíonn sé don Stiúrthóir ar Réiteach agus ar Ghnóthaí Corparáideacha ach amháin i ndáil le nithe riaracháin nó buiséadacha.

# Rachaidh Mary O'Dea i mbun an phoist seo i Meán Fómhair 2017. Go dtí sin, beidh Gráinne McEvoy, an Ceannasaí ar an Rannán um Maoirseacht ar Urrúis agus ar Mhargaí, ina Stiúrthóir Gníomhach.

# An Ardbhainistíocht

amhail ar an 31 Márta 2017



**Philip R. Lane,**
**An Gobharnóir**




**Sharon Donnery,**
**Leas-Ghobharnóir**
**(Baincéireacht Cheannais)**



**Cyril Roux,**
**Leas-Ghobharnóir**
**(Rialáil Airgeadais)**



**Gerry Quinn,**
**Príomh-Oifigeach**
**Oibríochaí**




**John Coyle,**
**Stiúrthóir**
**Réiteach agus Gnóthaí**
**Corparáideacha**




**Sylvia Cronin,**
**Stiúrthóir**
**Maoirseacht ar**
**Árachas**



**Gerry Cross,**
**Stiúrthóir**
**Beartas agus Riosca**



**Gabriel Fagan,**
**Príomh-Eacnamaí**




**Kevin Garland,**
**Príomh-Oifigeach**
**Faisnéise**




**Liz Joyce,**
**Stiúrthóir**
**Acmhainní Daonna**



**Gráinne McEvoy,**
**Stiúrthóir Gníomhach**
**Maoirseacht ar Urrúis**
**agus Margaí**




**Maurice McGuire,**
**Stiúrthóir**
**Oibríochtaí Airgeadais**



**Paul Molumby,**
**Stiúrthóir**
**Bainistíocht Saoráidí**
**agus Airgeadra**



**Derville Rowland**
**Stiúrthóir**
**Forfheidhmiú**



**Michael Hodson,**
**Stiúrthóir**
**Maoirseacht ar**
**Bhainistíocht**
**Sócmhainní**



**Bernard Sheridan,**
**Stiúrthóir**
**Cosaint Tomhaltóirí**



**Ed Sibley,**
**Stiúrthóir**
**Institiúidí**
**Creidmheasa**

# Lucht Bainistíochta

amhail ar an 31 Márta 2017

| Stiúrthóireacht | Rannán | Ceannasaí Rannáin |
|---|---|---|
| Réiteach agus Gnóthaí Corparáideacha | Ardrúnaíocht<br>Iniúchóireacht Inmheánach<br>Cumarsáid<br>Dlí<br>Riosca Eagraíochtúil<br>Réiteach | Neil Whoriskey<br>Joe Foy<br>Jill Forde<br>Eadaoin Rock<br>Glenn Calverley<br>Patrick Casey |
| Oibríochtaí Airgeadais | Margaí Airgeadais<br>Íocaíocht agus Socraíocht Urrús | Peter Sinnott<br>Daragh Cronin |
| Eacnamaíocht | Anailís ar Gheilleagar na hÉireann<br>Cobhsaíocht Airgeadais<br>Beartas Airgeadaíochta<br>Staidreamh<br>Taighde agus Tionscadail Tras-Stiúrthóireachta | John Flynn<br>Mark Cassidy<br>Gillian Phelan<br>Joe McNeill<br>Gerard O'Reilly |
| Bainistíocht Faisnéise agus Teicneolaíocht Faisnéise | Seachadadh TF<br>Straitéis, Pleanáil agus Bonneagar TF<br>Seachadadh Teicneolaíochta agus Oibríochtaí | Louise Dennehy*<br>Karina McArdle<br>Eoin McDermott |
| Airgeadra agus Bainistíocht Saoráidí | Eisiúint Airgeadra<br>Táirgeadh Airgeadra<br>Bainistíocht Saoráidí | Lucy O'Donoghue<br>Tony Duffy<br>Michael Enright |
| Acmhainní Daonna | Acmhainní Daonna<br>Forbairt Eagraíochtúil | Derval McDonagh<br>Karen A O'Leary* |
| Oibríochtaí | Idirbhearta Rialála<br>Rialú Airgeadais<br>Soláthar<br>An Oifig um Bainistíocht Tionscadal | Alan Briscoe<br>Fergal Power<br>Michael Power<br>John Thompson |
| Maoirseacht ar Institiúidí Creidmheasa | Maoirseacht ar Bhaincéireacht – Anailís<br>Maoirseacht ar Bhaincéireacht – Maoirseacht<br>Maoirseacht ar Bhaincéireacht – Cigireachtaí<br>Clárlann na gComhar Creidmheasa | Adrian Varley<br>Fiona McMahon<br>Folúntas<br>Anne Marie McKiernan |
| Maoirseacht ar Árachas | Árachas - Maoirseacht<br>Árachas - Seirbhísí Comhairleoireachta, Anailíseacha & Achtúireacha | Nuala Crimmins<br>David Cobley |
| Maoirseacht ar Bhainistíocht Sócmhainní | Bainistíocht Sócmhainní: Maoirseacht<br>Bainistíocht Sócmhainní: Údaruithe agus Cigireachtaí | Folúntas<br>Folúntas |
| Maoirseacht ar Urrúis agus ar Mhargaí | Maoirseacht ar Urrúis agus ar Mhargaí | Gráinne McEvoy |
| Beartas agus Riosca | Beartas Stuamachta agus Rialachas<br>Riosca Maoirseachta<br>Beartas Margaí | Mary Burke<br>Mary Elizabeth McMunn<br>Martin Moloney |
| Cosaint Tomhaltóirí | Cosaint Tomhaltóirí - Beartas agus Údaruithe<br>Cosaint Tomhaltóirí - Maoirseacht | Colm Kincaid<br>Helena Mitchell |
| Forfheidhmiú | Forfheidhmiú - Imscrúduithe<br>Forfheidhmiú - Comhairleach<br>Frithsciúradh Airgid | Brenda O'Neill<br>Seana Cunningham<br>Domhnall Cullinan |

* Rachaidh Louise Dennehy i mbun poist an 10 Aibreán 2017.

* Rachaidh Karen A. O'Leary i mbun poist an 27 Aibreán 2017.



# Ráiteas Tosaigh ón nGobharnóir

Lean geilleagar na hÉireann de bheith ag fás ar luas láidir in 2016 agus bhí éileamh láidir intíre ag tacú leis an bhfás sin. Tháinig neartú suntasach ar an bhfás ar fhostaíocht agus tá leathnú tagtha ar an téarnamh ar an taobh intíre den gheilleagar. Tá an t-ionchas foriomlán dearfach i gcónaí. Ar a shon sin, tá an t-ionchas faoi réir na héiginnteachta a bhaineann leis an timpeallacht sheachtrach, lena n-áirítear Brexit agus na rioscaí don timpeallacht trádála domhanda. Bunaíodh Tascfhórsa Brexit sa Bhanc roimh an reifreann sa Ríocht Aontaithe agus leanann sé sin de mheasúnú agus d'anailísiú a dhéanamh ar na himpleachtaí, lena n-áirítear an fhéidearthacht go mbeidh ar an mBanc maoirseacht a dhéanamh ar raon níos ilchineálaí eintiteas agus samhlacha gnó.

Tháinig feabhas ar dhálaí eacnamaíocha sa limistéar euro le linn 2016 freisin. Bhí an boilsciú príomha bliantúil maolaithe i gcónaí agus ghlac Comhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) bearta neamhchaighdeánacha éagsúla chun boilsciú a thabhairt ar ais chuig leibhéal a bheadh gar do 2% ach faoina bhun sa mheántéarma.

D'fhonn misean an Bhainc maidir le 'Cobhsaíocht a Choimirciú, Tomhaltóirí a Chosaint' a bhaint amach, rinneadh dul chun cinn maith i dtaca leis an bPlean Straitéiseach don tréimhse 2016-2018 a bhaint amach. Bíonn gnéithe Eorpacha agus intíre i gceist leis an ról atá ag an mBanc i dtaobh bonn taca a chur faoin gcobhsaíocht airgeadais. Mar chuid de Shásra Aonair Maoirseachta (SAM) an BCE, bhí an Banc ag áirithiú go raibh na cóimheasa caipitil agus leachtachta leordhóthanach chun go mbeadh na bainc ábalta turraingí díobhálacha a sheasamh, agus thacaigh clár réamhghníomhach um rannpháirtíocht maoirseachta leis sin. Gné thábhachtach eile ab ea an obair a rinneadh i gcomhar leis an mBord Réitigh Aonair (BRA) chun a áirithiú go n-íoslaghdófaí an gá le hinstealltaí cistí cáiníocóirí chun institiúidí anásta a réiteach amach anseo. Chuige seo, forbraíodh pleananna réitigh do na bainc Éireannacha go léir agus d'fhormheas an BRA iad sin in 2016. San earnáil árachais, thug an Banc bearta nua rialála isteach faoi Shócmhainneacht II agus tháinig siad sin in éifeacht in 2016.

Ar an taobh intíre, socraíonn an Banc caipiteal maolánach breise do bhainc agus cuireann sé bearta a bhaineann le hiasachtaithe i ngníomh chun na rioscaí a bhaineann le timthriallta 'borradh agus cliseadh' a mhaolú. In 2016, rinne an Banc athbhreithniú agus leasú ar an gcóras um bearta morgáiste a tugadh isteach ar dtús in 2014, chun a áirithiú go leanfadh sé de bheith ina uirlis rí-thábhachtach chun riosca airgeadais sistéamach a theorannú agus, ag an am céanna, bíonn an Banc ag gníomhú chun tomhaltóirí a chosaint ar na rioscaí a bhaineann leis an ró-iasachtaíocht.

Faoinár sainordú um chosaint tomhaltóirí, is é an t-imscrúdú cuimsitheach tionscail ar mhorgáistí rianúcháin ceann de na príomh-réimsí a bhfuiltear ag díriú air. Is é seo an t-athbhreithniú maoirseachta is mó, is casta agus is suntasaí atá seolta ag an mBanc go dtí seo i ndáil lena shainordú um chosaint tomhaltóirí; tá dul chun cinn suntasach déanta air agus féachtar lena áirithiú go ndéanfaidh na hiasachtóirí ábhartha go léir athbhreithniú cuimsitheach, láidir lena gcuirfear torthaí córa ar fáil do thomhaltóirí.

Cuirtear le muinín tomhaltóirí freisin trí chur chuige inchreidte, éifeachtach a leanúint maidir le forfheidhmiú. Le linn 2016, thug an Banc naoi gcinn de chásanna um Smachtbhannaí Riaracháin chun críche agus rinneadh pionóis airgeadaíochta de bhreis ar €12m a fhorchur.

Bhí roinnt forbairtí suntasacha ann ó thaobh cúrsaí eagraíochtúla. Rinneadh dul chun cinn maidir leis an gclár chun an fhoireann a bhí i bunaithe i lár na cathrach a athlonnú go dtí an Campas nua i gCeantair na

nDugaí i gcomhréir leis na cuspóirí comhaontaithe agus bhí an foirgneamh nua á áitiú i mí Aibreáin 2017. Chuir an Banc athbhreithniú eagraíochtúil i gcrích le linn na bliana freisin agus chuir sé feabhas ar chuid meán cumarsáide, lena n-áirítear forbairt suímh gréasáin nua agus seoladh an suíomh gréasáin nua sin i mí an Mhárta 2017. Cuirtear sonraí ar fáil sa tuarascáil bhliantúil maidir leis na gníomhaíochtaí sin agus maidir le gníomhaíochtaí uile an Bhainc le bliain anuas.

Tá brabús airgeadais €2.3bn á thuairisciú ag an mBanc don bhliain 2016; tar éis tuilleamh coimeádta, íocfar tuairim is €1.8bn leis an Státchiste. Leanann brabúis an Bhainc de bheith ag freagairt d'iarmhairtí na géarchéime airgeadais in Éirinn agus sa limistéar euro araon. Rachaidh na himthosca sin i laghad thar an meántéarma, agus dá réir sin, normalóidh sreafaí brabúis an Bhainc go dtí leibhéil níos réasúnta.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don Leas-Ghobharnóir, Cyril Roux, atá ag éirí as. Ba mhór againn an díograis, spreagadh agus saineolas a chuir sé ar fáil i dtaca le sainordú leathan maoirseachta an Bhainc in Éirinn agus san Eoraip. Chuir sé go rathúil le stiúradh an Bhainc agus fágann sé foireann láidir ina dhiaidh chun leanúint leis an obair sin. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin do chomhaltaí Choimisiún an Bhainc Ceannais as a rannpháirtíocht agus a dtacaíocht le linn na bliana. Ar deireadh thiar, ba mhaith liom buíochas mór a ghabháil le foireann an Bhainc as an obair chrua a dhéanann siad ar bhonn leanúnach chun sainordú an Bhainc a bhaint amach.


**Philip R. Lane,**
**An Gobharnóir**

**10 Aibreán 2017**

# SRACFHÉACHAINT AR 2016


## 2016: Sracfhéachaint ar an mBanc Ceannais

### Ioncam barrachais arna íoc leis an Státchiste





Tháinig meadú ar an ioncam barrachais arna íoc leis an Státchiste go dtí €1,836.2 milliún (€1,795.2 milliún in 2015).

### Sócmhainní Iomlána





Tháinig méadú ar na Sócmhainní Iomlána go dtí €82.8 billiún (€77.2 billiún in 2015)

### Líon na nOibríochtaí Margaidh Oscailte




Sheol an Banc 136 oibríocht thar ceann an Eurochórais (130 in 2015).


### Eisiúint Nótaí Bainc agus Monaí




Tháinig méadú ar líon na nótaí bainc a eisíodh (328 milliún in 2016 aníos ó 313 milliún in 2015) agus ar líon na monaí a eisíodh (126 milliún in 2016 aníos ó 115 milliún in 2015).


# 2016: Sracfhéachaint ar Gheilleagar na hÉireann

## Fíor-OTN agus Fíor-OTI





Leathnaigh an geilleagar in 2016 sa mhéid gur tháinig fás um 7.6 faoin gcéad air i dtéarmaí na fíor-OTN agus agus tháinig fás um 4.5 faoin gcéad air i dtéarmaí na fíor-OTI.

## Boilsciú (TCPT)




B'ionann boilsciú TCPT ar an meán in 2016 agus -0.2 faoin gcéad.


## Iarmhéid Rialtais Ghinearálta (IRG) mar % den OTI




Meastar gur sháraigh an t-easnamh Rialtais Ghinearálta in 2016 teorainn an Nós Imeachta um Easnamh Iomarcach (EDP) ó thaobh feidhmíochta de.


Nóta: Tá na figiúirí do 2016 bunaithe ar mheastacháin tráth Bhuiséad 2017 agus tá siad faoi réir athbhreithnithe a luaithe a bheidh figiúirí EDP foilsithe ag Eurostat i mí Aibreáin 2017.

## Ráta Dífhostaíochta





Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta go dtí thart ar 8.0 faoin gcéad ar an meán in 2016. Is ionann ráta dífhostaíochta reatha ILO (Eanáir) agus 7.1 faoin gcéad.

## Praghsanna Réadmhaoine Cónaithe Náisiúnta




Bhí an tInnéacs Praghsanna Réadmhaoine Cónaithe 6 faoin gcéad ní b'airde ar an meán in 2016 ná 2015.

## Rátaí Athraithe Bliantúla Dheireadh Bliana ar Iasachtú




Tháinig laghdú 1 faoin gcéad agus 4 faoin gcéad faoi seach ar an iasachtú le Teaghlaigh Éireannacha agus le Corparáidí Neamhairgeadais (CNAanna) bliain ar bhliain faoi dheireadh 2016.

Nóta: Tá rátaí fáis bunaithe ar idirbhearta bunúsacha, i.e., tar éis coigeartú a dhéanamh do laghduithe, d'urrúsú, agus d'aistrithe chuig GNBS, etc.

# **Caibidil 1:** An Creat do Plean Straitéiseach 2016-2018

## Athbhreithniú ar an gCur Chun Feidhme in 2016


Sracfhéachaint ar Phlean Straitéiseach 2016-2018 an Bhainc Ceannais

**Ár Misean:**

Cobhsaíocht a Choimirciú,
Tomhaltóirí a Chosaint

**Ár bhFís:**

Muinín ag an bPobal asainn
Meas ag ár bPiaraí orainn
Ionad Oibre Sásúil don Fhoireann




Freagrachtaí Straitéiseacha
Cumasóirí Straitéiseacha

## Réamhrá

'Cobhsaíocht a Choimirciú, Tomhaltóirí a Chosaint' is ea misean an Bhainc Ceannais. D'fhonn an misean seo a bhaint amach, ní mór cobhsaíocht praghsanna agus cobhsaíocht airgeadais a choimeád ar bun (an chéad cheann díobh i gcomhthéacs an Eurochórais) agus ní mór tabhairt faoi mhaoirseacht threallúsach, riosca-bhunaithe a mbeidh iombhagairt inchreidte forfheidhmiúcháin mar bhonn taca fúithi. I bPlean Straitéiseach 2016-2018 an Bhainc Ceannais, arna fhormheas ag an gCoimisiún i Meán Fómhair 2015 agus arna fhoilsiú i Samhain 2015, leagtar amach an chaoi ina mbaintear an misean sin amach. Forbraíodh é tar éis comhairliúcháin fhairsing leis an gCoimisiún, le feidhmeannaigh shinsearacha agus leis an lucht bainistíochta sa Bhanc.

I dtreo dheireadh 2016, an chéad bhliain de chur chun feidhme an Phlean, measadh go raibh sé tráthúil don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar an Phlean chun a chinntiú go raibh na cuspóirí agus torthaí a cuireadh in iúl fós ábhartha agus chun a chinneadh an raibh gá le haon choigeartuithe nó leasuithe. Chinn an Coimisiún go raibh an Plean ábhartha i gcónaí do shainordú an Bhainc toisc nár sannadh aon fhreagrachtaí suntasacha breise don Bhanc ó foilsíodh an Plean. Ar a shon sin, sainaithníodh saincheisteanna a tháinig chun cinn ó comhaontaíodh an Plean ar dtús agus tabharfar aghaidh orthu sin i bplean oibríochtúil 2017 agus i bpleananna oibríochtúla ina dhiaidh sin. Orthu sin, áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le Brexit, go háirithe faireachán agus measúnú a dhéanamh ar rioscaí eacnamaíocha agus rioscaí don chobhsaíocht airgeadais in Éirinn agus freagairt beartais rialála airgeadais a fhorbairt; feabhas a chur ar an raon staidrimh airgeadais a chuirtear ar fáil d'anailís inmheánach agus sheachtrach araon; agus béim bhreise a leagan ar bhainistíocht riosca sa Bhanc, idir riosca airgeadais agus neamhairgeadais.

Ar mhórghníomhartha 2016, áirítear Clár Measúnaithe ar Earnáil Airgeadais na hÉireann (FSAP) a bhaint amach; an t-athbhreithniú ar na bearta macrastuamachta; an scrúdú leanúnach ar mhorgáistí rianúcháin; leabú Shócmhainneacht II san earnáil árachais; agus tionscadal Fusion chun an fhoireann a bhí lonnaithe i lár na cathrach a aistriú chuig an gcampas nua i gCeantar na nDugaí.

Tugadh gealltanas sa Phlean go dtuairisceofaí ar bhonn bliantúil ar chur chun feidhme an Phlean. San achoimre ardleibhéil seo, leagtar amach an obair a rinneadh in 2016 chun cuspóirí an Phlean Straitéisigh a bhaint amach. I gCaibidil 2 den Tuarascáil Bhliantúil seo, tugtar sonraí níos iomláine ar fhorbairtí sa Bhanc in 2016 i bhformáid a fhreagraíonn do na Freagrachtaí agus do na Cumasóirí Straitéiseacha atá leagtha amach sa Phlean.

## Freagrachtaí Straitéiseacha

| Cobhsaíocht Praghsanna |
| --- |
| *Toradh Inmhianaithe: Go mbainfear an cuspóir maidir le boilsciú sa limistéar euro amach.* |

Is é príomhchuspóir bheartas airgeadaíochta an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun. Chuige sin, tá sé d'aidhm ag an BCE rátaí boilscithe a choinneáil gar do 2% ach faoina bhun thar an meántéarma.

In 2016, bhí pátrún an bhoilscithe phríomha sa limistéar euro, arna thomhas ag an Innéacs Comhchuibhithe ar Phraghsanna do Thomhaltóirí (ICPT), ag freagairt go príomha do thionchar praghsanna fuinnimh. B'ionann tomhas ICPT ar bhoilsciú agus 0.2% ar an meán in 2016.

Tá freagracht ar an mBanc rannchuidiú le ceapadh agus cur chun feidhme bheartas airgeadaíochta an Eurochórais agus a chinntiú, ar an gcaoi sin, go mbainfear amach an cuspóir maidir le boilsciú sa limistéar euro. Faoin gcuspóir seo, leagtar béim go príomha ar fhaisnéis éifeachtach agus ar chomhairle beartais a thabhairt chun tacú leis an nGobharnóir ina ról mar chomhalta de Chomhairle Rialaithe an BCE. In 2016, ullmhaíodh cruinnithe faisnéise ar mhodh tráthúil bunaithe ar thaighde anailíseach d'ardchaighdeán, rud a chuidigh leis an nGobharnóir nuair a bhí sé ag cur leis na próisis cinnteoireachta i gceapadh bheartas airgeadaíochta an Eurochórais.

Déanann an Coiste um Beartas Airgeadaíochta (CBA) de chuid an BCE measúnú ar shaincheisteanna straitéiseacha agus fadtéarmacha eile a bhaineann le seoladh bheartas airgeadaíochta an limistéir euro d'fhonn aiseolas agus comhairle beartais a thabhairt don Chomhairle Rialaithe. Trína rannpháirtíocht ar an gCoiste seo, cuireann an Banc go gníomhach le heochair-dhíospóireachtaí a bhaineann leis an seasamh airgeadaíochta agus le cur chun feidhme an bheartais airgeadaíochta agus bíonn tionchar aige ar na díospóireachtaí sin. Bíonn ionadaíocht ag an mBanc freisin ar an gCoiste um Oibríochtaí Margaidh (MOC) a chuidíonn le cur chun feidhme bheartas airgeadaíochta an limistéir euro, lena n-áirítear cur chun feidhme chlár ceannaigh an BCE do shócmhainní, arna sheoladh ar mhodh rianúil, éifeachtúil. Tacaíodh leis an nGobharnóir ina ról um cheapadh beartais i ndáil le beartais neamhchaighdeánacha, amhail fad agus méid na gclár ceannaigh do shócmhainní agus saincheisteanna teicniúla a bhain lena gcur chun feidhme. Rinneadh anailís, measúnuithe agus léirmhíniú freisin ar fhorbairtí sna margaí airgeadais laistigh agus lasmuigh den AE.

| Cobhsaíocht Airgeadais |
| --- |
| *Toradh Inmhianaithe: Go mbeidh an córas airgeadais cobhsaí.* |

Tá sainordú follasach ag an mBanc sa reachtaíocht intíre agus Eorpach chun rannchuidiú le cobhsaíocht airgeadais in Éirinn agus ar leibhéal an limistéir euro agus AE. D'fhonn an cuspóir seo a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach go mbeidh creat éifeachtach beartais macrastuamachta i bhfeidhm ag an mBanc. Mar an údarás ainmnithe macrastuamachta d'Éirinn, tá sraith beart curtha i bhfeidhm ag an mBanc arb é is cuspóir dóibh rioscaí ar fud an chórais a chosc agus a mhaolú. Tugadh isteach an Cúlchiste Fritimthriallach (CCyB) an 1 Eanáir 2016 agus déantar athbhreithniú ráithiúil air. Is ceanglas caipitil fritimthriallach um athrú ama é seo a fhéachann leis na rioscaí ionchasacha sistéamacha a bhaineann le fás iomarcach creidmheasa a theorannú.

Déantar measúnuithe a dhíríonn go príomha ar shaincheisteanna cobhsaíochta airgeadais a phoibliú le foilsiú Athbhreithniú leathbhliantúil Macra-Airgeadais an Bhainc. San Athbhreithniú Macra-Airgeadais, tugtar forbhreathnú ar an timpeallacht macra-airgeadais in Éirinn. Tá dhá fheidhm leis: (i) chun cuidiú leis an bpobal, le rannpháirtithe margaidh airgeadais agus le húdaráis idirnáisiúnta agus náisiúnta measúnú níos fearr a dhéanamh ar rioscaí airgeadais agus (ii) chun idirphlé eolasach ar bhuanna agus ar laigí an chórais airgeadais a spreagadh mar aon le hiarrachtaí chun a stóinseacht a neartú.

In 2016, rinne an Banc athbhreithniú grinn ar bhearta beartais macrastuamachta, arna dtabhairt isteach do mhargadh morgáiste na hÉireann den chéad uair in 2015 i bhfoirm teorainneacha nua ar chóimheasa arda iasachta le luach (CIL) agus iasachta le hioncam (CII). Is é is cuspóir do na bearta seo stóinseacht banc agus teaghlach i leith turraingí airgeadais a fheabhsú agus treochtaí timthriallacha sa mhargadh morgáiste a shrianadh. Mar thoradh ar an athbhreithniú, arna fhoirmiú le haighneachtaí ó chomhairliúchán poiblí, tugadh isteach roinnt athruithe ar na bearta i ndáil le ceannaitheoirí céaduaire.

Bunaíodh Coiste nua um Bearta Macrastuamachta i Meán Fómhair 2016 a bhíonn ag gníomhú mar choiste comhairleach i gcás athbhreithnithe rialta ar bhearta macrastuamachta náisiúnta a bhaineann leis na bainc agus déanann sé moltaí maidir le bearta a choimeád ar bun nó a leasú de réir mar is cuí leis. Foilsítear cuntas maidir leis na cruinnithe sin ar shuíomh gréasáin an Bhainc.

Le linn 2016, baineadh Clár Measúnaithe ar Earnáil Airgeadais (FSAP) an CAI amach go rathúil. Dhírigh sé ar na réimsí seo a leanas:

» Stóinseacht na hearnála airgeadais (measúnú ar riosca agus ar leochaileachtaí);

» Cáilíocht an chreata rialála agus maoirseachta;

» Cumas chun géarchéimeanna airgeadais a bhainistiú agus a réiteach.

Leis an toradh rathúil a bhí air, tá aitheantas faighte ón bpobal ar an dul chun cinn atá déanta ag an mBanc le blianta beaga anuas.

Le linn 2016, leanadh leis an obair chun Príomh-Chlár Creidmheasa (CCR) a sheoladh agus a bhainistiú. I ndiaidh comhairliúcháin fhairsing le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí, rinneadh rialacháin CCR i Meán Fómhair. Faoi na rialacháin sin, gheobhaidh an CCR faisnéis chreidmheasa ó iasachtóirí ón 30 Meitheamh 2017 ar aghaidh agus tosóidh sé ar fhaisnéis a thabhairt d'iasachtóirí agus d'iasachtaithe araon go luath in 2018.

Bunaíodh Ciste Ranníocach nua don Scéim Ráthaíochta Taiscí (SRT) agus fuarthas ranníocaíochtaí arbh ionann iad agus €93m faoi dheireadh mhí na Nollag 2016.

| Cosaint Tomhaltóirí |
| --- |
| *Toradh Inmhianaithe: Go ngníomhóidh gnólachtaí rialáilte ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí.* |

Le linn dó a shainordú um chosaint tomhaltóirí a chur chun cinn, féachann an Banc lena áirithiú go mbeidh cultúr dearfach dírithe ar thomhaltóirí leabaithe i ngnólachtaí rialáilte agus go mbeidh a gcuid oibleagáidí rialála á gcomhlíonadh ag gnólachtaí rialáilte. Sa Tuarascáil Ionchais um Chosaint Tomhaltóirí (CPOR) a fhoilsítear sa chéad ráithe den bhliain, leagann an Banc amach go soiléir na príomhrioscaí agus na príomhbhagairtí don chuspóir seo mar aon le hionchais an Bhainc i leith gnólachtaí nuair a bheidh siad ag déileáil leis na bagairtí sin. De bhreis air sin, foilsíodh trí cinn d'Fheasacháin um Chosaint Tomhaltóirí in 2016 inar clúdaíodh Iasachtú Pearsanta, an Cód Iompair um Riaráistí Morgáistí agus Aistriú Cuntas Reatha.

Is é an tImscrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin (an tImscrúdú) an t-athbhreithniú is suntasaí maoirseachta atá déanta ag an mBanc i gcomhthéacs a shainordaithe um chosaint tomhaltóirí. Ó 2010 i leith, thug an Banc faoi shaincheisteanna a bhí sainiúil d'iasachtóirí ar leith i ndáil le trédhearcacht d'iasachtaithe a d'aistrigh ó rátaí rianúcháin nó d'iasachtaithe a raibh an ceart acu filleadh ar ráta rianúcháin ag deireadh tréimhse ráta sheasta. Amhail ag deireadh 2016, bhí 8,800 cuntas sainaitheanta san Imscrúdú mar chuntais a ndearnadh difear dóibh. Tá an Banc ag súil go mbeidh na custaiméirí go léir a ndearnadh difear dóibh sainaitheanta ag na hiasachtóirí lena mbaineann faoi lár 2017 agus go mbeidh tús curtha acu le próiseas rannpháirtíochta leis na custaiméirí sin.

1 Amhail ag deireadh mhí Feabhra 2017, bhí méadú tagtha ar an bhfigiúr sin go dtí 9,900.

I ndiaidh comhairliúcháin phoiblí maidir le hathbhreithniú ar an gCód reatha d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBM), tháinig rialacháin nua um iasachtú le FBM i bhfeidhm an 1 Iúil i gcás na n-institiúidí iasachta go léir, cé is moite de chomhair chreidmheasa, ar ina leith a tháinig na rialacháin i bhfeidhm an 1 Eanáir 2017. Tugadh cosaintí breise isteach d'iasachtaithe a bhfuil morgáistí ráta athraithigh acu trí thrédhearcacht a fheabhsú agus aistriú a éascú.

Leis an bhformhaoirseacht bhreise ar earnáil na n-idirghabhálaithe ísealtionchair, leanadh de thorthaí tábhachtacha a bhaint amach sa mhéid gur fheabhsaigh na leibhéil comhlíontachta maidir le híoschaighdeáin i dtéarmaí líon na n-aighneachtaí rialála agus na ngníomhaíochtaí maoirseachta a glacadh i gcoinne gnólachtaí neamhchomhlíontacha.

| Maoirseacht agus Forfheidhmiú |
| --- |
| *Toradh Inmhianaithe: Go mbeidh gnólachtaí rialáilte fónta ó thaobh airgeadais agus go mbeidh siad á mbainistiú go sábháilte.* |

Tugtar faoin rialáil ar institiúidí agus ar mhargaí airgeadais trí mhaoirseacht riosca-bhunaithe, a mbeidh iombhagairt inchreidte forfheidhmiúcháin mar bhonn taca fúithi. Le linn 2016, chuir an Banc feabhas ar a rannpháirtíocht maoirseachta, agus ar a phróisis agus uirlisí maoirseachta i bhfianaise cumhachtaí nua, sainorduithe nua agus caighdeán uasghrádaithe idirnáisiúnta. Sa mhéid sin, folaíodh samhail fheabhsaithe rannpháirtíochta maoirseachta do chomhair chreidmheasa agus cur chuige riosca-bhunaithe a ghlacadh maidir le frithsciúradh airgid (AML) i gcomhréir le dea-chleachtas agus caighdeáin idirnáisiúnta.

Forbraíodh Pleananna um Rannpháirtíocht Maoirseachta agus Pleananna um Chigireacht ar an Láthair d'institiúidí creidmheasa suntasacha agus d'institiúidí creidmheasa ar lú a suntas araon.

Tugadh tacaíocht shuntasach do Thascfhórsa an tSásra Aonair Maoirseachta (SAM) um Iasachtaí Neamhthuillmheacha atá faoi chathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra Donnery. Rinneadh é seo a chomhlánú le rannpháirtíocht láidir ar an láthair agus as an láthair le hinstitiúidí creidmheasa i ndáil le punanna anásta.

Rinneadh Sócmhainneacht II a leabú i gcás gnólachtaí árachais, cuireadh tuairisciú ar líne i bhfeidhm agus comhlíonadh na ceanglais maidir le tuairisciú. Comhlíonadh na spriocdhátaí go léir do Thástáil Struis an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) agus baineadh amach an cumhdach margaidh riachtanach d'Éirinn.

Tugadh faoi líon ard rannpháirtíochtaí treallúsacha maoirseachta agus cigireachtaí téamacha a bhí sainiúil do ghnólachtaí ar leith chun caighdeáin a fheabhsú ar fud an tionscail agus cuireadh sainorduithe nua chun críche i dtéarmaí na Treorach um Dhrochúsáid Margaidh agus an Rialacháin ghaolmhair. Rinneadh dul chun cinn ábhartha maidir le cáilíocht agus éifeachtúlacht an phróisis um údarú cistí infheistíochta a fheabhsú trí úsáid a bhaint as iarratais ar líne agus as sreafaí oibre uathoibrithe.

Ghabh an Banc air féin a chuid gníomhaíochtaí cigireachta ar an láthair a leathnú go dtí na heintitis rialáilte go léir, ar cigireachtaí iad a cuireadh i bhfeidhm ar dtús maidir leis an earnáil baincéireachta. Cé gur baineadh an toradh sin amach tríd is tríd i gcás gnóthas árachais, comhar creidmheasa agus idirghabhálaithe miondíola, bhí tionchar ag srianta acmhainní agus iomlaoid foirne ar a mhéid a d'fhéadfaí é a bhaint amach in earnálacha áirithe.

Lean an Banc d'acmhainní a chaitheamh ar imscrúduithe láidre ar ghnólachtaí agus ar dhaoine aonair agus féachann sé le cuntas a iarraidh orthu i gcás nach gcomhlíonann a n-iompar na caighdeáin riachtanacha. Sáraíodh líon beartaithe na smachtbhannaí riaracháin a socraíodh do 2016, agus rinneadh an fhíneáil ba mhó riamh de bhreis ar €12m a fhorchur; socraíodh freisin an chéad chás arna tharchur ag an BCE chuig an mBanc faoi Chóras SAM.

| Forbairt Beartas Rialála |
| --- |
| *Toradh Inmhianaithe: Go mbeidh an Banc rannpháirteach go gníomhach i bpróiseas Eorpach beartas rialála agus go rannchuideoidh sé le rialacha fónta a cheapadh a bheidh oiriúnaithe go cuí do chomhthéacs na hÉireann agus go dtacóidh sé le hobair chun na rialacha sin a thrasuíomh chuig dlí na hÉireann, rud a áiritheoidh go bhfuil creataí rialála iomchuí agus éifeachtach.* |

Le linn 2016, díríodh go príomha, ar leibhéal intíre agus AE, ar chreataí rialála a leabú, ar creataí iad a ndearnadh athrú suntasach orthu sna blianta roimhe sin, lena n-áirítear Sócmhainneacht II. Bhí an Banc rannpháirteach go gníomhach i bhforbairt Tuarascálacha, treoirlínte agus caighdeán teicniúil ón Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) (e.g. cóimheas giarála, urrúsú agus bannaí faoi chumhdach, neamhchosaintí móra, bainistíocht riosca creidmheasa) agus sa mheasúnú tionchair ar Chaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 9.

Lean an Banc de thionchar a imirt ar an gclár beartais idirnáisiúnta maidir le saincheisteanna urrús agus margaí trí pháirt a ghlacadh san athbhreithniú piaraí ar réamheolaire na nÚdarás Inniúil Náisiúnta agus trí rannchuidiú leis an obair ar Threoir Réamheolaire III, ar thionscnaimh an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí (ESMA), ar leasuithe ar na Rialacháin Trédhearcachta agus ar Threoirlínte ESMA.

Ó thaobh na rialála agus na maoirseachta de, ba é príomhchuspóir an Bhainc á áirithiú sa tréimhse roimh reifreann Brexit agus ina dhiaidh go raibh gnólachtaí rialáilte tar éis aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag cinneadh na Ríochta Aontaithe chun imeacht as an Aontas Eorpach agus tar éis pleanáil iomchuí a dhéanamh ina leith, ar gnólachtaí iad a bhfuil a samhlacha gnó neamhchosanta go díreach nó go hindíreach ar gheilleagar na Ríochta Aontaithe. Tá sé mar ghné thábhachtach den straitéis in 2017, leanúint den rannpháirtíocht le gnólachtaí airgeadais chun a áirithiú go bhfuil breithniú cúramach déanta acu ar na hiarmhairtí ionchasacha dá samhlacha gnó agus dá sreafaí ioncaim agus go bhfuil siad tar éis oiriúnú a dhéanamh ina leith.

Déanann an Banc rialáil ar thart ar 400 cuideachta bainistíochta ciste agus theastaigh uaidh a áirithiú in 2016 go raibh na rialacha a bhain leis na cuideachtaí sin á gcomhlíonadh acu agus go raibh an comhlíonadh sin á léiriú acu. Theastaigh ón mBanc a áirithiú go háirithe go raibh na socruithe cearta rialachais ag cuideachtaí, go raibh na ceanglais infheidhme dlí agus rialála á gcomhlíonadh acu agus go bhféadfadh an Banc rialáil a dhéanamh ar na heintitis sin gan aon bhac míchuí nó le linn tréimhse anásta. Ullmhaíodh dréacht-rialacha agus dréacht-treoir agus thug an Banc faoi chomhairliúchán fairsing chun na rialacha agus an treoir sin a thástáil agus a choigeartú de réir mar ba ghá.

In 2016, ghéaraigh an Banc an bhéim a bhí á leagan aige ar rioscaí teicneolaíochta faisnéise agus cibearshlándála agus d'fhoilsigh sé treoir trastionscail ina leith do na gnólachtaí rialáilte go léir. Sa treoir sin, leagtar amach go soiléir ionchais reatha maoirseachta an Bhainc maidir le rioscaí TF agus cibear-rioscaí a bhainistiú.

Bunaíodh Líonra Beartais inmheánach chun cur chuige straitéiseach, comhréireach a bhaint amach maidir leis an gclár beartais rialála. Is é is aidhm don líonra, creat éifeachtach rannpháirtíochta a chur chun cinn idir beartas, túslíne agus disciplíní eile agus plé a éascú ar fheabhas a chur ar éifeachtacht agus ar thionchar an Bhainc i dtaca le ceapadh beartais AE, roinnt an dea-chleachtais maidir le tionscadail um fheabhsú beartais agus le freagairtí beartais ar shaincheisteanna a thagann chun cinn.

| Íocaíochtaí, Socraíochtaí agus Airgeadra |
| --- |
| *Toradh Inmhianaithe: Go mbeidh na córais íocaíochta, socraíochta agus airgeadra slán, athléimneach agus éifeachtúil* |

Tá oibleagáid reachtúil ar an mBanc a áirithiú go bhfuil bonneagar náisiúnta sábháilte, éifeachtúil íocaíochta agus socraíochta ag Éirinn, agus bíonn gnéithe intíre agus Eurochórais i gceist lena chuid oibre sa réimse seo. Le TARGET2, córas íocaíochta idirbhainc lena ndéantar próiseáil fíor-ama ar aistrithe ar fud an Aontais Eorpaigh, bunaítear na caighdeáin is airde iontaofachta agus

athléimneachta agus tá ról lárnach aige maidir le tarchur rianúil beartais airgeadaíochta ar fud an limistéir euro. Sa ghné Éireannach de TARGET2, próiseáladh beagnach 860,000 idirbheart in 2016 arbh ionann a luach agus €3.35 trilliún.

Lean an Banc d'fhormhaoirseacht a dhéanamh ar chórais íocaíochta miondíola agus socraíochta na hÉireann agus d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí ar íocaíochtaí leictreonacha agus de bheith ag oiriúnú dóibh. Níor sainaithníodh aon saincheisteanna suntasacha i measúnú a rinne an Banc ar Chuideachta Imréitigh Íocpháipéir na hÉireann (IPCC) i gcomhréir le Creat Formhaoirseachta BCE do Chórais Íocaíochta Miondíola.

Sheol an Banc an nóta bainc €20 nua arb é an tríú nóta bainc é i Sraith nua Europa de nótaí bainc (ES2). Tá gnéithe feabhsaithe slándála ag na nótaí bainc nua seo atá ceaptha góchumadh a dhíspreagadh. Rinneadh ullmhúcháin freisin maidir le heisiúint nóta bainc €50 ES2 i mí Aibreáin 2017.

D'eisigh an Banc sraith bonn inbhailithe do chomóradh céad bliain Éirí Amach na Cásca 1916. Chomh maith leis sin, eisíodh bonn inbhailithe in 2016 chun an dearthóir agus an t-ailtire Éireannach, Eileen Gray, a chomóradh.

Rinneadh athbhreithniú ar na samhlacha oibríochta do tháirgeadh, do phróiseáil agus d'eisiúint nótaí bainc agus bonn agus cuirfear samhlacha nua chun feidhme in 2017.

| Comhairle Eacnamaíoch agus Staidreamh |
|---|
| *Toradh Inmhianaithe: Go mbeidh comhairle eacnamaíoch réamhbhreathnaitheach agus neamhspleách agus go mbeidh an staidreamh iontaofa agus iomchuí.* |

Tugann an Banc faoi anailís eacnamaíoch, faoi thaighde eacnamaíoch agus faoi anailís staidrimh atá ceaptha ceapadh beartais eacnamaíoch a fhoirmiú ar leibhéal intíre agus ar leibhéal an limistéir euro. Déantar na haschuir anailíseacha agus staidrimh a scaipeadh trí fhoilseacháin éagsúla, trí sheimineáir agus trí chaidreamh leanúnach le ranna rialtais, leis an saol acadúil agus le tráchtairí.

Le linn 2016, leanadh leis an obair chun bosca macra-uirlisí a fhorbairt don limistéar euro bunaithe ar uirlisí atá ann cheana féin lena n-áirítear samhlacha arna bhforbairt ag an BCE. Leis seo, féadfaidh an Banc measúnú neamhspleách a dhéanamh ar iarmhairt turraingí ar aschur an limistéir euro agus ar réamhaisnéisí maidir le boilsiú.

Forbraíodh croíshamhail DSGE ina bhfuil gnéithe mionsonraithe macra-airgeadais agus mhargadh an tsaothair chun measúnú a dhéanamh ar na rialacha morgáiste agus ar chúlchistí fritimthriallacha.

D'fhoilsigh an Banc ailt, Litreacha Eacnamaíocha agus páipéir theicniúla taighde in irisleabhair acadúla agus i bhfoilseacháin oifigiúla eile. Sna foilseacháin sin, leagadh amach an smaointeoireacht a bhí taobh thiar de chinntí tábhachtacha beartais an Bhainc agus cuireadh leis an díospóireacht níos leithne beartais go hintíre agus go hidirnáisiúnta.

Le tabhairt isteach an tSásra Aonair Maoirseachta (SAM) agus tionscnamh beartais eile, tá méadú suntasach tagtha ar cheanglais staidrimh agus ar cheanglais anailíseacha. Bhí forbairtí éagsúla i gceist in 2016 maidir le staidreamh an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC). Leanadh leis an obair ar chomhtháthú sonraí staidrimh agus sonraí maoirseachta chun léiriú níos iomláine a thabhairt ar an earnáil baincéireachta agus go háirithe i dtéarmaí sainmhínithe agus coincheapa a chomhchuibhiú.

Is é an Banc an príomh-sholáthraí staidrimh d'Éirinn agus foilsíonn sé faisnéis agus anailís mhionsonraithe maidir leis an earnáil airgeadais agus maidir lena cuid fo-earnálacha. Forbraíodh tuilleadh an dlúthchaidreamh oibre idir an Banc agus an Phríomh-Oifig Staidrimh le linn 2016. Tar éis torthaí na gCuntas Náisiúnta a fhoilsiú i mí Iúil 2016, bhunaigh an Phríomh-Oifig Staidrimh Grúpa um Athbhreithniú Staidrimh Eacnamaíoch atá faoi chathaoirleacht an Ghobharnóra. Cuimsítear sna réimsí comhair sin, formhór an staidrimh ó na hearnálacha institiúideacha, comhardú na n-íocaíochtaí,

3 Cothromaíocht ghinearálta stocastach dhinimiciúil

cuntais airgeadais, cistí árachais agus pinsin, agus airgeadas rialtais. De bhreis air sin, cuirtear na sonraí nua go léir arna dtiomsú ag an mBanc ar fáil don Phríomh-Oifig Staidrimh mar ionchur do staidreamh maicreacnamaíoch na hÉireann.

| Téarnamh agus Réiteach |
|---|
| *Toradh Inmhianaithe: Go mbeidh creataí i bhfeidhm chun a áirithiú go ndéanfar réiteach ordúil ar ghnólachtaí ar chlis orthu nó a bhfuil ag cliseadh orthu.* |

Is gnéithe ríthábhachtacha de théarnamh inmharthana eacnamaíoch iad creat réitigh AE a leabú i ngnólachtaí lena mbaineann, agus i gcás inar gá, gnólachtaí ar chlis orthu nó gnólachtaí atá i mbun cliseadh a réiteach. I ndiaidh thrasuíomh na Treorach maidir le Téarnamh agus Réiteach Banc (BRRD) chuig dlí na hÉireann agus i ndiaidh ainmniú an Bhainc mar údarás réitigh náisiúnta (NRA) na hÉireann, dhírigh an Banc in 2016 ar leabú an chreata réitigh go hintíre, ar phleananna réitigh a chur chun cinn do na hinstitiúidí go léir lena mbaineann agus ar a chuid oibleagáidí faoin gcreat nua a chomhlíonadh.

I gcomhar leis an mBord Réitigh Aonair (BRA), d'fhorbair an Banc pleananna réitigh in 2016 do bhainc a ceadúnaíodh in Éirinn agus mar NRA d'fhorbair sé pleananna do 11 ghnólacht infheistíochta lena mbaineann faoin BRRD.

Ón 1 Eanáir 2016, ceanglaíodh ar institiúidí creidmheasa ranníocaíochtaí a dhéanamh leis an gCiste Réitigh Aonair (CRA) a bhíonn á bhainistiú ag an BRA. I mí Aibreáin 2016, rinneadh €107m a thobhach ar bhainc arna gceadúnú in Éirinn agus ar ghnólachtaí infheistíochta áirithe lena mbaineann agus aistríodh é chuig an gCiste Réitigh Aonair i mí an Mheithimh 2016. Gnólachtaí infheistíochta a thagann faoi raon feidhme an BRRD, ceanglaítear orthu ranníocaíochtaí a dhéanamh leis an gCiste Réitigh do Bhainc agus do Ghnólachtaí Infheistíochta (Ciste BIFR), ciste réitigh intíre. In 2016, bailíodh ranníocaíochtaí tobhaigh a bhí comhionann le €1m ó ghnólachtaí infheistíochta lena mbaineann. Faoi na Rialacháin um Thobhach an Chiste Réitigh Foras Creidmheasa (Leasú) (I.R. Uimh. 499/2016), rinneadh ranníocaíochtaí a bhí comhionann le €7.5m a thobhach ar chomhair chreidmheasa lena n-íoc leis an gCiste Réitigh d'Institiúidí Creidmheasa don tréimhse 12 mhí dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2016.

Le blianta beaga anuas, bhí cásanna áirithe ann nuair nach raibh gnólachtaí ábalta réiteach malartach a fháil ar a gcuid deacrachtaí agus b'éigean don Bhanc gníomhaíocht réitigh a ghlacadh faoi Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011 d'fhonn coigiltis comhaltaí a chosaint. Le linn 2016, thug an Banc faoi ghníomhaíocht réitigh i ndáil le Comhar Creidmheasa an Rois agus ba é leachtú an chomhair creidmheasa an toradh a bhí uirthi.

## Cumasóirí Straitéiseacha

| Daoine agus Eolas |
| --- |
| *Toradh Inmhianaithe: Go mbeidh an Banc in ann daoine oilte a mhealladh, a choimeád agus a fhorbairt agus go gcuirfidh sé comhoibriú i bhfeidhm trí eolas a roinnt ar fud na heagraíochta.* |

Tá an Banc tiomanta d'áit oibre shásúil, réamhbhreathnaitheach a chruthú agus do straitéisí a chur chun feidhme i ndáil le hacmhainní agus foghlaim agus le próisis bainistithe buanna don fhoireann go léir. Le linn 2016, thug an Banc athdhearadh eagraíochtúil chun críche inar aistrigh an Banc ó struchtúr a bhí bunaithe ar ghráid chuig struchtúr a bheadh bunaithe ar róil. Forbraíodh próifíl ról do na róil go léir mar aon le prionsabail deartha eagraíochtúil agus socruithe iomchuí rialachais chun a áirithiú go gcoimeádfaí na struchtúir nua ar bun. Beidh an cur chun feidhme i gcrích i bhformhór na réimsí faoi mhí Feabhra 2017 agus déanfar é a fheabhsú leis an timpeallacht oibre nua ar an gCampas nua i gCeantar na nDugaí nuair a bheidh an fhoireann ó lár na cathrach aistrithe ann.

D'fhonn foireann a mhealladh agus a choinneáil tá sé tábhachtach go mbeidh beartais luacha saothair agus aitheantais i bhfeidhm agus go gcinnteofar go mbeidh an beart luacha d'fhostaithe trédhearcach, sothuigthe agus curtha in iúl go soiléir. Toisc go mbaineann reachtaíocht FEMPI leis an mBanc, tá srianta ar an mBanc gnéithe áirithe de na beartais sin a chur chun feidhme.

Bunaíodh Creat Gairme bunaithe ar phróifíl ról ina sainaithnítear finte post ar fud an Bhainc bunaithe ar thacair sainscileanna amhail forbairt beartais, scileanna maoirseachta agus bainistíocht sonraí agus anailísíocht, agus ar dheiseanna taobhacha gairme agus ar dheiseanna ardú céime.

Leanann an Banc d'infheistíocht mhór a dhéanamh i ndeiseanna foghlama agus forbartha do chomhaltaí foirne. In 2016, sheol an Banc Clár an Churaclaim AonBhainc d'iontrálaithe nua, d'fhorbair sé Clár athdheartha do Chéimithe a gcuirfí tús leis in 2017 agus thacaigh sé le 450 comhalta foirne staidéir bhreise a dhéanamh mar chuid de Scéim Acadúil an Bhainc um Oiliúint Gharimiúil.

Ba dhúshlán suntasach i gcónaí don Bhanc é acmhainní a fháil agus cé go raibh líon suntasach iontrálaithe nua ann in 2016 bhí iarmhairt mhór ag iomlaoid foirne, iasachtaí foirne agus aistrithe inmheánach ar an méadú foriomlán ar an líon foirne ina bhfacthas glanmhéadú de 83 (5.5%) don bhliain.

| Faisnéis agus Acmhainní |
| --- |
| *Toradh Inmhianaithe: Go ndéanfaidh an Banc a chuid faisnéise, sonraí agus acmhainní eile a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil.* |

Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2016 maidir leis an tionscadal chun foireann an Bhainc a athlonnú ó na trí shuíomh i lár na cathrach go dtí Campas i gCeantar na nDugaí agus d'aistrigh an chéad ghrúpa de chomhaltaí foirne go dtí an foirgneamh nua i mí na Nollag 2016. Taobh amuigh de na dúshláin shuntasacha foirgníochta, bhí na nithe seo a leanas i gceist leis an tionscadal: feabhsú mór teicneolaíochta, athbhreithnithe ar bheartais AD chun tacú le bealaí nua oibre agus samhail nua oibríochta do bhainistíocht saoráidí. Ina theannta sin, tugadh an tionscadal díola réadmhaoine don ionad ar Shráid an Dáma chun críche i mí na Nollag.

Is croíchumas don Bhanc é anailís a dhéanamh ar shonraí agus ar fhaisnéis le linn dó a shainordú a bhaint amach. Tá straitéis chuimsitheach um bainistíocht sonraí agus faisnéise á forbairt ag an mBanc agus rinneadh dul chun cinn maith sa réimse seo in 2016. Cuireadh próiseas tairisceana i gcrích chun Réiteach Fiontraíochta um Bainistíocht Doiciméad a fháil agus chun soláthróir tosaíochta a shainaithint agus tosófar ar chur chun feidhme an réitigh seo do réimsí tosaigh sa Bhanc in 2017.

Rinneadh athbhreithniú ar shlándáil faisnéise san eagraíocht, rud ba chionsiocair le rialachas feabhsaithe agus béim leanúnach ar thimpeallacht riosca chórais agus shonraí an Bhainc.

4 Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail

Leis an straitéis infheistíochta do shócmhainní infheistíochta an Bhainc agus dá scair de phunanna chúlchistí eachtracha BCE a bhainistítear ar bhonn gníomhaireachta, féachtar leis an toradh fadtéarmach coigeartaithe de réir riosca orthu seo a uasmhéadú. Sháraigh an Banc an tagarmharc ó thaobh feidhmíochta i ndáil leis an dá cheann sin.

Tá réimse rioscaí ag bagairt ar an mBanc, ar rioscaí iad a bhainistítear i gcomhréir le lámhaltas sainithe riosca trí chreataí agus trí mhodheolaíochtaí bainistíochta riosca. In 2016, rinneadh anailís mhionsonraithe ar fhorbairt chlár comhardaithe an Bhainc amach anseo d'fhonn rioscaí reatha agus rioscaí sna blianta atá romhainn a shainaithint agus d'fhonn cinntí um maolú riosca a fhoirmiú. De bhreis ar na próisis rannáin um measúnú riosca agus rialuithe, thionscain an Banc Measúnú um Riosca Straitéiseach in 2016 inar sainaithníodh réimse rioscaí straitéiseacha a bhíonn ag bagairt ar an mBanc. Leis an Measúnú um Riosca Straitéiseach, éascófar don Bhanc a chinneadh cibé acu an bhfuil tionscnaimh bhreise feabhsúcháin riosca ag teastáil.

## Cumarsáid agus Cuntasacht

*Toradh Inmhianaithe: Go dtabharfaidh an Banc faoi chumarsáid agus rannpháirtíocht ghníomhach agus go dtuairisceoidh sé ar a fheidhmíocht féin ar mhodh oscailte, trédhearcach.*

Tá cuntasacht phoiblí ar an mBanc agus léiríonn sé é seo trí thuarascálacha tábhachtacha, trí straitéisí, trí bheartais agus trí réimse leathan faisnéise eile a fhoilsiú. Rinneadh athbhreithniú ar fhormáid Ráiteas Feidhmíochta Rialála 2015 a foilsíodh i dteannta na Tuarascála Bliantúla i mí Aibreáin 2016. Rinneadh príomhoráidí agus aithisc arna dtabhairt ag an nGobharnóir, ag na Leas-Ghobharnóirí agus ag feidhmeannaigh shinsearacha eile a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Bhainc.

I gcomhréir lena thiomantas don trédhearcacht, áirithíonn an Banc go gcomhlíontar go hiomlán a chuid oibleagáidí faoi Shaoráil Faisnéise. Mar aon leis an Scéim Foilseachán a cheanglaítear faoin reachtaíocht a chomhlíonadh, foilsíonn an Banc réimse faisnéise lena n-áirítear miontuairiscí chruinnithe an Choimisiúin agus an Choiste um Bearta Macrastuamachta.

Tá a chuid cainéal cumarsáide á bhforbairt agus á leathnú ag an mBanc d'fhonn a ról a chur chun cinn ar mhodh níos gníomhaí do ghrúpaí inmheánacha, intíre agus idirnáisiúnta. Neartaíodh an fheidhm Cumarsáide sa Bhanc chun tuiscint cheart ar ról agus ar shainordú an Bhainc a chothú agus chun a áirithiú go ndéanfar iad a chur in iúl go réamhghníomhach ar mhodh soiléir, oscailte.

Forbraíodh suíomh gréasáin nua agus seoladh i mí an Mhárta 2017 é. Leis seo, áiritheofar go mbeidh rochtain níos fearr ag páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an pobal i gcoitinne, ar fhaisnéis maidir leis an mBanc.

# Caibidil 2:
## Príomhghníomhaíochtaí agus Forbairtí in 2016

# Cobhsaíocht Praghsanna

**Is é cobhsaíocht praghsanna príomhchuspóir an Bhainc, mar atá leagtha amach sa reachtaíocht. Sa chomhthéacs sin, tá freagracht ar an mBanc rannchuidiú le ceapadh agus cur chun feidhme bheartas airgeadaíochta an Eurochórais agus a chinntiú go mbainfear amach an cuspóir maidir le boilsciú don limistéar euro. Sa chomhthéacs sin, tacaíonn sé leis an nGobharnóir ina ról mar chomhalta de Chomhairle Rialaithe BCE atá freagrach as beartas airgeadaíochta a fhoirmliú (rátaí úis a shocrú agus leachtacht a sholáthar) sa limistéar euro.**

Is é príomhchuspóir BCE, cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun tríd an ráta boilscithe a choinneáil gar do 2% ach faoina bhun. In 2016, bhí pátrún an bhoilscithe phríomha sa limistéar euro, arna thomhas ag an Innéacs Comhchuibhithe ar Phraghsanna do Thomhaltóirí (ICPT), ag freagairt go príomha do thionchar praghsanna fuinnimh. B'ionann tomhas ICPT ar bhoilsciú agus 0.2% ar an meán in 2016.

Cuimsíonn oibríochtaí rialta margaidh oscailte de chuid an Eurochórais oibríochtaí aon seachtain amháin chun leachtacht a sholáthar in euro (príomhoibríochtaí athmhaoinithe nó PAanna). Tairgeann an tEurochóras dhá shaoráid sheasta d'institiúidí creidmheasa (i) an tsaoráid iasachta imeallaí chun leachtacht thar oíche a fháil ón mbanc ceannais, ar bhonn sócmhainní leordhóthanacha a bheith curtha ar fáil, agus (ii) an tsaoráid taisce chun taiscí thar oíche a dhéanamh leis an mbanc ceannais. Le blianta beaga anuas, rinneadh na hoibríochtaí rialta a chomhlánú le hoibríochtaí athmhaoinithe spriocdhírithe fadtéarmacha in euro (OASFanna).

Ina theannta sin, cuireadh cláir éagsúla chun feidhme chun sócmhainní a cheannach glan amach d'fhonn fás a chothabháil ar fud an limistéir euro i gcomhréir leis an gcuspóir maidir le boilsciú. Sa chlár ceannaigh leathnaithe do shócmhainní (EAPP), folaítear na cláir ceannaigh go léir faoina gceannaítear urrúis na hearnála príobháidí agus urrúis na hearnála poiblí chun dul i ngleic leis an riosca go mbeidh tréimhse fhadaithe ann de bhoilsciú íseal. Tá faisnéis bhreise maidir le APP thíos.

## Beartas Airgeadaíochta - Cinntí

Le linn 2016, bhí an boilsciú príomha bliantúil maolaithe go fóill agus ghlac an Chomhairle Rialaithe bearta éagsúla neamhchaighdeánacha[5] chun boilsciú a thabhairt ar ais chuig leibhéal a bheadh gar do 2% ach faoina bhun sa mheántéarma.

Chun gníomhú in aghaidh rioscaí géaraithe do chuspóir BCE maidir le cobhsaíocht praghsanna, d'fhógair an Chomhairle Rialaithe cinntí suntasacha éagsúla beartais airgeadaíochta an 10 Márta 2016, mar fhreagairt ar mheathlú ar an ionchas maicreacnamaíoch, go háirithe sonraí ní ba laige ná mar a bhíothas ag súil leo maidir le boilsciú agus ionchais maidir le laghduithe ar bhoilsciú, mar aon le laghdú géar ar phraghsanna ola. Rinneadh an ráta úis ar Phríomhoibríocht Athmhaoinithe an Eurochórais a laghdú faoi 5 bhonnphointe go dtí 0.00%, rinneadh an ráta ar an tsaoráid iasachta imeallaí a laghdú faoi 5 bhonnphointe go dtí 0.25% agus rinneadh an ráta úis ar an tsaoráid taisce a laghdú faoi 10 mbonnphointe go dtí -0.40%.

D'fhógair an Chomhairle Rialaithe freisin go ndéanfaí Clár Ceannaigh na hEarnála Corparáidí (CSPP) a thabhairt isteach mar ghné bhreise den APP agus go méadófaí na comhcheannacháin mhíosúla faoin APP. Le CSPP, neartaítear traschur na gceannachán sócmhainní ag an Eurochóras chuig dálaí maoiniúcháin an fhíorgheilleagair agus, i gcomhar le bearta neamhchaighdeánacha eile beartais airgeadaíochta atá i bhfeidhm, cuirtear in-chomhfhoirmeacht bhreise ar fáil maidir le beartas airgeadaíochta.

Ar deireadh thiar, fógraíodh sraith nua de cheithre oibríocht athmhaoinithe spriocdhírithe fhadtéarmacha (OASF II) ag tosú i mí an Mheithimh 2016. Leis na hoibríochtaí sin, tairgtear maoiniú fadtéarmach do na bainc ar choinníollacha tarraingteacha. Tugadh iad sin isteach chun seasamh in-chomhfhoirmeach BCE maidir le beartas airgeadaíochta a threisiú agus chun tarchur beartais airgeadaíochta a neartú trí iasachtú ó bhainc chuig an bhfíorgheilleagar a dhreasú tuilleadh.

An 8 Nollaig 2016, d'fhógair an Chomhairle Rialaithe go gcuirfeadh sí síneadh 9 mí leis an APP go dtí deireadh mhí na Nollag 2017, nó níos faide dá mba ghá, ach go moilleodh sí luas na gceannachán ó

5 Is ionann bearta neamhchaighdeánacha nó neamhghnácha agus ionstraimí arna n-úsáid ag BCE chun tarchur an bheartais airgeadaíochta sa timpeallacht reatha eacnamaíoch a fheabhsú.


€80bn go dtí €60bn in aghaidh na míosa. Rinneadh fadú an APP a chalabrú chun go gcothabhálfaí an in-chomhfhoirmeacht shuntasach airgeadaíochta a bhí ag teastáil chun cóineasú inmharthana rátaí boilscithe a áirithiú agus chun láithreacht inmharthana margaidh a éascú agus, dá bhrí sin, tarchur níos fadtéarmaí beart spreagtha. Leis an gcinneadh sin, léiríodh dearcadh na Comhairle Rialaithe go raibh rioscaí an díbhoilscithe sa limistéar euro comhchosúil, a bheag nó a mhór, leis na rioscaí a bhí ann nuair a cuireadh tús le clár APP. Chuir an Chomhairle Rialaithe in iúl athuair an treoir a thug sí roimhe seo maidir le hathinfheistíocht íocaíochtaí príomhshuime ó na hurrúis a ceannaíodh cheana féin agus go raibh sí ag súil go bhfanfadh a príomhrátaí beartais ag na rátaí reatha nó faoina mbun go ceann tréimhse fada agus go ceann tréimhse níos faide ná tréimhse na nglancheannachán do shócmhainní.

Déanann an Coiste um Beartas Airgeadaíochta (CBA) de chuid an BCE measúnú ar shaincheisteanna straitéiseacha agus fadtéarmacha eile a bhaineann le seoladh bheartas airgeadaíochta an limistéir euro d'fhonn aiseolas agus comhairle beartais a thabhairt don Chomhairle Rialaithe. Trína rannpháirtíocht ar an gCoiste seo, cuireann an Banc go gníomhach le heochair-dhíospóireachtaí a bhaineann leis an seasamh maidir le beartas airgeadaíochta agus le cur chun feidhme an bheartais sin agus bíonn tionchar aige ar na díospóireachtaí sin. Tá ionadaíocht ag an mBanc freisin ar an gCoiste um Oibríochtaí Margaidh (MOC) a dhíríonn ar chur chun feidhme bheartas airgeadaíochta an limistéir euro, lena n-áirítear, go háirithe, cur chun feidhme APP BCE, agus a rannchuidíonn le tuairisciú, le hanailísiú, le measúnú agus le léirmhíniú a dhéanamh ar fhorbairtí margaidh airgeadais laistigh agus lasmuigh den AE. Bíonn baint ag an gCoiste le bainistiú chúlchistí eachtracha BCE freisin.

## An Clár Ceannaigh do Shócmhainní

Léirítear luas míosúil na gceannachán don Eurochóras i gcoitinne in 2016 i gCairt 1 thíos, a thaispeánann luas níos moille i mí Lúnasa agus i mí na Nollag. Déantar ceannacháin a choigeartú aníos i míonna áirithe sa chaoi go bhféadfar an luas a mhoilliú sna míonna ina mbeidh dálaí leachtachta níos déine i gceist.

**Cairt 1:** Ceannacháin Mhíosúla APP in 2016




Foinse: BCE

Trí Chlár Ceannaigh na hEarnála Corparáidí (CSPP) a áireamh san APP ó mhí an Mhárta 2016, éascaítear luas géaraithe meánach na gceannachán míosúil agus déantar bannaí de ghrád infheistíochta, arna n-ainmniú in euro agus arna n-eisiúint ag corparáidí neamhbhainc, a cheannach. Go dtí an pointe sin, cuimsíodh san APP, Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí (PSPP) a seoladh i mí an Mhárta 2015 agus dhá cheann de chláir ceannaigh na hearnála príobháidí, an Clár Ceannaigh d'Urrúis Sócmhainn-bhunaithe (ABSPP) agus an Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (CBPP3), ar seoladh an dá cheann díobh i dtreo dheireadh 2014.

Rinneadh uilíocht na sócmhainní incháilithe a choimeád leathan d'aonghnó chun go ndéanfaí leithdháileadh na gceannachán a leathadh thar líon mór earnálacha sa gheilleagar. Féadfar ceannacháin CSPP a dhéanamh ar an margadh príomha agus ar an margadh tánaisteach araon agus féadfaidh an tEurochóras suas le 70% d'aon bhanna ar leith a cheannach.

Na cinntí eile a glacadh maidir leis an APP i mí an Mhárta, bhain siad le paraiméadair PSPP. D'fhonn cur chun feidhme rianúil na gceannachán sócmhainní a áirithiú, rinneadh na teorainneacha d'eisitheoirí agus d'eisiúintí scaireanna i leith urrús arna n-eisiúint ag eagraíochtaí incháilithe idirnáisiúnta agus bainc forbartha iltaobhacha a mhéadú ó 33% go dtí 50%. Leis seo, cuireadh solúbthacht bhreise ar fáil maidir le cur chun feidhme PSPP. Ina theannta sin, amhail ó mhí Aibreáin 2016, rinneadh an cion de na hurrúis sin arna gceannach faoin PSPP a laghdú ó 12% go dtí 10% ar bhonn míosúil agus leanadh de na hurrúis sin a cheannach ar bhonn roinnte riosca. D'fhonn córas foriomlán roinnte riosca 20% a chothabháil don PSPP, rinneadh cion BCE de cheannacháin mhíosúla na mbannaí rialtais a mhéadú ó 8% go dtí 10%[6].

De bhreis air sin, d'fhonn cur chun feidhme rianúil an chláir go dtí an dáta fadaithe deiridh nua a áirithiú, athraíodh roinnt de pharaiméadair an chláir in 2016. Rinneadh raon aibíochta an PSPP a leathnú tríd an aibíocht íosta a bhí fágtha i leith urrús incháilithe a laghdú ó dhá bhliain go dtí bliain amháin. Ina theannta sin, fógraíodh go gceadófaí, a mhéid ba ghá, ceannacháin urrús faoin APP le toradh go dtí aibíocht faoi bhun an ráta úis ar shaoráid taisce an BCE.

## Beartas Airgeadaíochta - Oibríochtaí

Ar an iomlán, rinneadh an APP a chur chun feidhme go rianúil in 2016. B'ionann sealúchais ag deireadh 2016 agus €1,532.0bn. Bhain €1,254.6bn de le PSPP, €203.5bn le CBPP3, €22.8 bn le ABSPP agus €51.1 bn le CSPP[7]. Léiríonn na hathruithe a rinneadh ar an gclár in 2016, freagairt beartais airgeadaíochta a bhí iomchuí i dtuairim na Comhairle Rialaithe ar ionchas maicreacnamaíoch a bhí i mbun athraithe agus ar chothromaíocht idir rioscaí, d'fhonn tacú le boilsciú príomha an ICPT a threorú ar ais i dtreo leibéil a bheadh gar do 2% ach faoina bhun. Ó tharla gur bhain na hathruithe seo le méid agus fad cheannacháin APP, ba ghá roinnt de pharaiméadair an chláir a leasú thar an meántéarma d'fhonn cur chun feidhme rianúil an chláir a áirithiú.

I gcodarsnacht le 2015, méadaíodh go feadh 6.7% an méid a chuathas ar iontaoibh idirbheart droim ar ais in 2016, rud a bhí á spreagadh ag an éileamh ar mhaoiniú OASF II.[8] Murab ionann agus a réamhtheachtaí, ligeann OASF II do rannpháirtithe airgead a fháil ar iasacht ag ráta na saoráide taisce, ag brath ar a mhéid a dhéanfaidh siad airgead a thabhairt ar iasacht chuig teaghlaigh (lena n-eisiatar iasachtaí chun tithe a cheannach) agus chuig corparáidí neamhairgeadais sa limistéar euro. Thar thréimhse na dtrí oibríocht OASF II arna seoladh in 2016, b'ionann an ráta ar an tsaoráid taisce agus -0.40%. Faoi dheireadh 2016, b'ionann an leachtacht arna soláthar trí na OASFanna (I agus II araon) agus an cion ba mhó (91.6%) d'iasachtú iomlán an Eurochórais.

In 2016, tháinig méadú ar an róleachtacht ó €654.5bn an 1 Eanáir go dtí €1,194.3bn an 31 Nollaig. Tháinig méadú suntasach ar an meánfhigiúr aníos ó €373.0bn in 2015 go dtí €893.3bn in 2016. De thoradh chláir ceannaigh an Eurochórais do shócmhainní agus, go feadh méid níos lú, de thoradh OASF II, méadaíodh méid chlár comhardaithe an Eurochórais agus, ar an gcaoi sin, méadaíodh an róleachtacht, rud a léiríonn éascú breise ar an seasamh maidir le beartas airgeadaíochta. Ar a shon sin, mhéadaigh an róleachtacht go feadh méid ní ba lú ná an ghlanleachtacht arna cur ar fáil tríd an APP agus trí idirbhearta droim ar ais, toisc gur fritháiríodh go páirteach an tionchar a bhí ar an leachtacht ag na hoibríochtaí sin le tosca uathrialacha um dhísciú leachtachta (i.e. tosca lasmuigh de rialú díreach an Bhainc Ceannais Náisiúnta (BCN)). Folaíonn na tosca sin líon níos airde nótaí bainc i gcúrsaíocht agus taiscí rialtais ar seilbh ag BCNanna.

D'ainneoin ráta diúltach luacha saothair (-0.40% ó 16 Márta 2016), tháinig méadú suntasach le linn na bliana ar an iontaoibh laethúil ar an tsaoráid taisce thar oíche don Eurochóras iomlán, de réir mar a mhéadaigh an róleachtacht, sa mhéid gurbh ionann an úsáid ar an meán agus €326.1bn i gcomparáid le €114.2bn in 2015. B'ionann sealúchais cuntas reatha de bhreis ar na ceanglais cúlchiste íosta agus €567.0bn don bhliain, ar an meán (aníos ó €259.1bn in 2015).[9] B'ionann iontaoibh ar an tsaoráid

6 Féadfar tuilleadh sonraí a fháil maidir le módúlachtaí an PSPP ar shuíomh gréasáin an BCE: https://www.ecb.europa.eu/mopo/implement/omt/html/pspp-qa.en.html

7 Luach leabhair sonraí ar costas amúchta

8 An dara sraith d'Oibríochtaí Athmhaoinithe Spriocdhírithe Fadtéármacha

9 Cé go ndéantar luach saothair a íoc i leith cúlchistí farasbairr de réir an ráta chéanna is cuma an bhfuil siad á sealbhú i gcuntas reatha nó á gcur ar an tsaoráid taisce, léiríonn sealúchais níos airde cuntas reatha nach bhfuil na hinstitiúidí creidmheasa go léir incháilithe chun cistí a chur ar an tsaoráid taisce.

iasachta imeallaí, lena bhféadfaidh institiúidí cistí a fháil ar iasacht thar oíche ón Eurochóras, agus €0.1bn ar an meán in 2016 i gcomparáid le €0.3bn in 2015.

Ag freagairt do phátrún comhchosúil in 2015, tháinig laghdú leanúnach le linn 2016 ar leibhéil an Mheáninnéacs Euro Thar Oíche (EONIA), tomhas ar an ráta éifeachtach úis i margadh idirbhainc euro thar oíche, de réir mar a laghdaíodh rátaí úis beartais BCE agus de réir mar a mhéadaigh an róleachtacht sa chóras, rud a chuir brú anuas ar an ráta úis a bhí á ghearradh sa mhargadh idirbhainc le haghaidh taiscí thar oíche. Laghdaigh EONIA ó mheánráta laethúil -0.108% in 2015 go dtí -0.315% in 2016.

## Oibríochtaí Éireannacha

De bharr chineál díláraithe chur chun feidhme bheartas airgeadaíochta an Eurochórais, bhí an Banc an-ghníomhach i gcur chun feidhme an bheartais airgeadaíochta in Éirinn in 2016.

Bhí na hidirbhearta droim ar ais arna seoladh ag an mBanc thar ceann an Eurochórais gan athrú don chuid is mó, is é sin 129 in 2016 i gcomparáid le 128 in 2015. Tháinig laghdú ar líon na gcontrapháirtithe Éireannacha a bhí incháilithe chun páirt a ghlacadh in oibríochtaí ó 22 sa bhliain 2015 go dtí 21 ag deireadh 2016. B'ionann agus €7.4bn iasachtaíocht iomlán beartais airgeadaíochta fós amuigh ag contrapháirtithe Éireannacha amhail ar an 31 Nollaig 2016, i gcomparáid le €10.7bn amhail ar an 31 Nollaig 2015. Bhí formhór na hiasachtaíochta Éireannaí déanta suas de mhaoiniú OASF II. Tharla an laghdú ar iasachtaíocht an Eurochórais i gcomhthéacs ceanglas maoiniúcháin laghdaithe, na díghiarála leanúnaí ag na bainc agus instealladh leachtachta ó cheannacháin sócmhainní ag an Eurochóras.

I dtéamaí an APP, b'ionann sealúchais an Bhainc ag deireadh 2016 agus €16.3bn de bhannaí ceannasacha na hÉireann (riosca dílse) agus €1.2bn de bhannaí fornáisiúnta (riosca roinnte) le linn na bliana. Bhí an Banc gníomhach i gceannach bannaí faoi chumhdach faoin CBPP3 (riosca roinnte), agus b'ionann sealúchais na mbannaí faoi chumhdach ag deireadh 2016 agus €3.3bn. Tá ról ag an mBanc freisin i gcur chun feidhme ABSPP agus CSPP ach cosúil le roinnt BCNanna eile, ní bhíonn sé ag ceannach go gníomhach sna margaí sin.

Le linn na bliana, rinne an Banc na hoibríochtaí beartas airgeadaíochta go léir a sheoladh agus a thabhairt chun críche ar mhodh tráthúil, éifeachtúil, éifeachtach i gcomhréir le creat oibríochtúil an Eurochórais. De bhreis air sin, rinne an Banc faireachán ar na ceanglais cúlchiste íosta d'institiúidí creidmheasa i gcomhréir le nósanna imeachta an BCE. Ar an gcaoi sin, bhí an Banc in ann a áirithiú go raibh rochtain iomlán ag na bainc Éireannacha ar leachtacht an Eurochórais.

## Comhthaobhacht d'Oibríochtaí Beartais Airgeadaíochta

Ag deireadh 2016, bhí an comhaontú nua um chomhthiomsú[10] sínithe ag 21 contrapháirtí incháilithe sa chaoi go raibh comhthaobhacht €13.3bn ar seilbh leis an mBanc. Tríd is tríd, b'ionann agus €13.9bn meánluach na comhtaobhachta arna tabhairt don Bhanc ag deireadh gach míosa in 2016, agus ba shócmhainní trasteorann iad 85% den mhéid sin[11]. An treocht anuas a chonacthas in 2015 i sealúchais comhthaobhachta, lean sé sin ar aghaidh in 2016, sa mhéid gur tháinig laghdú ar na meánsealúchais mhíosúla faoi thart ar €6bn in aghaidh na míosa, bliain ar bhliain. Tá sé seo i gcomhréir leis an laghdú leanúnach ar iasachtaíocht beartais airgeadaíochta ag contrapháirtithe.

Ar na forbairtí is suntasaí a chonacthas i réimse na comhthaobhachta in 2016, áirítear na cinn seo a leanas:

» Ceadaíodh go bhféadfaí sócmhainní lena ngabhann sreafaí diúltacha airgid a úsáid mar chomhthaobhacht incháilithe.

» Laghdaíodh an teorainn ar úsáid ionstraimí fiachais neamhurraithe arna n-eisiúint ag institiúid chreidmheasa ó 5% go dtí 2.5% de luach iomlán na sócmhainní arna n-úsáid mar chomhthaobhacht ag contrapháirtí tar éis an ciorrú ab'infheidhme a chur i bhfeidhm.[12]

10 Is ionann comhthiomsú agus teicníc comhthaobhachta urrús lena gcumasaítear d'institiúid comhthaobhacht a chur ar fáil do chontrapháirtí gan í a leithdháileadh ar idirbheart ar leith.

11 Cuimsíonn sócmhainní intíre, Bannaí Rialtas na hÉireann, Nótaí Gealltanais le taca Morgáistí (MBPNanna) agus Nótaí Gealltanais Speisialta le taca Morgáistí (SMBPNanna). Aicmítear na sócmhainní eile go léir mar shócmhainní trasteorann.

12 Beart um rialú riosca a fheidhmítear maidir le bunsócmhainní faoina bhféadfar luach na mbunsócmhainní sin a ríomh mar mhargadhluach na sócmhainní arna laghdú faoi chéatadán ar leith.

# Cobhsaíocht Airgeadais

**Tá sainordú follasach ag an mBanc sa reachtaíocht intíre agus Eorpach chun cur le cobhsaíocht airgeadais in Éirinn agus ar leibhéal an limistéir euro agus AE.**

## Cobhsaíocht an Chórais Airgeadais

Le linn dó a shainordú a chur i gcrích, déanann an Banc anailís ar chobhsaíocht airgeadais, is anailís a rannchuidíonn le rioscaí san earnáil airgeadais a chosc agus a mhaolú. Tugtar faoin anailís seo ar leibhéal an chórais (macrastuamacht); ar leibhéal institiúide (micreastuamacht) agus déantar anailís ar na hidirnascálacha idir na gnéithe áirithe den chóras airgeadais agus an fíorgheilleagar. Cuireann an Banc le formhaoirseacht macrastuamachta laistigh den AE trí pháirt a ghlacadh i BERS[13].

Mar an údarás ainmnithe macrastuamachta d'Éirinn, tá sraith beart macrastuamachta curtha i bhfeidhm ag an mBanc arb é is cuspóir dóibh rioscaí ar fud an chórais a chosc agus a mhaolú. Déantar athbhreithniú go rialta ar na bearta seo i gcomhréir le creat beartais macrastuamachta an Bhainc.

Rinne an Banc seacht n-institiúid a shainaithint mar institiúidí a bhfuil tábhacht shisteámach leo in Éirinn. Sainaithníodh iad in athbhreithniú bliantúil an Bhainc ar an maolán d'institiúidí airgeadais a bhfuil tábhacht shistéamach leo (O-SII). Déanfar maolán O-SII ábhartha a thabhairt isteach de réir a chéile i leith na mbanc sin idir mí Iúil 2019 agus mí Iúil 2021. Tugadh isteach an cúlchiste fritimthriallach (CCyB) an 1 Eanáir 2016 agus rinneadh athbhreithniú ráithiúil air ina dhiaidh sin. Is ceanglas caipitil fritimthriallach um athrú ama é CCyB (a shocraítear faoi láthair ag 0%) a fhéachann leis na rioscaí ionchasacha sistéamacha a bhaineann le fás iomarcach creidmheasa a theorannú.

Bunaíodh an Coiste nua um Bearta Macrastuamachta i Meán Fómhair 2016. Feidhmíonn sé mar choiste comhairleach don Ghobharnóir. Déanann an coiste athbhreithnithe rialta ar bhearta macrastuamachta náisiúnta a bhaineann leis na bainc agus déanann sé moltaí maidir le bearta a choimeád ar bun nó a leasú de réir mar is cuí leis. Tá achoimre ar thorthaí chruinnithe an Choiste um Bearta Macrastuamachta in 2016 le fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc. Tháinig Coiste an Bhainc um Chobhsaíocht Airgeadais (FSC) le chéile 16 huaire le linn 2016. Déanann an Coiste sin comhordú agus measúnú ar shaincheisteanna airgeadais agus tugann sé comhairle don Ghobharnóir sa cháil sin maidir le hÉirinn agus leis an limistéar euro.

Rinne an Banc athbhreithniú grinn ar bhearta beartais macrastuamachta a tugadh isteach do mhargadh morgáiste na hÉireann i bhfoirm teorainneacha nua ar chóimheasa arda iasachta le luach (CIL) agus iasachta le hioncam (CII). Is é is cuspóir do na bearta seo stóinseacht banc agus teaghlach i leith turraingí airgeadais a fheabhsú agus treochtaí timthriallacha sa mhargadh morgáiste a shrianadh.

Cosúil le blianta roimhe seo, d'fhoilsigh an Banc a Athbhreithniú Macra-Airgeadais i mí an Mheithimh agus i mí na Nollag. Tugann an tAthbhreithniú seo forbhreathnú ar staid reatha na timpeallachta macra-airgeadais in Éirinn agus foilsítear é chun cuidiú le rannpháirtithe margaidh airgeadais, le húdaráis eile agus leis an bpobal chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí sa chóras airgeadais. De bhreis air sin, foilsíodh dhá eagrán den Tuarascáil ar Mhargadh Creidmheasa Teaghlach agus den Tuarascáil ar Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBM) in 2016 chun na forbairtí is déanaí in earnáil na dteaghlach agus in earnáil FBM faoi seach a chur in iúl.

13 An Bord Eorpach um Riosca Sistéamach

**Bosca 1: Athbhreithniú ar Bhearta Macrastuamachta Morgáiste maidir le Cóimheasa Iasachta le Luach (CIL) agus Cóimheasa Iasachta le hIoncam**

In 2016, rinne an Banc an chéad athbhreithniú ar na bearta macrastuamachta morgáiste a tugadh isteach i ndáil le hiasachtú morgáistí cónaithe in Éirinn. Foilsíodh torthaí an athbhreithnithe an 23 Samhain 2016. Tugadh na bearta sin isteach i mí Feabhra 2015 agus sonraítear iontu teorainneacha ar chóimheasa arda iasachta le luach (CIL) agus ar chóimheasa arda iasachta le hioncam (CII) i ndáil le hiasachtú morgáiste. Is é is aidhm do na bearta sin stóinseacht iasachtaithe agus banc i leith turraingí amach anseo a fheabhsú agus na dinimicí comh-thimthriallacha idir iasachtú maoine agus praghsanna tithíochta a mhaolú. Is gné bhuan de mhargadh morgáiste na hÉireann iad na bearta seo agus déanfaidh an Banc athbhreithniú orthu go rialta mar chuid dá ról mar údarás náisiúnta macrastuamachta na hÉireann.

Bhí dhá aidhm ag athbhreithniú 2016: ar an gcéad dul síos, imscrúdú a dhéanamh ar luathfheidhmíocht na mbeart i gcomparáid leis na cuspóirí sainráite agus, ar an dara dul síos, imscrúdú a dhéanamh ar fhothorthaí ionchasacha na mbeart ó tugadh isteach iad. D'fhonn an t-athbhreithniú a fhoirmiú, thug an Banc faoi chlár forleathan oibre anailísí. Ina theannta sin, bhí ról tábhachtach ag aighneachtaí a fuarthas ó pháirtithe leasmhara trí ghairm phoiblí ar fhianaise. Fuarthas 51 aighneacht san iomlán agus foilsíodh na haighneachtaí sin i dteannta le ráiteas aiseolais gaolmhar.

Ba é tátal an athbhreithnithe, go raibh an creat foriomlán iomchuí agus éifeachtach chun cuspóirí na mbeart a bhaint amach. Tríd an méid iasachtaithe a dhéantar ag cóimheasa arda CIL agus CII a theorannú, laghdaítear rioscaí don chobhsaíocht airgeadais toisc go gcuirtear srian le bíseanna praghsanna creidmheasa, teorannaítear carnadh fiachais ag iasachtaithe agus laghdaítear an riosca go ndéanfaidh iasachtaithe mainneachtain ina morgáistí. Cé nach féidir an riosca maidir le géarchéimeanna tithíochta agus airgeadais a chur as an áireamh, tugann an fhianaise le tuiscint go laghdófar dóchúlacht agus déine géarchéimeanna amach seo leis na rialacha atá i bhfeidhm. Ar a shon sin, nuair a bhí measúnú á dhéanamh ar chalabrú na mbeart, sainaithníodh trí athrú struchtúracha ar na bearta lena bhféadfaí éifeachtacht agus inmharthanacht an chreata a fheabhsú. Tá éifeacht leis na bearta sin, arna leagan amach thíos, ón 1 Eanáir 2017.

**Athruithe ar na Rialacháin:**
Faoi na bunrialacháin morgáiste, b'éigean do cheannaitheoirí céaduaire (FTBanna) taisce 10% de luach an tí a bheith acu go feadh luach €220,000 agus b'éigean taisce 20% a bheith acu i leith aon mhéid de bhreis ar an luach sin. Ón 1 Eanáir 2017, déantar tairseach €220,000 ar luach na réadmhaoine a bhaint sa chaoi go mbeidh ceanglas taisce 10% i gceist do gach ceannaitheoir céaduaire. Níl aon athrú ar na ceanglais taisce do cheannaitheoirí den dara huair nó dá héis (SSBanna) nó d'infheisteoirí a cheannaíonn maoin lena ligean ar cíos (BTLanna).

Leasaíodh struchtúr na n-uasteorainneacha comhréireacha. In 2016, ceadaíodh d'institiúidí airgeadais 15% de luach a gcuid iasachtaithe nua iomláin i leith príomháras cónaithe (FTBanna agus SSBanna) a bheith os cionn na dteorainneacha ar chóimheasa CIL arna leagan amach sna Rialacháin morgáiste. An 1 Eanáir 2017, tugadh isteach liúntais éagsúla do FTBanna agus do SSBanna. I gcás SSBanna, ceadófar go mbeidh 20% de luach an iasachtaithe nua chuig an ngrúpa seo os cionn theorainn 80% ar chóimheas CIL arna socrú ag na Rialacháin agus ceadaítear go mbeidh 5% de luach an iasachtaithe nua chuig FTBanna os cionn theorainn 90% ar chóimheas CIL don ghrúpa sin.

An ceanglas go gcaithfí luacháil réadmhaoine a dhéanamh laistigh de dhá mhí ó íostarraingíodh an morgáiste, rinneadh é sin a fhadú go dtí ceithre mhí.

Bhí leasú teicniúil ar raon na teorann a bhain le neamh-phríomháras cónaithe sa chaoi nach dtiocfadh tiarnaí talún móra tráchtála nó forbróirí faoi raon feidhme na Rialachán.

Tá an Banc tiomanta d'athbhreithniú rialta a dhéanamh ar na bearta seo agus measann sé gur gné lárnach den bheartas macrastuamachta é an measúnú leanúnach.

Bhí an Banc rannpháirteach in athbhreithniú mórscála ar Earnáil Airgeadais na hÉireann arna sheoladh i gcomhar leis an CAI mar chuid dá FSAP. Ba é seo an chéad athbhreithniú cuimsitheach arna sheoladh ag an CAI ó 2006 agus cuimsíodh ann sraith tástálacha struis ar earnálacha baincéireachta, árachais agus neamhbhaincéireachta na hÉireann mar aon le hathbhreithniú ar chreat beartais macrastuamachta na hÉireann.

I bhfoilseacháin taighde an Bhainc a bhain le cobhsaíocht airgeadais, díríodh go mórmhór ar bheartas macrastuamachta agus go háirithe ar an margadh tithíochta agus morgáiste in 2016. Ar na saincheisteanna a clúdaíodh, áirítear an idirghníomhaíocht idir beartas macrastuamachta agus iasachtú nua morgáiste; iasachtaithe; soláthar tithíochta; an margadh cíosa; praghsanna tithíochta agus stóinseacht iasachtaithe agus na mbanc. Chuir comhaltaí foirne a gcuid páipéar i láthair ag fóraim intíre agus idirnáisiúnta le linn na bliana lena n-áirítear Cumann Eacnamaíochta na hEorpa, Ceardlann Eacnamaíochta Bhaile Átha Cliath, Cumann Eacnamaíochta na hÉireann agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta.

Ina theannta sin, thug an Banc faoi raon gníomhaíochtaí chun beartais a fhoirmiú i réimsí na cobhsaíochta airgeadais, lena n-áirítear anailís ar impleachtaí chinneadh na RA chun imeacht as an AE (Brexit); anailís ar phraghsáil morgáistí agus iasachtaí FBM; táscairí rioscaí sistéamacha a fhorbairt, bainistíocht géarchéime a chomhordú agus clár praghsanna réadmhaoine tráchtála a fhorbairt i gcomhar leis an bPríomh-Oifig Staidrimh agus GNBS.

**Bosca 2: Tascfhórsa an Bhainc Ceannais maidir le Brexit**

Le linn na tréimhse a tháinig roimh an reifreann sa RA maidir le ballraíocht AE go luath in 2016, d'ullmhaigh an Banc dhá thuarascáil inar breithníodh raon leathan cásanna ionchasacha a bhain le Brexit agus ina bhféadfaí difear a dhéanamh do gheilleagar na hÉireann, do ghnólachtaí a ndéanann an Banc maoirseacht orthu agus don Bhanc féin. Agus sna seachtainí roimh chinneadh Brexit, bunaíodh tascfhórsa teagmhasach sa Bhanc. Dhírigh an tascfhórsa sin ar ullmhacht oibríochtúil an Bhainc agus institiúidí airgeadais i dtéarmaí maoiniúcháin, fálú malairte eachtraí agus idirbhearta ábhartha eile a bhféadfadh suaití margaidh de thoradh an reifrinn difear a dhéanamh dóibh.

I ndiaidh vótail Brexit i Meitheamh 2016, cinneadh go mbunófaí Tascfhórsa buan Brexit chun measúnú ardleibhéil a dhéanamh ar na himpleachtaí a bheadh ag Brexit ar chobhsaíocht airgeadais. Tá an Tascfhórsa faoi chathaoirleacht Cheannasaí an Rannáin um Chobhsaíocht Airgeadais agus tá saineolaithe sinsearacha ó stiúrthóireachtaí éagsúla an Bhainc air chomh maith. Tagann an grúpa seo le chéile ar bhonn ráithiúil agus d'fhoilsigh sé dhá thuarascáil in 2016 a ndearna Coiste an Bhainc um Chobhsaíocht Airgeadais agus Coimisiún an Bhainc Ceannais breithniú orthu. Foilsítear measúnuithe ón Tascfhórsa seo in Athbhreithnithe Macra-Airgeadais leathbhliantúla an Bhainc de réir mar is cuí.

In 2017, leanfaidh Tascfhórsa Brexit de bheith ag teacht le chéile ar bhonn ráithiúil d'fhonn roinnt faisnéise sa Bhanc a éascú agus chun measúnuithe saineolacha a dhéanamh ar fhorbairtí a dhéanann difear don chobhsaíocht airgeadais de réir mar a thitfidh Brexit amach. Leanfaidh an Tascfhórsa de shaothar na gcruinnithe sin a chur i láthair don Choiste um Chobhsaíocht Airgeadais ar bhonn ráithiúil agus tuairisceoidh sé don Choimisiún go tréimhsiúil freisin. Cothabhálfaidh an grúpa caidreamh leanúnach leis an Roinn Airgeadais agus leis an ESRI[14] mar aon lena rannpháirtíocht le páirtithe seachtracha ábhartha eile.

Ghlac an Banc páirt ghníomhach i gcoistí ábhartha Eorpacha maidir le cobhsaíocht airgeadais in 2016. Orthu sin, áirítear Coiste CEBC um Chobhsaíocht Airgeadais (CEBC-FSC), an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) agus a chuid fostruchtúr maidir le hanailís macrastuamachta, beartas agus tástáil struis. Lean ESCB-FSC d'athbhreithniú rialta a dhéanamh ar na príomhrioscaí agus ar bhearta beartais macrastuamachta tríd an Tuarascáil Macrastuamachta agus tríd an bhFaireachán Macrastuamachta. In 2016, cuireadh an dlaoi mhullaigh ar an obair a bhí idir lámha ag Tascfhórsa comhpháirteach CEBC-BERS maidir le timpeallacht rátaí ísle úis. Le linn na bliana, rinne grúpaí comhairleacha agus grúpaí saineolaithe BERS scrúdú ar rioscaí sainiúla éagsúla a bhain le cobhsaíocht airgeadais. Folaíodh sna scrúduithe sin, obair ar leochaileachtaí i réadmhaoin chónaithe; bearnaí i sonraí maidir le réadmhaoin; leachtacht agus giaráil cistí infheistíochta; scáthbhaincéireacht; agus saincheisteanna macrastumachta a bhaineann le contrapháirtithe lárnacha. Ní hamháin gur chuir an Banc le haighneacht BERS a rinneadh i ndáil le comhairliúchán an Choimisiúin Eorpaigh i dtaca leis an athbhreithniú ar chreat macrastuamachta AE, ach chuir sé a chuid tuairimí féin in iúl don chomhairilúchán.

14 An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

## An Príomh-Chlár Creidmheasa (CCR)

Tá an CCR á bhunú ag an mBanc i gcomhréir leis an Acht um Thuairisciú Creidmheasa 2013. Is bunachar sonraí náisiúnta éigeantach d'fhaisnéis chreidmheasa é an CCR a bheidh á chothabháil agus á oibriú ag an mBanc. Beidh oibleagáidí um thuairisciú creidmheasa ar os cionn 500 iasachtóir lena n-áirítear bainc, comhair chreidmheasa, údaráis áitiúla, an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, tithe um maoiniú sócmhainní agus iasachtóirí ceadúnaithe airgid.

Agus dul chun cinn á dhéanamh aige maidir le cur chun feidhme CCR, rinne an Banc an méid seo a leanas:

- Dhear sé réiteach agus próisis an CCR.
- Rinne sé na rialacháin iomchuí faoin Acht um Thuairisciú Creidmheasa 2013 tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí agus tar éis dó toiliú an Aire Airgeadais a fháil.
- D'fhoilsigh sé doiciméid treorach agus lámhleabhair theicniúla ina mínítear na oibleagáidí atá ar iasachtóirí i dtaca leis na rialacháin.
- D'fhorbair sé suíomh gréasáin don CCR (www.centralcreditregister.ie).
- Lean sé den rannpháirtíocht leanúnach le hiasachtóirí agus lena gcomhlachtaí ionadaíocha chun an cur chuige a mhíniú.
- Bhí rannpháirtíocht aige le grúpaí tomhaltóirí chun tionscnaimh feasachta poiblí a fhorbairt lena n-úsáid in 2017.

Déanfar an CCR a chur chun feidhme ar bhonn céimnithe agus díreoidh Céim 1 ar bhailiú faisnéise maidir le hiasachtaí tomhaltóirí fad a dhíreoidh an dara céim ar iasachtú do ghnóthaí. Tosóidh iasachtóirí ar fhaisnéis phearsanta agus chreidmheasa a chur chuig an CCR i ndáil le hiasachtú tomhaltóirí sa tréimhse sé mhí go dtí an 31 Nollaig 2017 (agus beidh an fhaisnéis sin siardhátaithe go dtí an 30 Meitheamh 2017). Tabharfaidh iasachtóirí faoi na hathruithe teicniúla agus oibríochtúla riachtanacha agus déanfar tástáil um dhearbhú cáilíochta sonraí freisin mar chuid den chur chun feidhme.

Beidh beachtas na dtuarascálacha ag brath ar cháilíocht na sonraí a chuirfidh na hiasachtóirí ar fáil. Cuirfear é seo san áireamh nuair a bheidh an CCR réidh chun glacadh le hiarratais ar fhaisnéis. Ina dhiaidh sin, beidh iasachtaithe aonair in ann a gcuid tuarascálacha féin a iarraidh saor in aisce uair amháin sa bhliain. Beartaítear Céim 2, a bhaineann le hiasachtú le gnóthaí, a chur chun feidhme in 2018.

## An Scéim Ráthaíochta Taiscí (SRT)

Bíonn an SRT[15] á riaradh ag an mBanc agus á cistiú ag na hinstitiúidí creidmheasa a chumhdaítear faoin scéim. Faoin Scéim, cosnaítear taisceoirí incháilithe go feadh €100,000 i gcás ina gclisfidh ar institiúid chreidmheasa.

Tar éis Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí) 2015 (I.R. Uimh. 516 de 2015) a thabhairt isteach, bunaíodh socruithe nua maoiniúcháin, lena gceanglaítear ar an SRT spriocleibhéal maoiniúcháin arb ionann é agus 0.8% de thaiscí faoi chumhdach a bhaint amach faoi 2024. Dá thoradh sin, bunaíodh Ciste Ranníocach an SRT in 2016. Baineadh úsáid as modheolaíocht riosca-bhunaithe, i gcomhréir le treoirlínte an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh, chun na ranníocaíochtaí a ríomh do gach institiúid bunaithe ar an leibhéal riosca agus ar leibhéal na dtaiscí faoi chumhdach. Rinneadh na chéad ranníocaíochtaí bliantúla leis an gciste nua a bhailiú ag deireadh 2016. Tar éis an SRT a thionscnamh an 2 Samhain 2016, eisíodh íocaíochtaí cúitimh arbh ionann san iomlán iad agus os cionn €22 milliún chuig comhaltaí Chomhar Creidmheasa an Rois laistigh de 7 lá oibre.

15 Tá suíomh gréasáin tiomnaithe ar fáil ar www.depositguarantee.ie a sholáthraíonn faisnéis do thomhaltóirí maidir leis an SRT.

# Cosaint Tomhaltóirí

**Go ngníomhóidh gnólachtaí rialáilte ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí**

Mar rialtóir soláthraithe seirbhísí airgeadais agus margaí seirbhísí airgeadais in Éirinn, ní mór don Bhanc a áirithiú go gcosnaítear leas na dtomhaltóirí. Bíonn an Banc ag obair chun cultúr dearfach a chruthú i ngnólachtaí rialáilte a bheidh dírithe ar thomhaltóirí chun go gcinnteofar go leanfaidh an creat um chosaint tomhaltóirí de bheith éifeachtach trí na cosaintí atá i bhfeidhm a athbhreithniú, a fhorbairt agus a fheabhsú agus trí thionchar a imirt ar fhorbairtí Eorpacha agus idirnáisiúnta, agus faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán riachtanach trí athbhreithnithe agus trí chigireachtaí téamacha.

Déantar an misean um chosaint tomhaltóirí, eadhon “na bearta cearta a ghlacadh do thomhaltóirí”, a bhaint amach trí bhíthin Chreat 5 phointe[16]; tomhaltóirí, muinín, comhlíonadh, dúshlán agus cultúr. Leis an gcreat seo, spreagtar gnólachtaí rialáilte chun torthaí a bheidh dírithe ar thomhaltóirí a bhaint amach.

In 2016, thug an Banc tosaíocht do na téamaí a leagadh amach sa Tuarascáil Ionchais um Chosaint Tomhaltóirí (CPOR) faoi Chreat 5 phointe:

1. Cultúr dearfach a bheidh dírithe ar thomhaltóirí a fhorbairt i ngnólachtaí rialáilte;

2. A áirithiú go mbeidh an creat um chosaint tomhaltóirí éifeachtach trí na cosaintí atá i bhfeidhm a athbhreithniú, a fhorbairt agus a fheabhsú agus trí thionchar a imirt ar fhorbairtí Eorpacha agus idirnáisiúnta; agus

3. Faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán riachtanach trí bhíthin athbhreithnithe agus cigireachtaí téamacha.

## Tomhaltóirí

Chuir an Banc lena leibhéal rannpháirtíochta i gcoistí éagsúla um chosaint tomhaltóirí sa ÚBE, ÚEÁPC, ESMA agus sa Chomhchoiste, fad a lean sé de thacaíocht theicniúil a chur ar fáil don Roinn Airgeadais maidir leis an gcaibidlíocht i dtaca le reachtaíocht AE agus maidir le reachtaíocht AE a thrasuíomh chuig dlí na hÉireann. Áirítear sa mhéid sin, trasuíomh na Treorach um Chreidmheasa Morgáiste agus na Treorach maidir le Cuntais Íocaíochta, an cur chun feidhme gaolmhar i bpróisis údarúcháin agus na hathruithe iarmhartacha ar Chóid an Bhainc Ceannais.

Rannchuidigh an Banc le hobair FinCoNet, an eagraíocht idirnáisiúnta d’údaráis airgeadais maoirseachta um chosaint tomhaltóirí, trí chathaoirleacht a dhéanamh ar an eagraíocht agus trí threoir a fhorbairt do mhaoirseoirí maidir le caighdeáin i ndáil le dreasachtaí díola agus le hiasachtú freagrach in 2016.

Tar éis na cosaintí reatha do FBManna a athbhreithniú, tháinig rialacháin nua in éifeacht lenar feabhsaíodh na cosaintí do FBManna le linn dóibh a bheith ag plé le hiasachtóirí. D’fhonn cuidiú le FBManna tuiscint a shealbhú ar na cosaintí atá ar fáil, d’fhoilsigh an Banc Treoir ghearr do mhicreafhiontair agus d’fhiontair bheaga agus do ráthóirí agus bhí sé ag obair i gcomhar le páirtithe leasmhara a dhéanann ionadaíocht do FBManna chun feasacht níos fearr a spreagadh.

Trí leasú a dhéanamh ar Chód 2012 um Chosaint Tomhaltóirí, thug an Banc cosaintí breise isteach d’iasachtaithe maidir le morgáistí ráta athraithigh, lenar feabhsaíodh trédhearcacht do na hiasachtaithe sin ar chineál athraitheach a gcuid rátaí agus lenar tugadh faisnéis bhreise maidir le táirgí eile.

Foilsíodh trí cinn d’Fheasacháin um Chosaint Tomhaltóirí in 2016. Clúdaíodh iontu iasachtú pearsanta, an Cód Iompair um Riaráistí Morgáistí agus aistriú cuntas reatha.

16 Tá Straitéis an Bhainc maidir le Cosaint Tomhaltóirí bunaithe ar Chreat 5 phointe - Tomhaltóirí – tá fócas an Bhainc dírithe ar an tomhaltóir, Muinín - ag obair chun cuidiú le tomhaltóirí muinín a bheith acu as seirbhísí, táirgí agus rialáil airgeadais, Comhlíonadh - comhlíontacht madir le rialacha um chosaint tomhaltóirí a fhorfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh uirthi, Dúshlán - a bheith sásta dúshlán a thabhairt do ghnólachtaí agus dúinn féin chun toradh níos fearr a bhaint amach do thomhaltóirí agus Cultúr - cur chuige dírithe ar thomhaltóirí a chur chun cinn i dtaca le soláthar seirbhísí airgeadais.

D'fhonn obair beartais agus maoirseachta an Bhainc a fhoirmiú, tugadh faoi thionscadail éagsúla um thaighde tomhaltais: foilsíodh torthaí an taighde tomhaltais ar athnuachaintí árachais sláinte (Márta 2016) agus ar láimhseáil gearán ag gnólachtaí rialáilte (Bealtaine 2016) agus ar thaithí tomhaltóirí i ndáil le héilimh mótarárachais (Feabhra 2017).

## Cultúr

Lean an Banc de dhúshlán a thabhairt do bhoird agus d'ardbhainistíocht gnólachtaí chun a léiriú conas a bhíonn rioscaí á mbainistiú acu agus conas a bhíonn na torthaí cearta á mbaint amach acu dá gcustaiméirí. In 2016, tionóladh 11 chruinniú le POFanna agus/nó Boird banc/árachóirí/gnólachtaí infheistíochta chun rioscaí reatha agus rioscaí atá ag teacht chun cinn do thomhaltóirí a phlé. Ina theannta sin, chuir an Banc in iúl athuair a mheasúnú ar na rioscaí reatha agus na rioscaí atá ag teacht chun cinn dá chuspóirí um chosaint tomhaltóirí ag ócáidí seachtracha labhartha le linn na bliana.

D'fhorbair an Banc samhail maoirseachta um Measúnú Riosca do Chosaint Tomhaltóirí (CPRA) le linn 2016, chun go mbeifí in ann tástáil agus faireachán níos fearr a dhéanamh ar dhul chun cinn gnólachtaí i ndáil le creataí bainistíochta riosca a bheidh oiriúnach don fheidhm a leabú i dtaca le cosaint tomhaltóirí. Tástaladh samhail CPRA i réimsí sonracha (lena n-áirítear rialachas agus cultúr) i sé ghnólacht.

Rinne an Banc athbhreithniú ar na tuarascálacha inmheánacha iniúchóireachta a fuarthas ó ghnólachtaí bunaithe ar fheidhmiú Threoirlínte 2014 maidir le Socruithe Luacha Saothair Athraithigh d'Fhoireann Díola. Leanfaidh an Banc leis an rannpháirtíocht le gnólachtaí maidir leis an tsaincheist seo.

## Muinín

Rinneadh dul chun cinn ar an Imscrúdú ar Rátaí Rianúcháin sa mhéid gur chuir 10 gcinn de na 15 iasachtóir lena mbaineann tuarascálacha ó chéim an athbhreithnithe faoi bhráid an Bhainc. Tá an t-athbhreithniú curtha i gcrích ag dhá iasachtóir agus níor sainaithníodh aon saincheisteanna. Tá an rannpháirtíocht leis na hocht n-iasachtóir eile fós ar siúl. In 2017, críochnóidh cúig iasachtóir céim 2 den athbhreithniú de thoradh líon na gcuntas morgáiste, chineál na gcóras agus na dtaifead a bhí á gcothabháil acu, mar aon leis na saincheisteanna éagsúla atá ag teacht chun cinn le linn an athbhreithnithe:

- Rinne tríú páirtithe a bhí ag gníomhú mar Oifigigh Údaraithe don Bhanc tástáil ar an láthair i mí Lúnasa chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn na n-iasachtóirí ar a n-athbhreithnithe. Leanfaidh an tástáil ar an láthair in 2017 agus bainfear leas as na fionnachtana chun rannpháirtíocht an Bhainc le hiasachtóirí a fhoirmiú.
- An 19 Nollaig, eisíodh eolas poiblí chun dáta ar an Imscrúdú ar Rátaí Rianúcháin inar luadh go raibh thart ar 8,200[17] cuntas aitheanta ag iasachtóirí lenar bhain an ceart nó rogha chun ráta rianúcháin úis ach nár tugadh an ráta ceart úis do chustaiméirí i gcomhréir le ceanglais conartha nó rialála an iasachtóra. Rinneadh na rátaí a cheartú i gcás fhormhór na gcustaiméirí sin, agus fuair thart ar 3,000 custaiméir sásamh agus cúiteamh ó iasachtóir amháin.

Ghlac an Banc bearta leantacha in 2016 i ndáil le saincheisteanna arna n-aithint san athbhreithniú cuimsitheach téamach a rinneadh in 2015 ar an gcaoi ina mbíonn cosaintí tábhachtacha tomhaltóirí atá forordaithe sa Chód reachtúil Iompair um Riaráistí Morgáiste á gcur ar fáil ag iasachtóirí d'iasachtaithe a bhfuil riaráistí nó réamh-riaráistí acu.

I mí Iúil 2016, d'fhoilsigh an Banc plépháipéar ar na rioscaí agus ar na buntáistí a bhaineann leis an gcleachtas faoina n-íocann táirgeoirí táirgí coimisiún le hidirghabhálaithe as a gcuid táirgí a dhíol.

Leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar theipeanna agus ar earráidí córas chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh gnólachtaí a gcuid oibleagáidí chun a chinntiú go gcoinneofar tomhaltóirí go hiomlán ar an eolas maidir le saincheisteanna a thagann chun cinn agus go ndéileálfar le haon iarmhairt a bheidh acu ar thomhaltóirí ar mhodh tráthúil, iomchuí.

17 Amhail ag deireadh mhí Feabhra, bhí méadú tagtha ar an bhfigiúr sin go dtí 9,900.

## Dúshlán

Le linn 2016, thosaigh an Banc ag déanamh athbhreithniú ar iarratais ó Ghnólachtaí Seirbhísithe Creidmheasa[18]. Chuimsigh sé sin, measúnú a dhéanamh ar na gnólachtaí sin i leith na gCeanglas agus na gCaighdeán mionsonraithe Údarúcháin arna dtabhairt isteach ag an mBanc de bhun na reachtaíochta. Le linn 2017, déanfar dul chun cinn maidir leis na hiarratais sin agus glacfar cinneadh ina leith i.e. údarú nó diúltú.

Rinneadh Samhlacha nua um Próiseas Údarúcháin a chur i bhfeidhm d'earnálacha tionscail áirithe i R1 2016. Roimhe sin, tugadh samhlacha feabhsaithe um próiseas údarúcháin isteach i mí Dheireadh Fómhair 2015 d'Institiúidí Íocaíochta agus d'Institiúidí Airgid Leictreonaigh. Tugadh meicníochtaí nua um rianú agus um thuairisciú inmheánach isteach chun feidhmíocht iarratas a rianú i leith na spriocanna do shamhlacha nua um próiseas rianúcháin ar bhonn leanúnach.

## Comhlíonadh

Rinneadh cigireacht théamach ar tháirgí infheistíochta ardriosca (táirgí miondíola struchtúrtha) agus eisíodh tátail na cigireachta sin an 1 Meán Fómhair 2016.

I mí an Mhárta 2016, foilsíodh tátail na cigireachta téamaí ar an gcaoi ina ndéileálann árachóirí sláinte leis an bpróiseas bliantúil athnuachana, mar aon le torthaí an taighde tomhaltais tacaíochta. Díríodh sa chigireacht sin ar an gcaoi ina raibh soláthraithe ag plé lena dtomhaltóirí/ina raibh comhairle á tabhairt acu dá dtomhaltóirí.

Tugadh cigireacht théamach ar sholáthraithe mótarárachais chun críche, inar díríodh ar láimhseáil éileamh mótarárachais, agus foilsíodh na fionnachtana ón gcigireacht agus ón taighde tomhaltais i mí Feabhra 2017.

Leanadh le cigireacht shuntasach théamach le linn 2016 chun díriú ar idirghabhálaithe miondíola nach raibh na caighdeáin íosta á gcomhlíonadh acu i dtaca lena gcuid oibleagáidí um thuairisciú agus oibleagáidí eile a chomhlíonadh. Ba é ba chuspóir don Bhanc dul i ngleic le cultúr an neamhchomhlíonta agus le saincheisteanna eile sna gnólachtaí sin a bhféadfadh éifeacht dhiúltach a bheith acu ar thomhaltóirí. Amhail ón 31 Nollaig 2016, bhí na tuairisceáin bhliantúla curtha isteach nó bhí a n-údaruithe cúlghairmthe ag 297 ceann de na 325 gnólacht a bhí i gceist leis an gcigireacht seo.


18 Gnólachtaí a sheirbhísíonn iasachtaí arna ndíol ag iasachtóirí rialáilte chuig tríú páirtithe.

# Maoirseacht agus Forfheidhmiú

**Go mbeidh gnólachtaí rialáilte fónta ó thaobh airgeadais agus go mbeidh siad á mbainistiú go sábháilte**

Féachann an Banc lena áirithiú go bhfuil gnólachtaí rialáilte fónta ó thaobh airgeadais agus go bhfuil siad á mbainistiú go sábháilte. Tugtar faoin rialáil ar institiúidí agus ar mhargaí airgeadais trí mhaoirseacht threallúsach riosca-bhunaithe, a mbeidh iombhagairt inchreidte forfheidhmiúcháin mar bhonn taca fúithi.

**Cairt 2:** Gnólachtaí Rialáilte




Déantar an sainordú seo a bhaint amach trí bhíthin raon uirlisí lena n-áirítear:

» Measúnuithe maoirseachta a dhéanamh ar ghnólachtaí aonair i gcomhréir leis na timthriallta rannpháirtíochta arna leagan amach faoi PRISM, creat riosca-bhunaithe maoirseachta an Bhainc;

» Faireachán a dhéanamh ar thuairisceáin rialála arna dtíolacadh don Bhanc;

» Obair fhrithghníomhach maoirseachta de bhun spreagthaí lena n-áirítear tuairisceáin rialála, faisnéis margaidh agus gearáin sceithireachta;

» Daoine a cheadú faoi na caighdeáin oiriúnachta agus ionracais;

» Iarratais ar údaruithe agus idirbhearta fála a phróiseáil;

» Maoirseacht a dhéanamh ar bhainc laistigh de chreat SAM; agus

» Gníomhartha Forfheidhmiúcháin.

Gach tráth, féachann an Banc le cur chuige comhréireach a ghlacadh maidir lena ghníomhartha mar rialtóir treallúsach. Ar a shon sin, ní fhéachann an Banc le córas 'neamhchliseadh' rialála nó maoirseachta a áirithiú ach, i gcás ina gclisfidh ar ghnólacht, déanann sé a dhícheall a áirithiú go dtarlóidh sé sin ar mhodh ina seachnófar suaitheadh suntasach do sheirbhísí airgeadais nó do thomhaltóirí.

### Rannpháirtíocht, Próisis agus Uirlisí Maoirseachta a Fheabhsú

Trí rannpháirtíocht fheabhsaithe le foirne maoirseachta, déantar difear dearfach do cháilíocht próiseas maoirseachta sa chaoi go mbíonn maoirseoirí ábalta sonraí a úsáid ar mhodh níos fearr agus níos éifeachtaí chun torthaí maoirseachta atá éifeachtúil ó thaobh acmhainní a bhaint amach. Rinneadh cumas anailísíochta an Bhainc a fhorbairt tuilleadh in 2016.

Thug an Banc tacaíocht shuntasach do Thascfhórsa SAM ar Iasachtaí Neamhthuillmheacha (atá faoi chathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra - Baincéireacht Cheannais) agus eisíodh treoir maidir le hiasachtaí neamhthuillmheacha le haghaidh comhairliúcháin in 2016. Rinneadh é seo a chomhlánú le rannpháirtíocht láidir ar an láthair agus as an láthair le hinstitiúidí creidmheasa i ndáil le punanna anásta.

Choimisiúnaigh an Banc iniúchóirí seachtracha de chuid institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí árachais chun obair um dhearbhú iniúchóra a dhéanamh faoi chumhachtaí Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú) 2013.

Rinneadh tástáil struis ar chistí margaidh airgid na hÉireann, rud a chuir go díreach leis an gcuid de thuarascáil deiridh FSAP ón CAI a bhain le bainistíocht sócmhainní. As an obair seo, d’eascair an chéad bhailiúchán de shonraí laethúla fuascailte ó chistí infheistíochta na hÉireann a bheidh mar bhonn an chomhthaighde leis an CAI ar anailís ar leachtacht cistí infheistíochta.

Rinneadh dul chun cinn ábhartha maidir le cáilíocht agus éifeachtúlacht an phróisis um údarú cistí infheistíochta a fheabhsú trí úsáid a bhaint as iarratais ar líne agus as sreafaí oibre uathoibrithe.

Glacadh cur chuige riosca-bhunaithe maidir le maoirseacht AML i gcomhréir leis an dea-chleachtas agus na caighdeáin idirnáisiúnta. Rinneadh samhail fheabhsaithe rannpháirtíochta maoirseachta a chur chun feidhme do na comhair chreidmheasa freisin. In 2016, rinne an Banc tástáil struis ar staid airgeadais comhar creidmheasa. Ar an obair seo, a ndearna Coiste an Bhainc um Chobhsaíocht Airgeadais breithniú uirthi, áiríodh caillteanais chreidmheasa, torthaí infheistíochta agus easnaimh caipitil a réamh-mheas thar thréimhse trí bliana. Beartaítear bearta leantacha do 2017 bunaithe ar na réamh-mheastacháin sin.

Rinneadh leibhéal suntasach gníomhaíochta athstruchtúraithe agus comhdhlúthúcháin le linn 2016 laistigh d’earnáil na gcomhar creidmheasa. Sa chomhthéacs seo, bhí an Banc ag obair go dlúth leis an mBord um Athstruchtúrú Comhar Creidmheasa (ReBo) agus le comhair chreidmheasa leithleacha i dtaca le béim leanúnach ar bhainistíocht riosca agus ar fheabhas gnó a bhaint amach. Bunaíodh aonad tiomnaithe sa Bhanc a bhfuil mar phríomhaidhm aige tionscnaimh a spreagadh don earnáil.

### Cumhachtaí Forfheidmiúcháin a Úsáid go hÉifeachtach

Lean an Banc de bheith ag caitheamh acmhainní ar imscrúduithe láidre ar ghnólachtaí agus ar dhaoine aonair agus féachann sé le cuntas a iarraidh orthu i gcás nach gcomhlíonann a gcuid iompair na caighdeáin riachtanacha.

Tar éis imscrúduithe forfheidhmiúcháin a sheoladh, rinne an Banc cásanna i leith daoine áirithe a raibh baint acu le bainistíocht Chumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann agus Quinn Insurance Limited (QIL), a tharchur chuig Fionsrúchán in 2015 faoina Nós Imeachta um Smachtbhannaí Riaracháin. I ndiaidh tharchur na gcásanna sin chuig Fiosrúchán, rinne daoine áirithe a raibh baint acu le bainistíocht na n-eintiteas sin agóidí dlí. Le linn 2016, d’éirigh leis an mBanc roinnt agóidí dlí arna ndéanamh os comhair na hArd-Chúirte a chosaint go rathúil.

In 2016, d'fhorchuir an Banc fíneálacha arbh ionann san iomlán iad agus €12.05m, an figiúr ba mhó fíneála arna fhorchur ag an mBanc in aon bhliain amháin. Forchuireadh fíneáil €4.5m ar Springboard Mortgages Limited i ndáil le teipeanna tromchúiseacha ina chuid oibleagáidí i leith custaiméirí a raibh morgáistí rianúcháin acu.

Lean an Banc de pháirt ghníomhach a ghlacadh i líonraí agus i meithlí chun eolas agus taithí a roinnt ar fud SAM. Cuireann líonra na Saineolaithe ar Fhorfheidhmiú agus Smachtbhannaí fóram ar fáil don chumarsáid, don chomhar agus don chomhoibriú laistigh de SAM i ndáil le forfheidhmiú agus smachtbhannaí. Bíonn an Banc gníomhach ó thaobh a chuid eolais agus taithí a roinnt leis an Líonra agus féachann sé le tionchar a imirt ar threo an bheartais forfheidhmiúcháin tríd an Líonra freisin.

Bíonn ionadaíocht ag an mBanc ar Mheitheal SAM um Oiriúnacht & Ionracas atá déanta suas d'ionadaithe ón BCE agus ó na hÚdaráis Inniúla Náisiúnta (NCAanna) agus a fhorbraíonn seasamh beartas chun leibhéal níos airde comhchuibhithe a áirithiú do mheasúnuithe F&P ar fud SAM.

### Creat rialála Shócmhainneacht II a chur chun feidhme maidir le gnóthais árachais.

Ón 1 Eanáir 2016, ta árachóirí in Éirinn ag feidhmiú faoi chóras rialála nua AE - Sócmhainneacht II. Bhí sé ar cheann de phríomhchuspóirí an Bhainc in 2016 a áirithiú go raibh an córas nua leabaithe go héifeachtach, sa Bhanc féin agus i ngnólachtaí rialáilte árachais.

Formhór na n-athruithe suntasacha sa Bhanc maidir leis an gcaoi ina mbíonn gnóthais árachais á rialáil, bhaineadar le tabhairt isteach samhla leasaithe rannpháirtíochta, le foireann thiomnaithe anailísíochta, le cumas méadaithe maoirseachta ar an láthair agus le tabhairt isteach phróiseas Oiriúnachta gus Ionracais do Cheannasaí fheidhm na hAchtúireachta i ngnólachtaí árachais.

Mar chuid d'obair an Bhainc chun tacú le leabú Shócmhainneacht II, thug an Banc tosaíocht d'aiseolas luath ar réimsí amhail córais rialachais, bainistiú caipitil agus ríomhanna caipitil riálála, mar aon le measúnú láidir ar shealbhóirí nua feidhme rialaithe faoi Shócmhainneacht II. Eisíodh páipéir éagsúla beartais ar ábhair amhail socruithe seachfhoinsithe, féachaint ar thuairisciú Gnóthas Comhinfheistíochta agus deimhniúcháin stiúrthóirí.

Tugadh bearta breise isteach chun príomhghnéithe an chórais maoirseachta intíre a chothabháil. Orthu sin, áirítear treoir maidir leis an gcóras achtúireach intíre agus leis na ceanglais athbhreithnithe do dheimhniúcháin stiúrthóirí mar aon le hiniúchóireacht sheachtrach ar thuairisceáin rialála Shócmhainneacht II.

Chuir an Banc tús le samhail shaincheaptha chomhréireach rannpháirtíochta le haghaidh cuideachtaí árachais ar lú a gcastacht, rud ba chúis leis na leibhéil mhéadaithe maoirseachta faoi Shócmhainneacht II agus a chinntíonn go bhfuil samhail rannpháirtíochta na gcuideachtaí sin i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta. De thoradh na samhla seo, seoladh meascán de ghníomhaíochtaí réamh-ghníomhacha maoirseachta, lena n-áirítear cigireacht théamach dírithe ar rialachas, ar bhainistíocht riosca agus ar chreataí rialaithe inmheánaigh. Tá gá le mionchoigeartú agus leabú breise in 2017 agus chuige sin tá an Banc gníomhach ó thaobh treochtaí agus saincheisteanna sa tionscal árachais agus sa timpeallacht níos leithne rialála a shainaithint.

### Gníomhaíochtaí cigireachta ar an láthair a leathnú chuig earnálacha eile den tionscal.

Mhéadaigh an Banc a chuid gníomhaíochtaí cigireachta ar an láthair ar fud na n-earnálacha tionscail go léir in 2016. Ar na gníomhaíochtaí sin, áirítear athbhreithnithe téamacha agus cigireachtaí treallúsacha ar an láthair.

Béim na nAthbhreithnithe Téamacha in 2016

| Earnáil | Gníomhaíocht/Athbhreithniú |
|---|---|
| Institiúidí creidmheasa | Tuairisciú rialála agus riosca TF. |
| Comhair Chreidmheasa | Gníomhaíochtaí seachfhoinsithe agus ceanglais an díchill chuí maidir le hOiriúnacht agus le hIonracas. |
| Gnóthais Árachais | Rialachas agus formhaoirseacht ar phraghsáil mótarárachais phríobháidigh. |
| Bainistíocht Sócmhainní | Formhaoirseacht ar thaisclanna, rialachas ar fhochoistí, formhaoirseacht ar fheidhm riosca, socruithe i ndáil le seachfhoinsiú, coinbhleachtaí leasa agus tuairisciú cliant. |
| Margaí | Úsáid an phróisis bainistíochta riosca ag UCITS agus táillí cistí infheistíochta. |

Béim na gCigireachtaí ar an láthair in 2016

| Earnáil | Gníomhaíocht/Athbhreithniú |
|---|---|
| Institiúidí creidmheasa | Riosca creidmheasa; riosca leachtachta; riosca oibríochtúil; riosca TF; rialachas agus anailís samhla gnó. |
| Gnóthais Árachais | Cúchistiú; bainistíocht éileamh agus disciplín an fhrithgheallta. |
| Margaí | Formhaoirseacht taisclann ar chistí infheistíochta. |

Ina theannta sin, cuireadh cigireachtaí i gcrích maidir le Frithsciúradh Airgid (AML)/Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac (CFT)/Smachtbhannaí Airgeadais (FS) ar fud réimse leathan earnálacha lena n-áirítear institiúidí íocaíochta, bureaux de change, comhair chreidmheasa, gnólachtaí infheistíochta, bainc agus cistí.

## Forbairt Beartas Rialála

**Go mbeidh na creataí rialála iomchuí agus éifeachtach**

Tá sé ríthábhachtach go mbeidh creat rialála éifeachtach, ardcháilíochta i ngnólachtaí airgeadais chun go mbeidh siad ábalta feidhmiú de réir caighdeán ard. Le creat den sórt sin, leagtar síos an bonn chun maoirseacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar na príomhphrionsabail a bhaineann le fóntacht eagraíochtúil agus airgeadais, le cosaint tomhaltóirí agus le margaí a fheidhmíonn go héifeachtach. Bíonn an Banc rannpháirteach go gníomhach i bpróiseas Eorpach beartais rialála agus rannchuidíonn sé le rialacha fónta a cheapadh a bheidh oiriúnaithe go cuí do chomhthéacs na hÉireann agus tacaíonn sé le hobair chun na rialacha sin a thrasuíomh chuig dlí na hÉireann.

Rannchuidíonn an Banc go gníomhach le forbairt dlíthe, rialachán agus caighdeán teichniúil iomchuí san Eoraip agus tugann sé treoir riachtanach do ghnólachtaí agus do mhargaí rialáilte in Éirinn.

Áirithíonn sé freisin go ndéantar na rialacha agus na rialacháin a chothabháil agus a chur chun feidhme sa chaoi go bhféadfar a meon agus a gcuspóir a bhaint amach ar bhonn leanúnach ag féachaint don timpeallacht athraitheach agus do ghníomhaíochtaí agus do tháirgí nua arna bhforbairt ag gnólachtaí agus margaí airgeadais.

Lean an Banc de bheith ag tacú le hobair SAM trí pháirt a ghlacadh i meithlí éagsúla chun gnéithe áirithe de mhodheolaíocht SAM a fhorbairt, chun tacú leis an obair maidir le hiasachtaí neamhthuillmheacha agus le hathbhreithniú SAM ar an tionscnamh um shamhlacha inmheánacha (TRIM) - athbhreithniú ilbhliantúil ar shamhlacha inmheánacha phíléar 1 a úsáidtear chun caipiteal rialála institiúidí creidmheasa a mheas.

Rannchuidíonn an Banc le Sainghrúpaí TF sa ÚBE agus SAM ina ndírítear go príomha ar rioscsa TF. Ar an aschur do 2016, áirítear forbairt treorlínte maidir leis an measúnú ar riosca TF i gcomhthéacs an Phróisis Athbhreithnithe agus Meastóireachta Maoirseachta agus modheolaíochtaí do chigireachtaí cibear-riosca atá le húsáid ar fud bhainc SAM. D'fhoilsigh an Banc treoir thrastionscail maidir le cibear-riosca agus riosca TF do na heintitis rialáilte in Éirinn i Meán Fómhair 2016.

Bhí an Banc rannpháirteach go gníomhach i bhforbairt Thuarascálacha, threoirlínte agus chaighdeáin theicniúla ÚBE agus sa mheasúnú tionchair ar IFRS 9. Ar na hábhair a clúdaíodh, áirítear cóimheas giarála, urrúsú agus bannaí faoi chumhdach, neamhchosaintí móra, bainistíocht riosca creidmheasa. Lean an Banc de thionchar a imirt ar an gclár beartais idirnáisiúnta maidir le saincheisteanna urrús agus margaí trí pháirt a ghlacadh san athbhreithniú piaraí ar réamheolaire na NCAanna agus trí rannchuidiú leis an obair ar Threoir Réamheolaire III, ar thionscnaimh ESMA, ar leasuithe ar na Rialacháin Trédhearcachta agus ar Threoirlínte ESMA.

In 2016, rinne an Banc dul chun cinn maidir le saincheisteanna áirithe a bhain le beartas AML/CFT. Orthu sin, áirítear:

- Rannchuidiú leis an Measúnú Náisiúnta Riosca maidir le Frithsciúradh Airgid agus cúnamh teicniúil a thabhairt do ranna rialtais maidir le trasuíomh an ceathrú Treoir um Fhrithsciúradh Airgid (AMLD IV);
- Rannchuidiú leis na hÚdaráis Maoirseachta Eorpacha (ÚMEanna) agus leis an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF); agus
- An creat beartais a sholáthar agus a chothbháil chun tacú le maoirseacht éifeachtach ar ghnólachtaí agus ar mhargaí rialáilte.

An 1 Eanáir 2016, tháinig na hailt dheireanacha den Acht um Chomhair Creidmheasa agus Comhoibriú le Rialálaithe Coigríche 2012 agus na Rialacháin ghaolmhara i bhfeidhm. Rinneadh Lámhleabhar na gComhar Creidmheasa a nuashonrú in 2016 chun freagairt don Treoir athbhreithnithe maidir leis na hailt nua den Acht agus de na Rialacháin. Tar éis teorainn a thabhairt isteach ar choigiltis is mó ná €100,000, mar a fhoráiltear sna Rialacháin fán Acht um Chomhar Creidmheasa 1997 (Ceanglais Rialála) 2016, forbraíodh próiseas iarratais chun cuidiú le comhair chreidmheasa a mbíonn formheas á lorg acu maidir le díolúintí.


Chinntigh an Banc gur cuireadh ceanglais nua reachtacha chun feidhme go rianúil trí cheanglais UCITS V a chur chun feidhme go rianúil; agus rinneadh obair shuntasach in 2016 i ndáil leis na hullmhúcháin do chur chun feidhme MiFID II i mí Eanáir 2018 agus trína áirithiú go raibh struchtúr agus rialuithe iomchuí i bhfeidhm ag gnólachtaí agus ag cistí.

Le linn na bliana bhí caidreamh fairsing, leanúnach ag an mBanc leis an Roinn Airgeadais i ndáil le reachtaíocht thábhachtach Eorpach a thrasuíomh agus le hathbhreithniú chun imscrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna éagsúla san earnáil árachais neamhshaoil. Tar éis don Roinn Airgeadais Rialacháin nua an Aontais Eorpaigh (Drochúsáid Margaidh) 2016[19] a fhoilsiú, d'fhoilsigh an Banc Treoir agus Rialacha athbhreithnithe um Dhrochúsáid Margaidh. I mí Iúil agus i mí na Samhna 2016 faoi seach, d'fhoilsigh an Banc Ráitis Aiseolais i ndáil le Páipéar Comhairliúcháin (CP100) agus le Páipéar Comhairliúcháin (CP 97) ar Rialacháin an Bhainc Ceannais maidir le Gnólachtaí Infheistíochta. Sna Rialacháin seo, comhdhlúthaítear na coinníollacha agus na ceanglais a fhorchuireann an Banc ar ghnólachtaí infheistíochta áirithe.

Bunaíodh Líonra Beartais sa Bhanc ina n-éascaítear raon plé lena n-áirítear éifeachtacht agus tionchar an Bhainc ar cheapadh beartais AE a fheabhsú, dea-chleachtas a roinnt i ndáil le tionscadail éagsúla um fheabhsú beartais agus freagairtí beartais a fhoirmiú ar shaincheisteanna a thagann chun cinn.

**Cairt 3:** Líonra Beartais an Bhainc

- Chun pobal spéise a bhunú do phroifisiúnaigh beartais sa Bhanc Ceannais
- Chun príomhfhorbairtí i réimsí éagsúla a chur in iúl ar bhonn frithpháirteach
- Chun an dea-chleachtas sa réimse beartais a chur chun cinn
- Chun faisnéis a mhalartú ar ábhair chomhspéise




- Chun ceapadh beartais fianaise-bhunaithe a chur chun cinn
- Chun tacú le forbairt leanúnach na bproifisiúnach beartais
- Chun forbairt sheasamh beartais an Bhainc Ceannais a éascú maidir le saincheisteanna leathna
- Chun deis a thabhairt caidreamh proifisiúnta a bhunú idir proifisiúnaigh beartais
- Chun tuiscint níos fearr a shealbhú ar an timpeallacht eacnamaíoch, polaitiúil, rialála agus airgeadais a bhfuil beartas ceaptha difear a dhéanamh di

19 Ionstraim Reachtúil Uimh. 349 de 2016

## Rannpháirtíocht in obair na nÚdarás Maoirseachta Eorpacha (ÚMEanna)

Le linn 2016, bhí an Banc rannpháirteach go gníomhach in obair ÚMEanna ar raon saincheisteanna.

*An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC)*

- Páipear Comhairliúcháin ar Riachtanas Caipitil Sócmhainneachta chun obair ÚEÁPC a fhoirmiú i ndáil le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Riachtanas Caipitil Sócmhainneachta agus le comhairle a thabhairt don Choimisiún Eorpach.
- Tástáil struis ar ghnólachtaí árachais ar fud AE inar clúdaíodh 236 gnólacht, agus lenar cuireadh measúnú ar fáil ar leochaileachtaí agus stóinseacht i leith forbairtí anásta margaidh.
- Tuarascáil ar Ráthaíocht Fhadtéarmach agus ar Bhearta maidir le Riosca Gnáthscaireanna. Ba é seo an chéad tuarascáil i sraith tuarascálacha comhchosúla a chuirfear ar fáil anuas go dtí 2021 chun measúnú a dhéanamh ar an iarmhairt a bheidh ag bearta áirithe Shócmhainneacht II ar árachóirí, lena n-áirítear an coigeartú luaineachta agus an coigeartú comhfhreagrach.
- Comhairle a thabhairt don Choimisiún Eorpach chun go bhfeabhsófar an aicme sócmhainne d'infheistíochtaí bonneagair d'ardchaighdeán faoi Shócmhainneacht II tríd an aicme sócmhainne a thairbheodh den ionramháil dhifreáilte a leathnú.

*An tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE)*

- Plépháipear ar an gCóras Stuamachta do Ghnólachtaí Infheistíochta ina mbreathnaítear ar roghanna do chóras rialála níos comhréirí le haghaidh na n-aicmí éagsúla de ghnólachtaí infheistíochta.
- Paipéar Comhairliúcháin mar réamhtheachtaí d'fhorbairt Treoirlínte maidir le Cuntas a dhéanamh i gCaillteanas Creidmheasa a rabhthas ag súil leis, rud a fhoirmeoidh cur chun feidhme IFRS 9.
- Measúnú Tionchair ar an idirghníomhú ionchasach idir IFRS 9 agus ceanglais rialála stuamachta.
- Tuarascáil ar chalabrú Cóimheasa Giarála ina moltar go dtabharfar isteach ceanglas íosta maidir le Cóimheas Giarála san AE chun go maolófar an riosca go dtarlóidh giaráil iomarcach.
- Tástáil struis ar fud AE inar clúdaíodh 51 institiúid chreidmheasa Eorpach agus atá ceaptha tacú le hiarrachtaí leanúnacha maoirseachta chun próiseas deisiúcháin na hearnála baincéireachta san AE a chothabháil.
- Treoirlínte maidir le beartais agus cleachtais luacha saothair i ndáil le táirgí agus seirbhísí baincéireachta miondíola d'fhonn riosca iompair agus mídhíola a laghdú.
- Treoirlínte ina sonraítear sainmhíniú ar mhainneachtain ar fud AE agus ar Chaighdeán Teicniúil Rialála maidir le tairseach ábharthachta oibleagáidí creidmheasa thar téarma lena bhféachtar le comhréireacht agus inchomparáideacht riachtanas caipitil a fheabhsú.

*An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA):*

- Tuairim chuig ÚMEanna ar Aicmí Scaireanna UCITS; Treoirlínte UCITS ar Luach Saothair; comhairle ESMA i ndáil le Pas Tríú Tíortha AIFMD; agus Tuairim ar Thúsphointe Iasachta don Choimisiún Eorpach ó Bhuanchoiste an Bhainc um Bainistíocht Infheistíochta atá faoi Chathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra (Rialáil Airgeadais).
- D'fhorbair an Coiste sin RTS ar Reachtaíocht maidir le Cistí Infheistíochta Fadtéarmaí Eorpacha agus chuir ESMA comhairle ar an gCoimisiún Eorpach freisin maidir le creataí taisclann de chuid dlínsí neamh-AE i gcomhthéacs AIFMD.
- Dréachtú Caighdeán Teicniúil Cur Chun Feidhme (ITS) agus RTS maidir le MiFIR/MiFID II mar shampla an RTS ar orduithe pacáistithe.
- Caighdeáin theicniúla a fhorbairt faoi EMIR, lena n-áirítear malartú déthaobhach corrlach idir páirtithe, forálacha indíreacha imréitigh a thagann chun cinn faoi EMIR maidir le díorthaigh thar an gcuntar, agus faoi MiFID II maidir le díorthaigh arna dtrádáil ar mhalartán.
- Foilsiú na chéad tástálacha struis uile-AE ar Chontrapháirtithe Lárnacha[20].

20 Arna bhfoilsiú ag ESMA an 29 Aibreán 2016

# Íocaíochtaí, Socraíochtaí agus Airgeadra

**I gcomhar leis an BCE agus leis na húdaráis inniúla náisiúnta eile, tá freagracht ar an mBanc a áirithiú go bhfuil córais íocaíochta, socraíochta agus airgeadra sábháilte, solúbtha, éifeachtúil agus éifeachtach agus nach mbeidh rochtain orthu teoranta. Cinntíonn an Banc freisin go soláthraítear nótaí bainc agus monaí agus seirbhísí gaolmhara airgeadra don phobal, rud atá mar phríomhghné de na córais íocaíochta.**

## Beartas agus Maoirsiú na gCóras Íocaíochta agus Socraíochta Urrús

Tá oibleagáid reachtúil ar an mBanc a áirithiú go bhfuil bonneagar náisiúnta sábháilte, éifeachtúil íocaíochta agus socraíochta ag Éirinn, agus bíonn gnéithe intíre agus Eurochórais i gceist lena chuid oibre sa réimse seo.

Maidir leis na córais íocaíochta atá in úsáid in Éirinn[21] faoi láthair, lean an Banc dá chaidreamh maith oibre a chothabháil agus a fhorbairt leis an Eurochóras, le Cónaidhm Baincéireachta agus Íocaíochtaí Éireann (BPFI - an comhlacht ionadaíoch don tionscal íocaíochtaí in Éirinn) agus leis an Roinn Airgeadais.

I dtéarmaí córas socraíochta urrús, chothabháil an Banc teagmháil le Banc Shasana i ndáil le formhaoirseacht ar Euroclear UK and Ireland EUI a sholáthraíonn an bonneagar a úsáidtear chun trádáil i ngnáthscaireanna Éireannacha a shocrú agus le Banc Náisiúnta na Beilge vis-à-vis maoirsiú Euroclear Bank ina socraítear trádálacha i mbannaí Rialtas na hÉireann. Rinneadh obair shuntasach freisin in 2016 ar ábhair a bhaineann leis an Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús (CSDR) a fhéachann le gnéithe áirithe de thimthriall socraíochta urrús a chomhchuibhiú agus chun ceanglais chomónta a chur ar fáil do thaisclanna lárnacha urrús (CSDanna) atá ag feidhmiú san AE. Cuireadh le hualach oibre an Bhainc de bharr an imscrúdaithe ar na himpleachtaí ionchasacha a bheadh ag toradh reifreann Brexit sa Ríocht Aontaithe ar chórais socraíochta urrús na hÉireann.

Ó thaobh an Eurochórais i gcoitinne, lean an Banc de pháirt ghníomhach a ghlacadh le bliain anuas i bhforbairt agus i gcur chun feidhme beartas agus caighdeán formhaoirseachta i ndáil le córais íocaíochta agus socraíochta urrús. Déantar é seo trí rannpháirtíocht chomhaltaí foirne an Bhainc i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha, amhail Coiste BCE um Bonneagar Margaidh agus Íocaíochtaí (MIPC) agus ina chuid meithlí gaolmhara, an tÚdarás Baincéireachta Eorpach agus an Coimisiún Eorpach.

## Córas Íocaíochta TARGET2

Is córas íocaíochta idirbhainc é TARGET2 lena ndéantar próiseáil fíor-ama ar aistrithe ar fud AE. Sa bhliain 2016, próiseáladh os cionn 88 milliún idirbheart Ollsocraíochta Fíor-ama i gcóras TARGET2 agus ba é 342,000 idirbheart an meán laethúil. B'ionann an méid sin agus méadú 1% i gcomparáid le 2015. Tháinig laghdú áfach ar luach iomlán na n-idirbheart i gcomparáid le 2015, faoi 6% go dtí €446 trilliún agus b'ionann an meánluach laethúil agus €1.7 trilliún.

I TARGET2-Ireland, an ghné Éireannach de, próiseáladh beagnach 860,0000 idirbheart; b'ionann é sin agus laghdú 2% i gcomparáid le 2015. Tháinig méadú um 12% ar luach na n-idirbheart a próiseáladh tríd an gcomhpháirt Éireannach de, sa chaoi gurbh ionann a luach iomlán agus €3.35 trilliún.

In 2016, tháinig méadú ar líon na rannpháirithe díreacha i módúl íocaíochta TARGET2-Ireland faoi 2 go dtí 14.

## Seirbhísí Baincéireachta

Cuireann an Banc seirbhísí baincéireachta ar fáil don Rialtas agus do chustaiméirí eile. Folaíonn sé sin, cothabháil a dhéanamh ar Chuntas an Státchiste agus ar chuntais eile a thagann faoi shainchúram an Aire Airgeadais (amhail na Coimisinéirí Ioncaim, Oifig na nOibreacha Poiblí, an Pámháistir Ginearálta agus Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN)). Tá sé freagrach as cuntais chomhfhreagracha a chothabháil do BCNanna eile agus d'institiúidí eile amhail an Coimisiún Eorpach

21 Córas mear-aistrithe ollsocraíochtaí fíor-ama TARGET2 le haghaidh íocaíochtaí mórluacha, STEP2 le haghaidh ríomhíocaíochtaí miondíola agus Cuideachta Imréitigh Íocpháipéir na hÉireann le haghaidh ionstraimí íocaíochta páipéir,

agus Banc Forbartha na hÁise. Chomh maith leis sin, riarann an Banc na hidirbhearta airgeadais go léir idir Éire agus an CAI lena n-áirítear suibscríbhinní cuóta a íoc agus próiseáil a dhéanamh ar aon eisíocaíochtaí agus aisíocaíochtaí chuig an CAI, an tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSF) agus an Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSM).

An 19 Feabhra 2016, tar éis do Bhord Feidhmiúcháin an CAI an 14ú Athbhreithniú Ginearálta ar Chuótaí a dhéanamh, ceanglaíodh ar an mBanc suibscríbhinní cuóta na hÉireann a mhéadú ó XDR1.2bn[22] (€1.5bn) go dtí XDR3.4bn (€4.3bn). Chinn an Bord freisin go n-áireofaí Renminbi na Síne (RMB) i mbascaed na gCearta Speisialta Tarraingthe (CST), rud a thugann le fios go bhféadfar an t-airgeadra a úsáid chun idirbhearta airgeadais CAI a shocrú amach anseo. Is ionann an t-iarmhéid reatha atá gan íoc ar iasacht na hÉireann ón CAI agus €4.8bn (luacháil ag deireadh mhí Eanáir 2017).

## Clár na mBannaí

Ina ról mar Chláraitheoir, déanann an Banc íocaíochtaí díbhinne agus fuascailte le sealbhóirí cuntais ar bhannaí arna n-eisiúint ag an GBCN agus ag an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe (GAT). Is é Euroclear Bank atá lonnaithe sa Bheilg a shocraíonn idirbhearta i leith Bhannaí Rialtas na hÉireann. In 2017, glacfaidh an Banc air féin ról an Chláraitheora do Bhillí Státchiste na hÉireann, ról a bhí ag an GBCN roimhe sin.

Ag deireadh 2016, b'ionann luach ainmniúil na mbannaí ar an gClár agus €121.7bn, laghdú €3.5bn ar an luach a bhí fós amuigh ag deireadh 2015 (€125.2bn). Tháinig banna amháin in aibíocht le linn 2016 as ar eascair íocaíochtaí fuascailte €7.2bn. D'eisigh an GBCN banna nua amháin le linn na bliana arbh ionann a luach agus €3.0bn (1% 2026). Bhí banna amháin GAT amuigh le linn na bliana (a thiocfaidh in aibíocht in 2018).

## Eisiúint agus Táirgeadh Airgeadra

### Nótaí Bainc

In 2016, sholáthair an Banc 328m nóta bainc don mhargadh le linn na bliana; ba nótaí nua iad 45% díobh agus ba nótaí atheisithe iad 55% díobh. B'ionann é sin agus méadú 5 faoin gcéad ar na nótaí bainc a eisíodh in 2015 (313m).

**Tábla 1 – Eisiúintí Nótaí Bainc**

| | Líon na Nótaí Bainc (milliún) | | Luach € milliún | |
|---|---|---|---|---|
| **Ainmníocht** | **2016** | **2015** | **2016** | **2015** |
| €5 | 54 | 54 | 272 | 271 |
| €10 | 61 | 61 | 608 | 611 |
| €20 | 77 | 69 | 1,537 | 1,379 |
| €50 | 135 | 128 | 6,749 | 6,387 |
| €100 | 1 | 1 | 67 | 81 |
| €200* | 0 | 0 | 8 | 2 |
| €500* | 0 | 0 | 42 | 27 |
| **Iomlán** | **328** | **313** | **9,283** | **9,207** |

Nóta: Seans nach suimfidh na figiúirí toisc gur slánaíodh iad

*Líon beacht na nótaí bainc a eisíodh:

| 2016 | 2015 |
|---|---|
| €200: 38,050 | €200: 8,100 |
| €500: 81,025 | €500: 54,025 |

22 An cód airgeadra do Chearta Speisialta Tarraingthe (CST).

Faoi shocruithe táirgeachta comhthiomsaithe BCE, b'ionann agus 123m leithdháileadh táirgthe an Bhainc in 2016 do nótaí bainc €10. Faightear nótaí bainc d'ainmníochtaí eile ó BCNanna eile agus eisíonn an Banc iad de réir mar is gá.

Baintear úsáid as innealra ardluais chun fíordheimhneacht agus oiriúnacht na nótaí bainc go léir arna dtaisceadh don Bhanc a sheiceáil; scriostar na nótaí bainc mí-oiriúnacha faoi choinníollacha sábháilte fad a dhéantar nótaí bainc oiriúnacha a ullmhú lena gcur i gcúrsaíocht arís. In 2016, próiseáladh 316 milliún nóta bainc euro ar an modh seo.

Glacann an Banc le nótaí bainc an phuint Éireannaigh (IR£) i gcónaí agus a luaithe a fhíoraítear iad, déantar iad a mhalartú ar a gcomhluach in euro. B'ionann agus IR£1.01m (€1.28m) luach na nótaí bainc arna malartú don phobal le linn na bliana. Ag deireadh 2016, bhí nótaí bainc an phuint Éireannaigh arbh ionann a luach agus €227m fós amuigh.

## Bosca 3: Sraith Nótaí Bainc Europa

In 2016, cuireadh tús leis na hullmhúcháin don cheathrú nóta bainc i sraith Europa, an €50. Seoladh an nóta seo i mí Aibreáin 2017. Tá an tsraith nótaí bainc seo á tabhairt isteach de réir a chéile, in ord ardaitheach, thar roinnt blianta. Leanfar leis na hainmníochtaí €5, €10, €20, €50, €100 agus €200 sa tsraith nua ach ní tháirgfear an nóta bainc €500 a thuilleadh. Déanfar an tsraith nua a chur i gcúrsaíocht i gcomhthreo leis an gcéad sraith de nótaí bainc euro agus leanfaidh na nótaí bainc sin de bheith ina nótaí dlíthairgthe. I gcás ina stadfadh an chéad sraith de nótaí bainc euro de bheith ina dlíthairiscint, thabharfaí fógra roimh ré. Ar a shon sin, coimeádfaidh nótaí bainc euro na chéad sraithe a luach i gcónaí agus féadfar iad a mhalartú go ceann tréimhse neamhtheoranta tráth ar bith i BCNanna an Eurochórais, lena n-áirítear an Banc.

Chun ullmhú do sheoladh an nóta bainc nua, thacaigh an Banc le hullmhúcháin na ndreamanna seo a leanas i ndáil leis na nótaí bainc nua: bainc mhiondíola, oifigí poist, cuideachtaí airgid faoi bhealach, comhair chreidmheasa, miondíoltóirí, cuideachtaí meaisíní díola, cuideachtaí iompair, cuideachtaí fóillíochta, eagraíochtaí carthanachta, comhlachtaí ionadaíocha agus an pobal. Cuireadh ábhar cumarsáide ar fáil do pháirtithe leasmhara agus chuaigh an Banc i dteagmháil leo. Soláthraíodh nótaí bainc €50 nua roimh ré chun go bhféadfaí meaisíní láimhseála nótaí bainc a thástáil agus a nuashonrú.

Is iad na nótaí €100 agus €200 na chéad ainmníochtaí eile a bheidh le heisiúint i sraith nótaí bainc Europa. Tá na hullmhúchain faoi lán seoil cheana féin don eisiúint sin in 2019. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr na n-ainmníochtaí sa dara sraith de nótaí bainc euro, chinn Comhairle Rialaithe BCE go gcuirfí deireadh le táirgeadh an nóta bainc €500 agus go ndéanfaí é a eisiamh ó shraith Europa. I bhfianaise ról idirnáisiúnta an euro agus na muiníne a bhíonn sna nótaí bainc euro, leanfaidh an nóta bainc €500 de bheith ina dhlíthairiscint. Mar aon leis na hainmníochtaí eile de nótaí bainc euro, coimeádfaidh an nóta bainc €500 a luach agus féadfar é a mhalartú sa limistéar euro ar feadh tréimhse neamhtheoranta. Níl an nóta bainc €500 in úsáid go forleathan in Éirinn, rud a deimhníodh i gcomhairliúchán leis na príomhbhainc thráchtála.

**An Nóta Bainc €50 nua**



## Boinn

Agus é ag gníomhú mar ghníomhaire don Aire Airgeadais, rinne an Mionta 2.5m bonn nua a bhualadh agus chuir sé 126m bonn i gcúrsaíocht in 2016. B'ionann é sin agus méadú 9% ar líon na mbonn a eisíodh in 2015 (115 milliún bonn). Faoi mhí Dheireadh Fómhair 2016, bhí an chéad bhliain iomlán den Chóras Slánaithe curtha isteach. Tá rannpháirtíocht sa chóras sin saorálach. Bhí iarmhairt ag leibhéal ard na rannpháirtíochta sa chóras sin ar oibríochtaí bonn an Bhainc sa mhéid gur tháinig laghdú ar úsáid bhoinn 1c agus 2c agus ar an éileamh a bhí orthu.

Glacann an Banc le boinn an phuint Éireannaigh (IR£) i gcónaí agus a luaithe a fhíoraítear iad, déantar iad a mhalartú ar a gcomhluach in euro. Ag deireadh 2016, b'ionann agus €0.194m luach na mbonn arna malartú don phobal le linn na bliana agus tá luach €123.7m de bhoinn an phuint Éireannaigh fós amuigh.

### Tábla 2: Eisiúintí Bonn

| | Líon na mBonn (Milliún) | | Luach € milliún | |
|---|---|---|---|---|
| **Ainmníocht** | **2016** | **2015** | **2016** | **2015** |
| 1c | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 2c | 0 | 14 | 0 | 0 |
| 5c | 39 | 32 | 2 | 2 |
| 10c | 26 | 23 | 3 | 2 |
| 20c | 26 | 18 | 5 | 4 |
| 50c | 12 | 9 | 6 | 5 |
| €1 | 9 | 6 | 9 | 6 |
| €2 | 14 | 13 | 29 | 26 |
| **Iomlán** | **126** | **115** | **53** | **45** |

Nóta: Seans nach suimfidh na figiúirí toisc gur slánaíodh iad

Eisíonn an Banc táirgí bonn comórtha freisin lena gcomórtar eachtraí suntasacha i stair, in oidhreacht nó i gcultúr na hÉireann. In 2016, eisíodh deich gcinn de tháirgí bonn comórtha agus díoladh os cionn 75,000 táirge. Bhain breis agus 90% de na táirgí go léir a díoladh le boinn chomórtha 1916.

**Bosca 4: Boinn in ómós d'Fhorógra na Poblachta 1916**

D'fhonn cothrom céad bliain shíniú Fhorógra na Poblachta 1916 a chomóradh, d'eisigh an Banc, agus é ag gníomhú mar ghníomhaire don Aire Airgeadais, sraith de tháirgí bonn comórtha chun ceiliúradh a dhéanamh ar an eachtra sin.

Ba é seo an chéad uair a d'eisigh Éire bonn comórtha €2 dá cuid féin lena chur i gcúrsaíocht. An 20 Eanáir 2016, chuir an Banc 4.5m bonn comórtha €2 i gcúrsaíocht. I dteannta leis an mbonn a cuireadh i gcúrsaíocht, d'eisigh an Banc líon áirithe d'fhoirne bonn ina raibh leaganacha profa nár cuireadh i gcúrsaíocht den bhonn €2.

Roghnaíodh dearadh le Emmet Mullins don bhonn seo tar éis comórtas a reachtáil ar chuir 52 dearthóir Éireannach agus idirnáisiúnta isteach air le dearthaí a bhí bunaithe ar Fhorógra na Poblachta. Ar an mbonn féin, léirítear an dealbh de Hibernia (pearsantú stairiúil na hÉireann) agus í ina seasamh ar bharr Ard-Oifig an Phoist, mar aon leis na dátaí don chothrom céad bliain agus ainm "Hibernia" i bpeannaireacht atá faoi anáil Leabhar Cheanannais.



**Bosca 4: Boinn in ómós d'Fhorógra na Poblachta 1916**

I mí Aibreáin 2016, d'eisigh an Banc boinn phrofa óir agus airgid chun comóradh a dhéanamh ar an gcothrom céad bliain. Ar na boinn sin, arna ndearadh ag Michael Guilfoyle, léirítear dealbh Hibernia mar aon le focail agus frásaí ar leith ón bhForógra.




## Timthriall Airgid na hÉireann

Trína chlár rannpháirtíochta leis na mórpháirtithe leasmhara sa timthriall airgid, leanann an Banc d'éifeachtúlachtaí i dtimthriall airgid na hÉireann a chur chun cinn. Faoi láthair, táthar ag díriú ar Chomhaontuithe Seirbhíse le custaiméirí a thabhairt isteach agus ar líon na ngluaiseachtaí neamhriachtanacha airgid sa timthriall airgid a laghdú, d'fhonn éifeachtúlacht fhoriomlán an timthrialla airgid a fheabhsú.

In 2016, lean an Banc den Ghrúpa Teagmhasachta um an Timthriall Airgid Náisiúnta a óstáil, ar grúpa é a bunaíodh chun stóinseacht fhoriomlán an timthrialla airgid a fheabhsú. Rinneadh an Grúpa a thionól trí huaire le linn na bliana chun teagmhais a d'fhéadfadh iarmhairt a bheith acu ar sholáthar airgid náisiúnta a bhainistiú. Ina theannta sin, tá bearta glactha ag an mBanc chun tionchar a imirt ar an meascán ainmníochtaí in uathmheaisíní bainc. Sheol an Banc an chéad Seimineár Airgeadra dá chuid i mí Dheireadh Fómhair. Tugadh na mórpháirtithe leasmhara sa timthriall airgid le chéile ag an seimineár sin agus bhí an deis ag an mBanc rannpháirtíocht a sheoladh i dtaca le pleananna straitéiseacha agus forbairtí Eorpacha.

## Cáilíocht an Airgeadra

Déantar faireachán leanúnach ar láimhseálaithe gairmiúla airgid thirim faoi shainordú iomchuí an BCE a bhaineann le fíordheimhniú agus le hoiriúnacht nótaí bainc agus monaí euro sula gcuirtear iad i gcúrsaíocht athuair. In 2016, seoladh 116 cigireacht faireacháin agus rinneadh tástáil ar níos mó ná 381 gléas láimhseála airgid. Le linn na bliana, rinne an fhoireann faireacháin cigireachtaí ar institiúidí airgeadais i dtrí bhaile réigiúnacha agus i gceithre cheantar i mBaile Átha Cliath.

Is iad an Lárionad Anailíse Náisiúnta agus an tIonad Náisiúnta Anailíse Monaí a fhaigheann agus a phróiseálann na nótaí bainc agus monaí góchumtha go léir a bhraitear in Éirinn. Tá an dá lárionad lonnaithe sa Bhanc. Cuireann an fhoireann um ghóchumadh oiliúint ar láimhseálaithe gairmiúla airgid thirim agus ar ghníomhaireachtaí forghníomhaithe dlí maidir le gnéithe slándála nótaí bainc a shainaithint agus maidir le fíordheimhneacht agus oiriúnacht nótaí bainc euro a sheiceáil. Leis na seisiúin oiliúna sin, cuirtear le heolas láimhseálaithe gairmiúla airgid thirim chun bhfeabhsófar cáilíocht na nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht.

# Comhairle Eacnamaíoch agus Staidreamh

**Tugann an Banc faoi anailís eacnamaíoch, faoi thaighde eacnamaíoch agus faoi anailís staidrimh atá ceaptha ceapadh beartais eacnamaíoch a fhoirmiú ar leibhéal intíre agus ar leibhéal an limistéir euro. Déantar na haschuir anailíseacha agus staidrimh a scaipeadh trí fhoilseacháin éagsúla, trí sheimineáir agus trí chaidreamh leanúnach le ranna rialtais, leis an saol acadúil agus le tráchtairí. Le tabhairt isteach an tSásra Aonair Maoirseachta (SAM) agus tionscnamh beartais eile, tá méadú suntasach tagtha ar cheanglais staidrimh agus ar cheanglais anailíseacha.**

## Anailís agus Tráchtaireacht Eacnamaíoch

Bíonn ról tábhachtach ag an mBanc i bhfoirmiú beartais eacnamaíoch náisiúnta trí chomhairle eacnamaíoch neamhspleách a chur ar fáil trí bhíthin tráchtaireachtaí rialta, réamhaisnéisí, taighde agus staidrimh airgeadais d'ardchaighdeán. Cuirtear an méid sin in iúl trí fhoilseacháin an Bhainc agus trí pháipéir taighde, irisleabhair idirnáisiúnta, ráitis agus trí óráidí a thugann an Gobharnóir, na Leas-Ghobharnóirí agus comhaltaí eile den ardbhainistíocht agus trí rannpháirtíocht i gcomhdhálacha agus i seimineáir. Go hinmheánach, chuir an anailís agus taighde eacnamaíoch ionchur tábhachtach ar fáil i ndáil le measúnuithe leanúnacha ar chobhsaíocht airgeadais agus le hathbhreithnithe macrastuamachta. Laistigh den Eurochóras, rannchuidigh an Banc le cleachtaí um réamhaisnéisiú maicreacnamaíoch agus le soláthar comhairle beartais agus anailíse eacnamaíche comhtheagmhasaí.

Tugadh sé cinn de chleachtaí réamhaisnéise maicreacnamaíche chun críche le linn na bliana, ar seoladh dhá cheann díobh i gcomhthéacs Chleachtadh Réamh-Mheastachán Leathan Maicreacnamaíoch an Eurochórais agus foilsíodh na ceithre cinn eile i bhFaisnéis Ráithiúil an Bhainc. Ina theannta sin, ghlac an Banc páirt freisin i bhfóraim eile réamhaisnéise agus beartais e.g. an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) agus an AE; agus chuaigh sé i gcomhairle le misin leathbhliantúla chuartaíochta Páirtithe Seachtracha[23], le gníomhaireachtaí rátála agus le dreamanna eile nach iad.

Leanadh leis an obair chun sraith samhlacha maicreacnamaíocha nua-aimseartha a fhorbairt do gheilleagar na hÉireann, ar samhlacha iad a bheadh oiriúnach d'anailís beartais. Forbraíodh croíshamhail DSGE[24] ina raibh gnéithe mionsonraithe macra-airgeadais agus mhargadh an tsaothair. Baineadh úsáid aisti chun measúnú a dhéanamh ar na rialacha morgáiste agus ar chúlchistí fritimthriallacha. Forbraíodh agus cuireadh i bhfeidhm samhail struchtúrach eacnaiméadrach freisin do gheilleagar na hÉireann, COSMO[25]. Baineadh úsáid aisti chun anailís beartais macrastuamachta a dhéanamh, chun measúnú a dhéanamh ar iarmhairt ionchasach Brexit agus, i dtéarmaí níos ginearálta, chun cumas anailíse agus réamhaisnéise eacnamaíche an Bhainc a fheabhsú.

D'fhonn iarmhairt tosca seachtracha i ngeilleagar beag, oscailte a chur san áireamh, baintear úsáid as COSMO i gcomhar le samhail eacnaiméadrach dhomhanda NiGEM[26], arna forbairt ag an Instítiúid Naisiúnta Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta sa Ríocht Aontaithe. Leis an gcur chuige seo, baintear úsáid as torthaí cásanna idirnáisiúnta arna nginiúint in NiGEM mar ionchur i COSMO chun a áirithiú go ndéanfar éifeachtaí domhanda agus idirnáisiúnta a ionchorprú ar mhodh comhréireach.

Ar na téamaí a scrúdaíodh le déanaí i dtaighde an Bhainc, folaítear na cinn seo a leanas:

» Éifeachtaí beartais macrastuamachta ar ghiaráil iasachtaithe.

» Measúnú ar stóinseacht punann morgáiste.

» Praghsanna agus cíosa réadmhaoine cónaithe na hÉireann a shamhaltú.

» Imscrúdú ar iompar coigiltis teaghlach.

23 An Coimisiún Eorpach, an CAI agus an BCE.

24 Cothromaíocht ghinearálta stocastach dhinimiciúil..

25 Croíshamhail struchtúrach.

26 Samhail Eacnaiméadrach Dhomhanda na hInstitiúide Náisiúnta.

» Difríochtaí i dtuarastail d'fhostaithe nua.

» Rannpháirtíocht i margadh an tsaothair in Éirinn.

Lean an Banc de pháirt ghníomhach a ghlacadh i gcreataí taighde éagsúla de chuid an Eurochórais lena ndéantar imscrúdú ar airgeadas teaghlaigh, ar bhaincéireacht idirnáisiúnta agus ar shocrú pá. D'óstáil an Banc Líonra BCE ar Airgeadas Teaghlaigh agus Tomhaltas. Tá neart cur i láthair déanta ag comhaltaí foirne an Bhainc ag comhdhálacha agus institiúidí intíre agus idirnáisiúnta.

Bhí an Banc rannpháirteach freisin in obair an Ghrúpa um Athbhreithniú Staidrimh Eacnamaíoch arna bhunú chun treoir a thabhairt don Phríomh-Oifig Staidrimh maidir leis an gcaoi is fearr inar féidir freastal ar riachtanais úsáideoirí chun léargas níos fearr a fháil ar ghníomhaíocht eacnamaíoch na hÉireann, agus na dúshláin tomhais á gcur san áireamh maidir le léiriú cuimsitheach a thabhairt ar gheilleagar domhandaithe na hÉireann. Bhí an Gobharnóir Lane ina chathaoirleach ar an nGrúpa um Athbhreithniú Staidrimh Eacnamaíoch.

## Ag Cur le hÉifeachtacht an Eurochórais

Lean an Banc dá chreat staidrimh a fhorbairt in 2016 mar chuid dá rannpháirtíocht san Eurochóras agus sa CEBC. Rinneadh clár staidrimh CEBC a leathnú chun go bhfreastalófaí ar cheanglais SAM, BERS agus tionscnamh neamhchaighdeánach beartais airgeadaíochta. Tá forbairt foinsí sonraí gráinneacha mar ghné bhunúsach den straitéis chun faisnéis a fheabhsú do lucht déanta beartais sa CEBC ar mhodh éifeachtúil, cost-éifeachtach. Tá an tionscnamh chun bunachar sonraí anailíseach creidmheasa (Anacredit) deabhunaithe anois, i ndiaidh fhoilsiú an Rialacháin[27], agus tar éis don BCE ábhair treorach a eisiúint chuig gníomhairí tuairiscithe. Mar chuid den tionscnamh seo, bhunaigh an Banc sruth oibre chun teagmháil a dhéanamh le gníomhairí tuairiscithe maidir leis an bhfaisnéis iomchuí creidmheasa agus riosca a thabhairt, mar a cheanglaítear faoin Rialachán. Leathnaíodh bailiú sonraí gráinneacha le linn na bliana freisin i réimse an staidrimh maidir le hurrúis, sa mhéid gur tiomsaíodh agus foilsíodh miondealú ar shealúchais de réir na hearnála eacnamaíche, lena n-áirítear teaghlaigh. Bhí obair idir lámha freisin chun táirgeadh eisiúintí míosúla urrús a athdhearadh trí úsáid a bhaint as Bunachar Sonraí Láraithe Urrús de chuid an BCE.

Glacann comhaltaí foirne an Bhainc páirt i gcoistí staidrimh agus i meithlí atá freagrach as aschur reatha staidrimh a chothabháil, foinsí nua sonraí a fhorbairt chun freastal ar riachtanais úsáideoirí agus as rannchuidiú le fóraim idirnáisiúnta i dtaca le saincheisteanna coincheapúla agus modheolaíocha. Bhí roinnt forbairtí suntasacha ar staidreamh CEBC le linn 2016. Leanadh leis an obair ar chomhtháthú sonraí staidrimh agus sonraí maoirseachta chun léiriú níos iomláine a thabhairt ar an earnáil baincéireachta, go háirithe i dtéarmaí sainmhínithe agus coincheapa a chomhchuibhiú. Ina theannta sin, déantar sonraí idirbheart laethúil maidir le hidirbhearta margaidh airgid a bhailiú anois ó na bainc is mó sa limistéar euro, fad a bailíodh na chéad sonraí faoin Rialachán maidir le corparáidí árachais[28]. Leis na sonraí a bhailítear faoin Rialachán seo, déanfar faisnéis Shócmhainneacht II a fhorlíonadh chun léargas níos fearr a thabhairt ar an earnáil árachais.

Tiomsaítear comhiomláin staidrimh don limistéar euro ó na sonraí a chuireann an Banc ar fáil agus is ionchur lárnach iad na sonraí sin lena bhfoirmeofar beartas airgeadaíochta agus cúraimí reachtúla eile de chuid CEBC, lena n-áirítear a shainchúram maoirseachta. Le linn 2016, lean an Banc dá oibleagáidí um thuairisciú staidrimh i leith BCE a chomhlíonadh. Ar na sonraí a chuirtear ar fáil, áirítear faisnéis mhionsonraithe maidir le gníomhaíochtaí cistiúcháin agus iasachtaithe na mbanc agus na gcistí margaidh airgid. Cuirtear sonraí mionsonraithe ar fáil freisin ar bhonn míosúil maidir leis na rátaí úis a chuireann na bainc i bhfeidhm maidir le hiasachtaí agus taiscí i leith teaghlach agus corparáidí neamhairgeadais. Tugann an Banc sonraí míosúla agus ráithiúla don BCE freisin maidir leis an earnáil airgeadais neamhbhainc, go háirithe i leith Cistí Infheistíochta agus Corparáidí um Meáin Airgeadais (CMAanna) a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíochtaí urrúsaithe. Baineann tábhacht ar leith leis na sonraí Éireannacha maidir leis na heintitis sin ó tharla gur suíomh tosaíochta í Éire do chistí agus do CMAanna laistigh den limistéar euro agus gur mó go comhréireach cion na hÉireann i gcomhiomláin staidrimh an limistéir euro i gcoibhneas le méid an gheilleagair. Na cuntais ráithiúla airgeadais lena

27 https://www.ecb.europa.eu/ecb/legal/pdf/celex_32016r0867_en_txt.pdf

28 Rialachán (AE) Uimh. 1374/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach an 28 Samhain 2014 maidir leis na ceanglais um thuairisciú staidrimh do chorparáidí árachais (BCE/2014/50).

dtugtar forbhreathnú ar idirbhearta agus staideanna airgeadais na n-earnálacha eacnamaíocha intíre i gcoibhneas lena chéile agus leis an gcuid eile den domhan, déantar iad a chuimisú d'Éirinn agus a chur ar fáil don BCE. In 2016, leathnaíodh tuilleadh i gcás na hÉireann na sonraí idirearnálacha a thugann faisnéis bhreise maidir le neamhchosaint earnálacha ar chontrapháirtithe. I dteannta le hdirbhearta rialta, ceanglaíodh sonraí breise lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le heintiteas ar leith chun faireachán a dhéanamh ar bhearta neamhchaighdeánacha beartais airgeadaíochta.

Leantar d'fhaisnéis maidir le sealúchais urrús a fheabhsú i dteannta le forbairt bhreise a dhéanamh ar fhaisnéis maidir le heisiúint urrús. Le himeacht aimsire, déanfar na sonraí mionsonraithe maidir le hurrúis a nascadh le sonraí Anacredit chun faisnéis mhionsonraithe a sholáthar maidir le neamhchosaintí, naisc agus leochaileachtaí san earnáil baincéireachta.

## Staidreamh a Sholáthar

Is é an Banc an príomh-sholáthraí staidrimh d'Éirinn agus foilsíonn sé faisnéis agus anailís mhionsonraithe maidir leis an earnáil airgeadais agus lena cuid fo-earnálacha. Sa tsraith rialta d'eisiúintí staidrimh, cuirtear faisnéis mhionsonraithe ar fáil maidir le coigiltis agus iasachtaí teaghlach le hinstitiúidí creidmheasa, arna ndí-chomhbhailiú de réir ionstraime, de réir cuspóra agus de réir aibíochta. Cuidíonn sé seo le faireachán a dhéanamh ar chláir chomhardaithe agus, go háirithe, ar fhorbairtí chun dul i ngleic le hardleibhéil reatha féichiúnais agus riaráistí. Ina theannta sin, foilsíonn an Banc faisnéis mhionsonraithe maidir le soláthar creidmheasa chuig an ngeilleagar, go háirithe chuig an earnáil FBM atá spleách don chuid is mó ar bhainc intíre le haghaidh maoiniúcháin. Foilsítear cuntais airgeadais ráithiúla, mar aon le sraith rialta staidrimh i dtaca le cistí cónaitheacha infheistíochta (de réir chineál an chiste), meáin airgeadais urrúsaithe agus neamh-urrúsaithe, eisiúintí agus sealúchais urrús, agus staidreamh comhdhlúthaithe baincéireachta.

## Sonraí agus Staidreamh Airgeadais

Tá sonraí arna mbailiú ag an mBanc ríthábhachtach do mheasúnuithe ar chobhsaíocht airgeadais. Leis na sonraí sin, éascaítear faireachán ar fhorbairtí maoiniúcháin agus creidmheasa laistigh den earnáil airgeadais agus ar fud an gheilleagair intíre. Déantar sonraí mionsonraithe a bhailiú ó na bainc maidir lena gcuid gníomhaíochtaí iasachtaithe agus cistiúcháin arna mbriseadh síos de réir ionstraime, aibíochta agus críche. Le linn 2016, leathnaigh an Banc a fhoilseacháin maidir le riaráistí morgáiste chun go gcuimseofaí iasachtaí a bhíonn ar seilbh ag eintitis neamhbhainc, roinnte idir eintitis rialáilte agus neamhrialáilte anois. Tugtar faisnéis mhionsonraithe san fhoilseachán maidir le leibhéal agus cineál na réiteach um athstruchtúrú a chuirtear chun feidhme agus cuirtear in iúl cibé acu an bhfuiltear ag cloí leis na téarmaí comhaontaithe. Feabhsaíodh freisin na sonraí maidir le rátaí úis chun go n-áireofaí leibhéal conarthaí athchaibidlithe agus iarmhairt conarthaí athchaibidlithe ar rátaí morgáiste agus chun go dtabharfaí faisnéis maidir le haibíocht iarmharach conarthaí téarma seasta.

Go hidirnáisiúnta, cuireann an Banc sonraí ar fáil d'eagraíochtaí idirnáisiúnta eile[29] agus glacann sé páirt i bhfóraim idirnáisiúnta maidir le staidreamh airgeadais, lena n-áirítear tionscnaimh chun dul i ngleic le bearnaí sonraí arna n-eascairt as an ngéarchéim airgeadais. Is suíomh suntasach í Éire d'eintitis neamhbhainc a dtagann a bhformhór díobh faoin sainmhíniú ar scáthbhanc. Cuimsíodh an earnáil airgeadais neamhbhainc sa chéad fhoilseachán de shonraí maidir le meáin airgeadais neamhurrúsaithe (aonáin shainchuspóireacha) in 2016. Rinneadh na sonraí a bailíodh a sholáthar don Bhord um Chobhsaíocht Airgeadais agus don Bhord Eorpach um Riosca Sistéamach mar chuid de chleachtaí faireacháin ar scáthbhaincéireacht ag an dá chomhlacht sin, agus don CAI i gcomhthéacs a FSAP d'Éirinn.

Mar aon le haschuir straidrimh a leathnú, thug an Banc faoi anailís agus faoi thaighde trí bhíthin alt, litreacha eacnamaíocha agus na tráchtaireachta a fhoilsítear san Fhaisnéis Ráithiúil. Sa taighde foilsithe, clúdaíodh réimsí amhail léasú aerárthaí, sealúchais urrús ag cónaitheoirí Éireannacha, gníomhaíochtaí aonán sainchuspóireach in Éirinn agus an idircheangailteacht idir iad agus earnálacha eile, measúnú ar fhorbairtí rátaí úis in Éirinn, líon na gceannaitheoirí airgid i margadh tithíochta na

29 An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI), an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE), an Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (BIS), etc.

hÉireann a mheas, úsáid láithriú príobháideach urrús fiachais ag gnólachtaí atá lonnaithe in Éirinn agus maoiniú caipitil fiontair ag gnóthaí Éireannacha.

Bíonn cruinnithe rialta ag an mBanc freisin le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear gníomhairí tuairiscithe, ionadaithe ón tionscal agus príomhúsáideoirí staidrimh, sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon chun aiseolas a thabhairt maidir leis na sonraí a thiomsaítear agus chun faireachán a dhéanamh ar riachtanais príomhúsáideoirí.

Forbraíodh tuilleadh an dlúthchaidreamh oibre idir an Banc agus an Phríomh-Oifig Staidrimh le linn 2016. Chuir an Banc aighneacht faoi bhráid an Ghrúpa um Athbhreithniú Staidrimh Eacnamaíoch, arna bhunú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh i ndiaidh fhoilsiú thorthaí na gCuntas Náisiúnta i mí Iúil 2016. Is é an Gobharnóir Lane atá ina chathaoirleach ar an ngrúpa sin. Cuimsítear sna réimsí comhair sin, formhór an staidrimh ó na hearnálacha institiúideacha, comhardú na n-íocaíochtaí[30], cuntais airgeadais, cistí árachais agus pinsin, agus airgeadas rialtais. Tá dúshláin staidrimh bhreise ann don dá hinstitiúid de bharr dhomhandú méadaithe gheilleagar na hÉireann agus de bharr éileamh breise ar an leibhéal Eorpach, go háirithe maidir le comhardú na n-íocaíochtaí. De bhreis air sin, cuirtear na sonraí nua go léir arna dtiomsú ag an mBanc ar fáil don Phríomh-Oifig Staidrimh mar ionchur do staidreamh maicreacnamaíoch na hÉireann. Leis na socruithe dlúthchomhair sin, féachtar lena áirithiú, a mhéid is féidir, go seachnófar dúbláil tuairiscithe ag eintitis na hearnála airgeadais agus go n-íoslaghdófar an t-ualach ar an tionscal. Leis an saineolas a chuirtear ar fáil ón dá hinstitiúid, cuidítear le feabhas a chur ar cháilíocht staidreamh airgeadais na hÉireann.

### Beartas CAI agus Saincheisteanna Toghlacha

Tá an Gobharnóir ina Ghobharnóir Malartach d'Éirinn ar Bhord Gobharnóirí an CAI agus, sa cháil sin, d'fhreastail sé ar Chruinniú Earraigh agus ar Chruinniú Bliantúil an CAI/an Bhainc Dhomhanda i Washington i mí Aibreáin agus i mí Dheireadh Fómhair 2016. Sa phlé ag an gCruinniú Earraigh, díríodh ar an ionchas domhanda agus ar na beartais atá ag teastáil chun stóinseacht an gheilleagair dhomhanda a athbhunú, mar aon le saincheisteanna institiúideacha CAI, lena n-áirítear athchóiriú cuóta agus rialachais. Ar an dul céanna, clúdaíodh na hábhair seo a leanas ar an gclár oibre don chruinniú i mí Dheireadh Fómhair: ionchais dhomhanda agus beartais, athnuachan na gcomhaontuithe déthaobhacha iasachta, mar aon le bearta eile chun an CAI a neartú i gcomhthéacs an 15ú Athbhreithniú Ginearálta ar Chuótaí. I bhfianaise go bhfuil an idircheangailteacht idir tíortha éagsúla ag dul i méid, pléadh comhtháthú beartas freisin.

### Gníomhaíochtaí eile Idirnáisiúnta agus Caidreamh Idirnáisiúnta

Soláthraíonn an Banc sonraí agus staidreamh ar Éirinn don CAI (agus foilsíonn an CAI iad ar a shuíomh gréasáin), lena n-áirítear tuarascálacha ráithiúla ar tháscairí na fóntachta airgeadais. Rinneadh athbhreithniú ar pháipéir ó eagraíochtaí idirnáisiúnta eile, lena n-áirítear an Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (BIS), le linn na bliana, agus tugadh tráchtas orthu agus tugadh chun críche suirbhéanna ón CAI, ón gCoimisiún Eorpach, ón ECFE agus ó Pharlaimint na hEorpa.

Ina theannta sin, rannchuidigh an Banc le hobair an Choiste um Chaidreamh Idirnáisiúnta (CCI). Is fóram ardleibhéil Eurochórais é CCI ina malartaítear tuairimí maidir le nithe comhleasa i réimse an chaidrimh idirnáisiúnta amhail saincheisteanna G20/CAI, feidhmiú an chórais airgeadaíochta idirnáisiúnta, forbairtí maicreacnamaíocha agus airgeadais agus míchothromaíochtaí domhanda. Tá an Coiste freagrach freisin as seasamh an Eurochórais a ullmhú i ndáil le comhaontuithe idirnáisiúnta ar ábhair airgeadaíochta nó malairte eachtraí a chaibidliú agus a thabhairt chun críche.

Lean an rannpháirtíocht le hinstitiúidí idirnáisiúnta amhail an CAI, an Banc Domhanda agus an ECFE agus, i gcomhar leis an Roinn Airgeadais, chuidigh an Banc le seasamh náisiúnta na hÉireann a fhoirmliú maidir le beartas CAI agus saincheisteanna toghlacha. Ina theannta sin, chomhlíon an Banc a chuid oibleagáidí iarchláir faireacháin agus faireachais i leith pháirtithe maoiniúcháin AE-CAI, lena n-áirítear dhá mhisean athbhreithnithe iarchláir. Chuidigh an Banc le hathbhreithniú iarchláir an tSásra Eorpaigh um Chobhsaíocht Airgeadais.

30 Folaíonn staidreamh maidir le comhardú na n-íocaíochtaí an staid infheistíochta idirnáisiúnta.

Ar choinní seachtracha an Ghobharnóra le linn 2016, áirítear príomhóráid dar theideal “The Future of the European Financial System: A Macro-Financial View” ag an bhFóram Eorpach Airgeadais i mBaile Átha Cliath. An 2 Lúnasa, thug an Gobharnóir óráid dar theideal “Macro-Financial Perspectives on the Irish Economy” ag an Institiúid um Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha. Ghlac sé páirt i bplé painéil dar theideal “Monetary Policy and Financial Stability interaction in a world with possibly negative interest rates” ag Comhdháil Earraigh an Deutsche Bundesbank an 10 Meitheamh sa Ghearmáin; agus thug sé óráid dar theideal “ECB Monetary Policy: An Overview” in Ollscoil Nua-Eabhrac an 27 Meán Fómhair. Anuas air sin, thug an Gobharnóir aithisc ag comhdhálacha agus seimineáir idirnáisiúnta i Frankfurt, sa Ghinéiv, i Londain, i Washington agus i Zurich. Thug an Leas-Ghobharnóir Baincéireachta Ceannais aithisc ag Institiúid Peterson i Washington, ag an 8ú Comhdháil Staidrimh i Frankfurt agus ag Comhdháil an Lárionad um Idirspleáchas Domhanda a tionóladh i mBaile Átha Cliath. D’fhreastail sí freisin ar chruinnithe den CAI - an Banc Domhanda i Washington i mí Dheireadh Fómhair 2016. D'fhreastail an Leas-Ghobharnóir Rialála Airgeadais ar sheimineáir ardleibhéil idirnáisiúnta in Amstardam agus sa Bhratasláiv.

# Téarnamh agus Réiteach

**Is Údarás Réitigh Náisiúnta na hÉireann é an Banc agus is gnéithe ríthábhachtacha de théarnamh inmharthana eacnamaíoch iad creat réitigh AE a leabú i ngnólachtaí lena mbaineann, agus i gcás inar gá, gnólachtaí ar chlis orthu nó gnólachtaí atá i mbun cliseadh a réiteach.**

I ndiaidh thrasuíomh na Treorach maidir le Téarnamh agus Réiteach Banc (BRRD) chuig dlí na hÉireann agus i ndiaidh ainmniú an Bhainc mar údarás réitigh náisiúnta (NRA) na hÉireann, dhírigh an Banc in 2016 ar leabú an chreata réitigh go hintíre, ar phleananna réitigh a chur chun cinn do na hinstitiúidí go léir lena mbaineann agus ar a chuid oibleagáidí faoin gcreat nua a chomhlíonadh.

## Sásra Réitigh Aonair

Nuair a tháinig an Bord Réitigh Aonair (BRA) i bhfeidhm go hiomlán an 1 Eanáir 2016, aistríodh cumhachtaí agus freagrachtaí cinnteoireachta maidir le hInstitiúidí Suntasacha (SIanna) agus grúpaí trasteorann ón mBanc chuig an BRA faoin Sásra Réitigh Aonair (SRA) ón dáta sin. Fanann Institiúidí ar lú a Suntas (LSIanna) faoi fhreagracht náisiúnta. Laistigh den SRA, tugann Foirne Réitigh Inmheánacha (FRIanna) faoi chúraimí réitigh i leith SIanna agus grúpaí trasteorann. Bíonn na foirne faoi threoir chomhardaitheoir BRA agus bíonn comhaltaí ón BRA agus ó na NRAanna ábhartha orthu. In 2016, chuaigh comhaltaí foirne ón mBanc isteach sna FRIanna arna mbunú do bhainc Éireannacha lena mbaineann agus d’institiúidí eile an Aontais Baincéireachta a bhfuil láithreacht acu in Éirinn. Tá an BRA freagrach freisin as bainistiú a dhéanamh ar an gCiste Réitigh Aonair (CRA), ciste réitigh Eorpach a ndéanann institiúidí airgeadis áirithe ó Bhallstait AE ranníocaíochtaí leis.

## Pleanáil Réitigh

Mar chuid den phróiseas pleanála réitigh, ceanglaítear ar údaráis réitigh measúnú inréititheachta bliantúil a dhéanamh chun a mheasúnú an bhfuil aon chonstaicí ar fheidhmiú na straitéise tosaíochta réitigh. I gcás ina sainaithneofar constaicí, ceanglófar ar an institiúid dul i ngleic leis na constaicí sin nó iad a bhaint.

## Institiúidí Creidmheasa

I gcomhar leis an BRA, d’fhorbair an Banc pleananna breise réitigh in 2016 do na bainc arna gceadúnú in Éirinn. Is éard atá i gceist leis an bpróiseas pleanála réitigh go bhforbrófar straitéis tosaíochta réitigh do gach institiúid lena mbaineann agus beidh na príomhathruithe le cur chun feidhme ag gnólachtaí d'fhonn inréititheacht na ngólachtaí sin a fheabhsú. Déanfar pleananna réitigh a athnuachan agus a chur chun cinn ar bhonn bliantúil ar a laghad chun a chinntiú go mbeidh siad cothrom le dáta. Bhí an Banc ag obair go dlúth le bainc arna gceadúnú in Éirinn agus leis an BRA i rith 2016 chun a áirithiú go raibh bearta á nglacadh chun aon chonstaicí ar inréititheacht a shainaithint agus, i gcás inar féidir, a dhíchur nó chun dul i ngleic leo, rud a thógfaidh roinnt blianta i gcásanna áirithe.

I gcomhréir leis an BRRD, ceanglaítear ar institiúidí ceanglas íosta maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a chomhlíonadh chun a áirithiú go bhfuil leibhéal cumais leordhóthanach acu chun tacú leis an straitéis tosaíochta réitigh.

D’fhonn a áirithiú gur féidir gníomhaíochtaí réitigh a ghníomhú go héifeachtach, tá dlúthchomhar idir na húdaráis réitigh agus na húdaráis ábhartha eile ag teastáil. D'fhonn cinnteoireacht i leith institiúidí trasteorann a éascú, foráiltear sa BRRD do bhunú 'coláistí réitigh' ina bhféadfaidh na húdaráis ábhartha a gcuid tuairimí a mhalartú ar ábhair réitigh i leith na hinstitiúide ábhartha. Ghlac an Banc páirt i roinnt de na coláistí sin in 2016 i ndáil le hinstitiúidí Éireannacha agus le hinstitiúidí nach bhfuil máthairinstitiúid Éireannach acu.

## Gnólachtaí Infheistíochta

Ina cháil mar NRA, d’fhorbair an Banc pleananna réitigh do 11 ghnólacht infheistíochta Éireannacha lena mbaineann faoin BRRD. Mar a bhíonn i gceist le pleananna réitigh do bhainc arna gceadúnú in Éirinn, ní mór, mar chuid den phróiseas, straitéis tosaíochta réitigh a fhorbairt do gach ceann de na gnólachtaí infheistíochta lena mbaineann. Déantar pleananna réitigh a athnuachan ar bhonn bliantúil chun a chinntiú go bhfuil siad cothrom le dáta.

## Cistí

Ón 1 Eanáir 2016, ceanglaíodh ar institiúidí creidmheasa Éireannacha ranníocaíochtaí a dhéanamh leis an CRA a bhíonn á bhainistiú ag an BRA. Rinneadh na ranníocaíochtaí ó institiúidí creidmheasa Éireannacha do thréimhse ranníocaíochta 2015 a aistriú chuig an CRA i mí Eanáir 2015. Gnólachtaí infheistíochta a thagann faoi raon feidhme an BRRD, ceanglaítear orthu ranníocaíochtaí a dhéanamh leis an gCiste Réitigh do Bhainc agus do Ghnólachtaí Infheistíochta (Ciste BIFR), ciste réitigh intíre.

Do thréimhse ranníocaíochta 2016, ba é an BRA a ríomh na tobhaigh ab iníoctha ag bainc arna gceadúnú in Éirinn. Rinne an Banc fógraí tobhaigh a eisiúint agus ranníocaíochtaí tobhaigh a bhailiú thar ceann an CRA. I mí Aibreáin 2016, rinneadh um €107m a thobhach ar bhainc arna gceadúnú in Éirinn agus ar ghnólachtaí infheistíochta áirithe lena mbaineann agus aistríodh é chuig an gCiste Réitigh Aonair i mí an Mheithimh 2016. Rinne an Banc ranníocaíochtaí tobhaigh a ríomh agus a bhailiú i leith na n-institiúidí go léir a thagann faoi raon feidhme Chiste BIFR do thréimhse tobhaigh 2016. In 2016, rinneadh ranníocaíochtaí tobhaigh Chiste BIFR um €1m a bhailiú ó ghnólachtaí infheistíochta lena mbaineann.

## Réiteach Comhar Creidmheasa

Le blianta beaga anuas, bhí cásanna áirithe ann nuair nach raibh gnólachtaí ábalta réiteach a fháil ar a gcuid deacrachtaí agus b'éigean don Bhanc gníomhaíocht réitigh a ghlacadh faoi Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011 d'fhonn coigiltis comhaltaí a chosaint. Le linn 2016, thug an Banc faoi ghníomhaíocht réitigh i ndáil le Comhar Creidmheasa an Rois agus ba é leachtú an chomhair creidmheasa an toradh a bhí ar an ngníomhaíocht sin.

### Bosca 5: Leachtú Chomhar Creidmheasa an Rois

De thoradh imní suntasaí rialála maidir leis an staid airgeadais, tugadh faoi athbhreithnithe neamhspleácha éagsúla i gComhar Creidmheasa an Rois le linn na tréimhse 2010-2016. De bhun na n-athbhreithnithe neamhspleácha sin agus na bhfionnachtana sna litreacha bainistíochta iniúchóireachta, ba léir go raibh saincheisteanna áirithe ag teacht chun cinn arís is arís eile sa chomhar creidmheasa. Sna hathbhreithnithe agus sna fionnachtana sin, sainaithníodh laigí suntasacha, forleatacha sna réimsí seo a leanas: rialachas, cleachtais iasachtaithe, rialú creidmheasa, timpeallacht an rialaithe inmheánaigh, luacháil sócmhainní, agus caipiteal agus cúlchistí. Bhí rannpháirtíocht fhairsing ag Clárlann na gComhar Creidmheasa (RCU) le Comhar Creidmheasa an Rois thar roinnt blianta d'fhonn dul i ngleic leis na deacrachtaí suntasacha airgeadais agus saincheisteanna rialachais sa chomhar creidmheasa.

I mí Feabhra 2016, cuireadh imní in iúl maidir le míleithreasú líomhnaithe cistí i gComhar Creidmheasa an Rois, agus dá thoradh sin, d'eisigh an Banc Fógra Fionraí agus chuir tús le himscrúdú ar iarbhainisteoir an chomhair creidmheasa i gcomhréir leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais. D'fhostaigh an comhar creidmheasa comhairleoirí seachtracha freisin chun imscrúdú a dhéanamh ar rialachas agus ar mhíleithreasú líomhnaithe cistí i gComhar Creidmheasa an Rois.

Eisíodh treoir rialála don chomhar creidmheasa an 20 Meán Fómhair 2016 inar ceanglaíodh air a shuíomh cúlchiste rialála a athbhunú. Sháraigh Comhar Creidmheasa an Rois an treoir rialála seo ina dhiaidh sin toisc gur mhainnigh sé dul i ngleic lena chuid deacrachtaí airgeadais. Ag an bpointe sin, ba léir go raibh Comhar Creidmheasa an Rois dócmhainneach ina chlár comhardaithe agus nach raibh féidearthacht réasúnach ann go bhféadfadh sé a staid airgeadais a athbhunú.

An 2 Samhain 2016, rinne an Banc iarratas chun na hArd-Chúirte chun Jim Luby agus Tom Rogers ó McStay Luby a cheapadh mar chomhleachtaitheoirí sealadacha ar Chomhar Creidmheasa an Rois. An 21 Samhain 2016, cheadaigh an Ard-Chúirt ordú foirceanta iomlán. Ba é leachtú Chomhar Creidmheasa an Rois an t-aon réiteach a bhí ar fáil sna himthosca. Thug an Banc faoin ngníomhaíocht seo ar mhaithe le comhaltaí agus coigiltis comhaltaí a chosaint.

Ba é tionscnamh SRT an toradh a bhí ar cheapadh na gcomhleachtaitheoirí sealadacha ar an gcomhar creidmheasa. D'eisigh an Banc seiceanna chuig taisceoirí incháilithe Chomhar Creidmheasa an Rois laistigh den spriocdháta reachtúil agus níor chaill aon duine de chomhaltaí an chomhair creidmheasa a gcuid coigilteas.

# Daoine agus Eolas

**Is eagraíocht eolasbhunaithe é an Banc. Dá bhrí sin, tá sé riachtanach go mbeidh an Banc in ann daoine a mbeidh taithí chuí acu a mhealladh, a fhorbairt agus a choimeád. Tacaíonn a phróiseas earcaíochta agus roghnúcháin agus a shamhail luaíochta atá bunaithe ar thuillteanas leis sin. Chun a áirithiú gur áit oibre shásúil, réamhbhreathnaitheach é an Banc, leanfaidh sé de chultúr foghlama a fhorbairt.**

## Acmhainní in 2016

Ba dhúshlán suntasach i gcónaí don Bhanc é daoine a mbeadh na scileanna agus an taithí iomchuí acu a mhealladh agus a choimeád. Mar aon le go leor fostóirí eile, tá iomaíocht bhreise ann don Bhanc le haghaidh comhaltaí foirne oilte toisc go formhór na ndaoine a bhfuil taithí iarcháilíochta acu á n-earcú chuig an earnáil phríobháideach i margadh saothair a bhfuil borradh faoi.

In 2016, baineadh amach glanmhéadú de 83 comhalta foirne (ar bhonn coibhéise lánaimseartha) (ba laghdú 67 é sin ar an nglanmhéadú foirne a chonacthas in 2015). B'ionann é sin agus méadú 5.5% ar an bhfoireann don bhliain iomlán in 2016. Baineadh amach 94% de sprioc formheasta líon na bhfostaithe arbh ionann í agus 1,695 amhail ar an 31 Nollaig 2016. Rinneadh 520 ról a líonadh in 2016 (690 ról in 2015) agus ba é 56%:44% an cóimheas a bhí i gceist idir daoine a fostaíodh go hinmheánach agus go seachtrach.

Cé gur tháinig laghdú beag ar an leibhéal iomlaoide de 6.2% i dtéarmaí céatadáin in 2016 (2015: 7.7%), bhí ardleibhéal iomlaoide sa Bhanc i Stiúrthóireachtaí ar leith; agus i dteannta le hardleibhéil na gluaiseachta inmheánaí de thoradh fhás leanúnach na heagraíochta, chuir sé seo leis na dúshláin oibríochtúla a bhain le sainordú casta na heagraíochta a chomhall. Bíonn athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar straitéis an Bhainc maidir le hacmhainní sa timpeallacht seo. Rinneadh athdhearadh agus athstruchtúrú ar an gClár do Chéimithe agus seoladh clár saincheaptha i mí an Mhárta 2017.

## An Clár um Athbhreithniú Eagraíochtúil

Mar eagraíocht eolasbhunaithe, tá comhar agus roinnt faisnéise riachtanach chun go bhféadfar sainordú an Bhainc a bhaint amach go rathúil. Tá solúbthacht ag teastáil i struchtúr na heagraíochta chun go bhféadfar freagairt go héifeachtach do thimpeallacht sheachtrach a bhíonn i mbun athraithe. In 2016, cumasaíodh agus éascaíodh próiseas um athdhearadh eagraíochtúil i bhformhór na rannán sa Bhanc tríd an gClár um Athbhreithniú Eagraíochtúil, tar éis clár píolótach a chur i bhfeidhm i dtrí réimse le linn 2015.

Mar thoradh air sin, bunaíodh struchtúr eagraíochtúil bunaithe ar róil agus tá próifíl róil shoiléir ann anois do gach ról ar leith, agus tá níos lú sraitheanna tuairiscithe ann mar aon le réimsí níos leithne rialaithe ar fud an Bhainc. Forbraíodh freisin déchonair ghairme do shaineolaithe ábhar, i dteannta leis na daoine sin a dteastaíonn uathu róil bainistíochta a bhaint amach. Cuireadh struchtúr agus ról gach Rannáin in iúl go soiléir agus mapáladh na príomhghaolmhaireachtaí idir na codanna eagsúla den Bhanc. Tríd an bpróiseas um athdhearadh, cuireadh feabhas ar chumais na bainistíochta líne agus ar chumais AD chun dearadh na heagraíochta a chur chun cinn agus chun freagairt go solúbtha d'éilimh na timpeallachta seachtraí amach anseo.

Tá próifíliú róil agus athdhearadh eagraíochtúil mar chuid thábhachtach d'eagraíocht nua-aoiseach, réamhbhreathnaitheach agus leagann siad an bhunchloch lena bhféadfar Creat Gairme a fhorbairt don Bhanc. Leis an gCreat Gairme, sainaithníodh finte post ar fud an Bhainc bunaithe ar thacair sainscileanna amhail forbairt beartais, scileanna maoirseachta agus bainistíocht sonraí agus anailísíocht, agus ar dheiseanna taobhacha gairme agus ar dheiseanna ardú céime. Tiocfaidh forbairt bhreise air in 2017, nuair a chuirfear uirlisí tacaíochta ar fáil do chomhaltaí foirne agus do bhainisteoirí chun tacú leo comhráite gairme a bheith acu agus a chuirfidh le sprioc an Bhainc áit oibre shásúil, fhorásach a chruthú don fhoireann.

## Tairiscint Luacha d'Fhostaithe

Mar thoradh ar an Athbhreithniú Eagraíochtúil, cuirtear tairiscint luacha an Bhainc d'fhostaithe (TLF) in iúl ar mhodh níos soiléire. Leis seo, féadfar na gnéithe tarraingteacha den Bhanc mar áit oibre a thabhairt le chéile, lena n-áirítear an deis a thugtar d'fhostaithe ról suntasach a fheidhmiú ar mhaithe le leas an phobail agus dul chun cinn gairme a dhéanamh mar sheirbhíseach poiblí, rud a chumasaíonn don Bhanc a mhisean a bhaint amach. Déanfar an tairiscint luacha d'fhostaithe a chur i bhfeidhm nuair a aistreoidh an Banc chuig an gCampas nua i gCeantar na nDugaí agus nuair a sheolfar a shuíomh gréasáin nua maidir le gairmeacha in 2017.

Tagann an Banc faoi raon feidhme na reachtaíochta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (FEMPI) agus i ndiaidh chur i bhfeidhm reachtaíocht FEMPI 2015, cuireadh tús leis an athbhunú pá in 2016 agus leanfar leis sin in 2017 i gcomhréir le comhaontuithe pá de chuid na hearnála poiblí. Tugadh an dearadh do chreat ionchasach luaíochta nua don Bhanc chun críche in 2016 freisin mar chuid den Atbhreithniú Eagraíochtúil. Beidh breithniú ar chur chun feidhme creata den sórt sin ag an mBanc ag brath ar chomhlíonadh leanúnach a chuid oibleagáidí faoi reachtaíocht FEMPI agus ar chomhairliúchán le príomhpháirithe leasmhara.

## Foghlaim agus Forbairt

Cuireann an Banc raon leathan deiseanna foghlama agus forbartha ar fáil dá fhoireann. Tugadh faoi ghníomhaíochtaí leathana foghlama agus forbartha in 2016 agus taifeadadh 2,000 lá oiliúna seomra ranga agus 1,200 lá ríomhfhoghlama. Tá 450 comhalta foirne i mbun staidéir (ar thosaigh 150 díobh in 2016) mar chuid de Scéim Acadúil an Bhainc um Oiliúint Gharimiúil. Tríd an bhfeidhm um Fhoghlaim agus Fhorbairt, soláthraítear agus éascaítear idirghabhálacha forbartha foirne do chláir gnó agus tacaítear le cláir oiliúna amhail clár oiliúna creidiúnaithe maidir le cosaint tomhaltóirí mar aon le hoiliúnt do chéimithe.

### Bosca 6: Ilchineálacht agus Ionchuimsiú sa Bhanc

Aithníonn an Banc an fiúntas agus na buntáistí a bhaineann le hilchineálacht i measc na foirne agus le háit oibre a chothú ina mbraitheann na comhaltaí foirne go léir páirteach ann, beag beann ar aon difríochtaí atá eatarthu. Chun go bhféadfar ár misean agus ár sainordú reachtúil a bhaint amach, is gá go mbeidh tuairimí ilchineálacha agus taithí ilchineálach ag na comhaltaí foirne sa Bhanc, lena n-áirítear cúlraí ilchineálacha a fhreagraíonn don phobal a bhfreastalaímid air, ag féachaint d'inscne, d'aois, do ghnéasacht, d'eitneacht, do reiligiún, do chúlra socheacnamaíoch, do thír bunaidh, agus mar sin de.

I mí Dheireadh Fómhair 2016, bunaíodh Grúpa Stiúrtha maidir le hIlchineálacht agus le hIonchuimsiú atá faoi chathaoirleacht Ed Sibley, an Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Institiúidí Creidmheasa, agus tá ceithre chomhalta den fhoireann ardcheannaireachta air chomh maith. Thug an Grúpa Stiúrtha faoi thaighde agus d'ullmhaigh moltaí don Choiste Ardcheannaireachta maidir le gníomhartha a d'fhéadfaí a ghlacadh chun a chumasú don Bhanc eagraíocht níos ilchineálaí agus níos ionchuimsithí a chruthú. Tá dul chin cinn á dhéanamh maidir leis na gníomhartha sin in 2017. Tá an ilchineálacht á breithniú ag an mBanc ó thaobh na rialála freisin agus tá taighde foilsithe aige maidir le leibhéal na hilchineálachta inscne ag ardleibhéil sna seirbhísí airgeadais in Éirinn.

Tá an Banc ina chomhalta gníomhach den 30% Club a thacaíonn le cothromaíocht inscne níos fearr a bhaint amach ag ardleibhéil i ngnóthaí agus shínigh an Banc Cairt Ilchineálachta na hÉireann lena gceanglaítear ar chomhaltaí an ilchineálacht a bhainistiú go héifeachtach, idirdhealú a chosc agus cothromaíocht a chur chun cinn maidir lena bpáirtithe leasmhara go léir agus maidir leis an timpeallacht ina bhfeidhmíonn siad.

Tá Líonra Ban sa Bhanc atá an-ghníomhach agus eagraíodh sraith cainteanna lóin ina raibh meascán de chainteoirí inmheánacha agus seachtracha mar a leanas: Derville Rowland, Sylvia Cronin, Ed Sibley, Ann Heraty (POF, CPL), Julie Sinnamon (CEO, Fiontraíocht Éireann), Sinéad Burke (Tacadóir Seirbhísí Míchumais, Cainteoir TED NYC ), Johanna Fullerton (Cóitseálaí Gairme, Stiúrthóir ar SEVEN Psychology at Work), Margaret Ward (Saineolaí Cumarsáide agus Branda), Geraldine Gibson (POF, AQMetrics), Helen Fullen (Pre-Accelerator Leader in NDRC, infheisteoir i nuálaíocht teicneolaíochta), Margaret Doyle (Ceannasaí ar Thaighde sna Seirbhísí Airgeadais Deloitte), Deirdre Somers (POF, Stocmhalartán na hÉireann), agus Christine Graeff (Stiúrthóir ar Chumarsáid, BCE). D'eagraigh Líonra na mBanc lónta ar bhonn duine le duine freisin do chomhghleacaithe ó rannáin agus leibhéil éagsúla sa Bhanc.



Christine Graeff, an Stiúrthóir ar Chumarsáid sa BCE, i dteannta le Siobhan Kirrane, Ed Sibley, an Leas-Ghobharnóir Sharon Donnery agus Jill Forde, ag caint lóin a d'eagraigh an Líonra Ban sa Bhanc.

## Bonnchlár AonBhainc

Dearadh agus seoladh Bonnchlár Churaclam Teicniúil AonBhainc in 2016, agus ghlac 60 comhalta foirne nua páirt ann mar chuid den ionduchtú sa Bhanc. Tá an clár cúig lá seo éigeantach anois do na comhaltaí foirne nua go léir. Tá deich módúl ann agus tá leagan giorraithe de á chur ar fáil in 2017 do chomhaltaí foirne reatha. Táthar ag súil go gcuirfear leis an gcuraclam in 2017 chun go mbeidh níos mó i gceist leis ná an Bonnchlár. Cuireadh an clár seo le chéile mar fhreagairt ar an méadú suntasach le blianta beaga anuas ar líon na gcomhaltaí foirne, rud a leagann béim ar an ngá atá le feabhas a chur ar an eolas teicniúil agus tuiscint theicniúil atá ag fostaithe an Bhainc ar an mBanc agus ar oibríochtaí an Bhainc agus le feabhas a chur ar na scileanna réasúnaíochta agus smaointeoireachta criticiúla atá riachtanach chun go mbeidh an Banc in ann a mhisean a bhaint amach.

## An Cód Eitice

In 2016, rinne an Banc athbhreithniú ar a Chód Eitice agus rinne sé nuashonrú air i gcomhréir le forbairtí i gCreat Eitice an Eurochórais. Tá an Cód Eitice ina cheangal ar chomhaltaí foirne uile an Bhainc agus téann sé i ngleic le rioscaí éagsúla a bhaineann le hiompar eitice: mí-úsáid faisnéise cos istigh a chosc; coinbhleachtaí leasa a sheachaint; agus glacadh le flaithiúlacht agus bronntanais.

# Faisnéis agus Acmhainní

**Is inniúlacht lárnach don Bhanc é anailís a dhéanamh ar shonraí agus ar fhaisnéis le linn dó a shainordú a bhaint amach. Trína straitéis infheistíochta maidir lena shócmhainní infheistíochta agus maidir lena scair de phunanna chúlchistí eachtracha BCE a bhainistítear ar bhonn gníomhaireachta, féachtar leis an toradh fadtéarmach coigeartaithe de réir riosca orthu seo a uasmhéadú. I gcomhlíonadh a chuid freagrachtaí, bíonn réimse rioscaí ag bagairt ar an mBanc, ar rioscaí iad a bhainistítear i gcomhréir le lámhaltas sainithe riosca trí chreataí agus trí mhodheolaíochtaí bainistíochta riosca. Éascófar bealaí feabhsaithe oibre, comhar agus éifeachtúlacht don fhoireann i gCampas nua an Bhainc i gCeantair na nDugaí.**

## Straitéis Sonraí

Is ionann an Bonneagar um Sprioc Bainistíochta Sonraí agus fís do réiteach éifeacht bainistíochta sonraí lena bhfreastalaítear ar riachtanais reatha an Bhainc agus ar a chuid riachtanas amach anseo agus is príomhchuspóir eagraíochtúil é. In 2016, forbraíodh Clár cuimsitheach Straitéise Sonraí chun an fhís seo a bhaint amach agus baineadh an méid seo amach in 2016:

- Boscaí Gainimh Anailísíochta a sholáthar chun go mbeidh rochtain níos fearr, níos tapúla agus níos dírí ar shonraí don ghnó. Tacaíonn sé seo le comhar idir na rannáin sa chaoi go gcumasaítear dóibh anailís féin-seirbhíse a dhéanamh, réitigh aonair a fhréamhshamhaltú agus deaiseanna agus tuairiscí a thógáil a bheidh sainiúil dá réimsí gnó. Faoi láthair, tá os cionn 260 úsáideoir ann a bhfuil rochtain acu ar beagnach 3 billiún taifead.

- Cuireadh próiseas tairisceana i gcrích chun Réiteach Fiontraíochta um Bainistíocht Doiciméad a fháil agus chun soláthróir tosaíochta a shainaithint; tosófar ar chur chun feidhme an réitigh seo do na rannáin tosaigh le linn 2017.

- Cruthúnas coincheapa maidir leis na teicneolaíochtaí beartaithe a chur i gcrích chun bonn taca a chur faoi dhá phríomhghné den bhonneagar, i.e. tairseach chun idirghabhálacha le heintitis rialáilte a éascú agus chun bainistíocht sonraí a ionramháil.

## Forbairtí maidir le Slándáil Faisnéise

Rinneadh athbhreithniú ar shlándáil faisnéise san eagraíocht, rud ba chionsiocair le rialachas feabhsaithe agus béim leanúnach ar an timpeallacht riosca do chórais agus do shonraí an Bhainc.

### Bosca 7: Tionscadail shuntasacha TF a baineadh amach in 2016

Tugadh punann shuntasach de thionscadail TF chun críche le linn 2016 chun tacú le cur chun feidhme treoracha rialála agus staidrimh chun freastal ar chríocha áitiúla agus Eorpacha agus chun tacú le hoibleagáidí an Bhainc. Ar na tionscadail a cuireadh chun feidhme, áirítear na cinn seo a leanas:

- Bailiú iomlán sonraí Shócmhainneacht II chun bailiúchán sainordaithe sonraí ón Earnáil Árachais a bhaint amach agus chun tuairisciú feabhsaithe don ÚEÁPC a bhaint amach.
- An Straitéis um Idirbhearta Rialála lena n-áirítear uathoibriú próiseas údarúcháin
- Staidreamh maidir le corparáidí árachais
- Rialacháin nua a thabhairt isteach do chomhair chreidmheasa.

## An Clár Teicneolaíochta don fhoirgneamh ag Cé an Phoirt Thuaidh

Leagadh béim ar leith in 2016 ar mhórchlár oibre chun teicneolaíocht a chur chun feidhme chun tacú leis an gCampas nua i gCeantair na nDugaí agus chun an cumas teicneolaíochta a ardú chun tacú le bealaí feabhsaithe oibre. Tríd an gclár seo, déanfar caidreamh agus comhar níos fearr a chumasú agus a chur chun cinn ar fud an fhoirgnimh ag Cé an Phoirt Thuaidh trí chumarsáid aontaithe, teileafónaíocht fheabhsaithe, saoráidí wifi agus comhdhála a thabhairt isteach sa chaoi go bhféadfar oibriú áit ar bith san fhoirgneamh agus teilea-oibriú a fheabhsú freisin.

## Bainistíocht Riosca Oibríochtúil

Le Creat Bainistíochta Riosca Oibríochtúil an Bhainc (BRO), ceanglaítear, *inter alia*, go ndéanfar measúnuithe riosca rannáin ar bhonn timthriallach. Le linn 2016, seoladh 24 measúnú riosca oibríochtúil rannáin de bhreis ar na nuashonruithe leanúnacha ar chláir riosca rannáin. Déanann an Banc rioscaí a ghrádú bunaithe ar an iarmhairt a bheadh acu agus ar an dóchúlacht go dtarlóidís. Le fonn riosca formheasta an Bhainc, sainítear lámhaltais shonracha i dtaca le measúnú aicmithe na rioscaí oibríochtúla. Trí na rioscaí a ghrádú, áirithítear go sainaithnítear rialuithe sonracha is gá a fheabhsú chun a áirithiú go mbeidh timpeallacht rialaithe an Bhainc laistigh de na lamháltais atá mar bhonn taca faoina fhonn riosca.

Baineann gné eile de Chreat BRO an Bhainc le teagmhais a bhainistiú, a thuairisciú agus a réiteach. Faoin bpróiseas seo, ní mór gach teagmhas a thuairisciú don fhoireann Riosca Oibríochtúil agus ní mór gach ceann díobh a mheasúnú trí bheartas comhsheasmhach bainistíochta teagmhas a úsáid agus anailís bunchúise a chomhordú chun a áirithiú go n-íoslaghdófar an riosca go dtarlóidh sé athuair. Déantar na teagmhais go léir a ghrádú agus i gcás ina sáróidh iarmhairt scór réamhshainithe, cuirfear an teagmhas ar aghaidh chuig Coiste Riosca Choimisiún an Bhainc.

Le linn 2016, d'fhormheas Coimisiún an Bhainc Beartas tiomnaithe Riosca maidir le Calaois d'fhonn Creat BRO a neartú tuilleadh trína áirithiú go ndéantar cuntasaíocht i ndáil le riosca calaoise a chur in iúl go soiléir, mar aon le soiléiriú a dhéanamh ar an bpróiseas chun rannáin ardriosca a shainaithint agus ar an tacaíocht bhreise a gheobhaidh siad i dtaca le rioscaí calaoise a shainaithint agus le tionscnaimh réitigh.

De bhreis air sin, rinneadh measúnú leathan ar straitéis an Bhainc um Bainistíocht Leanúnachais Ghnó (BLG). Thacaigh an Banc le tátail agus moltaí an athbhreithnithe seo. I bhfianaise na mbagairtí géaraithe a bhaineann leis an gcibearchoireacht, d'fhostaigh an Banc tríú páirtí chun athbhreithniú a dhéanamh ar aibíocht a sheasaimh maidir le slándáil faisnéise i gcomparáid leis na caighdeáin idirnáisiúnta a bhaineann le bainistíocht agus rialuithe riosca. San athbhreithniú sin, leagadh béim ar réimsí éagsúla inar gá bainistíocht leanúnach agus forbairt bhreise a dhéanamh. Rinneadh dul chun cinn le linn 2016 ar thiosncnaimh shonracha faoi chlár tiomnaithe oibre um shlándáil faisnéise. Mar aon leis na réimsí riosca go léir, is cúinse í slándáil faisnéise a bhíonn ag síorathrú, dá bhrí sin, ní mór don Bhanc a aibíocht a athmheas ar bhonn leanúnach.

De bhreis ar na próisis rannáin um measúnú riosca agus rialuithe, thionscain an Banc Measúnú um Riosca Straitéiseach in 2016 inar sainaithníodh réimse rioscaí straitéiseacha a bhí ag bagairt ar an mBanc. Leis an Measúnú um Riosca Straitéiseach, éascófar don Bhanc a chinneadh cibé acu an bhfuil tionscnaimh bhreise feabhsúcháin riosca ag teastáil.

D'fhonn cultúr bainistíochta riosca a leabú tuilleadh, rinneadh clár oiliúna um bainistíocht riosca agus teagmhas a chur i bhfeidhm le linn na bliana. Leis seo, cuireadh oiliúint ar fáil don fhoireann maidir le feidhmiú chreataí bainistíochta riosca an Bhainc agus maidir leis na caighdeáin idirnáisiúnta bainistíochta riosca.

**Bosca 8: Soláthar Breise Riosca a chur chun feidhme i gCuntais Bhliantúla 2016**

Gach bliain, le linn dó a Chuntais Bhliantúla a ullmhú, déanann an Banc measúnú riosca airgeadais i gcomhréir lena bheartas inmheánach soláthair. De thoradh an mheasúnaithe sin, coinníodh soláthar do riosca creidmheasa le blianta beaga anuas i ndáil leis an ionchas do lagaithe ar urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta agus infheistíochta. I measúnú riosca dheireadh na bliana 2016, sainaithníodh riosca ábhartha breise a bhain leis an ionchas do neamhréireachtaí rátaí úis amach anseo ar chlár comhardaithe an Bhainc. Dá thoradh sin, agus i gcomhréir le treoirlínte cuntasaíochta an Eurochórais, thug an Banc soláthar breise riosca isteach ina Chuntais Bhliantúla do 2016, ar soláthar é a thagann faoin aicme soláthairtí *"rioscaí malairte eachtraí, rátaí úis, creidmheasa agus phraghas an óir"*. Tar éis measúnú a dhéanamh ar iarmhairtí ionchasacha an riosca seo agus ar an dóchúlacht go dtarlóidh sé, tá soláthar €165m curtha ar leataobh. (I Nóta 33 de na Cuntais Bhliantúla, tugtar faisnéis bhreise maidir le sonraí an tsoláthair).

Tá gá leis an soláthar breise riosca mar gheall ar na gníomhaíochtaí a dhéanann an Banc mar chuid de bhearta leanúnacha, neamhchaighdeánacha bheartas airgeadaíochta an Eurochórais. Ó thús na géarchéime airgeadais, tá bearta neamhchaighdeánacha beartais airgeadaíochta glactha ag an Eurochóras a bhíonn dírithe go príomha ar róleachtacht a sholáthar chuig geilleagair an limistéir euro. Ar na bearta beartais sin, áirítear oibríochtaí athmhaoinithe ráta sheasta le cionroinnt iomlán a thabhairt isteach, leachtacht fhadtéarmach a thabhairt do chontrapháirtithe, rátaí beartais a laghdú go dtí an íoschuimse nó fiú go dtí rátaí diúltacha, agus ceannacháin sócmhainní ar mhórscála - dá ngairtear an clár leathnaithe ceannacháin do shócmhainní (EAPP). Mar thoradh ar na bearta seo i dteannta a chéile, tháinig athruithe ar chomhdhéanamh agus ar mhéid chlár chomhardaithe BCNanna an limistéir euro agus, dá bhrí sin, ar a neamhchosaintí gaolmhara riosca airgeadais. Sa chomhthéacs seo, tá féidearthacht ann go mbeidh neamhréireachtaí rátaí úis ann ó tharla go mbíonn urrúis arna gceannach faoi na cláir beartais airgeadaíochta á sealbhú ar costas amúchta faoina ndéanann an t-amúchadh aghaidhluach na sócmhainne a athshlánú bunaithe ar an aibíocht atá fágtha. Mar thoradh ar an gcleachtas cuntasaíochta seo, is ionann an t-ioncam ionachasach a bhaineann leis na ceannacháin sócmhainní, de ghnáth, agus an -t-ioncam úis ráta sheasta arna thuilleamh ar na sócmhainní, d'uireasa diúscairtí. I bhfianaise scála na gceannachán sócmhainní, agus i bhfianaise go bhfuil dliteanais mhéadaithe an Bhainc fós nasctha le rátaí úis beartais ghearrthéarmaigh, tríd is tríd, is riosca ábhartha é an fhéidearthacht go mbeidh neamhréireacht ráta úis ar chlár comhardaithe an Bhainc.

Cé go bhfuil na rátaí beartais ag nialas nó diúltach faoi láthair, níl an difríocht idir na rátaí sin agus na torthaí ar bhannaí ceannaithe ina hábhar imní faoi láthair nuair a chuirtear sealúchais chomhlíomlána san áireamh. Ar a shon sin, de réir mar a normalóidh dálaí eacnamaíocha le himeacht ama, agus de réir mar a ghluaisfidh an ráta boilscithe gar do sprioc an Eurochórais, táthar ag ceapadh go dtiocfaidh méadú ar rátaí beartais chomh maith. I bhfianaise go bhfuil an t-ioncam úis ar na bannaí arna gceannach faoi na cláir ceannaigh socraithe de réir rátaí ísle úis nó rátaí diúltacha úis, tugtar le tuiscint go bhfuil raon difríochta ionchasach níos leithne idir costas cistí atá ag dul in airde agus an toradh íseal ar na sócmhainní sin. Dá dtiocfadh an leathnú ionchasach sin chun cinn ní ba thapúla ná mar a bhíothas ag súil leis, chuirfeadh sé leis an dóchúlacht go mbeadh caillteanais i gceist ar shealúchais shócmhainní cláir ceannaigh de chuid an Bhainc. I bhfianaise an riosca seo, chinn an Banc go stuama go gcuirfeadh sé soláthar ar leataobh ina Chuntais Bhliantúla do 2016 i gcás ina dtiocfadh na neamhréireachtaí sin chun cinn amach anseo.

## Bainistíocht Tionscadal agus Clár

In 2016, thug an Banc 26 tionscadal chun críche. Cé gur tugadh níos lú tioscadal chun críche in 2016 ná 2015, ba mhó líon agus castacht na dtionscadal a bhí á mbainistiú in 2016 ná na blianta roimhe sin. Leagadh béim ar leith ar chlár Fusion agus ar an gClár um Fhorbairt Eagraíochta in 2016, agus cé go raibh an dá chlár sin beagnach críochnaithe ag deireadh 2016, bhí acmhainní suntasacha de dhíth ón dá chlár le linn na bliana. Ar na mórthionscadail a tugadh chun críche le linn 2016, áirítear na cinn seo a leanas: cur chun feidhme Córais Áitiúil Bainistíochta Comhthaobhachta; uasghrádú ardán teicneolaíochta agus mórthionscadail rialála lena n-áirítear Sócmhainneacht II agus rialacháin nua do Chomhair Chreidmheasa, agus d'Earnáil na gCistí (AIFMD).

In 2016, thug an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) faoi athbhreithniú ar phróisis agus ar chleachtas bainistíochta tionscadal sa Bhanc. Deimhníodh san athbhreithniú sin go raibh caighdeán dea-chleachtais ISO 21500 á chomhlíonadh. Cuireadh in iúl sa tuairisc sin ón NSAI go

raibh éiteas maidir le comhlíonadh an dea-chleachtais agus maidir le feabhas leanúnach á chur chun cinn go láidir sa Bhanc.

An buíon achmainne de bhainisteoirí gairmiúla tionscadal agus clár arna bhunú in 2015, cuireadh leis sin in 2016, rud a thacaigh le bainisteoirí gairmiúla a shannadh do na cláir agus do na tionscadail ba chasta agus ba mhó riosca sa Bhanc. Tá an Banc tiomanta i gcónaí do chur chuige cumaisc maidir le hacmhainní ina ndéantar daoine gairmiúla a bhfuil taithí iomchuí acu a earcú mar aon le hoiliúint a chur ar chomhaltaí foirne an Bhainc i ndáil le bainistíocht tionscadal. Ghlac 90 comhalta foirne páirt sa chlár oiliúna inmheánach maidir le bainistíocht tionscadal in 2016 agus bhain líon áirithe de na rannpháirtithe sin creidiúnú de chuid na hInstitiúide um Bainistiocht Tionscadal amach, ar institiúid í a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta aici. Beartaítear forbairt bhreise a dhéanamh ar an gclár oiliúna in 2017 chun go gcuimseofar módúil um próiseas agus bainistíocht athruithe gnó.

Sa chuid deiridh de 2016, rinneadh tosaíocht infheistíochta agus rialachas maidir le bainistíocht punann a neartú ar leibhéal na hardbhainistíochta agus tá tuilleadh forbairtí sa réimse seo beartaithe do 2017.

Le linn na bliana, d'óstáil an Banc cruinnithe um roinnt faisnéise le heagraíochtaí na hearnála poiblí in Éirinn agus le BCNanna eile. Tá an Banc tiomanta i gcónaí do thaithí a roinnt agus do thacaíocht a thabhairt do Líonra nuabhunaithe na Státseirbhíse um Bainistíocht Tionscadal.

## Na Creataí um Fhormheas Beartais don Chaiteachas agus don Soláthar

I gCreat an Bhainc um Fhormheas Caiteachais, tugtar cur síos ar an struchtúr rialachais faoina ndéantar na húdaráis formheasa do chaiteachas (caipitil agus neamhchaipitil) oibríochtúil agus infheistíochta a leagan amach don eagraíocht. Déantar faireachán ar chaiteachas (caipitil agus neamhchaipitil) oibríochtúil agus infheistíochta an Bhainc agus tuairiscítear orthu don ardbhainistíocht ar bhonn míosúil agus ráithiúil i gcomhréir leis an gcreat sin.

Is iad príomhphrionsabail Bheartas Soláthair an Bhainc an luach is fearr ar airgead a bhaint amach fad a bheidh Treoracha uile AE agus dlíthe náisiúnta uile á gcomhlíonadh agus na rioscaí gaolmhara go léir á mbainistiú. Ag tacú leis an mbeartas seo, bainistíonn an Banc an próiseas soláthair ó cheann ceann lena n-áirítear bainistíocht aicme, córas tairiscintí iomaíocha, roghnú soláthróra, conraitheoireacht, bainistíocht caidreamh soláthróirí agus bainistíocht ordaithe ceannaigh.

## Seirbhísí Dlí

Ullmhaíodh roinnt Rialachán le linn 2016, lena n-áirítear na cinn sin a bhain le hiasachtú morgáistí cónaithe, le comhair chreidmheasa, le gnólachtaí infheistíocht, le hiasachtú chuig FBManna agus leis an bPríomh-Chlár Creidmheasa. Cuireadh cúnamh dlíthiúil ar fáil maidir le trasuíomh Treoracha AE éagsúla lena n-áirítear UCITS V, an Treoir maidir maidir le Cuntais Íocaíochta agus an Treoir maidir le Creidmheas Morgáistí. Chuidigh seirbhísí dlí an Bhainc le Bille an Bhainc Ceannais (Comhdhlúthú) freisin. Tugadh tacaíocht dhlíthiúil i leith SAM agus do rannáin maoirseachta an Bhainc maidir le húdaruithe, maoirseacht leanúnach agus gníomhaíochtaí rialála. Ina theannta sin, rinne acmhainní dlí na heagraíochta bainistiú ar imeachtaí éagsúla dlí arna dtionscnamh ag an mBanc nó arna dtionscnamh in aghaidh an Bhainc le linn na bliana, lena n-áirítear leachtú Chomhair Creidmheasa an Rois.

Cuireadh comhairle dlí ar fáil freisin maidir le tionscadail mhóra éagsúla, lena n-áirítear forbairt cheanncheathrú nua an Bhainc ag Cé an Phoirt Thuaidh agus díol áitreabh an Bhainc ar Shráid an Dáma. Chomh maith leis sin, thacaigh acmhainní inmheánacha dlí le gníomhaíochtaí beartais airgeadaíochta de chuid an Bhainc. Mar shampla, leasaíodh doiciméid an Bhainc maidir le hionstraimí agus nósanna imeachta beartais airgeadaíochta chun go gcuirfí treoirlínte ábhartha BCE san áireamh; rinneadh athbhreithnithe dlíthiúla ar chomhthiomsú morgáistí cónaitheacha a thacaíonn le Nótaí Gealltanais Speisialta le taca Morgáistí; agus rinneadh measúnuithe dlíthiúla ar chomhlíonadh chritéir incháilitheachta an Eurochórais ag urrúis sócmhainn-bhunaithe. Ina theannta sin, bhí ionadaíocht ag an mBanc ar Choiste Dlí CEBC.

Lean an tAonad um Chinntí Rialála de bheith ag tacú le feidhmeanna cinnteoireachta an Bhainc i dtaca le húdaruithe a dhiúltú nó a chúlghairm, le cinntí faoin gcóras oiriúnachta agus ionracais (amhail fógraí fionraí agus toirmisc) agus i dtaca le ASP faoi Chuid IIIC d'Acht 1942. In 2016, tionóladh roinnt Cruinnithe Bainistíochta um Fhiosrúchán ASP maidir leis an dá Fhiosrúchán ASP a bhí ar siúl chun go n-áireofaí an chéad Chruinniú Bainistíochta um Fhiosrúchán ASP arna thionól go poiblí ag an mBanc.

## Nochtuithe Cosanta/Sceithirí

Faigheann an Banc tuairiscí nochtuithe cosanta éagsúla ón bpobal maidir le saruithe líomhnaithe ar reachtaíocht seirbhísí airgeadais ag eintitis seirbhísí airgeadais. Faoin reachtaíocht ábhartha, tairbhíonn na daoine a dhéanann na nochtuithe cosanta seo de raon cosaintí fostaíochta agus cosaintí eile i gcás ina ngearrfadh an fostóir pionós orthu nó i gcás ina rachadh an nochtadh chun aimhleasa dóibh. Dar leis an mBanc gur uirlis maoirseachta thábhachtach iad na tuairiscí sin um nochtadh cosanta sa chaoi gur féidir le daoine den phobal nó le comhaltaí foirne eintiteas rialáilte na tuairiscí sin a thabhairt don Bhanc i bhfoirm rúnda. Bunaíodh aonad tiomnaithe sa Bhanc chun glacadh le tuairiscí den sórt sin agus is é an t-aonad sin an príomhphointe teagmhála do dhaoine a chuireann tuairiscí faoi bhráid an Bhainc. Tugann sé eolas do dhaoine freisin maidir leis an bpróiseas a leantar.

Tionscnaíodh gníomhaíochtaí éagsúla maoirseachta de thoradh tuairiscí um nochtadh faisnéise lena n-áirítear: gníomhaíocht forfheidhmiúcháin, cigireachtaí ar an láthair, eisiúint RMPanna agus gnólachtaí a chur ar liosta faire. Ní leanfaidh gníomhaíocht maoirseacht as gach tuairisc mar féadfaidh nach mbeidh an fhaisnéis leordhóthanach nó d'fhéadfaí nach raibh bunús leis an bhfaisnéis nuair a rinneadh imscrúdú uirthi; nó d'fhéadfaí gur tugadh an fhaisnéis gan ainm agus nárbh fhéidir teagmháil a dhéanamh leis an té sin chun faisnéis tacaíochta a fháil.

Le linn 2016, fuair an Banc 50 tuairisc um nochtadh faisnéise i gcomparáid le 49 tuairisc in 2015.

## Bainistíocht Punainne Infheistíochta

Déantar bainistiú ar phunann infheistíochta an Bhainc i gcomhréir le teorainneacha arna bhfaomhadh ag Coimisiún an Bhainc, ar teorainneacha iad a choimeádtar faoi athbhreithniú rialta. Tá an phunann déanta suas d'urrúis a shealbhaítear ar bhonn marcáil ón margadh (MÓM) agus Coinnithe go dtí Aibíocht (CGA). Tá tuilleamh agus torthaí bunaithe ar an ioncam iomlán a ghintear ag na sócmhainní agus tá na figiúirí thíos bunaithe ar mhargadhluach na sócmhainní ag deireadh na bliana.

Ag deireadh 2016, bhí sócmhainní arbh ionann a luach agus €18.7bn sa phunann infheistíochta. Is ionann an luach seo agus laghdú €0.3bn ar luach na punainne ag deireadh 2015 (€19bn), laghdú atá inchurtha, a bheag nó a mhór, d'oibleagáidí an Bhainc faoi chomhaontú an CAI um méadú cuótaí. Tá méid na punainne infheistíochta faoi réir oibleagáidí an Bhainc faoi Chomhaontú an Eurochórais ar Ghlansócmhainní Airgeadais (ANFA) ach níor chuir na hoibleagáidí sin le haon athruithe in 2016. Is éard is ANFA ann, comhaontú idir BCNanna an limistéir euro agus an BCE lena socraítear rialacha agus teorainneacha do shealúchais sócmhainní airgeadais a bhaineann le cúraimí náisiúnta na BCNanna. Ag deireadh 2016, b'ionann glansócmhainní airgeadais (GSA) an Bhainc agus €24.3bn[31]. I dTábla 3 thíos, leagtar amach gnéithe shuíomh GSA an Bhainc. Foilseoidh an BCE meán-GSA 2016 do gach BCN ar a shuíomh gréasáin, mar a cuireadh in iúl iad i bpreaseisiúint BCE an 27 Iúil 2016. Cuireadh tús i mí Iúil 2016 le foilseacháin eile BCE a bhain le cláir chomhardaithe BCNanna.

B'ionann an tuilleamh iomlán ó phunann infheistíochta an Bhainc in 2016 agus €336.4m i gcomparáid le €360.6m in 2015. B'ionann torthaí ar an bpunann infheistíochta, arna ríomh ar bhonn luachála, agus 1.68% in 2016 i gcomparáid le 2.04% do 2015.

31 Le haghaidh tuilleadh sonraí maidir le Comhaontú an Eurochórais ar Ghlansócmhainní Airgeadais, féach suíomh gréasáin an Bhainc ar www.centralbank.ie/mpolbo/assetman/Pages/introduction.aspx agus suíomh gréasáin an BCE ar www.ecb.europa.eu/explainers/tell-me-more/html/anfa_qa.en.html

## Tábla 3: Gnéithe de Shuíomh Ghlansócmhainní Airgeadais an Bhainc
## Clár Comhardaithe Bhanc Ceannais na hÉireann amhail ar an 31 Nollaig 2016 - Na figiúirí go léir in EUR '000

| Sócmhainní | | | Dliteanais | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Mír | Cur síos | Méid | Mír | Cur síos | Méid |
| A1 | Ór agus infhaighteachtaí óir | 212,471 | L1 | Nótaí bainc i gcúrsaíocht | 17,084,697 |
| A2 | Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro | 3,191,361 | L1.1 | Nótaí bainc euro | 17,084,697 |
| A3 | Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí sa limistéar euro | 0 | L1.2 | Nótaí bainc in airgeadraí náisiúnta an limistéir euro | 0 |
| A4 | Éilimh in euro ar chónaitheoirí nach bhfuil sa limistéar euro | 2,653,307 | L2 | Dliteanais d'institiúidí creidmheasa sa limistéar euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta in euro | 19,224,845 |
| A5 | Iasachtú chuig institiúidí creidmheasa sa limistéar euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta in euro | 7,418,000 | L2.1 | Taiscí Cúlchiste Íosta | 13,508,518 |
| A5.1 | Príomhoibríochtaí athmhaoinithe | 0 | L2.2 | Taiscí Thar Oíche | 5,716,327 |
| A5.2 | Oibríochtaí athmhaoinithe fadtéarmacha | 7,418,000 | L2.3 | Taiscí ar théarma seasta | 0 |
| A5.3 | Oibríochtaí mionchoigeartaithe droim ar ais | 0 | L2.4 | Oibríochtaí mionchoigeartaithe droim ar ais | 0 |
| A5.4 | Oibríochtaí struchtúracha droim ar ais | 0 | L2.5 | Taiscí a bhaineann le glaonna ar éarlais | 0 |
| A5.5 | Saoráid iasachta imeallaí | 0 | L3 | Dliteanais eile in euro d'institiúidí creidmheasa sa limistéar euro | 0 |
| A5.6 | Creidmheasanna a bhaineann le glaonna ar éarlais | 0 | L4 | Deimhnithe fiachais arna n-eisiúint | 0 |
| A6 | Éilimh eile in euro ar institiúidí creidmheasa sa limistéar euro | 160,432 | L5 | Dliteanais in euro do chónaitheoirí eile sa limistéar euro | 10,406,599 |
| A7 | Urrúis cónaitheoirí sa limistéar euro | 67,254,966 | L6 | Dliteanais in euro do chónaitheoirí nach bhfuil sa limistéar euro | 587 |
| A7.1 | Urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta | 22,434,179 | L7 | Dliteanais in airgeadra eachtrach do chónaitheoirí sa limistéar euro | 224 |
| A7.1.1 | Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach | 61,637 | L8 | Dliteanais in airgeadra eachtrach do chónaitheoirí nach bhfuil sa limistéar euro | 0 |
| A7.1.2 | Clár na Margaí Urrús | 1,712,483 | L9 | Contrapháirtí ceart speisialta tarraingthe arna leithdháileadh ag an CAI | 988,353 |
| A7.1.3 | Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach 2 | 45,463 | L10 | Dliteanais an In-Eurochórais (glan) | 17,831,709 |
| A7.1.4 | Idirbhearta Airgeadaíochta Glan Amach | 0 | L10.1 | Dliteanais atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha | 0 |
| A7.1.5 | Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach 3 | 3,174,440 | L10.2 | Dliteanais a bhaineann le heisiúint dheimhnithe fiachais BCE | 0 |
| A7.1.6 | Clár Ceannaigh ABS | 0 | L10.3 | Dliteanais eile laistigh den Eurochóras (glan) | 951,727 |
| A7.1.7 | Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí - Urrúis Rialtas | 16,275,110 | L10.4 | Dliteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras | 16,879,982 |
| A7.1.8 | Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí - Urrúis fornáisiúnta | 1,165,046 | L11 | Míreanna atá á Socrú | 0 |
| A7.1.9 | Ionstraim chúnta 9 | 0 | L12 | Dliteanais eile | 2,429,630 |
| A7.2 | Urrúis eile in euro de chuid cónaitheoirí sa limistéar euro | 44,820,787 | L13 | Soláthairtí | 333,243 |
| A8 | Fiachas rialtais ghinearálta in euro | 0 | L14 | Cuntais Athluachála | 10,887,130 |
| A9 | Éilimh In-Eurochórais | 890,090 | L15 | Caipiteal agus cúlchistí | 3,598,984 |
| A9.1 | Leas rannpháirteachais sa BCE | 199,021 | | | |
| A9.2 | Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha | 672,638 | | | |
| A9.3 | Éilimh a bhaineann le heisiúint dheimhnithe fiachais BCE | 0 | | | |
| A9.4 | Éilimh a bhaineann le TARGET agus cuntas comhfhreagrach (glan) | 0 | | | |
| A9.5 | Éilimh eile laistigh den Eurochóras | 18,431 | | | |
| A10 | Míreanna atá á Socrú | 0 | | | |
| A11 | Sócmhainní eile | 1,005,374 | | | |
| **A999** | **Sócmhainní Iomlána** | **82,786,001** | **L999** | **Dliteanais Iomlána** | **82,786,001** |

Nótaí:

1) Déantar Glansócmhainní Airgeadais (GSAanna) a ríomh mar a leanas: A1+A2+A3+A4+A5.6+A6+A7.2+A8+A9.1+A9.2+A9.3+A10+A11-L1.2-L2.5-L3-L5-L6-L7-L8-L9-L10.1-L10.2-L11-L12-L13-L14-L15, arna choigeartú i gcás oibríochtaí chun leachtacht a sholáthar, arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach (a bhí ar cóimhéid le nialas amhail ar an 31 Nollaig 2016). Léirítear na míreanna sin i dtéacs aibhsithe sa tábla.

2) Comhfhreagraíonn na figiúirí go léir do na cinn sin a thuairiscítear sa Ráiteas Cuntas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016.

3) Is ionann "Dliteanais eile" agus suim "Dliteanais Eile (€2,096,727) & "Dliteanais Aoisliúntais" (€332,903) mar a thuairiscítear sa Chlár Comhardaithe sa Ráiteas Cuntas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016.

4) Ní léirítear "Urrúis chónaitheoirí an limistéir euro in euro" go leithleach ar an gClár Comhardaithe sa Ráiteas Cuntas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 ach léirítear an figiúr comhréireach i Nóta 16 den Ráiteas Cuntas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 mar "Urrúis Eile".

5) Gnéithe de ríomh GSA a bhí ar cóimhéid le nialas amhail ar an 31 Nollaig 2016, ní dhéantar iad a thuairisciú sa Ráiteas Cuntas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016.

## Sócmhainní a Fuarthas mar chuid de Leachtú IBRC

Le linn 2016, tháinig laghdú ar shealúchais sócmhainní an Bhainc a fuarthas mar chuid de leachtú IBRC, dá dtagraítear an Phunann Speisialta, go dtí €19.61bn (ainmniúil) faoi dheireadh na bliana (lena gcuimsítear NRCanna - €19.53bn agus bannaí GNBS- €0.08bn). Freagraíonn an laghdú sin do cheannach bhannaí NRC 2041 agus bhannaí NRC 2043 ag an GBCN arbh ionann a luach agus €1.5bn agus €1.5bn faoi seach agus d'fhuascailt a chuid bannaí ag GNBS arbh ionann a luach agus €0.17bn (méideanna ainmniúla go léir).

## Cúlchistí an BCE

Ag deireadh 2016, b'ionann cúlchistí an BCE agus coibhéis €71bn (margadhluach). Déanann gach BCN bainistíocht ar chion de chúlchistí an BCE i gcomhréir lena scair scála caipitil. Ón 1 Eanáir 2008 i leith, tá bainistiú á dhéanamh ag an mBanc ar chion Mhálta de chúlchistí comhthiomsaithe dhollar SAM, mar aon lena chion féin, tar éis dó iarratas a fháil chuige sin ó Bhanc Ceannais Mhálta. B'ionann cúlchistí an BCE a bhí á mbainistiú ag an mBanc agus coibhéis €919.7m (margadhluach) ag deireadh na bliana 2016, méid atá i gcomhréir le suim scairsheilbhe an dá thír sa BCE.

## Bainistíocht Saoráidí

### Bosca 9: Clár Fusion an Bhainc

Le blianta anuas, tá méadú suntasach tagtha ar líon na bhfostaithe sa Bhanc chun go bhféadfar a shainordú méadaithe a bhaint amach. Mar thoradh ar na méaduithe ar líon na bhfostaithe, b'éigean don Bhanc socruithe malartacha cóiríochta a bhreithniú. Tar éis don Bhanc imscrúdú críochnúil a dhéanamh ar na roghanna éagsúla, chinn sé in 2012 gurbh é an rogha ab fhearr foirgneamh páirt-chríochnaithe ag Cé an Phoirt Thuaidh (NWQ) a fhorbairt.

Nuair a thug an Banc faoin áitreabh nua a fhorbairt, ba iad seo na príomhchuspóirí a bhí aige:

» Áit oibre a bheadh 'oiriúnach don fheidhm' a chruthú don fhoireann a bhí bunaithe i lár na cathrach.

» Foirgneamh a chur ar fáil lena mbainfear amach ardspriocanna inmharthana, rátáil ard fuinnimh, agus láithreacht sa phobal a bheidh dírithe ar an todhchaí agus fadtéarmach.

» É seo a bhaint amach ar mhodh cost-éifeachtach ag cloí le buiséad dúshlánach.

Toisc go raibh an foirgneamh páirt-chríochnaithe, b'éigean glacadh le srianta áirithe agus leis na deiseanna a chuir sé ar fáil, go háirithe úsáid a bhaint as an aitriam mar chroílár an fhoirgnimh.

Áit oibre shásúil, fhorásach a chruthú ab ea gné lárnach den treoir le haghaidh dearadh agus áiríodh na nithe seo a leanas mar cheanglais don dearadh:

» Rogha Oibre - spásanna éagsúla oibre a chur ar fáil chun freagairt do na stíleanna éagsúla oibre sna feidhmeanna éagsúla sa Bhanc agus líon teoranta oifigí ceallacha, rud a spreagfaidh comhar.

» Spás oibre nua-aimseartha - le teicneolaíocht tacaíochta agus stáisiúin oibre.

» Ionad Foghlama agus Forbartha agus Leabharlann a chur ar fáil don fhoireann.

» Saoráidí a chur ar fáil chun tacú le socruithe inmharthana taistil (lena n-áirítear rothaíocht, siúil etc.) mar aon le saoráidí cinn scríbe agus saoráidí folláine.

» Éifeachtúlacht fuinnimh agus foirgneamh inmharthana.

Le linn na gcéimeanna tosaigh den chlár, tugadh cuairt ar thimpeallachtaí oibre comparáideacha chun an cur chuige is fearr maidir le dearadh agus feistiú an fhoirgnimh nua a shainaithint agus chun foghlaim ó thaithí dreamanna eile maidir leis an gcéanna.

## Bosca 9: Clár Fusion an Bhainc

Cuireadh tús leis an gclár in 2012 nuair a roghnaíodh suíomh NWQ agus nuair a ceapadh an Fhoireann Dearaidh, lena n-áirítear Henry J Lyons Architects (HJL) chun céim an dearaidh a mhaoirsiú. Cheannaigh an Banc an foirgneamh páirt-chríochnaithe ag NWQ ar €7m in 2013. Tar éis cleachtadh fairsing um shainaithint riachtanas a dhéanamh, as a d'eascair dearadh na scéime agus dearadh aghaidh an fhoirgnimh, chuir an Banc isteach ar chead pleanála i dtreo dheireadh 2014 agus deonaíodh an cead sin go luath sa bhliain 2015. Ceapadh Walls Construction Ltd mar an bpríomh-chonraitheoir i lár 2015. Chuaigh comhaltaí foirne an Bhainc i mbun áitíochta go déanach sa bhliain 2016, agus bhí formhór na foirne athlonnaithe go dtí an campas i gCeantair na nDugaí go luath sa bhliain 2017.

Ag tús an chláir, socraíodh go mbeadh buiséad um €140m ann chun na costais go léir a bhain le fáil talún, tobhaigh forbartha agus foirgníocht, daingneáin troscáin, oibreachas TF/AV, táillí na foirna dearadh agus táillí gairmiúla eile, agus árachas. De réir mar a chuirtear an dlaoi mhullaigh ar an gclár agus de réir mar chuirtear costais shonracha i gcrích, táthar ag súil go dtabharfar an clár chun críche laistigh den bhuiséad a bhí sonraithe.

**Foirgneamh nua-aimseartha atá oiriúnach don fheidhm, atá tíoscach ar fhuinneamh agus atá inmharthana**

Ag tús an chláir, ba é treoir an Bhainc go mbeadh an foirgneamh nua tíosach ar fhuinneamh agus inmharthana agus cuireadh an treoir sin san áireamh i ndáil le mórán de na gnéithe inmheánacha agus seachtracha dearaidh. Tá an foirgneamh deartha chun rátáil fuinnimh BER A2 a bhaint amach agus, ar an gcaoi sin, tá sé ar cheann de na chéad tionscadail tráchtála sa stát a bhainfidh an rátáil sin amach.

Bainfear an rátáil ard sin amach trí bhíthin na bpainéal mogalra ar aghaidh an fhoirgnimh lena laghdaítear iarmhairt ardú grianteasa ar an bhfoirgneamh agus lena laghdaítear an gá le fuinneamh chun an foirgneamh a théamh nó a fhuarú. Laghdófar ídiú fuinnimh freisin trí úsáid éifeachtach a bhaint as insliú agus trí úsáid a bhaint as fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite, rud a chuideoidh leis an tionchar ar an gcomhshaol a laghdú.

Cuirtear taisteal inmharthana chun cinn trí fhíorbheagán páirceála a chur ar fáil ar an láthair agus trí neart saoráidí páirceála rothar a chur ar fáil mar aon le saoráidí cinn scríbe do chomhaltaí foirne. Déantar "clár glas" an Bhainc a éascú tuilleadh trí theicneolaíocht nua-aimseartha a úsáid chun úsáid páipéir san fhoirgneamh a íoslaghdú.

Is é an foirgneamh nua an chéad fhoirgneamh oifige in Éirinn le rátáil "Sármhaith" BREEAM a bhaint amach ag céim an dearaidh. Rinneadh an foirgneamh a ghearrliostú le haghaidh dámhachtainí éagsúla lena n-áirítear Dámhachtainí Glasa 2017 agus Dámhachtain Fuinnimh Inmharthana 2016.

**Rochtain ag an bPobal ar NWQ**

Tá an t-áitreabh ag NWQ deartha go príomha chun timpeallacht mhaith oibre a chur ar fáil don fhoireann, ach ba chuspóir tábhachtach eile é go mbeadh gné oscailteacht, fháilteach ann don phobal. Tá an bealach isteach thuaidh agus an bealach isteach theas ar oscailt don phobal le linn uaireanta oibre agus tá spás tiomnaithe curtha ar fáil ar an taobh thiar theas den bhunurlár, áit ina gcuirfear taispeántais agus ócáidí éagsúla ar fáil ar bhonn rialta. Ina theannta sin, beidh saoráid cartlann nua ar an mbunurlár freisin, áit ina bhféadfar breathnú ar thaifid agus ar chartlanna an Bhainc. Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar líon na gcuairteoirí ar an mBanc nuair a osclófar an t-ionad taispeántais nua agus an tsaoráid amhairc cartlann.

**Níos mó i gceist leis ná foirgneamh**

Leis an gclár cóiríochta, tugadh deis don Bhanc measúnú a dhéanamh ar mhodhanna oibre agus breathnú ar na bealaí ina bhféadfadh an t-áitreabh nua cleachtais níos éifeachtúla oibre a éascú agus breithniú a dhéanamh ar úsáid optamach a bhaint as ár n-áitreabh reatha ag Duga Spencer. Ó tharla go bhfuil na foirgnimh gar dá chéile agus gur gá comhaltaí foirne a lonnú sa dhá fhoirgnimh, tapadh an deis chun Campas i gCeantair na nDugaí a bhunú don fhoireann i lár na cathrach. Sa chlár sin, áirítear athnuachan iomlán teicneolaíochta (lena n-áirítear teicneolaíocht mhóibíleach a thabhairt isteach chun go bhféadfar oibriú áit ar bith san fhoirgneamh), samhail oibríochtúil nua um Bainistíocht Saoráidí, agus athbhreithniú cuimsitheach ar raon leathan beartas oibríochtúil ar fud an Bhainc chun tacú le húsáid iomlán a bhaint as na seirbhísí agus saoráidí nua sa champas.

**Bosca 9: Clár Fusion an Bhainc**

**Bosca 9: Clár Fusion an Bhainc**
Cé go gcuirtear tús le ré nua i stair an Bhainc leis an athlonnú chuig Ceantiar na nDugaí, cuirtear deireadh freisin le láithreacht an Bhainc ar Shráid an Dáma ach fágtar a rian ansin le Crann an Óir arna coimisiúnú go speisialta ag an mBanc. Fanfaidh sí san áit ina bhfuil sí ar an bPlás. Ó tharla go raibh an túr ar Shráid an Dáma ar seilbh ag an mBanc le blianta fada agus go mbreathnaítear air mar fhoirgneamh íocónach sa chathair, choimisiúnaigh an Banc ailtirí Henry J Lyons chun Moltaí tascacha Máistirphlean a chur ar fáil don áitreabh ar Shráid an Dáma lena mbreithniú ag dreamanna a mbeadh spéis acu é a cheannach. I mí na Samhna, aithníodh Hines mar an tairgeoir tosaíochta do na háitribh ar Shráid an Dáma. Tá an Banc ag obair anois i gcomhar le Hines maidir leis an bhfoirgneamh a fhágáil i R2 2017.



Grianghraf le Donal Murphy.

## Timpeallacht, Sláinte agus Sábháilteacht

Bíonn formhór na gcomhaltaí foirne (tuairim is 88%) ag gabháil do ghníomhaíochtaí oifige sna suíomhanna i lár na cathrach agus bíonn an chuid eile den fhoireann ag gabháil do ghníomhaíochtaí déantúsaíochta sa Lárionad Airgeadra. Tá beartas comhtháite sláinte agus sábháilteachta, dóiteáin, comhshaoil agus fuinnimh i bhfeidhm a bhfuil córais bainistíochta cothrom le dáta mar bhuntaca leis.

Trí bhíthin athbhreithnithe ráithiúla sláinte agus sábháilteachta, leantar d'fheasacht chomhshaoil, sláinte agus sábháilteachta a fhorbairt agus de chomhlíontacht sna réimsí sin a áirithiú agus chuathas thar an meánsprioc chomhlíontachta do na rannáin arbh ionann í agus 90% (bhí 95.4% bainte amach faoi dheireadh na bliana). Ar cheann de phríomhchuspóirí feidhmíochta 2016, áirítear deimhniúchán a bhaint amach don chorás bainistíochta comhtháite atá i bhfeidhm ag Duga Spencer i dtaca le caighdeáin OHSAS 18001:2007 (Sábháilteacht), ISO 14001:2004 (Comhshaol) and ISO 50001: 2011 (Fuinneamh). Baineadh é seo amach roimh an sprioc agus cuireann sé teimpléad ar fáil chun córas bainistíochta comhtháite, deimhnithe a fhorbairt do Ché an Phoirt Thuaidh agus don Lárionad Airgeadra in 2017 agus 2018 faoi seach.

Le glacadh prionsabal comhshaoil, sláinte, sábháilteachta agus inrochtaineachta i ndearadh fisiciúil na ceanncheathrún nua, cuidítear le cruth a chur ar an gcaoi ina n-oibríonn an Banc. Le cúnamh rannpháirtíocht shuntasach páirtithe leasmhara, forbraíodh nósanna imeachta oibríochtúla nua ar fud na seirbhísí go léir sa Champas i gCeantair na nDugaí. Tá na nósanna imeachta seo ceaptha

32 Cuimsíonn an Campas i gCeantair na nDugaí, oifigí an Bhainc ag Cé an Phoirt Thuaidh agus ag Duga Spencer.

feidhmíocht na saoráidí agus úsáid acmhainní a uasmhéadú trí chumarsáid le comhaltaí foirne agus trí rannpháirtíocht na gcomhaltaí foirne. Trí chleachtais níos inmharthana a chur chun cinn, tá bearta á nglacadh ag an mBanc chun an éifeacht a bhíonn aige ar an gcomhshaol áitiúil agus domhanda a laghdú a mhéid is féidir, fad a chuirtear comhshaol níos sábháilte agus níos cuimsithí ar fáil don fhoireann agus do chuairteoirí.

Bronnadh an phríomhdhuais san aicme 'Seirbhísí Airgeadais agus Árachais' ar an mBanc ag Dámhachtainí Bliantúla Eagraíocht Náisiúnta Shábháilteacht na hÉireann maidir leis an tSábháilteacht Cheirde i mí Dheireadh Fómhair 2016. B'fhormhuiniú seachtrach é an duais seo ar neart na gcóras bainistíochta (beartais, nósanna imeachta, foirmeacha agus taifid) sa Bhanc arna dtomhas le hais a aicme gnó. Rinneadh an Banc a ghearrliostú do Dhámhachtainí Bliantúla Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann de bhun a chuid oibre ar dhearadh an fhoirgnimh nua ag Cé an Phoirt Thuaidh.

**Bosca 10: Feidhmíocht Fuinnimh, Sábháilteachta agus Comhshaoil - Tionscnaimh an Bhainc**

**Bearta a Rinneadh in 2016**
Thug an Banc faoi raon tionscnamh chun a fheidhmíocht fuinnimh, sábháilteachta agus comhshaoil a fheabhsú, lena n-áirítear na cinn seo a leanas:

» Forbraíodh oiliúint agus módúil um Measúnú ar Threalamh Scáileán Taispeána chun go gcuirfí san áireamh an dul chun cinn maidir le dearadh stáisiún oibre agus le teicneolaíochtaí nua.

» Ar shuíomh gréasáin an Bhainc, foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil EHS maidir le feidhmíocht.

» Rinneadh ráillí cosanta, ardáin agus dífhibrileoirí a shuiteáil sa Lárionad Airgeadra.

» Rinneadh seanfhuinneoga, cláir dáileacháin, coirí agus umair uisce a athsholáthar sa Lárionad Airgeadra.

» Rinneadh uasghrádú ar shoilsiú éigeandála sa Lárionad Airgeadra.

» Rinneadh tástáil súl ar chomhaltaí foirne a mbíonn spéaclaí sábháilteachta oidis de dhíth orthu sa Lárionad Airgeadra.

» Rinneadh measúnú eirgeanamaíochta agus uasghrádú ar spásanna oibre agus ar threalamh sa Lárionad Airgeadra.

» Baineadh deimhniúchán amach don chorás comhtháite bainistíochta i dtaca le caighdeáin OHSAS 18001:2007 (Sábháilteacht), ISO 14001:2004 (Comhshaol) and ISO 50001: 2011 (Fuinneamh) ag Duga Spencer.

» Rinneadh uasghrádú ar na córais soilse sa mhéid go bhfuil LED nua sa Lárionad Airgeadra agus ag Duga Spencer.

» Baineadh laghdú 28.6% amach i gcomhréir le ceanglais NEEAP (laghdú 33% faoi 2020).

» Rinneadh féilirí páipéir deisce a athsholáthar le leaganacha ar líne do 2017.

» Tógadh foirgneamh NWQ ar bhealach le go mbainfeadh sé amach ardspriocanna inmharthana agus rátáil ard fuinnimh.

**Gníomhartha atá beartaithe do 2017**
Tá sé beartaithe ag an mBanc a fheidhmíocht fuinnimh, sábháilteachta agus comhshaoil a fheabhsú tuilleadh in 2017 trí na tionscnaimh seo a leanas a ghlacadh de láimh:

» Teicneolaíochtaí móibíleacha a thabhairt isteach mar aon le seirbhísí bainistithe cló chun úsáid páipéir agus stáiseanóireachta a laghdú.

» Athdheimhniúchán a bhaint amach sa Lárionad Airgeadra i dtaca le caighdeán córais bainistíochta ISO14001:2004 (Timpeallacht).

» Deimhniúchán ag Duga Spencer don chorás bainistíochta comhtháite i dtaca le caighdeáin OHSAS 18001:2007 (Sábháilteacht), ISO 14001:2004 (Comhshaol) and ISO 50001: 2011 (Fuinneamh) a leathnú chun go gcuimseofar na hoibríochtaí ag Cé an Phoirt Thuaidh.

» An straitéis maidir le hInrochtaineacht a chur chun cinn trí chlár oiliúna feasachta ar mhíchumas don fhoireann.

» Cúrsaí nua ar líne a sheoladh don fhoireann go léir ar Ionduchtú EHS, ar Oiliúint DSE agus ar Mheasúnú DSE.

» Páirt a ghlacadh i scéim Oifig na nOibreacha Poiblí dá ngairtear Optimising Power @ Work sa Lárionad Airgeadra agus deiseanna a ailíniú le hoibríochtaí sna foirgnimh ag Duga Spencer agus Cé an Phoirt Thuaidh.

» Ceanglais *In Use* BREEAM a shainaithint agus a leabú sa Champas i gCeantair na nDugaí.

» Eochairtháscairí feidhmíochta comhshaoil a thabhairt isteach chun tionchar a imirt ar thorthaí dearfacha ar fud an Bhainc ar leibhéal na Rannán agus chun inmharthanacht a leabú sa timthriall soláthair.

» Tionscnaimh inmharthanachta agus bithéagsúlachta a chur chun cinn chun cuidiú leis an bhfoireann feabhas a chur ar éifeachtúlacht sa bhaile agus ag an obair.

» Iompar inmharthana a chur chun cinn i gcomhréir le plean cliste gníomhaíochta taistil de chuid an Bhainc.

## Cumarsáid agus Cuntasacht

Tá cuntasacht phoiblí ar an mBanc. Léiríonn sé é seo trí thuarascálacha ríthábhachtacha, trí straitéisí, trí bheartais agus trí shonraí a fhoilsiú; agus, i gcomhréir lena thiomantas don trédhearcacht, áirithíonn an Banc go gcomhlíontar go hiomlán a chuid oibleagáidí faoi Shaoráil Faisnéise. Tá a chuid cainéal cumarsáide á bhforbairt agus á leathnú ag an mBanc chun a ról a chur chun cinn ar mhodh níos gníomhaí do ghrúpaí inmheánacha, intíre agus idirnáisiúnta.

Leagann an Banc béim thábhachtach ar chumarsáid leis an bpobal, leis na meáin, leis an Oireachtas agus le páirtithe leasmhara seachtracha eile, chun a áirithiú go bhfuil tuiscint ar a shainordú, go bhfuil a chuid oibre trédhearcach, go gcuirtear fógraí, ócáidí agus foilseacháin ríthábhachtacha in iúl ar mhodh inrochtana, tráthúil, agus go gcomhlíonann an Banc a chuid oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

### For-rochtain agus Rannpháirtíocht

In 2016, thug an Banc freagraí ar ar 9,200 teagmháil dhíreach ó dhaoine den phobal i ndáil le réimse leathan saincheisteanna lena n-áirítear saincheisteanna baincéireachta agus eintitis rialáilte.

Bhí seastán ag an mBanc ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i Meán Fómhair 2016. Bhí comhaltaí foirne ón mBanc i láthair chun ceisteanna ó dhaoine den phobal a fhreagairt. Bhí comhaltaí ón BCE i láthair freisin chun an nóta bainc €50 nua a phlé. Thug breis agus 22,000 duine cuairt ar an seastán thar 3 lá, dhá oiread níos mó ná líon na gcuairteoirí a bhí ann in 2015 agus bhí an t-aiseolas a fuarthas an-dearfach.

Ba í Meánscoil Lughaidh, Muineachán, a bhuaigh an Babhta Ceannais de Ghlúin an €uro-Duais na nDaltaí i mí an Mhárta 2016. Sa chomórtas sin, tugtar dúshlán do scoileanna ról Chomhairle Rialaithe an BCE a ghlacadh chucu féin chun an ráta úis iomchuí don limistéar euro a chinneadh. Chuir 278 dalta isteach ar chomórtas 2015-2016, agus thaistil na buaiteoirí náisiúnta chuig Frankfurt i mí Bealtaine chun bualadh le hUachtarán BCE, Mario Draghi, agus leis na foirne buaiteacha eile ó thíortha eile ar fud na hEorpa. Seoladh comórtas 2016-2017 i mí Dheireadh Fómhair 2016, agus chuir 350 dalta isteach air.




Buaiteoirí Ghlúin an €uro-Duais na nDaltaí 2016, Meánscoil Lughaidh, Muineachán.

Mar chuid den chead pleanála do cheanncheathrú nua an Bhainc ag Cé an Phoirt Thuaidh, cheangal Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go n-úsáidfí cuid den fhoirgneamh mar spás taispeántais a mbeadh rochtain rialta ag an bpobal i gcoitinne air. Mar chuid den chlár níos leithne chun an

foirgneamh a fhorbairt, tugadh faoi obair shuntasach in 2016 chun na chéad taispeántais a eagrú sa láthair chuairteoirí seo. Ó dheireadh R1 de 2017, nuair a bheidh an t-aistriú chuig Cé an Phoirt Thuaidh curtha i gcrích, óstálfaidh an Banc "Taispeántas an Euro", taispeántas arna chur le chéile ag an BCE ar nótaí bainc agus ar bhoinn euro. Déanfar é seo a chomhlánú le taispeántas leithleach do chomóradh 90 bliain Choimisiún an Airgid Reatha.

Mar aon leis an bhfor-rochtain phoiblí, aithníonn an Banc an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht leis an bhfoireann, agus tugadh faoi chláir shuntasacha um chumarsáid inmheánach in 2016, lena n-áirítear an fhoireann a choinneáil ar an eolas maidir leis an aistriú chuig an gCampas i gCeantair na nDugaí.

### Caidreamh leis na Meáin

Leathnaigh an Banc a rannpháirtíocht leis na meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta le linn 2016 trí sceideal breise d'ócáidí agus de sheisiúin faisnéise don phreas, mar aon le foilseacháin rialta óráidí, eisiúintí agus ráiteas. Ar na príomhócáidí, áirítear foilseachán na nAthbhreithnithe Macra-Airgeadais, go háirithe i gcomhthéacs Brexit, agus fógraíodh athbhreithniú ar na bearta morgáiste. Ina theannta sin, thug an Banc freagraí ar 319 ceist pharlaiminteach tríd an Roinn Airgeadais. Láithrigh ionadaithe ón mBanc os comhair coistí den Oireachtas in 2016 maidir le saincheisteanna amhail Brexit, dearcthaí buiséid, agus saincheisteanna tomhaltóra lena n-áirítear an tImscrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin agus costais mótarárachais.

### Inneachar agus Léargas

Rinneadh staidéar tagarmharcála ar dhearcthaí agus ar thuiscint an phobail ar ról an Bhainc in 2016. Le torthaí an staidéir sin, cuideofar leis an mBanc na cainéil is éifeachtaí a shainaithint chun feasacht an phobail ar shainordú an Bhainc a fheabhsú agus chun gníomhaíocht for-rochtana agus rannpháirtíochta an Bhainc a mhúnlú.

Leanann an Banc d'úsáid meán sóisialta, amhail Twitter, YouTube, LinkedIn agus Flickr, a mhéadú chun obair an Bhainc a chur in iúl don phobal. Leagadh béim ar fhíseáin agus ar ghrafaic faisnéise chun réimsí casta d'obair an Bhainc a chur in iúl ar mhodhanna oscailte, éifeachtacha.

I mí an Mhárta 2017, seoladh suíomh gréasáin nua an Bhainc atá níos furasta le húsáid agus ina gcuimsítear inneachar atá dírithe ar phobal níos leithne.

**Bosca 11: Freagracht Shóisialta Chorparáideach**

Le linn 2016, lean an Banc de bheith ag tacú lena fhoireann, le páirtithe leasmhara seachtracha, leis an gcomhshaol agus leis an bpobal trí thionscnaimh éagsúla agus trí chláir for-rochtana. Leagtar amach thíos samplaí de na gníomhaíochtaí sin:

» Bhí Coiste Carthanachta an Bhainc Ceannais ag obair i gcomhar le sé chatharnacht in 2016/2017. *BelongTo, Cystic Fibrosis Ireland, Pieta House, Inner City Helping Homeless agus the Down Syndrome Centre.* Fuair gach catharnas €26,000.

» D'éirigh leis an ócáid *Central Bank's Got Talent* i mí Bealtaine os cionn €25,000 a bhailiú do na catharnais - *Finn's Fund for Walking, Alone agus an Alzheimer's Society of Ireland*.

» Thug an Banc trealamh TF don chatharnas Camara lena úsáid i scoileanna chun torthaí oideachais a fheabhsú i bpobail ísealioncaim.

» Thacaigh an Banc le cláir dheonacha na foirne amhail an Tionscnamh Luathfhoghlama, Mórghníomh Sóisir na hÉireann agus Boardmatch Ireland.

» D'fhonn tacú le fostaíocht i gceantar Bhaile Átha Cliath 1, bhí an Banc ag obair i gcomhar le Walls Construction Ltd chun cúrsa oiliúna an Phas Shábháilte agus cúrsa oiliúna ar Láimhsiú Sábháilte a chur ar fáil agus, i gcomhar le cuideachta lónadóireachta Sodexo, chun clár píolótach oiliúna a chur ar fáil maidir le seirbhísí lónadóireachta/seirbhísí custaiméara.

## Feidhmíocht Eagraíochtúil a Thomhas agus a Thuairisciú

### Próiseas an Scórchárta Ualaithe

Úsáidtear modheolaíocht an Scórchárta Ualaithe sa Bhanc mar mhodh chun feidhmíocht eagraíochtúil a thomhas agus go háirithe chun a áirithiú go bhfuil na spriocanna agus cuspóirí arna leagan amach i bPlean(anna) Straitéiseach(a) an Bhainc á gcur chun feidhme. Baintear úsáid as ar leibhéal Rannáin freisin mar mhodh pleanála oibríochtúla i ndáil le tosaíocht a thabhairt do chúraimí agus do ghníomhaíochtaí, dul chun cinn a rianú agus tuairisciú do na Stiúrthóirí ar bhonn tréimhsiúil.

Déanann an Coiste Buiséid agus Luacha Saothair de chuid Choimisiún an Bhainc Ceannais faireachán ar an Scórchárta Ualaithe Eagraíochtúil thar ceann Choimisiún an Bhainc. Ullmhaítear tuarascálacha leathbhliantúla don Choiste agus déantar tuarascáil dheireadh na bliana, lena n-áirítear an measúnú ar an bhfeidhmíocht fhoriomlán a chur faoi bhráid an Choimisiúin ar bhonn bliantúil. Tá toradh foriomlán an Scórchárta Ualaithe nasctha leis an bPróiseas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDP). Tugtar saoire tuillteanais do na comhaltaí foirne sin a bhfuil feidhmíocht éifeachtach curtha isteach acu, más ionann toradh foriomlán an Scórchárta Ualaithe Eagraíochtúil agus 85% ar a laghad. In 2016, bhronn an Banc 2,332.5 lá saoire tuillteanais, mar aitheantas ar fheidhmíocht na heagraíochta agus comhaltaí foirne aonair, agus tá costas coibhéiseach €709,365 ag gabháil leis an tsaoire sin (tuairim is 0.61% de chostas iomlán foirne an Bhainc).

### Saoráil Faisnéise

Tháinig an Banc faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 (FOI) an 14 Aibreán 2015. Le linn 2016, fuair an Banc 74 iarratas FOI agus rinne sé próiseáil orthu. As an méid sin, glacadh/glacadh go páirteach le 32 iarratas agus diúltaíodh do 26 iarratas faoi fhorálacha éagsúla díolúine an Achta. As na 16 a bhí fágtha, cúlghairmeadh iad nó déileáladh leo lasmuigh de FOI. Tháinig formhór mór na n-iarratas a fuarthas in 2016 (tuairim is 70%) ó iriseoirí.

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, ceanglaítear ar chomhlachtaí FOI raon faisnéise atá leagtha amach ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fhoilsiú go rialta. An 14 Aibreán 2016, d'fhoilsigh an Banc scéim foilseacháin FOI ar a shuíomh gréasáin i gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha amach ag an Aire.

D'fhonn oscailteacht agus trédhearcacht a mhéadú, foilsíonn an Banc miontuairiscí chruinnithe Choimisiún an Bhainc sé seachtaine i ndiaidh gach cruinniú agus d'fhoilsigh sé miontuairiscí go cúlghabhálach ó mhí Aibreáin 2014 go dtí mí na Nollag 2015. Ar bhonn ráithiúil, foilsíonn an Banc coinní dialann an Ghobharnóra agus na Leas-Ghobharnóirí mar aon le sonraí maidir le caiteachais taistil. Ina theannta sin, foilsítear cuntais an Choiste um Bearta Macra-Stuamachta ar shuíomh gréasáin an Bhainc agus, i dtreo dheireadh 2016, thosaigh an Banc ar litreacha ón nGobharnóir chuig comhaltaí den Oireachtas a fhoilsiú.

Tugtar é seo faoi shéala Bhanc Ceannais na hÉireann,

**Philip R. Lane**
**An Gobharnóir**

**Neil Whoriskey**
**An Rúnaí**

10 Aibreán 2017

# Caibidil 3:
Rialachas agus Iniúchóireacht Inmheánach

# Rialachas

Sa Chaibidil seo, leagtar amach na nósanna imeachta agus na próisis ab'infheidhme maidir le rialachas an Bhainc le linn 2016.

## Creat Dlíthiúil agus Cuspóirí Reachtúla

Bunaíodh Banc Ceannais na hÉireann le hAcht an Bhainc Cheannais 1942 (an tAcht). Tá dhá bhunfheidhm ag an mBanc. Ar an gcéad dul síos, is banc ceannais na hÉireann é agus is comhalta é den CEBC. Ar an dara dul síos, tá an Banc freagrach as rialáil a dhéanamh ar earnáil seirbhísí airgeadais na hÉireann. Leagtar feidhmeanna an Bhainc amach san Acht (arna leasú). Is í cobhsaíocht praghsanna príomhchuspóir an Bhainc. Tá na cuspóirí seo a leanas ag an mBanc freisin:

» Cobhsaíocht an chórais airgeadais;

» Rialáil chuí, éifeachtach a dhéanamh ar institiúidí agus ar mhargaí airgeadais, agus é á chinntiú ag an am céanna go gcosnaítear tomhaltóirí seirbhísí airgeadais;

» Oibriú éifeachtach, éifeachtúil na gcóras íocaíochta agus socraíochta a áirithiú;

» Deacrachtaí airgeadais in institiúidí creidmheasa a réiteach; agus

» Anailís agus trácht a chur ar fáil d'fhonn tacú le forbairt beartais náisiúnta eacnamaíoch.

Is é an tAire Airgeadais scairshealbhóir aonair an Bhainc.

## Coimisiún an Bhainc Ceannais

Foráiltear faoin Acht go ndéanfaidh Coimisiún an Bhainc Ceannais (an Coimisiún) gníomhaíochtaí agus gnóthaí an Bhainc (seachas feidhmeanna CEBC) a bhainistiú agus a rialú.

### Ról an Choimisiúin

Tá na feidhmeanna reachtúla seo a leanas ag an gCoimisiún: gnóthaí agus gníomhaíochtaí an Bhainc a bhainistiú agus a rialú; a áirithiú go ndéanfar na feidhmeanna baincéireachta ceannais agus rialála airgeadais de chuid an Bhainc a chomhtháthú agus a chomhordú; agus a áirithiú go bhfeidhmeofar agus go gcomhlíonfar go cuí na cumhachtaí agus na feidhmeanna reachtúla a thugtar don Bhanc. Tá a théarmaí tagartha féin glactha ag an gCoimisiún agus leagtar amach iontu an chaoi is fearr inar féidir leis na freagrachtaí sin a bhaint amach.

Le linn R1 2017, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar a éifeachtacht féin do thréimhse 2016.

### Cumhachtaí agus Feidhmeanna a Tharmligean

Foráiltear san Acht go bhféadfaidh an Coimisiún aon cheann de na feidhmeanna reachtúla a tharmligean chuig an nGobharnóir, chuig Leas-Ghobharnóir nó chuig fostaí de chuid an Bhainc.

Ar mhaithe le bainistiú éifeachtach, éifeachtúil an Bhainc agus le feidhmiú a chumhachtaí agus a fheidhmeanna, déantar feidhmiú fhormhór fheidhmeanna agus chumhachtaí reachtúla an Bhainc a tharmligean chuig comhaltaí bainistíochta an Choimisiúin. Déanann an Coimisiún, i dteannta lena thrí choiste (an Coiste Iniúchóireachta, an Coiste Buiséid agus Luacha Saothair, agus an Coiste Riosca), faireachán agus athbhreithniú ar fheidhmíocht comhaltaí bainistíochta le linn dóibh na feidhmeanna agus cumhachtaí sin a fheidhmiú agus déanann sé scrúdú ar rialuithe inmheánacha an Bhainc freisin. Ina theannta sin, i gcás ina ndéanfar nithe oibríochtúla a thabhairt os comhair an Choimisiúin lena gcinneadh, cinnteoidh an Coimisiún go ngníomhóidh an Banc ar shlí iomchuí i gcomhréir lena chuid feidhmeanna agus cumhachtaí reachtúla.

Bíonn cumarsáid idir an Coimisiún agus na comhaltaí bainistíochta maidir le saincheisteanna a mbaineann tábhacht straitéiseach leo i dtaca leis an mBanc (ar leith ó fheidhmeanna CEBC) agus tugann an Coimisiún comhairle, tacaíocht agus dúshlán cuiditheach dóibh de réir mar is cuí. Ina theannta sin, rannchuidíonn sé le ceapadh straitéise chun go mbeidh an Banc in ann a fheidhmeanna reachtúla a bhaint amach agus déanann sé athbhreithniú ar fheidhmíocht an Bhainc i ndáil leis an straitéis sin. Le linn 2016, thug an Coimisiún faoi athbhreithniú ar oiriúnacht straitéis trí bliana an Bhainc (2016-2018) chun a áirithiú go raibh na cuspóirí agus torthaí arna gcur in iúl fós ábhartha agus chun a chinneadh an raibh gá le haon choigeartuithe nó leasuithe.

## Comhaltaí an Choimisiúin

Tá an Gobharnóir ina Chathaoirleach ar an gCoimisiún. Ar na comhaltaí *ex-officio* eile, áirítear an Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais), an Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais) agus Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais. Leanfaidh comhaltaí *ex-officio* an Choimisiúin de bheith ina gcomhaltaí fad a bheidh siad i seilbh na hoifige lena mbaineann. Féadfaidh an tAire Airgeadais seisear comhaltaí eile ar a laghad den Choimisiún, ach líon nach mó ná ochtar, a cheapadh. Bíonn na comhaltaí sin i seilbh oifige go ceann téarma cúig bliana de ghnáth. In 2016, bhí seisear comhaltaí arna gceapadh amhlaidh ar an gCoimisiún.

Tuairiscítear luach saothair chomhaltaí an Choimisiúin sa Ráiteas Cuntas.

Amhail ar an 31 Márta 2017, ba iad seo a leanas comhaltaí an Choimisiúin:

## Comhaltaí *Ex-Officio*

### An Gobharnóir

Is é an tUachtarán a cheapann an Gobharnóir, ar chomhairle ón Rialtas, ar feadh téarma seacht mbliana a bhféadfar síneadh seacht mbliana a chur leis. Ceapadh Philip R. Lane ina Ghobharnóir an 26 Samhain 2015.

Is comhalta *ex-officio* é an Gobharnóir de Chomhairle Rialaithe BCE. Ní mór don Ghobharnóir, nó Malaratach, freastal ar gach cruinniú den Chomhairle Rialaithe. Tá róil agus freagrachtaí an Ghobharnóra sa cháil seo leagtha amach i gConarthaí AE, i Reacht CEBC agus san Acht.

Comhallann an Gobharnóir a fheidhmeanna CEBC gan spleáchas don Choimisiún agus is é an Gobharnóir amháin atá freagrach as comhlíonadh na bhfeidhmeanna a fhorchuirtear air agus as feidhmiú na gcumhachtaí a thugtar don Bhanc le Conarthaí AE nó le Reacht CEBC. Tá neamhspleáchas a róil cumhdaithe i gConarthaí AE agus tá tosaíocht ag an ról sin ar dhlí na hÉireann.

Sular ceapadh ina Ghobharnóir é, bhí Philip R. Lane ina chomhalta den fhoireann acadúil i gColáiste na Tríonóide agus tá sé fós cleamhnaithe leis an Ollscoil mar Ollamh Whately le hEacnamaíocht Pholaitiúil (ar saoire). Bhí sé ina chathaoirleach ar Choiste Comhairleach Eolaíoch an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach (BERS) agus bhí sé ina Stiúrthóir ar an gClár Maicreacnamaíochta agus Airgeadais Idirnáisiúnta de chuid an Ionaid Taighde ar Bheartais Eacnamaíocha (CEPR). Ina theannta sin, ghníomhaigh sé mar chomhairleoir acadúil don BCE, don Choimisiún Eorpach, don Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, don Bhanc Domhanda, don Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, do Bhanc Forbartha na hÁise agus do BCNanna éagsúla. I Meán Fómhair 2016, ceapadh é ina chathaoirleach ar Thascfhórsa Ardleibhéil BERS maidir le Sócmhainní Sábháilte.

Is céimí de Choláiste na Tríonóide é agus bhain sé PhD san Eacnamaíocht amach in Ollscoil Harvard i 1995. Bhí sé ina Ollamh Cúnta le hEacnamaíocht agus Gnóthaí Idirnáisiúnta in Ollscoil Columbia (1995-1997) sular fhill sé ar Bhaile Átha Cliath. Ar na réimsí taighde a bhfuil spéis aige iontu, áirítear domhandú airgeadais, maicreacnamaíocht rátaí malairte agus sreafaí caipitil, ceapadh beartas maicreacnamaíoch agus comhtháthú airgeadaíochta san Eoraip.

### An Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais)

Ceapadh Sharon Donnery ina Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais) an 1 Márta 2016. Is Malartach don Ghobharnóir í ar Chomhairle Rialaithe BCE. Roimhe seo, bhí sí ag fónamh mar Chomhalta Malartach don Bhanc ar Bhord Maoirseachta SAM. Tá sí ina Cathaoirleach ar Ghrúpa Ardleibhéil BCE um Iasachtaí Neamhthuillmheacha agus ceapadh í ina Cathaoirleach ar Choiste Buiséid (BuCom) BCE i mí na Nollag 2016.

Thosaigh sí amach sa Bhanc mar eacnamaí sa Rannán um Beartas Airgeadaíochta i 1996 agus shealbhaigh sí raon post sinsearach éagsúil. Ó mhí Feabhra 2013 go dtí mí Lúnasa 2014, bhí post reachtúil Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa ar seilbh aici agus ó mhí Aibreáin go dtí mí Bealtaine 2016 bhí sí ina Stiúrthóir ar Institiúidí Creidmheasa. Bhí sí ina Leas-Chathaoirleach freisin ar Bhuanchoiste ÚBE um Chosaint Tomhaltóirí agus Nuálaíocht Airgeadais.

Tá BA san Eacnamaíocht agus sa Pholaitíocht aici mar aon le MA san Eacnamaíocht ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

### An Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais)

Ceapadh Cyril Roux ina Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais) an 1 Deireadh Fómhair 2013. Tá sé ina chomhalta de Bhord Maoirseachta SAM agus de Bhord Ginearálta BERS. Tá sé ina chomhalta freisin de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí (ESMA) agus de Bord Maoirseoirí ESMA agus den Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE).

Sular ghlac sé leis an ról seo, bhí sé ina Chéad Leas-Ardrúnaí ar údarás réitigh agus maoirseachta na Fraince (*l'Autorité de contrôle prudentiel et de résolution* (ACPR)) ó bunaíodh an tÚdarás sin i Márta 2010. Bhí sé ina chomhalta boird freisin den Údarás Francach um Shocrú Caighdeán Cuntasaíochta (*Autorité des normes comptables* (ANC)) . Sula ndeachaigh sé i mbun oibre san ACPR, bhí Cyril Roux ina Leas-Ardrúnaí ar údarás maoirseachta árachais na Fraince (ACAM) idir mí Aibreáin 2007 agus mí an Mhárta 2010.

Sular thosaigh san ACAM, chaith sé 10 mbliana in AXA áit a raibh poist shinsearach éagsúla ar seilbh aige, lena n-áirítear COO ar an Rannán um Airgeadas Struchtúrtha agus iniúchóir straitéiseach thar ceann an Bhoird Feidhmiúcháin. Tá PhD san Eacnamíocht aige ó Ollscoil Harvard agus is céimí den École Polytechnique (sa Fhrainc) é agus is achtúire cáilithe é freisin.

### Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais

Is Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais é Derek Moran agus tá sé freagrach as cúrsaí eacnamaíocha, cúrsaí buisédacha agus fioscacha, cúrsaí beartais baincéireachta agus seirbhísí airgeadais agus as maoirsiú a dhéanamh ar infheistíochtaí na hÉireann sna bainc chumhdaithe agus as tacaíocht do na bainc chumhdaithe. Roimhe seo, bhí sé ina Leas-Ardrúnaí agus bhí sé freagrach as an Rannán Beartais Fhioscaigh agus an Rannán Buiséid agus Eacnamaíochta agus threoraigh sé saincheisteanna beartais cánach idir 2006 agus 2014. Faoi láthair, tá sé ina chomhalta de Bhord Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, de Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse, agus de Chomhairle an Fhorais um Staidéir Fhioscacha. Bhí sé ag fónamh roimhe seo ar an gComhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta, ar an mBord Náisiúnta Staidrimh agus ar choistí AE um Beartas Eacnamaíoch agus um Beartas Cánach.

## Comhaltaí Ceaptha

Cheap an tAire Airgeadais na comhaltaí seo a leanas. Bhí téarmaí oifige idir trí bliana agus cúig bliana ag comhaltaí tosaigh an Choimisiúin; téarmaí cúig bliana a bhíonn ag comhaltaí nua nó ag comhaltaí athcheaptha:

### Alan Ahearne (Arna cheapadh an 8 Márta 2011 go ceann 4 bliana agus arna athcheapadh an 8 Márta 2015 go ceann 5 bliana)

Tá an tOllamh Alan Ahearne ina Stiúrthóir ar Institiúid Whitaker um Nuálaíocht agus Athrú Sóisialta in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Is léachtóir le heacnamaíocht é i Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta J.E. Cairnes. Tá sé ina chathaoirleach ar Chlár Comhpháirteach Taighde an ESRI agus na Roinne Airgeadais maidir leis an Maicreacnamaíocht agus leis an gCánachas. Bhí sé ag fónamh mar chomhairleoir don CAI, mar Ánra Neamhchónaitheach Taighde i Bruegel agus mar chomhairleoir eacnamaíoch d'iar-Aire Airgeadais Brian Lenihan. Sula ndeachaigh sé i mbun poist in OÉ, Gaillimh, bhí sé ina Eacnamaí Sinsearach sa *Federal Reserve Board* i Washington, DC. Theagasc sé an eacnamaíocht in Ollscoil Carnegie Mellon, in Ollscoil Virginia, i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus in Ollscoil Luimnigh. Thosaigh Alan amach ar a ghairmréim i *Cooper & Lybrand* agus d'oibrigh sé sa *Bank of Ireland Group Treasury* chomh maith. Ar a chuid réimsí saineolais, áirítear an mhaicreacnamaíocht agus an t-airgeadas idirnáisiúnta agus foilsíodh taighde dá chuid i bpríomhirisí idirnáisiúnta. Tá PhD san Eacnamaíocht aige ó Ollscoil Carnegie Mellon.

### Patricia Byron (Arna ceapadh an 1 Eanáir 2014 go ceann 5 bliana)

Bhí Patricia Byron ag obair mar fheidhmeannach sinsearach san earnáil árachais agus san earnáil seirbhísí airgeadais gaolmhara thar roinnt mhaith blianta. Ba í an chéad Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin í ar an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, comhlacht stáit neamhspleách a bunaíodh in 2004 chun athchóiriú a dhéanamh ar shamhail chostasach do dhíobhálacha pearsanta. Mar Chathaoirleach ar Bhiúró Árachóirí Mótar na hÉireann, threoraigh sí clár um athchóiriú inar díríodh ar thrasfhoirmiú agus ar éifeachtacht gnóthaí.

Mar Chathaoirleach ar Chomhlachas Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin Gnólachtaí Stáit, ghlac sí páirt ghníomhach i dtionscnaimh chothrománacha éagsúla um athchóiriú na hearnála poiblí. Ó d'fhág sí an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta in 2015, threoraigh sí clár um athbhreithniú straitéiseach i gCumann Suirbhéirí Cairte na hÉireann. I dteannta lena ról ar Choimisiún an Bhainc Ceannais, tá sí ag fónamh faoi láthair mar Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin neamhspleách ar an Lárionaid do Sheirbhísí Éifeachtacha agus ComReg.

Is céimí í den Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, is Árachóir Cairte í, agus ba í an chéad uachtarán baineann í ar Institiúid Árachais Bhaile Átha Cliath.

### Blanaid Clarke (Arna ceapadh an 1 Deireadh Fómhair 2010 go ceann 3 bliana agus arna hathcheapadh an 1 Deireadh Fómhair 2013 go ceann 5 bliana)

Tá Ollúnacht McCann FitzGerald sa Dlí Corparáideach aici i gColáiste na Tríonóide. Ar na réimsí taighde a bhfuil spéis aici iontu, áirítear rialachas corparáideach, seirbhísí airgeadais agus margaí caipitil agus tá neart téacsanna foilsithe aici ar na hábhair sin. Tá iarchéimeanna aici sa Dlí agus Staidéar Gnó (Baincéireacht & Airgeadas) agus tá dochtúireacht sa Dlí aici. Bíonn sí ag obair le Painéal Táthcheangail na hÉireann freisin agus is comhalta í de Líonra Tairiscintí Táthcheangail ESMA. Tá sí ina hionadaí d'Éirinn ar Choiste ECFE um Rialachas Corparáideach agus tá sí ina comhalta de Shainghrúpa neamhfhoirmiúil an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Dlí Cuideachtaí. Roimhe seo, ba chomhalta-bhunaitheoir í de Lárionad COBÁC um Rialachas Corparáideach sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus bhí sí ina comhalta de Mheitheal Mhachnaimh an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Todhchaí Dhlí Cuideachtaí an AE.

### John FitzGerald (Arna cheapadh an 1 Deireadh Fómhair 2010 go ceann 5 bliana agus arna athcheapadh an 1 Deireadh Fómhair 2015 go ceann 5 bliana)

Tá John FitzGerald ina Chathaoirleach ar Chomhairle Chomhairleach an Rialtais maidir leis an Athrú Aeráide agus is Ollamh Taca é i gColáiste na Tríonóide agus sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath é. Le linn a ghairmréime, bhí sé ag obair ar bheartas maicreacnamaíoch agus fuinnimh agus tá neart foilsithe aige ar na réimsí sin. Is iar-Uachtarán de Chumann Eacnamaíochta na hÉireann é agus de ghrúpa EUROFRAME d'institiúidí Eorpacha um thaighde eacnamaíoch. Is iar-chomhalta é den Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta agus d'Údarás Thuaisceart Éireann um Rialáil Fuinnimh (*Northern Ireland Authority for Energy Regulation*). Rinne sé staidéar sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus tá iarchéimeanna aige sa stair agus san eacnamaíocht. Thosaigh sé amach ar a shlí bheatha sa Roinn Airgeadais i 1972 agus ina dhiaidh sin bhí sé ag obair san Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta go dtí Deireadh Fómhair 2014.

### Des Geraghty (Arna cheapadh an 1 Deireadh Fómhair 2010 go ceann 4 bliana agus arna athcheapadh an 1 Deireadh Fómhair 2014 go ceann 5 bliana)

Is iar-pholaiteoir agus iar-cheannaire ceardchumainn é Des Geraghty. Bhí sé ina uachtarán ar SIPTU ó 1999 go dtí 2004. Ceapadh chuig Parlaimint na hEorpa é i 1992 do thoghcheantair Bhaile Átha Cliath. Bhí sé ina chomhalta den Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta agus um Beartas Tionsclaíoch i bParlaimint na hEorpa. Tá sé ina chomhalta de bhord ESB Networks agus de bhord TG4. Is iarchomhalta é d'Údarás RTÉ, de Bhord FÁS, den Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, den Chomhpháirtíocht um Thithe Incheannaithe agus den Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta agus bhí sé ina chathaoirleach ar Éigse Éireann freisin.

### Michael Soden (Arna cheapadh an 1 Deireadh Fómhair 2010 go ceann 4 bliana agus arna athcheapadh an 1 Deireadh Fómhair 2014 go ceann 5 bliana)

Bhí Michael Soden ina POF ar Bhanc na hÉireann ó 2001 go dtí 2004. Sular fhill sé ar Éirinn chun glacadh leis an bpost sin, chaith sé breis is 30 bliain i mórinstitiúidí éagsúla airgeadais, áiteanna ina raibh baint aige le gach gné de na margaí caipitil. Le linn na tréimhse sin, bhí sé ar Choiste Feidhmiúcháin an *National Australian Bank*, áit a raibh sé freagrach as Baincéireacht Mhórdhíola Dhomhanda agus, ina dhiaidh sin, as Baincéireacht Mhiondíola Dhomhanda. Ina theannta sin, bhí sé freagrach as gníomhaíochtaí mhargaí caipitil idirnáisiúnta *Security Pacific Bank* a fhorbairt. Chaith sé blianta tosaigh a ghairmréime i *Citibank/Citicorp Investment Bank*, Ceanada. Scríobh sé an leabhar, *Open Dissent – An Uncompromising View of the Crisis*, arna fhoilsiú in 2010.

## Rúnaí an Bhainc

Tá Neil Whoriskey ina Cheannasaí ar Rannán na hArdrúnaíochta agus ceapadh mar Rúnaí an Bhainc é i mí Eanáir 2011.

### Nósanna Imeachta an Choimisiúin

Déantar cruinnithe den Choimisiún a sceidealú ar bhonn míosúil (seachas mí Lúnasa) agus is é an Gobharnóir a bhíonn ina Chathoirleach orthu. Déanfar tuilleadh cruinnithe a sceidealú de réir mar is gá d'fheidhmiú cuí fheidhmeanna an Choimisiúin.

### Tábla 4 - Cruinnithe ar fhreastail Comhaltaí an Choimisiúin orthu le linn 2016

| Comhaltaí den Choimisiún | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu le linn 2015 |
|---|---|
| Philip R Lane | 11/11 |
| Alan Ahearne | 11/11 |
| Patricia Byron | 11/11 |
| Blanaid Clarke | 11/11 |
| Sharon Donnery* | 10/11 |
| John FitzGerald | 11/11 |
| Des Geraghty | 10/11 |
| Derek Moran | 9/11 |
| Cyril Roux | 10/11 |
| Michael Soden | 11/11 |

* D'fhreastail Sharon Donnery ar dhá chruinniú den Choimisiún mar Leas-Ghobharnóir ainmnithe na Baincéireachta Ceannais

Tionóladh 11 chruinniú den Choimisiún in 2016. Bhí córam ag na cruinnithe sin go léir.

## Coistí an Choimisiúin

Tá an chumhacht ag an gCoimisiún coistí a bhunú ar a mbeidh comhalta amháin nó níos mó den Choimisiún, cibé acu ina n-aonar nó i dteannta le hoifigeach amháin nó níos mó de chuid an Bhainc, agus féadfaidh sé nós imeachta na gcoistí sin a chinneadh agus feidhmeanna agus cumhachtaí na gcoistí sin a shainiú.

Bhunaigh an Coimisiún na coistí seo a leanas:

» An Coiste Iniúchóireachta;

» An Coiste Buiséid agus Luacha Saothair; agus

» An Coiste Riosca.

## An Coiste Iniúchóireachta

Is é an Coimisiún a cheapann an Coiste Iniúchóireachta agus bíonn trí chomhalta neamhfheidhmiúcháin air. Amhail ar an 31 Márta 2017, ba iad Patricia Byron (an Cathaoirleach), Blanaid Clarke agus John FitzGerald comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta.

Tionóltar cruinnithe den Choiste Iniúchóireachta ceithre huaire ar a laghad gach bliain. In 2016, tionóladh sé chruinniú den Choiste Iniúchóireachta. Tionóladh cruinniú amháin breise freisin i gcomhpháirt leis an gCoiste Riosca.

Tá an ceart ag gach comhalta den Choimisiún freastal ar chruinnithe den Choiste Iniúchóireachta mar bhreathnadóirí. Déanfaidh Cathaoirleach an Choiste cruinniú a thionól freisin má iarrann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó iniúchóir seachtrach neamhspleách air amhlaidh. De bhreis air sin, bualfaidh an Coiste Iniúchóireachta leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus leis an iniúchóir seachtrach uair amháin sa bhliain ar a laghad in éagmais na bhfeidhmeannach. Ina theannta sin, beidh cruinnithe rialta ag an gCathaoirleach leis an gCeannasaí ar Iniúchóireacht Inmheánach. Tagann an Coiste le chéile ina chomhdhéanamh neamhfheidhmiúcháin ag tús gach cruinnithe. Déantar miontuairiscí chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta a scaipeadh ar an gCoimisiún agus cuirtear iad ar an gclár oibre do chruinnithe den Choimisiún ina dhiaidh sin.

**Tábla 5- Cruinnithe den Choiste Iniúchóireachta 2016**

| Comhaltaí an Choiste | Cruinnithe den Choiste Iniúchóireachta ar freastalaíodh orthu le linn 2016 |
|---|---|
| Patricia Byron (Cathaoirleach) | 6/6 |
| Blanaid Clarke | 6/6 |
| John FitzGerald | 5/6 |

Tionóladh sé chruinniú den Choiste Iniúchóireachta in 2016. Bhí córam ag na cruinnithe sin go léir.

Is iad seo a leanas príomhfhreagrachtaí an Choiste Iniúchóireachta, de réir a Théarmaí Tagartha:

» Athbhreithniú a dhéanamh ar shláine ráitis airgeadais an Bhainc, lena n-áirítear na breitheanna suntasacha cuntasaíochta a dhéantar in ullmhú na ráiteas sin, agus moltaí a dhéanamh don Choimisiún ina leith;

» Athbhreithniú a dhéanamh ar an ráiteas a áireofar sa Tuarascáil Bhliantúil maidir le rialuithe inmheánacha agus an ráiteas sin a fhormheas;

» Athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna iniúchóireachta bliantúla an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an iniúchóra sheachtraigh agus a áirithiú go mbeidh siad i gcomhréir le raon na litreach a bhaineann leis an rannpháirtíocht iniúchóireachta. Athbhreithniú a dhéanamh ar litreacha bainistíochta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ón iniúchóir seachtrach sula n-eiseofar an freagra ón mbainistíocht;

- Athbhreithniú a dhéanamh ar chóras rialaithe inmheánaigh an Bhainc;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chairt agus ar phlean oibre bliantúil na feidhme iniúchóireachta inmheánaí, faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht agus neamhspleáchas na feidhme i gcomhthéacs chórais bainistíochta riosca an Bhainc, agus más iomchuí, athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha na feidhme agus a áirithiú go ngníomhófar i gcomhréir le tuarascálacha na feidhme;
- Comhairle a thabhairt maidir le ceapadh agus le hathcheapadh iniúchóirí seachtracha, maidir lena luach saothair agus maidir le ceisteanna faoi éirí as agus faoi dhífhostú;
- Faireachán a dhéanamh ar an mbeartas maidir le fruiliú na n-iniúchóirí seachtracha chun seirbhísí neamhiniúchóireachta a chur ar fáil.
- A áirithiú go gcuirfear nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm chun a áirithiú go gcloífear le rialacha CEBC maidir leis an iniúchóir seachtrach a cheapadh le haghaidh seirbhísí neamhiniúchóireachta;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na fionnachtana a eascraíonn as iniúchóireachtaí arna ndéanamh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ag na hiniúchóirí seachtracha;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar a théarmaí tagartha féin agus ar a éifeachtacht féin;
- Breithniú a dhéanamh ar aon ábhair eile de réir mar a iarrfaidh an Coimisiún; agus
- A áirithiú go mbeidh forálacha Bheartas an Bhainc um Nochtadh Faisnéise Faoi Rún iomchuí chun a áirithiú go nglacfar cur chuige cuí chun déileáil le tuarascálacha ó chomhaltaí foirne maidir le 'héagóir'.

In 2016, rinne an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar a éifeachtacht féin.

## An Coiste Buiséid agus Luacha Saothair

Is é an Coimisiún a cheapann an Coiste Buiséid agus Luacha Saothair agus bíonn beirt chomhaltaí neamhfheidhmiúcháin nó triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin ar an gCoiste sin i dteannta leis an mbeirt Leas-Ghobharnóirí (ní bhíonn na Leas-Ghobharnóirí i láthair nuair a bhíonn nithe a bhaineann le luach saothair chomhaltaí bainistíochta an Choimisiúin á bplé). Is iad seo a leanas comhaltaí reatha an Choiste Buiséid agus Luacha Saothair amhail ar an 31 Márta 2017: Alan Ahearne (Cathaoirleach), Blanaid Clarke, Sharon Donnery agus Cyril Roux.

Tionóltar cruinnithe den Choiste Buiséid agus Luacha Saothair ceithre huaire ar a laghad in aghaidh na bliana. In 2016, tionóladh sé chruinniú den Choiste Buiséid agus Luacha Saothair. Tá an ceart ag gach comhalta den Choimisiún freastal ar chruinnithe an Choiste mar bhreathnadóirí. Déantar miontuairiscí na gcruinnithe a scaipeadh ar chomhaltaí uile an Choimisiúin.

### Tábla 6 - Cruinnithe den Choiste Buiséid agus Luacha Saothair 2016

| Comhaltaí an Choiste | Cruinnithe den Choiste Buiséid agus Luacha Saothair ar freastalaíodh orthu le linn 2016 |
|---|---|
| Alan Ahearne (Cathaoirleach) | 6/6 |
| Blanaid Clarke | 6/6 |
| Cyril Roux* | 5/6 |
| Sharon Donnery** | 3/4 |

* Níor fhreastail Cyril Roux ar an gcruinniú den Choiste Buiséid agus Luacha Saothair ina ndearnadh luach saothair an Leas-Ghobharnóra a bhreithniú.
** Ceapadh Sharon Donnery ina Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais) le héifeacht ón 1 Márta 2016 agus d'fhreastail sí ar chruinnithe ón dáta sin ar aghaidh.

Tionóladh sé chruinniú den Choiste Iniúchóireachta in 2016. Bhí córam ag na cruinnithe sin go léir.

Is iad seo a leanas príomhfhreagrachtaí an Choiste Buiséid agus Luacha Saothair, de réir a Théarmaí Tagartha:

» Athbhreithniú a dhéanamh ar luach saothair chomhaltaí bainistíochta an Choimisiúin, lena n-áirítear an Gobharnóir, agus moltaí a chur faoi bhráid an Choimisiúin ina leith;

» Athbhreithniú a dhéanamh, ar bhonn bliantúil ar a laghad, ar bheartas agus nósanna imeachta an Bhainc maidir le luach saothair agus moltaí a chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcás inar cuí sin;

» Athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí buiséid agus caiteachais agus comhairle a thabhairt don Choimisiún ina leith;

» Athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar phróiseas Scórchárta Ualaithe an Bhainc agus comhairle a thabhairt don Choimisiún ina leith;

» Athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar a théarmaí tagartha féin agus ar a éifeachtacht féin; agus

» Breithniú a dhéanamh ar aon ábhair eile de réir mar a iarrfaidh an Coimisiún.

In 2016, rinne an Coiste Buiséad agus Luacha Saothair athbhreithniú ar a éifeachtacht féin.

## An Coiste Riosca

Is é an Coimisiún a cheapann an Coiste Riosca agus bíonn triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin ar an gCoiste sin i dteannta leis an mbeirt Leas-Ghobharnóirí. Is iad seo a leanas comhaltaí reatha an Choiste Riosca, amhail ar an 31 Márta 2017: Michael Soden (Cathaoirleach), Alan Ahearne, Sharon Donnery, Des Geraghty, agus Cyril Roux.

Tionóltar cruinnithe den Choiste Riosca ceithre huaire ar a laghad gach bliain. In 2016, tionóladh cúig chruinniú den Choiste Riosca. Tionóladh cruinniú amháin breise freisin i gcomhpháirt leis an gCoiste Iniúchóireachta. Bhí córam ag na cruinnithe sin go léir.

### Tábla 7- Cruinnithe den Choiste Riosca 2016

| Comhaltaí an Choiste | Cruinnithe den Choiste Riosca ar freastalaíodh orthu le linn 2016 |
|---|---|
| Michael Soden (Cathaoirleach) | 5 / 5 |
| Alan Ahearne | 5 / 5 |
| Sharon Donnery | 4 / 4 |
| Des Geraghty | 4 / 5 |
| Cyril Roux | 3 / 5 |

Tá an ceart ag gach comhalta den Choimisiún freastal ar chruinnithe an Choiste mar bhreathnadóirí. Déantar miontuairiscí na gcruinnithe a scaipeadh ar chomhaltaí uile an Choimisiúin.

Is iad seo a leanas príomhfhreagrachtaí an Choiste Riosca de réir a Théarmaí Tagartha:

» Athbhreithniú a dhéanamh ar infheistiú sócmhainní infheistíochta ag an mBanc agus comhairle agus moltaí a thabhairt don Choimisiún ina leith, ag díriú go háirithe ar an méid seo a leanas:

- comhdhéanamh airgeadra agus paraiméadar riosca na sócmhainní infheistíochta
- na critéir shlándála maidir le sócmhainní infheistíochta an Bhainc a bhainistiú
- an ráta fáltais a ghnóthaítear ar shócmhainní infheistíochta an Bhainc lena n-áirítear measúnú ar na tagarmhairc feidhmíochta a úsáidtear;

» Breithniú a dhéanamh ar nithe a bhaineann le beartais agus cleachtais infheistíochta an Bhainc arna gcur faoi bhráid an Choiste ó am go ham agus comhairle a thabhairt don Choimisiún ina leith;

» Neamhchosaintí reatha riosca agus an straitéis fhoriomlán riosca don eagraíocht a athbhreithniú agus a thuar;

- Staid reatha airgeadais an Bhainc a mheas, ag féachaint do shuíomh an Bhainc maidir le sócmhainní agus le dliteanais agus do réamhaisnéisí;
- An timpeallacht rialaithe agus éifeachtacht na gclár bainistíochta riosca sa Bhanc a chur san áireamh, ag baint úsáid as tuarascálacha ón gCoiste Iniúchóireachta freisin;
- Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na gcreataí bainistíochta riosca um riosca oibríochtúil agus leanúnachas gnó, athbhreithniú a dhéanamh ar theagmhais shuntasacha agus a mheasúnú cibé acu an fiú rioscaí nó teagmhais áirithe a phlé ag an gCoimisiún;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar a théarmaí tagartha féin agus ar a éifeachtacht féin; agus
- Breithniú a dhéanamh ar aon ábhair eile de réir mar a iarrfaidh an Coimisiún.


In 2016, rinne an Coiste Riosca athbhreithniú ar a éifeachtacht féin.

## Cód Eitice do Chomhaltaí Choimisiún an Bhainc Ceannais

Le linn 2016, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar a Chód Eitice d'fhonn Treoirlínte BCE a chomhlíonadh, ar treoirlínte iad ina leagtar síos na prionsabail do Chreat comhchuibhithe Eitice don Eurochóras agus do SAM agus chun comhréireacht á áirithiú idir Cód Eitice an Choimisiúin agus Cód inmheánach Eitice na Foirne.

## Struchtúir Rialachais Inmheánaigh

Cé go bhfuil freagracht fhoriomlán ar an gCoimisún as bainistiú agus rialú an Bhainc, tá coistí inmheánacha éagsúla ann atá freagrach as forbairt agus cur chun feidhme beartas a chomhordú agus as comhairle agus eolas a thabhairt maidir le saincheisteanna móra.



Sa tsamhail rialachais inmheánaigh, cuimsítear na coistí seo a leanas atá faoi chathaoirleacht an Ghobharnóra:

» Bíonn **Coiste an Ghobharnóra** ag plé go príomhúil leis na hullmhúcháin do chruinnithe an Choimisiúin, le bearta leantacha, ceapacháin shinsearacha agus le saincheisteanna straitéiseacha eile. Bíonn ról maoirseachta ag an gCoiste i ndáil leis na gníomhaíochtaí eagraíochtúla go léir agus tugann sé an formheas deiridh i gcás saincheisteanna arna gcur ar aghaidh chuige ó Choistí eile sa Bhanc;

» Tríd an **gCoiste Ardcheannaireachta**, bíonn na Stiúrthóirí rannpháirteach i gcur chun feidhme chlár straitéiseach an Bhainc. Cinntíonn comhaltaí an Choiste seo go ndéanfar na gníomhaíochtaí go léir a ailíniú agus go ndéanfar straitéis an Bhainc a chur i ngníomh trí Scórchárta Ualaithe na hEagraíochta a fhorbairt agus a athbhreithniú. Cinntíonn an Coiste go ndéanfar struchtúir agus gníomhaíochtaí an Bhainc a ailíniú agus a chomhordú agus díríonn se ar chomhlíonadh na dtorthaí straitéiseacha arna gcomhaontú ag an gCoimisiún. Déanann sé formhaoirseacht freisin ar fhorbairt an chultúir eagraíochtúil agus treoraíonn sé an fhorbairt sin agus cinntíonn sé go dtacaíonn straitéis AD le forbairt leanúnach na heagraíochta;

» Tugann an **Coiste um Chobhsaíocht Airgeadais** comhairle don Ghobharnóir maidir le saincheisteanna a bhaineann le gnóthú shainordú an Bhainc chun cur le cobhsaíocht airgeadais in Éirinn agus sa limistéar euro. Déanann comhaltaí an Choiste faireachán agus measúnú ar fhorbairtí eacnamaíocha agus airgeadais intíre agus idirnáisiúnta, tarraingíonn siad aird ar réimsí imní atá ábhartha do chóras airgeadais na hÉireann agus baineann siad tátail as an anailís. Díríonn sé go príomha ar shainaithint gníomhaíochtaí a fhéadfar a ghlacadh de láimh chun rioscaí don chobhsaíocht airgeadais a mhaolú agus glacann sé bearta leantacha ina letih. Féadfaidh go n-iarrfaidh an Gobharnóir go bhfoirmeofar bearta sonracha lena gcur i gcrích ag an lucht bainistíochta laistigh nó lasmuigh den Choiste um Chobhsaíocht Airgeadais. Ar na bearta sin, áirítear ionstraimí beartais macrastuamachta a bhreithniú agus a athbhreithniú mar aon le moltaí ón gCoiste um Bearta Macrastuamachta sa Bhanc agus moltaí chuig an gCoiste sin a bhreithniú;

» Bunaíodh **an Coiste um Bearta Macrastuamachta** sa Bhanc in 2016 agus tháinig sé le chéile don chéad uair an 5 Meán Fómhair 2016. Is é ról an Choiste comhairle a chur ar fáil maidir leis na hathbhreithnithe rialta ar bhearta macrastuamachta náisiúnta a bhaineann leis na bainc agus moltaí a dhéanamh maidir leis na rialacha sin a choimeád nó a athbhreithniú de réir mar is cuí. Is é an Banc an t-údarás macrastuamachta ainmnithe d’Éirinn. Le blianta beaga anuas, rinneadh bearta macrastuamachta éagsúla a ghníomhachtú tríd an gcóras baincéireachta. Orthu sin, áirítear: bearta a bhaineann le hiasachtaithe amhail rialacha morgáiste; an Cúlchiste Fritimthriallach (CCyB); an maolán d'institiúidí airgeadais a bhfuil tábhacht shistéamach leo (O-SII); agus frithingiú beart beartais macrastuamachta arna nglacadh ag Ballstáit eile. Tá cur síos ar chruinnithe uile an Choiste a tionóladh in 2016 foilsithe ar shuíomh gréasáin an Bhainc.

Ar na coistí ardleibhéil inmheánacha eile, áirítear na cinn seo a leanas:

» Is fochoiste den Choiste Ardcheannaireachta é an **Coiste Oibríochtaí** agus bunaíodh é chun pleananna a bhaineann le feidhmiú éifeachtach an Bhainc a fhoirmiú agus a bhaint amach. Cinntíonn sé go ndéanfaidh an eagraíocht a gnó a sheoladh agus a cuid acmhainní a úsáid, lena n-áirítear cumas teicneolaíochta agus acmhainní daonna, ar mhodh éifeachtúil agus cost-éifeachtach.

» Cuireann an **Coiste Maoirseachta** comhairle ar an Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais) agus ar stiúrthóireachtaí agus rannáin ábhartha i ndáil le saincheisteanna atá lárnach do bhainistiú rioscaí maoirseachta agus i ndáil le forbairt agus feabhsú maoirseachta agus rannpháirtíochta riosca-bhunaithe, lena n-áirítear saincheisteanna PRISM.

» Cuireann an **Coiste Beartais** comhairle ar an Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais) maidir le saincheisteanna beartais a thagann chun cinn. Féadfaidh an Leas-Ghobharnóir cinntí beartais a dhéanamh ag an gCoiste Beartais de bhun na comhairle sin.

» Tacaíonn an **Coiste Feidhmiúcháin um Rioscaí** leis an nGobharnóir, leis an gCoimisiún agus le Coiste Riosca an Choimisiúin chun measúnú, faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar rioscaí airgeadais an Bhainc agus ar ghníomhaíochtaí bainistíochta gaolhara. Tá sé faoi chathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra (Baincéireacht Cheannais).

» Cuireann an Coiste Réitigh (ResCom) comhairle ar an nGobharnóir maidir le saincheisteanna a bhaineann le comhlíonadh ról an Bhainc i réiteach institiúidí. Cuimsíonn ról ResCom an méid seo a leanas: ábhar a bhaineann le cásanna réitigh i gcomhthéacs institiúide ceadúnaithe aonair a phlé agus a anailísiú; príomh-shaincheisteanna atá ábhartha i gcomhthéacs Aontas Baincéireachta AE agus an tSásra Réitigh Aonair a phlé agus a anailísiú; breithniú a dhéanamh ar cheisteanna tábhachtacha beartais a bhaineann leis an gcreat réitigh intíre nó le creat réitigh AE, lena n-áirítear iarmhairt aon athruithe ionchasacha, inmhianaithe reachtacha; aon saincheisteanna eile tábhachtacha sa réimse réitigh a bhreithniú agus a anailísiú ó thaobh dearcaidh inmheánaigh, náisiúnta nó idirnáisiúnta.

## Cuntasacht

I gcomhréir le hAlt 32K den Acht, ullmhaíonn an Banc tuarascáil maidir lena ghníomhaíochtaí le linn na bliana agus cuireann an tuarascáil sin faoi bhráid an Aire Airgeadais laistigh de thréimhse sé mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais. Le hAlt 32J (3) den Acht, ceanglaítear ar an mBanc Ráiteas Cuntas don bhliain airgeadais lena mbaineann a ullmhú agus a chur chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an Ráiteas Cuntas a iniúchadh, a dheimhniú agus tuairiscíonn air agus cuireann sé nó sí a t(h)uarascáil maille leis an Ráiteas Cuntas ar ais chuig an Aire.

Cuirtear cóipeanna den dá cháipéis seo faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Chomh maith leis sin, déanann iniúchóirí seachtracha neamhspleácha iniúchadh ar chuntais airgeadais an Bhainc, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 27 de Reacht CEBC/BCE.

Ceanglaítear ar an mBanc Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta a ullmhú maidir le rialáil seirbhísí airgeadais agus an Ráiteas sin a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais faoin 30 Aibreán gach bliain. I gcomhréir leis an Acht, beidh an Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil ina thrí chuid:

» Plean Feidhmíochta Rialála ina dtabharfar breac-chuntas ar aidhmeanna agus ar chuspóirí na gníomhaíochta rialála atá beartaithe don bhliain reatha;

» Athbhreithniú ar fheidhmíocht rialála le linn na bliana roimhe sin ag féachaint don Phlean Feidhmíochta Rialála don bhliain sin, lena n-áirítear gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an bhfeidhm Iniúchóireachta Inmheánaí agus ag Cláraitheoir na gComhar Creidmheasa mar aon le haon chúrsaí ábhartha eile; agus

» Tuarascáil ó aon athbhreithniú piaraí idirnáisiúnta ar chomhlíonadh feidhmeanna rialála ag an mBanc, ar feidhmeanna iad a bheidh curtha i gcrích faoin reachtaíocht le linn na bliana.

Laistigh d'aon mhí tar éis dó Ráiteas Feidhmíochta Rialála a fháil, ní mór don Aire an Ráiteas seo a chur faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Féadfaidh an tAire Airgeadais, ó am go ham, a iarraidh ar an nGobharnóir nó ar an gCoimisiún dul i gcomhairle leis an Aire i ndáil le comhlíonadh aon cheann dá fheidhmeanna. Ní fhéadfaidh an tAire, áfach, dul i gcomhairle leis an nGobharnóir i ndáil lena fheidhmeanna CEBC.

I mí na Samhna 2015, d'fhoilsigh an Banc Plean Straitéiseach trí bliana don tréimhse 2016-2018.

Faoi réir cheanglais Chomhaontú Maastricht agus faoi réir na bhforálacha rúndachta arna bhforchur le dlí, láithreoidh an Gobharnóir nó an Leas-Ghobharnóir Baincéireachta Ceannais nó an Leas-Ghobharnóir Rialála Airgeadais os comhair Coistí den Oireachtas ar iarratas chuige sin. In 2016, láithrigh ionadaithe de chuid an Bhainc os comhair cúig chruinniú de choistí Oireachtais.

### Tábla 8 – Láithreas os comhair Coistí Oireachtais le linn 2016

| Dáta | Lucht freastail | Coiste Oireachtais |
|---|---|---|
| 26 Ean | An Gobharnóir Lane | An Coiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach |
| 9 MF | Gabriel Fagan<br>An Príomh-Eacnamaí | An Coiste um Fhormhaoirsiú Buiséid |
| 19 MF | Gerry Quinn<br>An Príomh-Oifigeach Oibríochtaí | An Coiste um Chuntais Phoiblí |
| 6 DF | Cyril Roux<br>An Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais) | An Coiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach |
| 13 Nollaig | Ed Sibley<br>An Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Institiúidí Creidmheasa | An Coiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach |
| 20 Nollaig | An Gobharnóir Lane | An Coiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach |

# Iniúchóireacht Inmheánach

Is é is cuspóir don Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach (RII) gníomhú mar an 'tríú líne cosanta' neamhspleách laistigh de chreat rialachais an Bhainc. Tá sé de fhreagracht ar bhainistíocht oibríochtúil an Bhainc córais iomchuí rialuithe inmheánacha a bhunú. Ar an gcaoi sin, is í bainistíocht oibríochtúil an chéad líne cosanta. Is ionann an dara líne cosanta agus na feidhmeanna maidir le bainistíocht riosca, rialú, comhlíonadh agus maoirseacht arna mbunú agus arna bhfeidhmiú ag an lucht bainistíochta. Cuireann RII dearbhú oibiachtúil, neamhspleách ar fáil, mar aon le gníomhaíochtaí comhairliúcháin atá ceaptha feidhmíocht chúraimí agus ghníomhaíochtaí an Bhainc a fheabhsú. Le linn déanamh amhlaidh, cuidíonn sí leis an mBanc i ngnóthú a chuid cuspóirí trí chur chuige córasach, araíonach a chur i bhfeidhm chun éifeachtacht na bpróisis um bainistíocht riosca, rialú agus rialachas a mheasúnú agus a fheabhsú.

Le linn 2016, chuir RII raon iniúchóireachtaí i gcrích ar fud an Bhainc. Ar na hábhair a clúdaíodh, áirítear iniúchóireachtaí ar na nithe seo a leanas: Caiteachais Taistil agus Caiteachais Ghaolmhara; Párolla agus Sláine Thaifid Fostaithe; Cigireachtaí Téamacha sa Rannán um Chosaint Tomhaltóirí agus sa Rannán Árachais agus Athbhreithniú iar-chur chun feidhme ar Ardán Oibríochta Margaidh Áitiúil (Wall Street Suite). Ghlac RII páirt i roinnt iniúchóireachtaí CEBC freisin. Ar na hábhair a clúdaíodh, áirítear athbhreithnithe ar an méid seo a leanas: Ullmhú Beartais Airgeadaíochta; Bainistíocht Leanúnachais Ghnó; Oibríochtaí agus Bainistíocht Seirbhíse TF ag díriú ar athshlánú ó thubaiste; Bainistíocht Comhthaobhachta (Close Links) agus Próiseáil Nótaí Bainc. Glacann RII bearta leantacha maidir leis na saincheisteanna go léir a shainaithnítear chun a áirithiú go gcuirfear pleananna formheasta gníomhaíochta chun feidhme. Tháinig an Ceannasaí ar RII agus an Gobharnóir le chéile go rialta chun saincheisteanna a bhain le hiniúchóireacht a phlé.

Mar chuid dá próiseas um bailiú faisnéise agus chun a áirithiú go mbeidh RII chun dáta maidir le forbairtí agus rioscaí san eagraíocht, freastalaíonn RII go rialta ar chruinnithe inmheánacha feidhmiúcháin agus tionólann sé cruinnithe le líon mór rannán éagsúil ar fud na heagraíochta freisin.

Thug RII bogearra iniúchóireachta isteach in 2016 agus cuireadh i bhfeidhm go rathúil é ar fud an Bhainc. Tá an t-aiseolas atá faighte go dtí seo an-dearfach; ba mhór ag iniúchaithe an rannpháirtíocht shuntasach leo lena n-áirítear oiliúint a chur ar na daoine sin a bhainfidh úsáid as an gcóras.

Chuir RII tuarascálacha rialta faoi bhráid Choiste Iniúchóireachta an Bhainc maidir le torthaí na n-iniúchóireachtaí go léir lena n-áirítear an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme aon mholtaí ó iniúchóireachtaí roimhe seo. Ullmhaítear plean trí bliana ar bhonn atrátha agus formheasann an Coiste Iniúchóireachta an plean sin gach bliain.

Tuairiscíonn RII do Choiste na nIniúchóirí Inmheánacha (IAC) de chuid an BCE maidir le torthaí iniúchóireachtaí CEBC thuasluaite agus le saincheisteanna iniúchóireachta eile. Déantar tuarascálacha ó IAC a chur faoi bhráid Chomhairle Rialaithe an BCE agus Choistí ábhartha CEBC. I mí na Nollag 2016, rinneadh an ceannasaí ar RII a cheapadh mar chathaoirleach ar Thascfhórsa Iniúchóireachta IAC maidir le Staidreamh go ceann téarma trí bliana. Ina theannta sin, chuaigh comhalta foirne ó RII chuig Tascfhórsa Comhpháirteach Iniúchóireachta de chuid IAC chun iniúchóireacht a dhéanamh ar Ráitis Airgeadais TARGET2-Securities (T2S) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015.

Is é ceann de fhreagrachtaí IAC obair um dhearbhú iniúchóireachta a dhéanamh mar a ordaítear faoi phlean iniúchóireachta SAM agus, dá thairbhe sin, ghlac an Banc páirt in iniúchóireacht SAM ar Bhainistíocht Faisnéise in 2016 agus tá páirt á glacadh aige san iniúchóireacht ar Mhaoirseacht Leanúnach - Pleanáil agus Faireachán in 2017.

# Iarscríbhinn 1: Ráitis agus Páipéir arna bhfoilsiú ag an mBanc in 2016

## Príomhfhoilseacháin

Faisnéis Ráithiúil – Eanáir, Aibreán, Iúil agus Deireadh Fómhair 2016

Tuarascáil Bhliantúil 2015 – Aibreán 2016

Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta (Rialáil Airgeadais) 2015 – 2016 – Aibreán 2016

## Óráidí agus Cur i Láthair in 2016

Aitheasc ón nGobharnóir, Philip R. Lane, d'Institiúid na Stiúrthóirí – Eanáir

Ráiteas tosaigh ón nGobharnóir, Philip R. Lane, don Choiste Oireachtais um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú – Eanáir

Príomhaitheasc ón nGobharnóir, Philip R. Lane, don Fhóram Eorpach Airgeadais i mBaile Átha Cliath ar *"The Future of the European Financial System: A Macro-Financial View"* – Eanáir

Aitheasc ó Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa, Anne Marie McKiernan, do Chomhdháil Bhliantúil Chumann Forbartha Comhar Creidmheasa – Eanáir

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Mhargaí, Gareth Murphy, ag an 5ú Comhdháil Cistí – "Supervision matters in the funds industry" – Feabhra

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Árachas, Sylvia Cronin, d'fhóram CRO Milliman Insurance Ireland – Feabhra

Aitheasc ó Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa, Anne Marie McKiernan, do Chumann Bhainisteoirí Comhar Creidmheasa – Márta

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Mhargaí, Gareth Murphy, ag seoladh Ionchas Rialála Domhanda Duff agus Phelps maidir le príomhréimsí na tuarascála eadhon cultúr, teicneolaíocht agus ciber-riosca – Márta

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Árachas, Sylvia Cronin, ag an bhFóram Eorpach Árachais maidir le Sócmhainneacht II – Márta

Aitheasc ón gComhairleoir don Ghobharnóir, Lars Frisell, don Rannán um Chobhsaíocht Airgeadais, Sveriges Riksbank, "Some reflections on the potential effects of the Central Bank of Ireland's mortgage regulations" – Márta

Aitheasc ó Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa, Anne Marie McKiernan, do CGB Chonradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa (ILCU) – Aibreán

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Chosaint Tomhaltóirí, Bernard Sheridan, ag cruinniú FinCoNet in Amstardam "Protecting the interests of consumers of financial services – role of supervisory authorities" – Aibreán

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Chosaint Tomhaltóirí, Bernard Sheridan, don European Tech Summit maidir le Nuálaíocht Airgeadais. – Bealtaine

Barúlacha ón Stiúrthóir ar Bheartas agus Riosca, Gerry Cross, ag Fóram Bricfeásta Ernst & Young do Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin – Bealtaine

Aitheasc ón nGobharnóir, Philip R. Lane, don Seachtú Comhdháil Ardleibhéil SNB-CAI maidir leis an gCóras Airgeadaíochta Idirnáisiúnta – Bealtaine

Aitheasc ón nGobharnóir, Philip R. Lane, do Chomhdháil Chumann Margaí Caipitil Idirnáisiúnta – Bealtaine

Aitheasc ón nGobharnóir, Philip R. Lane, don 8ú Comhdháil Bhliantúil de chuid an Fhóraim Eorpaigh Árachais – Bealtaine

Aitheasc ón Leas-Ghobharnóir, Sharon Donnery, ag Siompóisiam CEPR ar an Stair Eacnamaíoch, "Lessons from the past, safeguarding stability for the future" – Meitheamh

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Institiúidí Creidmheasa, Ed Eibley, d'ócáid tionscail Grant Thornton, "Regulatory Transformation" – Meitheamh

Aitheasc ón nGobharnóir, Philip R. Lane, ag Lón Bliantúil Sheirbhísí Airgeadais Éireann IBEC "Technological Innovation and Financial Services" – Meitheamh

Plé ag an Leas-Ghobharnóir, Sharon Donnery, Banc Ceannais na hÉireann ag an 8ú Comhdháil Staidrimh BCE, "Central Bank Statistics: Moving Beyond the Aggregates" – Iúil

Aitheasc dar theideal "Macro-Financial Perspectives on the Irish Economy" ón nGobharnóir Philip R. Lane don Institiúid um Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha, Baile Átha Cliath – Iúil

Ráiteas tosaigh ón bPríomh-Eacnamaí, Gabrial Fagan, ag an gCoiste um Fhormhaoirsiú Buiséid – Meán Fómhair

Ráiteas Tosaigh ón bPríomh-Oifigeach Oibríochtaí, Gerry Quinn, don Choiste um Chuntais Phoiblí – Meán Fómhair

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Bheartas & Riosca, Gerry Cross, don Chomhdháil Leachtachta agus Maoiniúcháin, "Liquidity, funding and regulation" – Meán Fómhair

Aitheasc ón Leas-Ghobharnóir, Sharon Donnery, do Chomhdháil Bhliantúil Beartais Eacnamaíoch Cheardlann Eacnamaíochta Bhaile Átha Cliath, "Macroprudential policy: action in the face of uncertainty" – Meán Fómhair

Aitheasc ón nGobharnóir, Philip R. Lane, do Scoil Ghnó Ollscoil Stern i Nua-Eabhrac, "ECB Monetary Policy: An Overview" – Meán Fómhair

Ráiteas ón Leas-Ghobharnóir, Sharon Donnery, maidir leis an ionchas do gheilleagar na hÉireann ag Ionad Idirspleáchais Dhomhanda, Sraith na Baincéireachta Ceannais. – Meán Fómhair

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Institiúidí Creidmheasa, Ed Sibley, ag Comhdháil Chónaidhm Baincéireachta agus Íocaíochtaí Éireann maidir le hIasachtaí Neamhthuillmheacha – Meán Fómhair

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Bheartas agus Riosca, Gerry Cross, ag Cruinniú Faisnéise Deloitte Ireland "Brexit and Financial Services" – Deireadh Fómhair

Ráiteas tosaigh ón Leas-Gobharnóir, Cyril Roux, don Choiste Oireachtais um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú – Deireadh Fómhair

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Institiúidí Creidmheasa, Ed Sibley, ag Comhdháil Chónaidhm Baincéireachta agus Íocaíochtaí Éireann maidir le hIasachtaí Neamhthuillmheacha – Deireadh Fómhair

Aitheas ón Leas-Ghobharnóir, Sharon Donnery, ag Institiúid Peterson um Eacnamaíocht Idirnáisiúnta, "NPL workout and resolution in the euro area" – Deireadh Fómhair

Óráid ón nGobharnóir, Philip R. Lane, "The Eurozone After Brexit" ag Cruinniú Bricfeásta CIGI & Euro50 Group, Washington DC – Deireadh Fómhair

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Árachas, Sylvia Cronin, ag Cruinniú Faisnéise Tionscail de chuid na Stiúrthóireachta um Maoirseacht ar Árachas – Deireadh Fómhair

Aitheasc ón nGobharnóir, Philip R. Lane, ag ócáid Reuters Newsmakers "The European Financial System after Brexit" – Deireadh Fómhair

Ráiteas ón Stiúrthóir ar Fhorfheidhmiú, Derville Rowland, maidir le Cumhachtaí Rialála agus Cionta Corparáideacha ag Comhdháil 2016 de chuid an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí – Samhain

Aitheasc ó Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa, Anne Marie McKiernan, d'Fhóram Náisiúnta na Maoirseoirí, Sligeach – Samhain

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Bheartas & Riosca, Gerry Cross, do Chomhdháil Bhliantúil ACOI maidir le rioscaí TF agus cibear-risocaí atá ag bagairt ar earnáil na seirbhísí airgeadais – Samhain

Aitheasc ón nGobharnóir Philip R. Lane, do Chomhdháil Bhliantúil 2016 de chuid Ghnóthais Bheaga agus Mheánacha na hÉireann (ISME) maidir le "SMEs and the Macro-Financial Environment" – Samhain

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Chosaint Tomhaltóirí, Bernard Sheridan, ag CGB FinCoNet – Samhain

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Bheartas & Riosca, Gerry Cross, ag Comhdháil an Chisteáin Chorparáidigh & Bainistíochta Airgid Thirim maidir le Rialáil Eorpach agus na hIarmhairtí do Ghnólachtaí Airgeadais na hÉireann – Samhain

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Árachas, Sylvia Cronin, ag CGB Chumann Bróicéirí na hÉireann – Samhain

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Institiúidí Creidmheasa, Ed Sibley, don Institiúid Baincéireachta maidir le Rialachas agus Cultúr san Earnáil Baincéireachta – Samhain

Ráiteas ón nGobharnóir, Philip R. Lane, inar fhógair sé Athbhreithniú ar Bhearta Morgáiste an Bhainc Ceannais – Samhain

Óráid ón Leas-Ghobharnóir, Cyril Roux, ag an Institiúid um Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha ar "Perspectives on Financial Regulation in Ireland" – Nollaig

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Fhorfheidhmiú, Derville Rowland, do Compliance Ireland – Nollaig

Ráiteas tosaigh ón Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Institiúidí Creidmheasa, Ed Sibley, don Chomhchoiste Oireachtais um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach – Nollaig

Aitheasc ón Stiúrthóir ar Mhaoirseacht ar Árachas, Sylvia Cronin, do Deloitte – Nollaig

Ráiteas tosaigh ón nGobharnóir, Philip R. Lane, don Chomhchoiste Oireachtais um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach – Nollaig

### Ailt i bhFeasacháin Ráithiúla an Bhainc Ceannais

Interconnectedness of the Irish banking sector with the global financial system – Niamh Hallissey – Uimh. 1 de 2016

Understanding SME interest rate variation across Europe – James Carroll agus Fergal McCann – Uimh. 2 de 2016

Irish SME Investment in Economic Recovery – James Carroll, Paul Mooney agus Conor O'Toole – Uimh. 2 de 2016

An Overview of the Enhanced Interest Rate Statistics for Ireland – Gavin Doheny agus Róisín Flaherty – Uimh. 2 de 2016

The New Paradigm: Analysis of Eurosystem Monetary Operations – John Graham, Alaoishe Luskin agus Anthony Nolan – Uimh. 3 de 2016

Estimating Cash Buyers and Transaction Volumes in the Residential Property Sector in Ireland, 2000-2014 – Dermot Coates, Joe McNeill agus Brendan Williams – Uimh. 3 de 2016

Rental markets, savings and the accumulation of mortgage deposits – Conor Kelly, Statistics Division agus Fergal McCann – Uimh. 4 de 2016

New Data Collection on Special Purpose Vehicles in Ireland: Initial Findings and Measuring Shadow Banking – Dominick Barrett, Brian Godfrey agus Brian Golden – Uimh. 4 de 2016

Option Implied Probability Density Functions: Methodology and Use in Understanding Investor Sentiment – Seamus O'Donnell agus Mary O'Keeffe – Uimh. 4 de 2016

## Boscaí i bhFeasacháin Ráithiúla an Bhainc Ceannais

Has real income growth been supported by lower energy prices? – Reamonn Lydon agus Stephen Byrne – Uimh. 1 de 2016

Linking Employment to Underlying Economic Activity – Diarmaid Smyth – Uimh. 1 de 2016

Developments in nominal GDP and the GDP deflator – Martin O'Brien – Uimh. 1 de 2016

Corporation Tax Receipts in 2015 – Reamonn Lydon, Diarmaid Smyth agus Greame Walsh – Uimh.1 de 2016

Enhancements to Household and Non-Financial Corporation Bank Lending Series in Money and Banking Statistics – Martina Sherman – Uimh. 1 de 2016

Trends in Net Lending and Borrowing by Economic Sector – A Euro Area Comparison – Mary Cussen agus Kenneth Devine – No. 1 de 2016

Recent Developments in the Venture Capital Funding Environment in Ireland – Dermot Coates, Siobhán O'Connell agus Jenny Osborne-Kinch – Uimh. 1 de 2016

Understanding Credit Developments Through Comparing Firm and Bank Surveys – David Byrne – Uimh. 1 de 2016

Non-Standard Monetary Policy, Corporate Lending, and the 'Balance Sheet Channel' – Giuseppe Corbisiero – Uimh. 1 de 2016

EU Banking Union – Uimh. 1 de 2016

A Macroeconomic Heat Map for Ireland – Stephen Byrne agus Diarmaid Smyth – Uimh. 2 de 2016

Drivers of Personal Consumption – A BVAR Approach – Stephen Byrne agus Martin O'Brien – Uimh. 2 de 2016

What is happening to producer prices in Ireland? – John Larkin – Uimh. 2 de 2016

Real Estate Investment Trusts and the Property Sector in Ireland – Dermot Coates agus Aoife Moloney – Uimh. 2 de 2016

Banks and their Affiliates – Insights from Money and Banking Data – Martina Sherman agus Jennifer Dooley – No. 2 de 2016

Oil prices and inflation expectations: An investigation into the contribution of global demand and oil supply shocks to euro area inflation expectations – John Larkin – Uimh. 2 de 2016

The impact of the Renminbi's Inclusion in the SDR Basket: some considerations – Bernard Kennedy – Uimh. 2 de 2016

Recent Revision to the National Income and Expenditure Accounts – Diarmaid Smyth – Uimh. 3 de 2016

The Impact of Brexit on the Short-term Outlook – Irish Economic Analysis Division – Uimh. 3 de 2016

Recent Labour Market Developments – Diarmaid Smyth – Uimh. 3 de 2016

Mortgage Arrears and the Role of Non-Bank Entities – Jean Cassidy agus Eoin O'Brien – Uimh. 3 de 2016

A Heat Map for Irish Private Sector Credit and Deposits – Martina Sherman agus Stephen Byrne – Uimh. 3 de 2016

Review of Labour Market Reforms in the Euro Area – Barra McCarthy agus Laura Moretti – Uimh. 3 de 2016

Composition and Dynamics of Chinese Capital Flows: What has been the Role of Capital Controls? – Valerie Herzberg – Uimh. 3 de 2016

An indicator of domestic economic activity in 2015 – Graeme Walsh – Uimh. 4 de 2016

Modelling the Impact of Global Shocks on the Irish Economy – Michael O'Grady, Jonathan Rice, Reamonn Lydon and Graeme Walsh – Uimh. 4 de 2016

Household Financial Assets across Europe: Boom, Bust and Recovery – Kenneth Devine – Uimh. 4 de 2016

Developments in Consumer Credit – Evidence from Money and Banking Statistics – Stephen Byrne agus Ciaran Meehan – Uimh. 4 de 2016

Reforming Banking Regulation for Sovereign Exposures: Implications for the Monetary Transmission Mechanism – Giuseppe Corbisiero agus Donata Faccia – Uimh. 4 de 2016

A Comparative Study of the ECB's accounts of monetary policy meetings and Central Bank Minutes – Barra McCarthy agus Rebecca Stuart – Uimh. 4 de 2016

## Páipéir Theicniúla Taighde 2016

Understanding Irish Labour Force Participation – Stephen Byrne agus Martin D. O'Brien – Márta

Bank lending, Collateral, and Credit Traps in a Monetary Union – Giuseppe Corbisiero – Márta

Contagion in Eurozone Sovereign Bond Markets? The Good, the Bad and the Ugly – David Cronin, Thomas J. Flavin agus Lisa Sheenan – Meitheamh

Lending Conditions and Loan Default: What Can We Learn From UK Buy-to-Let Loans? – Robert Kelly, Terry O'Malley agus Conor O'Toole – Meitheamh

Mortgage modifications and loan performance by Christian Danne agus Anne McGuinness – Iúil

Flexibility of new hires' earnings in Ireland – Reamonn Lydon agus Matija Lozej – Lúnasa

Banks Interconnectivity and Leverage – Alessandro Barattieri, Laura Moretti agus Vincenzo Quadrini – Deireadh Fómhair

Joining the dots: The FOMC and the future path of policy rates – Stefan Gerlach agus Rebecca Stuart – Samhain

Sources of the small firm financing premium: Evidence from euro area banks – Sarah Holton agus Fergal McCann – Nollaig

## Litreacha Eacnamaíocha 2016

Understanding Irish Labour Force Participation – Stephen Byrne agus Martin D. O'Brien – Márta

Indicators for Setting the Countercyclical Capital Buffer – Conn Creedon agus Eoin O'Brien – Aibreán

Macroprudential Measures and Irish Mortgage Lending: A Review of Recent Data by Enda Keenan, Christina Kinghan, Yvonne McCarthy agus Conor O'Toole – Iúil

Private Placement Debt Securities and the Wholesale Funding of the Banking System in Ireland – Dermot Coates agus Jennifer Dooley – Lúnasa

Household Saving Behaviour in Ireland – Julia LeBlanc – Deireadh Fómhair

Macroprudential Measures and Irish Mortgage Lending: Insights from H1 2016 – Christina Kinghan, Paul Lyons, Yvonne McCarthy, agus Conor O'Toole – Samhain

Do all oil price shocks have the same impact? Evidence from the euro area – Anastasios Evgenides – Samhain

The Effects of Macroprudential Policy on Borrower Leverage – Christina Kinghan, Yvonne McCarthy, agus Conor O'Toole – Samhain

Model-based estimates of the resilience of mortgages at origination – John Joyce agus Fergal McCann – Samhain

Originating Loan to Value ratios and the resilience of mortgage portfolios – Fergal McCann agus Ellen Ryan – Samhain

Assessing the sustainability of Irish residential property prices: 1980 Q1-2016 Q2 – Gerard Kennedy, Eoin O'Brien agus Maria Woods – Samhain

Housing supply after the crisis – Gerard Kennedy agus Rebecca Stuart – Samhain

Exploring developments in Ireland's regional rental markets – Fergal McCann – Samhain

Modelling Irish Rents: Recent Developments in Historical Context – Gerard Kennedy, Lisa Sheenan agus Maria Woods – Samhain

## Ailt Phiarmheasúnaithe

### Ailt Irisleabhar

Bermingham, Colin, Dermot Coates, agus Derry O'Brien, "Estimating Commodity Substitution in the Irish Inflation Rate Statistics during the Financial Crisis," *Economic and Social Review,* 2016, 47 (3), 327--337.

Bover, Olympia, Jose Maria Casado, Sonia Costa, Philip Du Caju, Yvonne McCarthy, Eva Sierminska, Panagiota Tzamourina, Ernesto Villanueva, agus Tibor Zavadil, "The Distribution of Debt Across Euro

Area Countries: The Role of Individual Characteristics, Institutions and Credit Conditions,'' *International Journal of Central Banking*, 2016, 12 (2), 71--128.

Casey, Eddie agus Diarmaid Smyth, "Revisions to Macroeconomic Date: Ireland and the OECD,'' *Economics & Social Review*, 2016, 47 (1), 33--68.

Clancy, Daragh, Pascal Jacquinot, agus Matija Lozej, "Government expenditure composition and fiscal policy spillovers in small open economies within a monetary union,'' *Journal of Macroeconomics*, 2016, 48, 305--326.

Cronin, David agus Kieran McQuinn, "Credit Availability, Macroprudential Regulations, and the House Price-to-Rent Ratio,'' *Journal of Policy Modeling*, 2016, 38 (5), 971--984.

Cronin, David, Thomas Flavin, agus Lisa Sheehan, "Contagion in Eurozone Sovereign Bond Markets? The Good, the Bad and the Ugly,'' *Economics Letters*, 2016, 143, 5--8.

Evgenidis, Anastasios agus Costas Siriopoulos, "An Explanation of Spread's Ability to Predict Economic Activity: A Regime Switching Model,'' Journal of *Economic Studies*, 2016, 43 (3), 488--503.

Frisell, Lars, "Europe's Regulatory Treatment of Banks' Sovereign Exposures – How a Flawed Framework Was Put to Use in the Irish Financial Crisis," European *Economy*, 2016, 1, 105--117.

Gerlach, Stefan, Reamonn Lydon, agus Rebecca Stuart, "Unemployment and Inflation in Ireland: 1926-2012,'' *Cliometrica*, 2016, 10 (3), 345--364.

Kelly, Robert agus Fergal McCann, "Some defaults are deeper than others: Understanding long-term mortgage arrears,'' *Journal of Banking & Finance*, 2016, 72 (C), 15--27.

Kelly, Robert agus Terence O'Malley, "The good, the bad and the impaired: A credit risk model of the Irish mortgage market,'' *Journal of Financial Stability*, 2016, 22, 1--9.

Kenny, Oisin, Neill Killeen, agus Kitty Moloney, "Network analysis using EMIR credit default swap data: Micro-level evidence from Irish domiciled special purpose vehicles,'' *Bank for International Settlements Bulletin*, 2016, (41), 369--388.

Le Blanc, Julia, Alessandro Porpiglia, Federica Teppa, Junyi Zhu, agus Michael Ziegelmeyer, "Household Saving Behavior in the Euro Area,'' *International Journal of Central Banking*, 2016, 12 (2), 15--70.

Le Blanc, Julia agus Almuth Scholl, "Optimal Savings for Retirement: The Role of Individual Accounts,'' *Macroeconomic Dynamics*, 2016, 1--28.

McCarthy, Yvonne agus Kieran McQuinn, "Attenuation Bias, Recall Error and the Housing Wealth Effect,'' *Kyklos*, 2016, 69 (3), 492--517.

McQuinn, Kieran agus Diarmaid Smyth, "Assessing the sustainable nature of housing-related taxation receipts: the case of Ireland, '' *Journal of European Real Estate Research*, 2016, 9 (2), 193--214.

Moretti, Laura agus Toru Suzuki, "Strategic Transparency and Electoral Pressure,'' *Journal of Public Economic Theory*, 2016, 18 (4), 624--641.

## Le Foilsiú

Byrne, Stephen agus Martin O'Brien, "Understanding Irish Labour Force Participation,'' The *Economic and Social Review*.

Evgenidis, Anastasios, Tsaganos Athanasios, agus Costas Siriopoulos, "Towards an asymmetric long run equilibrium between stock market uncertainty and the yield spread. A threshold vector error correction approach,'' Research in *International Business and Finance*.

Fasianos, Apostolos, Diego Guevara, agus Christos Pierros, “Have we Been Here Before? Phases of Financialisation within the 20th Century in the US,'' *Review of Keynesian Economics*.

Fasianos, Apostolos, Hamid Raza, agus Stephen Kinsella, “Exploring the link between Household Debt and Income Inequality: An Asymmetric Approach,” Applied Economics Letters.

McCarthy, Yvonne agus Kieran McQuinn, “Credit Conditions in a Boom and Bust Property Market: Insights for Macroprudential Policy,'' Quarterly Review of Economics and Finance.

Rannenberg, Ansgar, “Bank Leverage Cycles and the External Finance Premium,'' Journal of Money Credit and Banking.

### Foilseacháin Staidrimh

Financial Statistics Summary Chart Pack

Money and Banking Statistics

Retail Interest Rates

Money Market Fund statistics

Trends in Private Household Credit and Deposits

Trends in Business Credit and Deposits

Consolidated Banking Statistics

Locational Banking Statistics

Residential Mortgage Arrears and Repossessions

Investment Funds Statistics

Financial Vehicle Corporation Statistics

Quarterly Financial Accounts

Securities Issues Statistics

Securities Holdings Statistics

Official External Reserves

Template on International Reserves

Mortgage Arrears Statistics

Credit and Debit Card Statistics

Triennial Survey of Foreign Exchange and Interest Rate Derivatives Market Activity in Ireland

### Páipéir Chomhairliúcháin 2016

Review of the Minimum Competency Code 2011 – Samhain

## Gluais

**ABSPP - An Clár Ceannaigh d'Urrúis Sócmhainn-bhunaithe** - Le ABSPP, cuirtear feabhas ar tharchur beartais airgeadaíochta, éascaítear soláthar creidmheasa do gheilleagar an limistéir euro agus gintear iarmhairtí dearfacha ar mhargaí eile.

**AIFMD - An Treoir maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartaí** - Is treoir AE í AIFMD lena bhféachtar le ciste fálaithe, cothromas príobháideach agus aon ghnólachtaí infheistíochta malartaí eile a shuíomh i gcreat rialála d'fhonn faireachán agus rialáil a dhéanamh ar a ngníomhaíocht.

**AML - Frithsciúradh Airgid** - D'fhonn sciúradh airgid a chomhrac, ceanglaíonn dlí na hÉireann agus an dlí Eorpach ar ghnólachtaí airgeadais a áirithiú go bhfuil faisnéis acu maidir lena gcustaimeirí agus beartais agus nósanna imeachta AML a fhorbairt agus a chothabháil.

**APP - An Clár Ceannaigh do Shócmhainní** - An clár ceannaigh faoina gceannaítear urrúis na hearnála príobháidí agus urrúis na hearnála poiblí chun dul i ngleic leis an riosca go mbeidh tréimhse fhadaithe ann de bhoilsciú íseal.

**ASP - An Nós Imeachta um Smachtbhannaí Riaracháin** - I gcás ina mbeidh imní ann go bhfuil sárú forordaithe á dhéanamh nó go bhfuil sárú forordaithe déanta, féadfaidh an Banc Ceannais imscrúdú a sheoladh. Leis an Nós Imeachta um Smachtbhannaí Riaracháin, foráiltear go bhféadfar an ní a réiteach, tráth ar bith sula dtabharfar an fiosrúchán chun críche, trí chomhaontú socraíochta a dhéanamh.

**BCE - An Banc Ceannais Eorpach** - Is banc ceannais an Eurochórais é an BCE.

**BERS** - **An Bord Eorpach um Riosca Sistéamach** - Déanann BERS formhaoirseacht ar chóras airgeadais an Aontais Eorpaigh (AE) d'fhonn riosca sistéamach a chosc agus a mhaolú.

**BIFR - Ciste Réitigh do Bhainc agus do Ghnólachtaí Infheistíochta** - Is é is cuspóir don BIFR a áirithiú go ndéanfar na huirlisí agus cumhachtaí réitigh atá sna rialacháin a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Baineann an BIFR agus an ceanglas chun ranníocaíochtaí a dhéanamh leis an BIFR leis na bainc go léir atá údaraithe sa Stát mar aon le gnólachtaí infheistíochta a thagann faoi raon feidhme Rialacháin 2015.

**BIS - An Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta** - Is institiúid airgeadais idirnáisiúnta é an Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta atá ar úinéireacht ag bainc cheannais agus a chothaíonn comhar idirnáisiúnta airgeadaíochta agus airgeadais agus a bhíonn ag fónamh mar bhanc do bhainc cheannais.

**BRA - An Bord Réitigh Aonair** - Is comhlacht cinnteoireachta é an BRA a bhfuil de fhreagracht air a áirithiú go nglactar cinntí réitigh sna Ballstáit rannpháirteacha ar mhodh comhordaithe, éifeachtach.

**BRRD - An Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach Banc** - Leis an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach Banc (BRRD), bunaítear cur chuige comónta laistigh den Aontas Eorpach (AE) maidir le téarnamh agus réiteach banc agus gnólachtaí infheistíochta.

**CAI - An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta** -Is eagraíocht idirnáisiúnta é an CAI a bhíonn á rialú ag 189 ballstát agus atá cuntasach do 189 ballstát.

**CBMB - Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht** - Le Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht cuirtear fóram ar fáil do chomhoibriú rialta faoi chúrsaí a bhaineann le maoirseacht ar bhaincéireacht. Is é is cuspóir dó tuiscint a fheabhsú ar shaincheisteanna tábhachtacha maoirseachta agus feabhas a chur ar cháilíocht na maoirseachta ar bhaincéireacht ar fud an domhain.

**CBPP3 - An Clár Ceannaithe do Bhannaí faoi Chumhdach** - Ceannaíonn an tEurochóras bannaí faoi chumhdach faoin tríú clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach (CBPP3). Leis an mbeart seo,

cuirtear feabhas ar fheidhmiú an tsásra tarchuir don bheartais airgeadaíochta, rud a thacaíonn le dálaí maoiniúchain sa limistéar euro, a éascaíonn soláthar creidmheasa chuig an bhfíorgheilleagar agus a ghineann iarmhairtí dearfach ar mhargaí eile.

**CCR - An Príomh-Chlár Creidmheasa -** Is bunachar sonraí éigeantach náisiúnta é an Clár ina mbeidh faisnéis chreidmheasa agus a bheidh á chothabháil agus á oibriú ag an mBanc Ceannais, i gcomhréir le forálacha an Achta um Thuairisciú Creidmheasa 2013.

**CCyB - An Cúlchiste Fritimthriallach** - Is ceanglas caipitil fritimthriallach um athrú ama é an Cúlchiste Fritimthriallach a mbíonn feidhm aige le bainc agus gnólachtaí infheistíochta lena mbaineann. Tá sé ceaptha an córas baincéireachta a neartú agus comhchiogalacht an chórais baincéireachta a laghdú. Go bunúsach, méadóidh sé ceanglas caipitil na mbanc nuair a bheidh an fás creidmheasa “iomarcach”.

**CEBC - An Córas Eorpach Banc Ceannais** - Cuimsíonn an CEBC an BCE agus bainc cheannais náisiúnta (BCNanna) Bhallstáit uile AE is cuma an bhfuil an euro glactha acu nó nach bhfuil.

**CGA - Coinnithe go dtí Aibíocht** - Is ionann infheistíocht a choinnítear go dtí aibíocht agus infheistíocht a dhéanann cuideachta a bhfuil sé beartaithe aici í a choinneáil go dtí go n-aibeoidh sí.

**CIRM - An Cód Iompair um Riaráistí Morgáistí** - Sa chód seo, leagtar amach an creat nach mór d’iasachtóirí a úsáid nuair a bheidh siad ag déileáil le hiasachtaithe a mbeidh riaráistí morgáiste nó réamh-riaráistí acu.

**CMA - Corparáid um Meáin Airgeadais** - Is eintiteas dlíthiúil é (cuideachta theoranta, de ghnáth, nó uaireanta comhpháirtíocht teoranta, a cruthaíodh chun cuspóirí caola, sonracha nó sealadacha a chomhlíonadh). De ghnáth, baineann cuideachtaí úsáid as CMAanna chun an gnólacht a scaradh amach ó riosca airgeadais.

**CMR - Clár um Maolú Riosca** - Doiciméad arna ullmhú ag an institiúid chun rioscaí a thuar, iarmhairtí a mheas agus freagairtí ar shaincheisteanna a shainiú.

**COSMO** - **Croíshamhail struchtúrach** - Is samhail maicreacnaiméadrachta é COSMO atá ceaptha réamhaisnéisiú agus anailís beartais a dhéanamh ar gheilleagar na hÉireann.

**CPOR - An Tuarascáil Ionchais um Chosaint Tomhaltóirí** - Sa Tuarascáil Ionchais um Chosaint Tomhaltóirí, leagtar amach tosaíochtaí an Bhainc Ceannais maidir le cosaint tomhaltóirí agus leagtar béim ar rioscaí tomhaltóirí nach mór do bhoird agus d’ardbhainistíocht na ngnólachtaí go léir a bhreithniú go hiomlán.

**CPRA - Measúnú Riosca do Chosaint Tomhaltóirí** - Tugadh an sásra maoirseachta seo isteach le linn 2016 chun go mbeifí in ann tástáil agus faireachán níos fearr a dhéanamh ar dhul chun cinn gnólachtaí i ndáil le creataí bainistíochta riosca a bheidh oiriúnach don fheidhm a leabú i dtaca le cosaint tomhaltóirí.

**CRA - An Ciste Réitigh Aonair** - Féadfar úsáid a bhaint as as CRA chun cur i bhfeidhm éifeachtúil uirlisi réitigh a áirithiú agus chun cumhachtaí réitigh arna dtabhairt do BRA faoi Rialachán SRA a fheidhmiú.

**CSDR - An Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús** - Leis an CSDR, féachtar le gnéithe áirithe de thimthriall socraíochta urrús a chomhchuibhiú agus le ceanglais chomónta a chur ar fáil do thaisclanna lárnacha urrús (TLUanna) atá ag feidhmiú san AE.

**CSPP - Clár Ceannaigh na hEarnála Corparáidí** - Comhpháirt bhreise den Chlár Ceannaigh do Shócmhainní. Le CSPP, neartaítear traschur na gceannachán sócmhainní ag an Eurochóras chuig

dálaí maoiniúcháin an fhíorgheilleagair agus, i gcomhar leis na bearta eile neamhchaighdeánacha beartais airgeadaíochta atá i bhfeidhm, éascaítear in-chomhfhoirmeacht bhreise maidir le beartas airgeadaíochta.

**CST - Cearta Speisialta Tarraingthe** - Is culsócmhainn idirnáisiúnta é CST arna cruthú ag an CAI in 1969 chun cúchistí oifigiúla ballstát a fhorlíonadh.

**DSGE - Cothromaíocht Ghinearálta Stocastach Dhinimiciúil** - Le modheolaíocht DSGE, féachtar le míniú a thabhairt ar fheiniméin eacnamaíocha chomhiomlána, amhail fás eacnamaíoch, timthriallta gnó, agus éifeachtaí beartais airgeadaíochta agus fhioscacha, ar bhonn samhlacha maicreacnamaíocha arna ndíorthú ó phrionsabail mhicreacnamaíocha.

**EFSF - An tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais** - Is aonán sainchuspóireach é an EFSF arna maoiniú ag ballstáit an limistéir euro chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim fiachais cheannasaigh san Eoraip.

**EFSM - An Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais** - Is clár maoiniúcháin éigeandála é an EFSM a bhíonn ag brath ar chistí a fhaightear ar na margaí airgeadais agus a ráthaítear ag an gComiisiún Eorpach trí úsáid a bhaint as buiséad an Aontais Eorpaigh mar chomhthaobhacht.

**EMIR - An Rialachán maidir le Bonneagar na Margaí Eorpacha** – Is ionann EMIR agus reachtaíocht Eorpach do rialáil díorthach thar an gcuntar. Bhunaigh sé rialacha comónta do chontrapháirtithe lárnacha agus do thaisclanna trádála.

**EONIA - An Meáninnéacs Euro Thar Oíche** - Is ionann é seo agus tomhas ar an ráta úis éifeachtach i margadh idirbhainc euro thar oíche.

**ES2 - Nótaí Bainc Shraith Europa 2** - An dara sraith de nótaí bainc euro ina bhfuil gnéithe feabhsaithe slándála.

**ESMA - An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí** - Is Údarás neamhspleách AE é ESMA a rannchuidíonn le cobhsaíocht chóras airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint trí chosaint infheisteoirí a fheabhsú agus trí mhargaí airgeadais cobhsaí, rianúla a áirithiú.

**ESRI - An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta** - Is ionann an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus foinse neamhspleách na hÉireann maidir le fianaise i leith beartais.

**FATF - An Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais** - Leagann sé síos caighdeáin agus cuireann sé cur chun feidhme éifeachtach beart dlí, rialála agus oibríochtúil chun sciúradh airgid, maoiniú sceimhlitheoireachta agus bagairtí gaolmhara do shláine an chórais airgeadais idirnáisiúnta a chomhrac.

**FEMPI - Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail** -Tá reachtaíocht FEMPI mar bhonn do na laghduithe éagsúla pá agus pinsean sa tseirbhís phoiblú ó 2009 i leith.

**FOI - Saoráil Faisnéise** -Tháinig an Banc faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 (FOI) an 14 Aibreán 2015.

**FSAP - Clár Measúnaithe ar Earnáil Airgeadais na hÉireann** -Tá cuspóir dúbailte ag measúnaithe FSAP; eadhon chun cobhsaíocht agus fóntacht na hearnála airgeadais a thomhas agus chun measúnú a dhéanamh ar an méid a chuirfidh le fás agus forbairt.

**FSC - An Coiste um Chobhsaíocht Airgeadais** -Déanann an Coiste um Chobhsaíocht Airgeadais comhordú agus measúnú ar shaincheisteanna airgeadais agus tugann sé comhairle don Ghobharnóir sa cháil sin maidir le hÉirinn agus leis an limistéar euro.

**FSSA - Measúnú ar Chobhsaíocht an Chórais Airgeadais** - I FSSAanna, déantar anailís ar stóinseacht na hearnála airgeadais, ar cháilíocht an chreata rialála agus maoirseachta agus ar an gcumas chun géarchéimeanna a bhainistiú agus a réiteach.

**GAT - An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe** - Cuireann GAT maoiniúnchán iasachta ar fáil d'údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí deonacha tithíochta chun críocha tithíochta agus chun críoch gaolmhar.

**GBCN - Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta** - Cuireann an NTMA raon seirbhísí um bainistíocht sócmhainní agus dliteanas ar fáil don Rialtas.

**ICPT - An tInnéacs Comhchuibhithe ar Phraghsanna do Thomhaltóirí** - Is ionann ICPT agus táscaire maidir le boilsiú agus cobhsaíocht praghsanna don BCE. Is innéacs ar phraghsanna do thomhaltóirí é a thiomsaítear i gcomhréir le modheolaíocht atá comhchuibhithe ar fud thíortha AE.

**IOSCO - An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrúis** - Is é seo an comhlacht idirnáisiúnta a thugann le chéile rialtóirí urrús an domhain agus tá aitheantas aige mar an gcomhlacht a leagann síos caighdeáin d'earnáil na n-urrús.

**IPCC - Cuideachta Imréitigh Íocpháipéir na hÉireann** - Is é an IPCC a dhéanann ionstraimí páipéir (i.e. Seiceanna, aistrithe creidmheasa) a imréiteach agus tá sé mar chuid den chóras náisiúnta imréitigh d'íocaíochtaí miondíola.

**LSIanna – Institiúidí ar lú a Suntas** – Tiocfaidh Institiúidí ar lú a Suntas faoi mhaoirseacht dhíreach na nÚdarás Inniúil Náisiúnta.

**NRA - An tÚdarás Réitigh Náisiúnta** - Is é Banc Ceannais na hÉireann údarás réitigh náisiúnta na hÉireann agus i gcomhar leis an mBord Réitigh Aonair déanann sé faireachán ar institiúidí airgeadais Eorpacha.

**OASF - Oibríochtaí Athmhaoinithe Spriocdhírithe Fadtéarmacha** - Is ionann OASFanna agus oibríochtaí an Eurochórais lena soláthraítear maoiniúchán d'institiúidí creidmheasa ar feadh tréimhsí suas go ceithre bliana.

**OTI - Olltáirgeacht Intíre** - Is ionann OTI agus tomhas ar aschur iomlán tíre in earraí agus i seirbhísí thar thréimhse ar leith.

**OTN** - **Olltáirgeacht Náisiúnta** - Is staidreamh eacnamaíoch í OTN atá comhionann le OTI móide aon ioncam arna thuilleamh ag cónaitheoirí ar infheistíochtaí thar lear lúide ioncam arna thuilleamh ag cónaitheoirí thar lear sa gheilleagar intíre.

**PRR - Painéil Rialachais Riosca** - Painéil dírithe ar ghnólachtaí lena dtugtar le chéile comhaltaí foirne sinsearacha agus comhairleoirí lasmuigh den tsraith ceannais chun scrúdú a dhéanamh ar straitéis, ar bhreithiúnais foirne maoirseachta agus ar CMR do ghnólacht ar leith.

**RCU - Clárlann na gComhar Creidmheasa** - Tá Clárlann na gComhar Creidmheasa (RCU) freagrach as rialáil agus maoirseacht a dhéanamh ar chomhair chreidmheasa.

**SAM - An Sásra Aonair Maoirseachta** - Tagraíonn an Sásra Aonair Maoirseachta (SAM) don chóras um maoirseacht ar bhaincéireacht san Eoraip. Cuimsíonn sé an BCE agus údaráis maoirseachta náisiúnta na dtíortha rannpháirteacha.

**SRT - An Scéim Ráthaíochta Taiscí** - Leis an SRT, cosnaítear taisceoirí i gcás nach mbeidh banc, cumann foirgníochta nó comhar creidmheasa arna údarú ag an mBanc ábalta taiscí a aisíoc.

**ÚEÁPC - An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde** - Bunaíodh ÚEÁPC chun tacú le cobhsaíocht an chórais airgeadais, le trédhearcacht margaí agus táirgí airgeadais mar aon le cosaint tomhaltóirí, comhaltaí scéime pinsin agus tairbhithe.

**ÚME - Na hÚdaráis Maoirseachta Eorpacha** - Bíonn na hÚdaráis seo ag obair le chéile i líonra agus bíonn rannpháirtíocht acu le húdaráis maoirseachta náisiúnta chun fóntacht airgeadais na n-institiúidí airgeadais a áirithiú agus chun úsáideoirí seirbhísí airgeadais a chosaint.

# Cuid 2
## Oibríochtaí Airgeadais

# Torthaí Airgeadais don bhliain 2016

### An Comhthéacs

I gclár comhardaithe an Bhainc, léirítear an raon leathan beart atá glactha ag an mBanc le blianta beaga anuas mar fhreagairt ar an ngéarchéim airgeadais agus fiachais cheannasaigh. Tá na gníomhaíochtaí sin ag teacht le sainordú intíre agus Eurochórais an Bhainc chun rannchuidiú le cobhsaíocht an chórais airgeadais agus chun cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun agus bhí tionchar suntasach acu ar thorthaí airgeadais an Bhainc thar an tréimhse seo.

Ar na príomhfhorbairtí eile, áirítear an méid seo a leanas:

» leanadh le bearta breise neamhchaighdeánacha beartais airgeadaíochta tríd an gClár Ceannaigh Leathnaithe do Shócmhainní (lena gcuimsítear ceannach bannaí faoi chumhdach, ceannach urrús sócmhainn-bhunaithe, ceannach urrúis na hearnála corparáidí agus ceannach urrúis na hearnála poiblí arna n-eisiúint ag rialtais láir, bardais, gníomhaireachtaí agus ag institiúidí fornáisiúnta). An clár ceannaigh seo, inarb ionann na ceannacháin mhíosúla agus €80 billiún ar fud an limstéir euro go dtí deireadh mhí an Mhárta 2017 agus €60 billiún ina dhiaidh sin, meastar go mbeidh sé ar bun go dtí mí na Nollag 2017 nó go dtí go mbeidh coigeartú marthanach ar threo an bhoilscithe i gcomhréir leis an gcuspóir chun rátaí boilscithe san Eurochóras a choinneáil gar do 2 faoin gcéad ach faoina bhun thar an meántéarma;

» laghdaíodh sealúchais an Bhainc sa Phunann Speisialta, ar sealúchais iad a d'eascair as leachtú Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc (IBRC). Le linn 2016, d'fhuascail an GBCN sealúchais ainmniúla €3 billiún de Nótaí Rátaí Comhlúthacha (NRCanna);

» laghdaíodh punann infheistíochta an Bhainc mar chuid de Chomhaontú an Eurochórais ar Ghlansócmhainní Airgeadais (ANFA). Is comhaontú é ANFA idir na Bainc Cheannais Náisiúnta (BCNanna) sa limistéar euro agus an Banc Ceannais Eorpach (BCE), arb iad le chéile a dhéanann suas an tEurochóras. Leis an gcomhaontú seo, socraítear rialacha agus teorainneacha do shealúchais sócmhainní airgeadais a bhaineann le cúraimí náisiúnta na BCNanna;[1]

» tugadh isteach sraith nua d'oibríochtaí athmhaoinithe spriocdhírithe fadtéarmacha (TLTRO II) a fhéachann le seasamh in-chomhfhoirmeach an BCE maidir le beartas airgeadaíochta a neartú agus le hiasachtú nua a spreagadh;

» leanadh leis an gcur chuige de "lán-chionroinnt ar ráta socraithe" ar leibhéal an Eurochórais d'fhonn tacú le soláthar leachtachta agus le hiasachtú bainc sa limistéar euro; agus

» lean an tEurochóras d'urrúis arna gceannach faoi Chlár na Margaí Urrús (CMU) agus faoi na Cláir Cheannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (CCBCanna) a choinneáil. Is é is aidhm do na cláir seo doimhneacht agus leachtacht i ndeighleoga mífheidhmiúla de mhargaí fiachurrús an limistéir euro a áirithiú agus sásra tarchuir iomchuí don bheartas airgeadaíochta a athbhunú.

Féadfaidh go méadóidh neamhchosaint an Bhainc ar riosca le linn 2017, rud a fhreagraíonn do chur chun feidhme leanúnach Chlár Ceannaigh Leathnaithe an Eurochórais do Shócmhainní. Faoi Threoirlíne BCE, ceadaítear do na Bainc Cheannais soláthair a chruthú do riosca malairte eachtraí, riosca ráta úis, riosca creidmheasa agus riosca phraghas an óir. I gcomhréir leis an Treoirlíne seo, agus chun go mbeifear i gcomhréir le cleachtais Banc Ceannais Naisiúnta eile, áirítear soláthar €165 milliún sna cuntais in 2016 i leith riosca ráta úis.

Tá brabúis an Bhainc ag leibhéal ard i gcónaí, rud atá inchurtha go príomha don Phunann Speisialta a d'eascair as leachtú IBRC. Leanann an phunann sin de bheith ag cur go suntasach le brabúis i bhfoirm ioncaim úis agus gnóthachan ó dhiúscairtí páirteacha leanúnacha. Níl aon athrú ar an mbeartas diúscartha don phunann seo agus tá sé beartaithe sealúchais a dhiúscairt a luaithe is féidir ar choinníoll go n-éascóidh na dálaí cobhsaíochta airgeadais déanamh amhlaidh. Tá sé curtha in iúl

1 Le haghaidh tuilleadh sonraí maidir le Comhaontú an Eurochórais ar Ghlansócmhainní Airgeadais, féach suíomh gréasáin an Bhainc ar www.centralbank.ie/mpolbo/assetman/Pages/introduction.aspx agus suíomh gréasáin an BCE ar www.ecb.europa.eu/explainers/tell-me-more/html/anfa_qa.en.html

ag an mBanc go ndíolfaidh sé íosmhéid de na hurrúis sin i gcomhréir leis an sceideal seo a leanas: 2016-2018 (€0.5 billiún in aghaidh na bliana), 2019-2023 (€1 billiún in aghaidh na bliana), agus ó 2024 ar aghaidh (€2 billiún in aghaidh na bliana go dtí go mbeidh na bannaí go léir díolta).

### Torthaí Airgeadais

B'ionann an brabús don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2016 agus €2,294.9 milliún, is é sin méadú dó faoin gcéad (€48.8 milliún), i gcomparáid leis an méid comhréireach in 2015 arbh ionann é agus €2,246.1 milliún.

In 2016, tháinig méadú €286.9 milliún ar ghnóthachain réadaithe ar dhíolacháin urrús arna sealbhú sa Phunann Speisialta. Rinneadh é seo a fhritháireamh trí sholáthar €165 milliún a thabhairt isteach i leith ráta úis, i gcodarsnacht le scaoileadh €86.8 milliún ó sholáthairtí in 2015. Ina theannta sin, tháinig laghdú €48.5 milliún ar ghlanioncam úis arna spreagadh ag sealúchais ní b'ísle i dtimpeallacht rátaí ísle úis.

### Ioncam Úis

B'ionann agus €1,186.1 million an t-ioncam úis, is é sin le rá gur tháinig laghdú €35.8 milliún air i gcomparáid le 2015 inarbh ionann é agus €1,221.9 milliún.

Bhí an laghdú sin inchurtha go príomha d'ús i bhfad ní b'ísle arna thuilleamh ar urrúis arna sealbhú i bPunann Speisialta an Bhainc (2016: €552.2 milliún, 2015: €668.6 milliún) de thoradh meascáin de mheán-iarmhéideanna ní b'ísle mar aon le meánrátaí úis ní b'ísle.

Tá an laghdú ar ioncam ó oibríochtaí beartais airgeadaíochta (2016: €0.1 milliún, 2015: €11.6 milliún) inchurtha do líon níos ísle iasachtaí chuig institiúidí creidmheasa, d'ísliú ar mheánráta[2] tairisceana BCE agus d'úschostas arna eascairt as oibríochtaí TLTRO II.

Tháinig méadú €44.2 milliún ar ioncam arna thuilleamh ar urrúis a bhí ar seilbh chun críocha beartais airgeadaiochta in 2016 go dtí €204.9 milliún (2015: €160.7 milliún) rud a léiríonn an méadú ar mheánsealúchais de thoradh ceannachán faoi Chlár Ceannaigh Leathnaithe an Eurochórais do Shócmhainní.

Thuill an Banc ioncam úis arbh ionann é agus €43.3 milliún ar thaiscí Rialtais (2015: €19.7 milliún) agus €47.8 milliún ar thaiscí institiúidí creidmheasa (2015: €6.8 milliún) le linn 2016.

### Úschostas

B'ionann an t-úschostas agus €27.1 milliún, is é sin méadú €12.8 milliún sa bhliain. Tá príomhspreagadh an athraithe sin inchurtha d'úschostas ar urrúis arna n-aicmiú mar MÓM €9.5 milliún, rud a léiríonn timpeallacht torthaí diúltacha fad a rinneadh an méid comhréireach do 2015 a thaifeadadh mar ioncam úis.

### Glantoradh Oibríochtaí Airgeadais, Díluachálacha agus Soláthairtí

B'ionann glantoradh oibríochtaí airgeadais, díluachálacha agus soláthairtí in 2016 agus gnóthachan €1,254.0 milliún i gcomparáid le gnóthachan €1,183.6 milliún in 2015. B'ionann gnóthachain réadaithe ar phunann infheistíochta an Bhainc agus €1,372.6 milliún (2015: €1,097.6 milliún) agus léiríonn siad go príomha gnóthachain réadaithe de €1,359.4 milliún ar dhíolacháin pháirteacha na Punainne Speisialta. Tháinig laghdú €0.6 milliún ar chaillteanais praghais neamhréadaithe ag deireadh 2016 ó tharla nach raibh aon chaillteanais neamhréadaithe ar bhannaí GNBS in 2016 (2015: €0.5 milliún).

Freagraíonn táille soláthair de €145.7 milliún in 2016 do chruthú sholáthar €165 milliún (2015: nialas) i leith riosca malairte eachtraí, riosca ráta úis, riosca creidmheasa agus phraghas an óir agus do scaoileadh na coda sin den soláthar i leith rioscaí a bhaineann le hurrúis arna sealbhú chun críocha

2 Tháinig laghdú ar íosráta tairisceana príomhúil an BCE ó 0.05 faoin gcéad ar an meán in 2015 go dtí 0.00 faoin gcéad in 2016.

beartais airgeadaíochta aguus infheistíochta arbh ionann í agus €20 milliún (2015: Scaoileadh soláthair €70 milliún).

### Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta

D'eascair glanioncam €2.5 milliún as glantoradh chomhthiomsú ioncaim airgeadaíochta an Eurochórais in 2016, i gcomparáid le glanmhuirear €1.6 milliún in 2015 tar éis ioncam airgeadaíochta iomlán an Eurochórais a dháileadh ar BCNanna i gcomhréir lena scaireanna scála caipitil faoi seach.

### Caiteachais Oibríochtúla

Tugtar anailís mhionsonraithe ar chostais oibríochtúla an Bhainc i Nóta 9 a ghabhann leis an Ráiteas Cuntas.

Le blianta beaga anuas, lean an Banc d'infheistíocht a dhéanamh chun a chuid acmhainní agus a chumas féin a neartú, lena n-áirítear athbhreithniú ar riachtanais na foirne agus ar infheistíocht i gcórais nua, rud a léirítear sna caiteachais oibríochtúla iomlána do 2016 arbh ionann iad agus €233.4 milliún (2015: €230.3 milliún). Cuimsítear sna caiteachais sin, pá, neamhphá, amhábhair nótaí bainc agus costais dímheasa.

Tháinig laghdú €2.8 milliún (1.9 faoin gcéad) ar chostais foirne, lena n-áirítear pá. Rinneadh costais ní b'airde tuarastail, ar costais iad a fhreagraíonn do líon méadaithe foirne, a fhritháireamh le costais laghdaithe pinsin ab inchurtha do rátaí lascaine ní b'ísle in 2016.

Tháinig méadú €5.8 milliún (8.2 faoin gcéad) ar chaiteachais oibríochtúla eile agus ar chaiteachais ar amhábhair nótaí bainc. B'ionann muirir dhímheasa agus €10.8 milliún (2015: €10.6 milliún).

Tar éis aistrithe chuig cúlchistí agus coigeartuithe a bhain le glanchaillteanais achtúireacha ar scéim pinsin an Bhainc a chur i gcuntas, mar a cheanglaítear faoi FRS 102, b'ionann Barrachas Ioncaim an Bhainc agus €1,836.2 milliún (2015: €1,795.2 milliún), atá iníoctha leis an Státchiste.

### Forbairtí ar an gClár Comhardaithe

B'ionann agus €82.8 billiún sócmhainní/dliteanais iomlána an chláir chomhardaithe amhail ar an 31 Nollaig 2016, is é sin méadú €5.6 billiún (7.2 faoin gcéad) ar an iarmhéid comhréireach ag deireadh 2015 (€77.2 billiún).

### Sócmhainní

Freagraíonn méadú €11.3 billiún ar urrúis arna sealbhú chun críocha Beartais Airgeadaíochta do cheannacháin leanúnacha faoin gClár Ceannaigh Leathanithe do Shócmhainní.

Rinneadh an méadú sin a fhritháireamh le laghdú €3.3 billiún ar réamhíocaíochtaí beartais airgeadaíochta agus le díolacháin pháirteacha €3.1 billiún a bhain le sócmhainní a fuarthas i ndiaidh leachtú IBRC (an Phunann Speisialta).

### Dliteanais

Tháinig méadú €9.2 billiún ar thaiscí Institiúidí Creidmheasa (bainc thráchtála) in 2016. Fritháiríodh é sin le méadú ar thaiscí Rialtais arbh ionann é agus €3.3 billiún agus le laghdú ar ghlandliteanais in-Eurochórais arbh ionann é agus €1.5 billiún.

### Fuascailt nótaí puint Éireannacha

Nótaí puint Éireannacha arna n-eisiúint ag an mBanc, stad siad de bheith ina nótaí dlíthairgthe le héifeacht ón 9 Feabhra 2002. Ó shin i leith, tá soláthar á chothabháil ag an mBanc i leith nótaí puint IEP atá fós amuigh agus fuasclaíodh €1.3 milliún as an soláthar sin in 2016 (2015: €1.4 milliún), a d'fhág go raibh €227.1 milliún i nótaí puint Éireannacha fós amuigh ag deireadh 2016 (2015: €228.4 milliún) agus iarmhéid €7.4 milliún sa soláthar ag deireadh na bliana.

### Fáltais Monaí

Le linn 2016, b'ionann glanluach na monaí euro arna n-eisiúint agus €6 milliún (2015: €7.7 milliún), rud a fhreagraíonn do laghdú ar éileamh ón bpobal. Tar éis caiteachais a bhain le táirgeadh monaí a asbhaint, íocadh glanfháltais €4.7 milliún leis an Státchiste (2015: €7.1 milliún). Leanann an Banc de mhonaí Éireannacha arna n-eisiúint sular tugadh an euro isteach i mí Eanáir 2002 a fhuascailt. In 2016, b'ionann agus €0.2 milliún na monaí Éireannacha a fuasclaíodh (2015: €0.2 milliún). Áirítear na sonraí iomlána i Nóta 25 den Ráiteas Cuntas.

### Íoc Pras Cuntas 2016

Tá oibleagáid ar an mBanc déanamh de réir fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 (I.R. Uimh. 580 de 2002), lena bhforáiltear go mbeidh ús pionóis le híoc mura bhfreastalófar ar íocaíochtaí le haghaidh idirbheart tráchtála laistigh de 30 lá, mura sonrófar a mhalairt i gconradh nó i gcomhaontú.

Is í seo a leanas achoimre ar íocaíochtaí úis arna ndéanamh le soláthraithe le linn 2016, mar aon le figiúirí comhréireacha don bhliain 2015.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| Líon iomlán na nÍocaíochtaí Déanacha | 143 | 81 |
| Luach iomlán na nÍocaíochtaí Déanacha go léir (A) | €2,366,113 | €2,690,000 |
| Luach iomlán na nÍocaíochtaí go léir (B) | €162,031,768 | €199,417,000 |
| A mar % de B | 1.46% | 1.35% |
| Méid iomlán an Úis arna íoc ar Íocaíochtaí Déanacha | €20,485 | €21,000 |

# Ráiteas Cuntas

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

Arna chur faoi bhráid Dháil Éireann de bhun alt 32J *d'Acht an Bhainc Cheannais* 1942 (arna leasú).

## Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Choimisiúin

Cuimsítear na príomhfhorálacha reachtúla maidir le ról agus dualgais Chomhaltaí an Choimisiúin i gCuid III d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú). Anuas air sin, faoi Alt 32J d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú), tá an Banc freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil. Cuimsíonn an fhreagracht seo Ráiteas Cuntas a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste laistigh de shé mhí ó dheireadh gach bliana airgeadais mar aon le hiniúchóirí seachtracha a cheapadh mar a cheanglaítear le hAirteagal 27 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (an CEBC) agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

Tá freagracht fhoriomlán ar Choimisiún an Bhainc Ceannais (an Coimisiún) as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais sa Bhanc, arb é is aidhm dó sócmhainní an Bhainc a chosaint agus calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá struchtúr eagraíochtúil iomchuí bunaithe ag an gCoimisiún chun an fhreagracht seo a chomhall. Chuige seo, tagann an Coiste Iniúchóireachta agus na hIniúchóirí Inmheánacha agus Seachtracha agus comhaltaí de Lucht Bainistíochta an Bhainc le chéile ar bhonn tréimhsiúil chun saincheisteanna maidir le rialú, tuairisciú airgeadais agus nithe gaolmhara a phlé. Bíonn rochtain iomlán ag na hIniúchóirí Inmheánacha agus Seachtracha ar an gCoiste Iniúchóireachta.

Tá an Coimisiún sásta gur cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach Treoirlínte Cuntasaíochta CEBC agus, i gcás ina raibh na Treoirlínte sin tostach, na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn - Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 (FRS 102) agus na forálacha reachtúla is infheidhme maidir leis an mBanc, agus tá an Coimisiún sásta go bhfuil breithiúnais agus meastacháin réasúnta, stuama mar thaca leo.

De réir mar is eol don Choimisiún, níl aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta ann nach bhfuil iniúchóirí an Bhainc ar an eolas fúithi. Tá gach beart glactha ag an gCoimisiún chun é féin a chur ar an eolas maidir le haon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta agus chun a shuíomh go raibh iniúchóirí reachtúla an Bhainc ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

**Philip R. Lane**
**An Gobharnóir**

**Patricia Byron**
**Comhalta den Choimisiún**

14 Márta 2017

## Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Aithníonn an Coimisiún go bhfuil sé freagrach as córas an Bhainc um rialuithe inmheánacha airgeadais. Ní féidir le córas den sórt sin ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil taifid chuí chuntasaíochta á gcothabháil agus go bhfuil earráidí ábhartha á seachaint.

**Timpeallacht Rialaithe**

Tá na feidhmeanna reachtúla seo a leanas ag an gCoimisiún: gnóthaí agus gníomhaíochtaí an Bhainc a bhainistiú agus a rialú; a áirithiú go ndéanfar na feidhmeanna rialála airgeadais agus baincéireachta ceannais de chuid an Bhainc a chomhordú agus a chomhtháthú; agus a áirithiú go bhfeidhmeofar agus go gcomhlíonfar go cuí na cumhachtaí agus na feidhmeanna reachtúla a thugtar don Bhanc. Ina theannta sin, tá téarmaí tagartha dá chuid féin glactha ag an gCoimisiún ina leagtar amach an chaoi is fearr inar féidir na freagrachtaí sin a bhaint amach.

Le hAcht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú), foráiltear go bhféadfaidh an Coimisiún aon cheann de na feidhmeanna reachtúla a tharmligean chuig an nGobharnóir, chuig an Leas-Ghobharnóir nó chuig fostaí de chuid an Bhainc. Ar mhaithe le bainistiú éifeachtach, éifeachtúil an Bhainc agus le feidhmiú a chumhachtaí agus a fheidhmeanna, déantar feidhmiú fhormhór fheidhmeanna agus chumhachtaí reachtúla an Bhainc a tharmligean chuig comhaltaí bainistíochta an Choimisiúin. I gcás ina dtarmligtear feidhmeanna amhlaidh, is é nó is í an comhalta bainistíochta sin a bheidh freagrach nó cuntasach as feidhmiú na bhfeidhmeanna sin. Ar a shon sin, déanann an Coimisiún, trí bhíthin a thrí choiste go minic (an Coiste Iniúchóireachta, an Coiste Buiséid & Luacha Saothair, agus an Coiste Riosca), faireachán agus athbhreithniú ar fheidhmíocht comhaltaí bainistíochta le linn dóibh na feidhmeanna agus cumhachtaí sin a fheidhmiú agus déanann sé scrúdú ar rialuithe inmheánacha an Bhainc freisin.

Is iad seo a leanas príomhghnéithe chóras an Bhainc um rialuithe inmheánacha airgeadais:

(i) Struchtúr eagraíochta agus coiste a shainmhínítear go soiléir agus atá ailínithe go dlúth le príomhfheidhmeanna an Bhainc;

(ii) Córas cuimsitheach faisnéise airgeadais agus bainistithe buiséid, ina gcuimsítear tuairisciú rialta don Choimisiún maidir le gnéithe éagsúla de chreat caiteachais an Bhainc;

(iii) Creataí cuimsitheacha do bhainistíocht riosca lena n-áirítear riosca oibríochtúil agus bainistíocht teagmhas ar fud na heagraíochta, bainistíocht riosca airgeadais a bhaineann le sócmhainní infheistíochta an Bhainc agus oibríochtaí beartais airgeadaíochta agus bainistíocht fhoriomlán an chláir chomhardaithe;

(iv) Creat lena n-áiritheofar cumas an Bhainc chun freagairt do theagmhas leanúnachais gnó ar mhodh tráthúil agus chun gníomhaíochtaí ríthábhachtacha a chothabháil ag an am céanna;

(v) Creat sainithe rialachais ina gcuimsítear nósanna imeachta maidir le bainistíocht tionscadal agus beartú tosaíochta infheistíochta;

(vi) Beartas calaoise a dhéileálann le bainistíocht calaoise agus le himscrúduithe, agus ina leagtar amach na freagrachtaí a bhíonn ar fhostaithe agus ar an lucht bainistíochta maidir le calaois nó calaois amhrasta sa Bhanc a thuairisciú agus a imscrúdú;

(vii) Feidhm neamhspleách, oibiachtúil Iniúchóireachta Inmheánaí a mbaineann úsáid as plean inmheánach riosca-bhunaithe iniúchóireachta, arna ullmhú ar bhonn bliantúil agus arna fhormheas ag an gCoiste Iniúchóireachta;

(viii) Creat Rialachais Acmhainní Daonna lena n-áirítear plean daonchumhachta arna fhormheas ag an gCoimisiún agus arna thacú le nósanna imeachta sainithe chun comhaltaí foirne a mbeidh cáilithe go cuí agus a mbeidh taithí acu a fhormheas agus a cheapadh; agus

(ix) Feidhm láraithe Soláthair atá freagrach as na gnéithe éagsúla soláthair go léir a rialú, lena gcuimsítear tuairisciú rialta don Choiste Oibríochtaí agus don Choiste Iniúchóireachta.

Maidir leis an Ráiteas Cuntas do 2016, leanann an Banc den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (Cód 2009) a ghlacadh, arna oiriúnú in imthosca áirithe chun go gcuirfí creat rialachais an Bhainc san áireamh mar aon le ceanglais reachtúla Achtanna an Bhainc Ceannais agus Chonarthaí CEBC, lena n-áirítear an ceanglas maidir le neamhspleáchas an Bhainc.

Ní dearnadh na hailt/forálacha seo a leanas de Chód 2009 a fheidhmiú i gcreat rialachais inmheánaigh an Bhainc:

**Alt B, Foráil 7.2**
I gcomhréir le hAchtanna an Bhainc Ceannais 1942 go 2014 (arna leasú), is é an Coimisiún a shocraíonn luach saothair fhoireann an Bhainc; ní chuirtear beartas ginearálta pá an Rialtais chun feidhme i gcásanna áirithe má mheasann an Coimisiún gur gá imeacht uaidh ar chúiseanna oibríochtúla; agus

**Alt E, Foráil 15.3**
Mar a chuirtear in iúl sa Chód, ní chuirtear treoir nó beartas náisiúnta maidir le soláthar i bhfeidhm i ngach cás (maidir le fógraíocht nó le húsáid nósanna imeachta oibiachtúla tairisceana chun conarthaí thar theorainneacha áirithe luacha a dheonú).

Ar a shon sin, comhlíonann an Banc a chreat rialachais inmheánaigh féin sna cásanna sin. Le linn 2016, tabhaíodh caiteachas €1.6 milliún (€1.5 milliún in 2015), tuairim is 2% (1.2% in 2015) de chaiteachas geallta an Bhainc, ar 22 conradh gan dul ar iontaoibh próisis tairisceana um sholáthar poiblí. As 22 conradh dá dtagraítear thuas (16 in 2015), rinneadh trí cinn díobh a rialtú le linn na bliana agus tá plean gníomhaíochta i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na 19 gconradh atá fágtha. De bhreis air sin, rinneadh 20 conradh breise (24 in 2015) gan dul ar árach próisis tairisceana um sholáthar poiblí faoi Airteagal 15 agus Airteagal 32 den Treoir ón Aontas Eorpach; b’ionann an caiteachas iomlán arna thabhú sna cásanna sin agus €3.5 milliún (€5.3 milliún in 2015).

I mí Lúnasa 2016, d’fhoilsigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Cód Cleachtais athbhreithnithe, cothrom chun dáta, maidir le Rialachas Comhlachtaí Stát (Cód 2016). Cé gur tháinig Cód 2016 in éifeacht an 1 Meán Fómhair 2016 agus go nglacann sé ionad Chód 2009, soiléiríodh i gcumarsáid ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí na Nollag 2016 gur féidir le hinstitiúidí, ar thosaigh a dtréimhsí tuairiscithe airgeadais roimh an 1 Meán Fómhair 2016, leanúint d'fhorálacha Chód 2009 a fheidhmiú.

Tá measúnú ar Chód 2016 tugtha chun críche ag an mBanc, lena dtugtar isteach go foirmiúil an coincheap maidir le “comhlíon nó mínigh” chun a chinneadh a mhéid atá ceanglas dlí air na forálacha sonracha a chur i bhfeidhm. De bhreis air sin, cuireadh tús le tionscadal chun athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis agus na nósanna imeachta ábhartha rialachais go léir sa Bhanc agus cinnfidh an Coimisiún cé na forálacha de Chód 2016 a ghlacfaidh an Banc ar deireadh thiar. Déanfar toradh an chleachtaidh seo a chur in iúl don Aire in am trátha.

**Bainistíocht Riosca**
Tá an Coiste Riosca freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme chreataí bainistíochta riosca an Bhainc. Cothabháiltear cláir riosca sna rannáin éagsúla agus baintear úsáid as na cláir sin chun rioscaí sainaitheanta a aicmiú, ar rioscaí iad a d’fhéadfadh cosc a chur ar an mBanc a chuid cuspóirí a bhaint amach. Ar bhonn na rioscaí a shainaithnítear, comhaontaítear gníomhaíochtaí chun na rioscaí a bhainistiú agus a mhaolú.

I gcóras rialuithe inmheánacha an Bhainc, áirítear an méid seo a leanas:

(i) Creat riosca oibríochtúil, arb é an próiseas iomlán é ina n-éascaítear go rianúil sainaithint, anailís, faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar theagmhais oibríochtúla agus ar rioscaí bailí oibríochtúla ar mhodh comhsheasmhach agus, ag an am céanna, lena ndéantar measúnú ar rialuithe inmheánacha i ndáil le gach riosca agus teagmhas a shainaithnítear chun go maolófar an riosca go dtarlóidh sé arís; agus

(ii) Creat rialaithe riosca chun príomhrioscaí airgeadais an Bhainc a bhainistiú laistigh de bheartais inmheánacha riosca arna sainiú go soiléir, faoi threoir bheartais bainistíochta riosca an Eurochórais, i gcás inar iomchuí.

Is rioscaí straitéiseacha, airgeadais agus oibríochtúla iad príomhaicmí na rioscaí eagraíochtúla a bhfuil an Banc neamhchosanta orthu. Déantar athbhreithniú ar na príomhrioscaí ar bhonn leanúnach agus tuairiscítear aon athruithe ar na príomhrioscaí don Choimisiún.

**Na Príomhphróisis um Rialú Inmheánach Airgeadais**
I gcóras rialuithe inmheánacha an Bhainc, áirítear córas cuimsitheach bainistíochta faisnéise airgeadais agus buiséid lena n-ionchorpraítear:

(i) Faomhadh an phlean bhliantúil agus buiséad mionsonraithe caiteachais ag an gCoimisiún;

(ii) Tuairisciú don Choimisiún ar bhonn ráithiúil i ndáil le feidhmíocht airgeadais agus buiséid;

(iii) Tuairisciú don Choimisiún ar bhonn ráithiúil i ndáil le caiteachas tionscadal/caipitiúil; agus

(iv) Beartais mhionsonraithe agus nósanna imeachta mionsonraithe i ndáil le rialuithe airgeadais.

**Faireachán**
Déanann an Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach athbhreithniú neamhspleách go rianúil ar na rialuithe atá i bhfeidhm agus tuairiscíonn sé don Choiste Iniúchóireachta ar bhonn rialta. Le linn dó measúnú a dhéanamh ar na rialuithe atá i bhfeidhm, bíonn aird ag an Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach ar an riosca calaoise agus tá a nósanna imeachta tástála ceaptha chun calaois a bhrath. Déanann an Coiste Iniúchóireachta maoirsiú ar chur chun feidhme Bheartas an Bhainc um Chalaois agus um Nochtadh Faisnéise Faoi Rún.

Faomhann an Coiste Iniúchóireachta an Plean Iniúchóireachta Inmheánaí agus an clár oibre. Ina theannta sin, buaileann an Coiste Iniúchóireachta leis an dá iniúchóir sheachtracha agus faigheann sé tuarascálacha uathu. Déantar miontuairiscí chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta a scaipeadh ar an gCoimisiún agus cuirtear iad ar an gclár oibre do chruinnithe den Choimisiún ina dhiaidh sin.

**Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe**
Deimhním go ndearna an Coimisiun athbhreithniú ar éifeachtacht chóras an Bhainc um rialuithe inmheánacha airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016. Rinne an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú mionsonraithe agus tuairiscíodh fionnachtana an athbhreithnithe sin don Choimisiún. San athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais, áirítear an méid seo a leanas:

(i) Athbhreithniú agus breithniú ar obair an Rannáin um Iniúchóireacht Inmheánach;

(ii) Athbhreithniú ar shaincheisteanna arna sainaithint ag na hiniúchóirí seachtracha;

(iii) Athbhreithniú ar an Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach maidir le stádas thimpeallacht rialaithe an Bhainc agus maidir le stádas na saincheisteanna a ardaíodh roimhe sin. Déantar saincheisteanna ardriosca a thuairisciú don Choiste Iniúchóireachta chun go mbreithneoidh sé oiriúnacht ghníomhaíocht lucht bainistíochta i leith na saincheisteanna sin.

**Philip R. Lane**
**An Gobharnóir**

**Patricia Byron**
**Comhalta den Choimisiún**

14 Márta 2017

## Cuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2016

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | Nóta | €000 | €000 |
| *Ioncam Úis* | 2 | *1,186,138* | *1,221,930* |
| *Úschostas* | 3 | *(27,140)* | *(14,360)* |
| **Glanioncam Úis** | | **1,158,998** | **1,207,570** |
| *Glan-ghnóthachain réadaithe a eascraíonn as oibríochtaí airgeadais* | 4 | *1,399,646* | *1,097,594* |
| *Díluacháil sócmhainní airgeadais agus suíomhanna airgeadais* | 4 | *(70)* | *(745)* |
| *Aistriú chuig soláthairtí/ó sholáthairtí* | 4 | *(145,667)* | *86,763* |
| **Glantoradh oibríochtaí airgeadais, díluachálacha agus soláthairtí** | | **1,253,909** | **1,183,612** |
| **Ioncam ó Tháillí agus ó Choimisiúin** | 5 | **2,184** | **2,092** |
| **Ioncam ó Ghnáthscaireanna agus ó Leasanna Rannpháirteacha** | 6 | **22,699** | **18,270** |
| **Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta** | 7 | **2,499** | **(1,634)** |
| **Ioncam eile** | 8 | **88,110** | **66,516** |
| **GLANIONCAM IOMLÁN** | | **2,528,399** | **2,476,426** |
| **Caiteachais foirne** | 9 | **(145,907)** | **(148,725)** |
| **Caiteachais oibríochta eile** | 9 | **(72,584)** | **(64,949)** |
| **Díluacháil** | 9 | **(10,776)** | **(10,636)** |
| **Amhábhair nótaí bainc** | 9 | **(4,176)** | **(5,983)** |
| **CAITEACHAIS IOMLÁNA** | | **(233,443)** | **(230,293)** |
| **BRABÚS DON BHLIAIN ROIMH GHNÓTHACHAIN NEAMHRÉADAITHE, CHAILLTEANAS/GHNÓTHACHAN ACHTÚIREACH AGUS LEITHGHABHÁIL BRABÚS** | | **2,294,956** | **2,246,133** |
| **Glanghluaiseacht ar ghnóthachain neamhréadaithe** | 34 | **68,102** | **1,207,811** |
| **Aistrithe chuig cuntas athluachála** | 34 | **(68,102)** | **(1,207,811)** |
| **Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar an scéim pinsean** | 32 | **(172,940)** | **181,059** |
| **Aistriú chuig cúlchiste ginearálta** | 35 | **(285,791)** | **(631,980)** |
| **IONCAM BARRACHAIS IS INÍOCTHA LEIS AN STÁTCHISTE** | 10, 31 | **1,836,225** | **1,795,212** |

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 46 mar chuid de na cuntais seo.
**Banc Ceannais na hÉireann**

**Philip R. Lane**
**An Gobharnóir**

**Sharon Donnery**
**An Leas-Ghobharnóir**

14 Márta 2017

## Clár Comhardaithe amhail ar an 31 Nollaig 2016

| SÓCMHAINNÍ | Nóta | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **Ór agus infhaighteachtaí óir** | **11** | **212,471** | **188,167** |
| **Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro** | **12** | **3,191,361** | **1,835,648** |
| **Éilimh in euro ar chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro** | **13** | **2,653,307** | **2,812,596** |
| **Iasachtú chuig institiúidí creidmheasa sa limistéar euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta in euro** | **14** | **7,418,000** | **10,735,000** |
| **Éilimh eile in euro ar institiúidí creidmheasa sa limistéar euro** | **15** | **160,432** | **373,433** |
| **Urrúis cónaitheoirí sa limistéar euro** | **16** | **67,254,966** | **59,630,594** |
| *Urrúis eile* | | *44,820,787* | *48,527,165* |
| *Urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta* | | *22,434,179* | *11,103,429* |
| **Éilimh In-Eurochórais** | | **890,090** | **885,432** |
| *Leas rannpháirteachais sa BCE* | 17 | *199,021* | *199,021* |
| *Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha* | 18 | *672,638* | *672,638* |
| *Éilimh eile laistigh den Eurochóras* | 19 | *18,431* | *13,773* |
| **Míreanna atá á socrú** | **20** | **-** | **5** |
| **Sócmhainní eile** | **21** | **1,005,374** | **774,503** |
| **SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA** | | **82,786,001** | **77,235,378** |

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 46 mar chuid de na cuntais seo.
**Banc Ceannais na hÉireann**

**Philip R. Lane**
**An Gobharnóir**

**Sharon Donnery**
**An Leas-Ghobharnóir**

14 Márta 2017

## Clár Comhardaithe amhail ar an 31 Nollaig 2016

| DLITEANAIS | Nóta | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **Nótaí bainc i gcúrsaíocht** | 23 | 17,084,697 | 16,435,618 |
| **Dliteanais d'institiúidí creidmheasa sa limistéar euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta in euro** | 24 | 19,224,845 | 10,017,548 |
| **Dliteanais in euro do chónaitheoirí eile sa limistéar euro** | 25 | 10,406,599 | 13,720,482 |
| **Dliteanais in euro do chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro** | 26 | 587 | 76,499 |
| **Dliteanais in airgeadra eachtrach do chónaitheoirí sa limistéar euro** | 27 | 224 | 224 |
| **Contrapháirt ceart speisialta tarraingthe arna leithdháileadh ag an CAI** | 28 | 988,353 | 986,956 |
| **Dliteanais In-Eurochórais (glan)** | | 17,831,709 | 19,289,306 |
| *Dliteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras* | 29 | *16,879,982* | *16,250,479* |
| *Dliteanais eile laistigh den Eurochóras (glan)* | 30 | *951,727* | *3,038,827* |
| **Dliteanais eile** | 31 | 2,096,727 | 2,245,590 |
| **Dliteanais aoisliúntais** | 32 | 332,903 | 141,381 |
| **Soláthairtí** | 33 | 333,243 | 189,553 |
| **Cuntais Athluachála** | 34 | 10,887,130 | 10,819,028 |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | 35 | 3,598,984 | 3,313,193 |
| **DLITEANAIS IOMLÁNA** | | 82,786,001 | 77,235,378 |

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 46 mar chuid de na cuntais seo.

**Banc Ceannais na hÉireann**

**Philip R. Lane**
**An Gobharnóir**

**Sharon Donnery**
**An Leas-Ghobharnóir**

14 Márta 2017

## Nótaí a ghabhann leis na Cuntais

### Nóta 1: Beartais Chuntasaíochta agus Faisnéis Ghaolmhar

#### (a) Creat Dlíthiúil

Sa Ráiteas Cuntas, tagraíonn an téarma 'an Banc', aon áit a n-úsáidtear é, do Bhanc Ceannais na hÉireann.

Ullmhaíodh na cuntais de bhun Alt 32J *d'Acht an Bhainc Cheannais* 1942 (arna leasú) lena bhforáiltear go n-ullmhóidh an Banc ráiteas cuntas laistigh de 6 mhí ó dheireadh gach bliana airgeadais, agus go gcuirfí é sin faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain airgeadais lena mbaineann. Tá an ráiteas i bhfoirm atá formheasta ag an Aire. Le foirm na gcuntas, léirítear cineál sonrach na gcúraimí a dhéanann an Banc laistigh de chreat CEBC[1] mar aon le raon ilchineálach a chuid gníomhaíochtaí.

#### (b) Prionsabail Chuntasaíochta

Mar bhall rannpháirteach den CEBC, comhlíonann an Banc na beartais chuntasaíochta arna leagan síos ag Comhairle Rialaithe an BCE ina Treoirlíne Chuntasaíochta (an Treoirlíne)[2]. Ullmhaíodh Ráiteas Cuntas an Bhainc don bhliain 2016 i gcomhréir go hiomlán leis na forálacha a leagtar amach sa Treoirlíne ina n-áirítear ullmhúchán ar bhonn gnóthais leantaigh. Roimhe seo, níor ghlac an Banc ach forálacha éigeantacha na Treoirlíne. D'aistrigh sé uaidh sin go dtí glacadh forálacha éigeantacha agus forálacha molta ina n-iomláine le héifeacht ón 1 Eanáir 2015, dáta an aistrithe. De thoradh an aistrithe seo, ní raibh gá le coigeartú ar chúlchistí tosaigh ar dháta an aistrithe nó le faisnéis chomparáideach (Nóta 36). I gcásanna nach dtugann an Treoirlíne treoir shonrach, leanfar cleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn agus forálacha iomchuí reachtúla[3] a bhfuil feidhm acu maidir leis an mBanc. Is ionann an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann agus Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna fógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Tá na prionsabail agus beartais a leagtar amach sa Treoirlíne i gcomhréir tríd is tríd leis an prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn. Is iad seo a leanas na príomhéagsúlachtaí ábharthachta don Bhanc idir an Treoirlíne (forálacha éigeantacha agus forálacha molta) agus FRS 102:

(i) Tugtar cuntas i leith gnóthachan neamhréadaithe, ó shócmhainní agus ó dhliteanais arna dtomhas ar mhargadhluach, tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus aistrítear chuig an gCuntas Athluachála ar an gClár Comhardaithe iad;

(ii) Níl gá le ráiteas sreafaí; agus

(iii) Déantar soláthar i leith rioscaí malairte eachtraí, rátaí úis, creidmheasa agus phraghas an óir a áireamh faoin mír dliteanais 'Soláthair'.

Le hullmhú Ráiteas Cuntas an Bhainc i gcomhréir leis an Treoirlíne agus FRS 102, ceanglaítear go mbainfear úsáid as meastacháin chriticiúla chuntasaíochta áirithe. Ina theannta sin, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnas a fheidhmiú le linn dóibh beartais chuntasaíochta an Bhainc a chur i bhfeidhm. I Nóta 1(n) Meastacháin agus Breithiúnais Chriticiúla Chuntasaíochta, cuirtear in iúl na réimsí a mbaineann leibhéal níos airde breithniúnais nó castachta leo.

1 An téarma Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC), tagraíonn sé do na hocht mBanc Ceannais Náisiúnta is fiche (BCNanna) de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh amhail ar an 31 Nollaig 2016 i dteannta leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE). Tagraíonn an téarma 'an tEurochóras' do na naoi BCN déag de na Ballstáit atá rannpháirteach san Aontas Airgeadaíochta i dteannta leis an BCE amhail ar an dáta céanna.

2 Tagraíonn an Treoirlíne do Threoirlíne an Bhainc Cheannais Eorpaigh (3 Samhain 2016) ar an gcreat dlíthiúil do chuntasaíocht agus do thuairisciú airgeadais sa CEBC (BCE /2016/34).

3 Is iad seo a leanas na reachtanna príomhúla lena rialaítear an Banc: Achtanna an Bhainc Ceannais 1942-2014, an tAcht Monaíochta 1950, na hAchtanna um Airgead Reatha Deachúil 1969-1990 agus an tAcht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta 1998. Faoi na *Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations, 1943*, foráiltear do ríomh ioncam barrachais an Bhainc gach bliain agus, i gcomhréir le alt 32H d'Acht an Bhainc Cheannais 1942, íoctar an t-ioncam barrachais sin leis an Státchiste. Tá an Banc faoi réir an Chonartha ar an Aontas Eorpach agus an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ina n-ionchorpraítear Reacht an CEBC agus an BCE agus faoi réir aon dlíthe AE arna ndéanamh faoi na Conarthaí sin agus a bhfuil feidhm acu maidir le bainc cheannais náisiúnta an CEBC.

## (c) Treoirlíne Chuntasaíochta an Eurochórais

Is é seo a leanas achoimre ar phríomhfhorálacha na Treoirlíne.

### (i) Cuntasaíocht Dáta Trádála[4]

Go hiondúil, déantar idirbhearta sócmhainní agus dliteanas a thaifeadadh ar an dáta socraíochta (an dáta trádála móide dhá lá gnó, de ghnáth).

### (ii) Iarmhéideanna laistigh den CEBC

Eascraíonn iarmhéideanna laistigh den CEBC go príomha as íocaíochtaí trasteorann san AE a shocraítear in airgead bainc ceannais in euro. Tríd is tríd, is iad eintitis phríobháideacha a thionscnaíonn na hidirbhearta seo (i.e. institiúidí creidmheasa, corparáidí agus daoine aonair). Déantar iad shocrú i TARGET2 - An tUathchóras Mear-aistrithe Ollsocraíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach, (Nóta 30) agus éiríonn iarmhéideanna déthaobhacha astu i gcuntais TARGET2 de chuid bhainc cheannais an AE.

Déantar na hiarmhéideanna déthaobhacha sin a ríomh i bhfoirm ghlan agus a shannadh ansin do BCE ar bhonn laethúil, sa chaoi nach mbíonn ach suíomh glan déthaobhach aonair ag gach BCN i leith an BCE. Iarmhéideanna In-Eurochórais de chuid an Bhainc i leith BCE arna n-eascairt as TARGET2, mar aon le hiarmhéideanna eile In-Eurochórais arna n-ainmniú in euro (e.g. dáiltí eatramhacha brabúis chuig BCNanna, torthaí ioncaim airgeadaíochta), cuirtear iad in iúl ar Chlár Comhardaithe an Bhainc mar shuíomh glan sócmhainne aonair nó mar shuíomh glan dliteanais aonair agus nochtar faoi "Éilimh eile laistigh den Eurochóras" (Nóta 19) nó "Dliteanais eile laistigh den Eurochóras (glan)" (Nóta 30) iad. Iarmhéideanna laistigh den CEBC seachas BCNanna lasmuigh den limistéar euro arna n-eascairt as TARGET2, déantar iad a nochtadh faoi "Dliteanais in euro do chónaitheoirí lasmuigh den limistéar euro" (Nóta 26).

Iarmhéideanna In-Eurochórais arna n-eascairt as dáileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras, déantar iad a áireamh mar ghlandliteanas aonair faoi dhliteanais In-Eurochórais (glan) "Dliteanais a bhaineann le dáileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras" (Nóta 1(c)(iii)(iv), Nóta 29).

Éilimh In-Eurochórais arna n-eascairt as leas rannpháirteachais an Bhainc sa BCE, tuairiscítear faoi "Leas Rannpháirteachas sa BCE" (Nóta 1(c)(iii), Nóta 17) iad.

Iarmhéideanna In-Eurochórais arna n-eascairt as aistriú cúlsóchmainní eachtracha chuig an BCE ó BCNanna a bheidh ag teacht isteach san Eurochóras, ainmnítear in euro iad agus tuairiscítear iad faoi "Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha" (Nóta 1(c)(iii),(vii), Nóta 18).

### (iii) Scála Caipitil

Is ionann scála caipitil CEBC agus an céatadán de scairchaipiteal suibscríofa an BCE atá á shealbhú ag gach ceann de na BCNanna faoi seach sa CEBC. Is tomhas é ar mhéid choibhneasta náisiúnta Bhallstáit an AE agus is cumasc 50:50 é den OTI agus de mhéid an daonra. De bhun Airteagal 28 de Reacht CEBC is iad na BCNanna amháin a shuibscríobhfaidh caipiteal BCE. Braitheann suibscríbhinní ar scaireanna atá socraithe i gcomhréir le hAirteagal 29.3 de Reacht CEBC agus nach mór a choigeartú gach cúig bliana. Tugadh faoin tuarascáil chúigbhliantúil is deireanaí in 2014. In 2016, d'fhan scair an Bhainc i gcaipiteal suibscríofa an BCE ag 1.1607 faoin gcéad.

An dara scála, 'Scála caipitil an Eurochórais', arna dhíorthú ó scála caipitil CEBC atá sonraithe thuas, úsáidtear é mar bhonn leithdháilte do shraith míreanna tábhachtacha lena n-áirítear ioncam airgeadaíochta, nótaí bainc i gcúrsaíocht agus brabúis/caillteanais BCE a roinnt i measc BCNanna an Eurochórais. In 2015, d'fhan sciar an Bhainc sa scála caipitil ag 1.6489 faoin gcéad do 2016.

4 Arna sainmhíniú i dTreoirlíne an Bhainc Cheannais Eorpaigh (3 Samhain 2016) ar an gcreat dlíthiúil do chuntasaíocht agus do thuairisciú airgeadais sa CEBC (BCE /2016/34).

### (iv) Nótaí Bainc i gCúrsaíocht

Is iad an BCE agus BCNanna an limistéir euro, arb iad le chéile a dhéanann suas an tEurochóras, a eisíonn nóta bainc euro[5]. Is ar an lá oibre deireanach de gach mí a dhéantar luach iomlán na nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht a leithdháileadh ar bhainc cheannais an Eurochórais i gcomhréir le scála leithdháilte nótaí bainc gach BCN[6].

Leithdháileadh scair arb ionann í agus ocht faoin gcéad de luach iomlán na nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht ar an BCE, fad a leithdháileadh 92 faoin gcéad ar na BCNanna i gcomhréir lena n-ualuithe i scála caipitil an BCE. An scair de na nótaí bainc arna leithdháileadh ar gach BCN, nochtar í faoin mír dliteanais ar an gClár Comhardaithe "Nótaí bainc i gcúrsaíocht" (Nóta 23).

Eascraíonn iarmhéideanna íoctha an In-Eurochórais as an difríocht idir luach na nótaí bainc euro a leithdháiltear ar gach BCN i gcomhréir le scála leithdháilte nótaí bainc agus luach na nótaí bainc euro a chuireann sé i gcúrsaíocht iarbhír. I gcás easnaimh san eisiúint is ábhartha do scála leithdháilte nótaí bainc, déantar na héilimh seo a chur in iúl ar an gClár Comhardaithe faoi "Éilimh eile laistigh den Eurochóras" (Nóta 1(c)(ii), Nóta 19). I gcás ró-eisiúna is ábhartha do scála leithdháilte nótaí bainc, déantar na dliteanais seo a chur in iúl ar an gClár Comhardaithe faoi "In-Eurochóras: glanéilimh a bhainean le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras" (Nóta 1(c)(ii), Nóta 29). Faightear ús ar an easnamh agus déantar é a íoc ar an ró-eisiúint ar bhonn ráithiúil[7]. Déantar é seo a imréiteach trí chuntais an BCE agus áirítear é faoi "Ioncam úis" nó "Úschostas" sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 3(v)).

### (v) Leithdháiltí ag an BCE

Chinn Comhairle Rialaithe an BCE go mbeadh an méid seo a leanas dlite do BCNanna an limistéir euro sa bhliain chéanna airgeadais ina bhfabhróidis: ioncam seigniorage an BCE a eascraíonn as scair ocht faoin gcéad de nótaí bainc euro arna leithdháileadh ar an BCE agus an t-ioncam a eascraíonn as urrúis arna sealbhú faoi na nithe seo a leanas (a) Clár na Margaí Urrús (CMU), (b) an tríú Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (CCBC3), agus (c) an Clár Ceannaigh d'Urrúis Sócmhainn-Bhunaithe (ABSPP), (d) Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí (PSPP). Mura gcinnfidh an Chomhairle Rialaithe a mhalairt, déanfaidh an BCE an t-ioncam seo a dháileadh i mí Eanáir na bliana dar gcionn trí dháileadh eatramhach brabúis[8]. Déantar é a leithdháileadh ina iomláine mura mbeidh sé níos airde ná glanbhrabús BCE don bhliain agus faoi réir aon chinntí ón gComhairle Rialaithe chun aistrithe a dhéanamh chuig an soláthar i leith rioscaí malairte eachtraí, rátaí úis, creidmheasa agus phraghas an óir. Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe a chinneadh go ndéanfar costais arna dtabhú ag an BCE i dtaca le heisiúint agus láimhseáil nótaí bainc euro a mhuirearú i gcoinne ioncaim a thabhófar ar nótaí bainc euro i gcursaíocht.

Déanfar an méid arna dháileadh ar na BCNanna a nochtadh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála faoi "Ioncam ó ghnáthscaireanna agus leasa rannphháirteachais" (Nóta 6(i), Nóta 19(i)).

### (vi) An Glantoradh ar Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta

Ioncam airgeadaíochta gach BCN san Eurochóras i.e. an glanioncam ó oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais, déanfar é a chinneadh tríd an ioncam bliantúil iarbhír a thomhas, ar ioncam é a dhíorthóidh ó na sócmhainní inchomharthaithe arna sealbhú in aghaidh a bhoinn dliteanais.

Tá an bonn dliteanas comhdhéanta de na nithe seo a leanas: nótaí bainc i gcúrsaíocht; dliteanais d'institiúidí creidmheasa an limistéir euro a bhaineann le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta arna n-ainmniú in euro: glandliteanais In-Eurochórais a thig as idirbhearta TARGET2; agus

5 Cinneadh ón BCE an 13 Nollaig 2010 maidir le heisiúint nótaí bainc euro (athmhúnlú) (BCE/2010/29), IO L 35, 9.2.2011, lch. 26, arna leasú.

6 Tagraíonn scála leithdháilte nótaí bainc do na céatadáin a eascraíonn as scair BCE d'eisiúint iomlán nótaí bainc a chur san áireamh (ocht faoin gcéad) agus as scála caipitil an Eurochórais a chur i bhfeidhm maidir le scair na mbanc ceannais náisiúnta rannpháirteach (92 faoin gcéad).

7 Cinneadh ón BCE an 25 Samhain 2010 maidir le leithdháileadh ioncam airgeadaíochta na mbanc ceannais náisiúnta de Bhallstáit arb é an euro a n-airgeadra (athmhúnlú) (BCE/2010/23), IO L 35, 9.2.2011, lch.17.

8 Cinneadh ón BCE (AE) 2015/1195 an 2 Iúil 2015 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/298 maidir le dáileadh eatramhach ioncam an BCE (BCE/2015/25).

glandliteanais In-Eurochórais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras. Aon ús a íoctar ar dhliteanais a áirítear sa bhonn dliteanas, déantar é a asbhaint as an ioncam airgeadaíochta atá le comhthiomsú.

Tá na sócmhainní comharthaithe déanta suas de na nithe seo a leanas: iasachtaí le hinstitiúidí creidmheasa an limistéir euro a bhaineann le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta arna n-ainmniú in euro; urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta; éilimh In-Eurochórais atá coibhéiseach le haistriú cúlsócmhainní eactracha chuig an BCE; glanéilimh In-Eurochórais a thig as idirbhearta TARGET2; éilimh In-Eurochóras a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras; agus méid teoranta de shealúchais óir gach BCN i gcomhréir le scála caipitil gach BCN.

Meastar nach ngintear aon ioncam ó ór. Urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta faoi Chinneadh BCE/2009/16 an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an chéad chláir ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach agus faoi Chinneadh BCE/2011/17 an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an dara clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach agus faoi Chinneadh BCE/2015/10 an 4 Márta 2015 maidir le clár ceannaigh do shócmhainní na hearnála poiblí ar mhargaí tánaisteacha[9], meastar go ngineann siad ioncam de réir an ráta úis imeallaigh is déanaí[10] arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh oibríochtaí athmhaoinithe.

I gcás inar mó nó inar lú luach shócmhainní comharthaithe BCN ná luach a bhoinn dliteanas, déanfar an difríocht a fhritháireamh tríd an ráta imeallach is déanaí atá ar fáil do phríomhoibríochtaí athmhaoinithe an Eurochórais a fheidhmiú i leith luach na difríochta. Déantar an méid seo a shuimiú leis an ioncam airgeadaíochta atá le comhthiomsú, nó a asbhaint as, de réir mar is iomchuí.

Is i gcomhréir le scála caipitil suibscríofa an Eurochórais a dhéantar an glanioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an Eurochóras a leithdháileadh idir na BCNanna. Is é atá sa difríocht idir an t-ioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an mBanc agus an méid arna leithdháileadh arís ar an mBanc "An glantoradh ar chomhthiomsú ioncaim airgeadaíochta" a thaifeadtar sa chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 7).

I gcás ina dtabhóidh an BCE caillteanas, féadfar an caillteanas a fhritháireamh in aghaidh chúlchiste ginearálta BCE, agus, más gá, le cinneadh ón gComhairle Rialaithe, in aghaidh ioncam airgeadaíochta na bliana airgeadais iomchuí i gcoibhneas leis an méid a leithdháilfear ar na BCNanna agus go feadh an méid sin.

### (vii) Éilimh a bheidh Coibhéiseach le hAistriú Cúlchistí Eachtracha

Sa *Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh* 1992 agus in alt 5(a) *d'Acht an Bhainc Cheannais 1942* (arna leasú), foráiltear go bhfuil an chumhacht ag an mBanc "sócmhainní, ioncam nó dliteanais a aistriú chuig an mBanc Ceannais Eorpach i gcás ina gceanglaítear sin faoi Reacht CEBC". Dá réir sin, d'aistrigh an Banc méid a bhí coibhéiseach le €424.8 milliúin go dtí an BCE i mí Eanáir 1999, tráth a cuireadh tús leis an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, agus fuair sé ar a uain éileamh comhfhreagrach ar choibhéis an BCE leis an méid sin. Aistríodh €672.6 milliún san iomlán ón 1 Eanáir 1999 i leith. An t-éileamh arna eascairt as seo ar an BCE, déantar é a íoc de réir an ráta úis is déanaí atá ar fáil do phríomhoibríochtaí athmhaoinithe arna choigeartú chun toradh nialasach ar an ngné óir a léiriú (Nóta 1(c)(ii)(iv), Nóta 2(x) agus Nóta 18).

### (viii) Míreanna Lasmuigh den Chlár Comhardaithe

Brabúis agus caillteanais a eascraíonn as ionstraimí lasmuigh den chlár comhardaithe, déantar iad a aithint agus a láimhseáil ar an gcaoi chéanna le hionstraimí laistigh den chlár comhardaithe (Nóta 1 (k)). Ní aithnítear gnóthachain (luachála) neamhréadaithe mar ioncam ach tugtar cuntas iontu tríd an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus aistrítear iad chuig na cuntais athluachála. Déantar caillteanais (luachála) neamhréadaithe a aistriú chuig an gcuntas

9 Cinneadh ón BCE (AE) 2015/774 an 4 Márta 2015 maidir le clár ceannaigh do shócmhainní na hearnála poiblí ar mhargaí tánaisteacha (BCE/2015/10), IO L 121, 14.5.2015, lch. 20-24.

10 Déantar ráta na bPríomhoibríochtaí Athmhaoinithe (PA) a fheidhmiú maidir le hiarmhéideanna laethúla bannaí rialtais láir/gníomhaireachta/corparáide neamhairgeadais arna gceannach faoin gclár, fad gurb é an toradh iarbhír arna thuilleamh ar bhannaí institiúide idirnáisiúnta agus fornáisiúnta arna gceannach faoin gclár a chomhthiomsaítear.

Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála ag deireadh na bliana i gcás inar mó iad ná gnóthachain athluachála roimhe seo arna gclárú sa Chuntas Athluachála. Déantar gnóthachain/caillteanais neamhréadaithe dáta trádála ar réamhchonarthaí i malairt eachtrach a thaifeadadh faoi "sócmhainní/dliteanais eile" i gcomhréir leis an Treoirlíne, tar éis cuntas a thabhairt iontu tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála mar a thuairiscítear thuas. Baintear úsáid as an modh seo le haghaidh réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus na dteicnící arna sainaithint lena n-úsáid ag an CEBC mar a leagtar amach sa Treoirlíne, i.e. réamhchonarthaí i malairt eachtrach, babhtálacha airgeadraí eachtracha, babhtálacha ráta úis, comhaontuithe ar réamhráta, réamh-idirbhearta in urrúis agus roghanna.

Conarthaí todhchaíochta arna dtrádáil ar mhargaí eagraithe, déantar iad a thaifeadadh lasmuigh den chlár comhardaithe de réir an méid ainmniúil, fad a dhéantar glaonna ar éarlais a íocadh nó a fuarthas a shainaithint mar ioncam úis nó úschostas glan.

#### (ix) Urrúis arna gCoinneáil chun Críocha Beartais Airgeadaíochta

Fuair an Banc na hurrúis sin faoi raon feidhme na gclár ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach[11] (CCBC1, CCBC2 agus CCBC3), faoi raon feidhme fiachurrús arna bhfáil faoi raon feidhme Chlár na Margaí Urrús[12] (CMU) agus faoi raon feidhme Chlár Ceannaigh na hEarnála Poiblí (PSPP)[13]. Déantar na hurrúis a thomhas ag costas amúchta agus bíonn siad faoi réir lagaithe (Nóta 2(iii), Nóta 16(i) agus Nóta 33(i)). Chinn an Chomhairle Rialaithe an 15 Nollaig 2014 go dtabharfaí cuntas i leith urrús arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta ar costas amúchta (faoi réir lagaithe), is cuma cén rún atá leis an sealbhú.

### (d) Ioncam agus Caiteachas a Aithint

Aithnítear ioncam agus caiteachais ar bhonn fabhraithe.

### (e) Maoin, Gléasra agus Trealamh, Sócmhainní Doláimhsithe agus Sócmhainní Oidhreachta

#### (i) Tomhas

Déantar Maoin, Gléasra agus Trealamh (MGT) agus Sócmhainní Doláimhsithe a lua ar costas lúide dímheas carntha agus ní dhéantar athluacháil orthu.

#### (ii) Dímheas

Déantar dímheas ar MGT agus ar Shócmhainní Doláimhsithe go léir (seachas MGT atá á dtógáil) ar bhonn dronlíneach thar thréimhse a saoil úsáidigh ionchais. Baineann an Banc úsáid as meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta le linn dó na rátaí dímheasa a úsáidfear a chinneadh agus cuireann sé na rátaí seo i bhfeidhm ar an mbonn go dtugann siad measúnú cruinn ar na saolta úsáideacha ionchais. Lena linn sin, féadfaidh go n-imeoidh na saolta úsáideacha measta ó rátaí dímheasa molta na Treoirlíne. Is iad seo a leanas na rátaí dímheasa sin:

| | | |
|---|---|---|
| **Maoin, Gléasra agus Trealamh** | | |
| Áitreabh | – | 20 - 50 bliain |
| Gléasra agus Innealra | – | 5 - 15 bliana |
| Trealamh Ríomhaireachta | – | 3 - 5 bliana |
| Trealamh Eile | – | 5 bliana |
| Troscán, Feistis agus Daingneáin | – | 5 bliana |
| | | |
| **Sócmhainní Doláimhsithe** | | |
| Bogearraí Ríomhaireachta | – | 3 - 5 bliana |

11 Cinneadh ón BCE an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an Chláir Cheannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2009/16), IO L 175, 4.7.2009, lch. 18, Cinneadh ón BCE an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an dara Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2011/17), IO L 297, 16.11.2011, lch. 70 agus Cinneadh ón BCE an 15 Deireadh Fómhair 2014 maidir le cur chun feidhme an tríú Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2014/40), IO L335 20.10.2014, lch. 22

12 Cinneadh ón BCE an 14 Bealtaine 2010 lena mbunaítear Clár na Margaí Urrús (BCE/2010/5), IO L 124, 20.5.2010, lch. 8.

13 Cinneadh ón BCE an 4 Márta 2015 lena mbunaítear clár ceannaigh na hearnála poiblí do shócmhainní ar mhargaí tánaisteacha (BCE/2015/10), IO L 121, 14.5.2015, lch. 20.

**(iii) Lagú**

Déantar athbhreithniú ar MGT agus ar Shócmhainní Doláimhsithe i leith lagú i gcás ina dtabharfaidh teagmhais nó athruithe ar imthosca le fios nach mbeidh an tsuim ghlanluacha inghnóthaithe.

**(iv) Dí-aithint**

Déantar MGT nó Sócmhainn Dholáimhsithe a dhí-aithint nuair a dhiúscraítear é nó í nó nuair a tharraingítear siar go buan ó úsáid é nó í agus nach bhfaighfear aon sochar eacnamaíoch as nó aisti amach anseo de thoradh a diúscartha nó a dhiúscartha. De thoradh na difríochta idir glanfháltais na diúscartha agus suim ghlanluacha na sócmhainne, bheadh gnóthachain nó caillteanais i gceist nuair a tharraingeofar siar nó nuair a dhiúscrófar í. Aithnítear aon ghnóthachain nó aon chaillteanais sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála sa bhliain ina dtarraingeofar siar nó ina ndiúscrófar í. Déanfar gnóthachain nó caillteanais ar dhiúscairt na sócmhainne a chinneadh mar an difríocht idir glanfháltais na diúscartha agus suim ghlanluacha na sócmhainne.

**Sócmhainní Oidhreachta**

Tá Bailiúchán Ealaíne ar seilbh ag an mBanc nach n-aithnítear i gcuntais bhliantúla an Bhainc ar bhonn ábharthachta sa bhliain reatha airgeadais nó sna blianta airgeadais roimhe seo (Nóta 22(i)(d)).

## (f) Aoisliúntas

Faoi scéim aoisliúntais an Bhainc, faigheann comhaltaí foirne an Bhainc na sochair aoisliúntais chéanna a fhaigheann státseirbhísigh bhunaithe. Anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2008, d'íoc an Banc na sochair seo as ioncam reatha de réir mar a tháinig siad chun bheith dlite. An 1 Deireadh Fómhair 2008, bunaíodh scéim mhaoinithe pinsean faoi Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003. Ar chomhairle ó achtúirí an Bhainc an tráth sin (Willis), aistríodh €400 milliún ó acmhainní an Bhainc chuig an gciste chun sócmhainní ciste pinsean a cheannach. Is ar bhonn neamh-ranníocach a fheidhmítear an Scéim do na comhaltaí foirne a fostaíodh roimh an 6 Aibreán 1995, cé is moite de na ranníocaíochtaí a dhéantar le Scéim Pinsean Ranníocach do Chéilí agus Leanaí agus de na híocaíochtaí a fhaightear ó chomhaltaí foirne incháilithe maidir le seirbhís bhreise bharúlach a cheannach agus a aistriú. I gcás comhaltaí foirne a fostaíodh an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh, tá ranníocaíochtaí iníoctha freisin maidir leis an bpríomhscéim. Íocfar gach sochar pinsean as an gciste seo. I gcomhréir leis an Treoirlíne, chuaigh an Banc i muinín GAAP áitiúil agus déanann sé an costas a bhaineann le soláthar sochar a nochtadh i gcomhréir le FRS 102.

Déantar sócmhainní scéime pinsean a mheas ar luach cóir. Déantar dliteanais scéime a thomhas trí úsáid a bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta lena gcuirtear i gcuntas méaduithe réamh-mheasta ar thuilleamh ag úsáid toimhdí achtúireacha lena dtugtar an meastachán is fearr ar shreafaí airgid a thiocfaidh as dliteanais na scéime sa todhchaí. Déantar na sreafaí airgid seo a lascainiú de réir rátaí úis a bhaineann le bannaí corparáideacha d'ardchaighdeán atá san airgeadra céanna agus a bhfuil an téarma céanna acu atá ag na dliteanais. An muirear a bhaineann le pinsean sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála, cuimsítear ann suim an chostais reatha seirbhíse agus an chostais seirbhíse roimhe seo (Nóta 9) agus an difríocht idir an toradh ionchais ar shócmhainní na scéime agus an costas úis ar dhliteanais na scéime (Nóta 8). An costas seirbhíse reatha, aon chostais seirbhíse roimhe seo agus costas úis a bhaineann le dliteanais na scéime don fhoireann i gcoitinne, muirearófar iad ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus ar an gCúlchiste Airgeadra i ndáil le foireann an mhionta. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála.

Chun luach dhliteanais na scéime a chinneadh, déantar toimhdí maidir le boilsciú praghsanna, méaduithe pinsean, fás ar thuilleamh agus déimeagrafaic. I Nóta 32, leagtar amach na toimhdí ba bhonn leis na dliteanais agus costais pinsean do 2016.

## (g) Soláthar agus Eisiúint Monaí

Táirgeann agus eisíonn an Banc monaí thar ceann an Aire Airgeadais. Déantar fáltais agus caiteachais a bhaineann go díreach le soláthar agus eisiúint monaí a aistriú go díreach chuig Cúlchiste an Airgid Reatha faoi fhorálacha an Achta Monaíochta, 1950, na nAchtanna um Airgead Reatha Deachúil, 1969-1990 agus an Achta um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta 1998. Déantar an costas a bhaineann le táirgeadh monaí a ghearradh ar an gCúlchiste Airgeadra sa bhliain ina dtabhaítear é. Déantar na fáltais ó eisiúint monaí a chur chun sochair an Chúlchiste Airgeadra sa bhliain ina bhfaightear iad (Nóta 25). In alt 14A den Acht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta 1998, (arna chur isteach le halt 137 den Acht Airgeadais 2002) a tháinig i bhfeidhm an 25 Márta 2002, foráiltear go ndéanfar, ón 1 Eanáir 2002, na glanfháltais ó eisiúint monaí a aistriú go díreach chuig an Státchiste de réir mar a ordóidh an tAire Airgeadais (Nóta 25(ii)). I gcás ina mbeidh glanchostas ann don Bhanc de thoradh glanfháltas ó eisiúint monaí mar aon le caiteachais, déanfaidh an tAire an difríocht a chúiteamh leis an mBanc.

## (h) Airgeadra Feidhmiúil

Is é an euro airgeadra feidhmiúil an Bhainc. Idirbhearta cuntasaíochta arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach, déantar iad a chomhshó ina gcoibhéisí euro ag na rátaí malairte a bheidh ann ar an dáta socraíochta (Nóta 1(c)(i)).

## (i) Ioncam Amúchta

Préimheanna agus/nó lascainí a thig as urrúis, déileáiltear leo mar ghlanioncam úis agus déantar iad a amúchadh ar bhonn dronlíneach thar an tréimhse go dtí go n-aibeoidh siad agus déantar cuntas ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 2 agus Nóta 3).

## (j) Beartas Luachála

(i) Sócmhainní agus dliteanais atá ainmnithe in airgeadra eachtrach, infheistíochtaí neamhaibithe, conarthaí airgeadra eachtraigh atá fós le híoc agus scaireanna sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, déantar iad a luacháil ag na rátaí malairte scoir meánmhargaidh ag deireadh na bliana (Nóta 34). Is ar bhonn gach airgeadra ar leith a dhéantar an luacháil ráta malairte ar shócmhainní agus ar dhliteanais.

(ii) I gcomhréir leis an Treoirlíne, déantar urrúis a luacháil ar bhonn gach urrúis ar leith. Urrúis inmhargaidh nach sealbhaítear chun críocha beartais airgeadaíochta agus a aicmítear mar urrúis marcáil ón margadh, déantar iad a luacháil ag praghsanna meánmhargaidh scoir ag deireadh na bliana i gcás inarb ann do mhargadh gníomhach. I gcás nach mbeidh praghsanna margaidh ar fáil nó nach mbeidh siad iontaofa, déantar luachanna córa a chinneadh trí úsáid a bhaint as teicnící luachála marcáilte de réir samhla lena n-áirítear samhlacha sreafa airgid lascainithe lena n-úsáidtear, a mheid is féidir, ionchur margaidh inbhraite i gcomhréir le FRS 102. I gcur chuige luachála marcáilte de réir samhla, ionchorpraítear breithiúnas bainistíochta ardleibhéil in éagmais sonraí margaidh inbhraite nó nuair a mheastar nach bhfuil sonraí margaidh inbhraite iontaofa. Folaíonn an breithiúnas sin na nithe seo a leanas ach níl sé teoranta dóibh: faisnéis margaidh a mheasúnú; na sreafaí airgid do na hionstraimí a chinneadh; ráta lascaine saor ó riosca a aithint agus raon difríochta creidmheasa iomchuí a aithint; agus an mhodheolaíocht a choigeartú nuair nach mbeidh ionchur margaidh inbhraite ar fáil nó nuair nach mbeidh siad iontaofa (Nóta 12, Nóta 13 agus Nóta 16(i)).

(iii) Urrúis indíolta nach sealbhaítear chun críocha beartais airgeadaíochta agus a aicmítear mar urrúis a choinnítear go dtí aibíocht (CGA), déantar iad a thabhairt ar aghaidh ar chostas amúchta agus bíonn siad faoi réir lagaithe. Déantar athbhreithniú lagaithe ar bhonn bliantúil (Nóta 12, Nóta 13 agus Nóta 16(i)).

(iv) Déantar ór a luacháil ar phraghas scoir margaidh (Nóta 11, Nóta 34).

(v) Déantar sócmhainní airgeadais agus dliteanais an Bhainc a aicmiú de réir mar a fhoráiltear in FRS 102. Faoi ordlathas luacha chóir, bíonn feidhm ag Leibhéal 1 maidir le haicmiú sócmhainní agus dliteanas airgeadais i gcás ina mbeidh praghsanna luaite (neamhchoigeartaithe) ar fáil i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní comhionanna

agus dliteanas comhionann; bíonn feidhm ag Leibhéal 2 i gcás ina mbeidh ionchur ar fáil seachas praghsanna luaite arna n-áireamh i Leibhéal 1 agus inbhraithe i leith na sócmhainne nó i leith an dliteanais, cibé acu go díreach (i.e. mar phraghsanna) nó go hindíreach (i.e. forbartha trí shonraí margaidh a úsáid) agus; bíonn feidhm ag Leibhéal 3 i gcás ina n-úsáidtear ionchur i leith na sócmhainne nó an dliteanais nach bhfuil bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchur neamh-inbhraithe) (Nóta 12, Nóta 13 agus Nóta 16).

## (k) Gnóthachain agus Caillteanais a Aithint

Gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as díolacháin airgeadra eachtraigh, óir agus urrús, tugtar cuntas ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála. Déantar na gnóthachain agus caillteanais réadaithe go léir (airgeadra eachtrach agus euro) a ríomh faoi threoir meánchostais.

Gnóthachain neamhréadaithe arna n-aithint ag deireadh gach bliana airgeadais i gcomhréir le beartas luachála an Bhainc (Nóta 1 (j)), tugtar cuntas ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála agus déantar iad a aistriú chuig na cuntais athluachála.

Déantar cuntas i gcaillteanais neamhréadaithe ag deireadh na bliana tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála a mhéid a sháraíonn siad gnóthachain athluachála roimhe sin ar bhonn urrús-ar-urrús. I gcás na gcaillteanas neamhréadaithe a ndéantar cuntas iontu tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála ar an gcaoi seo, ní fhéadfar iad a aisiompú sna blianta ina dhiaidh sin i gcoinne gnóthachan neamhréadaithe sa todhchaí.

## (l) Idirbhearta Droim ar Ais

Is ionann oibríochtaí droim ar ais agus oibríochtaí trína ndéanann an Banc sócmhainní a cheannach nó a dhíol ar airgead tirim faoi chomhaontú athcheannaigh/athcheannaigh droim ar ais. Faoi chomhaontú athcheannaigh, díoltar urrúis ar airgead tirim le comhaontú comhuaineach chun iad a athcheannach ón gcontrapháirtí ar phraghas comhaontaithe ar dháta socraithe amach anseo. Déantar comhaontuithe athcheannaigh a thaifeadadh mar thaiscí comhthaobhaithe isteach ar thaobh dliteanais an Chláir Chomhardaithe agus eascraíonn ioncam úis nó úschostas astu sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála. Urrúis arna ndíol faoin gcomhaontú sin, fanann siad ar Chlár Comhardaithe an Bhainc.

Faoi chomhaontú athcheannaigh droim ar ais, ceannaítear urrúis ar airgead tirim le comhaontú comhuaineach chun iad a dhíol leis an gcontrapháirtí ar phraghas comhaontaithe ar dháta socraithe amach anseo. Déantar comhaontuithe athcheannaigh droim ar ais a thaifeadadh mar iasachtaí comhthaobhaithe ar thaobh na sócmhainní sa Chlár Comhardaithe (Nótaí 15) ach ní chuimsítear iad i ngabháltais urrús an Bhainc. Eascraíonn ioncam úis nó úschostas astu sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 2, Nóta 3).

## (m) Soláthairtí

### (i) Lagú

Déantar na soláthairtí go léir a athbhreithniú ar bhonn bliantúil (Nóta 33). I gcás ina gcruthófar liúntais le haghaidh rioscaí creidmheasa i leith sócmhainní infheistíochta, déantar iad a thaifeadadh i gcuntais leithleacha dliteanas (i.e. ní dhéantar díluacháil dhíreach ar shuim ghlanluacha sócmhainní aonair).

I gcás soláthairtí i leith urrús, measfaidh an Banc, ar dháta an chláir chomhardaithe, cibé acu an raibh fianaise oibiachtúil ann gur lagaíodh urrús nó grúpa urrús. Ní bheidh lagú urrúis nó grúpa urrús i gceist ná ní thabhófar caillteanais lagaithe ach amháin más rud é go mbeidh fianaise oibiachtúil ann maidir le lagú de thoradh teagmhas amháin nó níos mó a tharla i ndiaidh aitheantas tosaigh an urrúis ('teagmhas caillteanais') agus go mbeidh iarmhairt ag an teagmhas caillteanais (nó teagmhais) ar shreafaí measta airgid an urrúis nó an ghrúpa urrús amach anseo.

Folaíonn fianaise oibiachtúil maidir le lagú, sonraí inbhraite i ndáil leis na teagmhais caillteanais seo a leanas, ar teagmhais iad nach bhfuil uileghabhálach:

(i) mainneachtain in íocaíocht príomhshuime nó in íocaíocht úis;

(ii) deacrachtaí maidir le sreabhadh airgid an fhéichiúnaí;

(iii) tabhairt faoi shocrú um athstruchtúrú fiachais;

(iv) meathlú suntasach ar inbhuanaitheacht fiachais cheannasaigh;

(v) íosghrádú seachtrach rátála faoi bhun leibhéil inghlactha; agus

(vi) dálaí díobhálacha eacnamaíocha náisiúnta nó áitiúla nó athruithe díobhálacha ar dhálaí tionscail.

Ar an gcéad dul síos, measfaidh an Banc cibé acu an bhfuil fianaise oibiachtúil ann gur tharla lagú go leithleach ar urrúis atá suntasach go leithleach, agus gur tharla lagú go leithleach nó go comhpháirteach ar urrúis nach bhfuil suntasach go leithleach. Má chinneann an Banc nach bhfuil fianaise oibiachtúil ann gur tharla lagú ar urrúis a ndéantar measúnú orthu go leithleach, cibé acu an urrúis shuntasacha iad nó nach iad, folóidh sé na hurrúis i ngrúpa urrús a bhfuil tréithe comhchosúla riosca creidmheasa acu agus déanfaidh sé iad a chómheasúnú i ndáil le lagú.

Urrúis a ndéantar measúnú orthu go leithleach maidir le lagú agus ar ina leith a aithnítear caillteanas lagaithe nó a leantar de chaillteanas lagaithe a aithint, ní chuismítear iad i gcómheasúnú ar lagú.

Má tá fianaise oibiachtúil ann gur tabhaíodh caillteanas lagaithe ar urrús, déantar méid an chaillteanais a thomhas mar an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus luach reatha sreafaí measta sa todhchaí arna lascainiú de réir bunráta úis éifeachtaigh de chuid an urrúis. Mar áis phraiticiúil, féadfaidh an Banc lagú a thomhas ar bhonn luach cóir sócmhainne trí úsáid a bhaint as praghas margaidh inbhraite.

Sreafaí airgid sa todhchaí i ngrúpa urrús a ndéantar cómheasúnú orthu maidir le lagú, déantar iad a mheasúnú ar bhonn shreafaí conarthacha airgid na sócmhainní sa ghrúpa arna n-oiriúnú go cuí ar bhonn na sonraí reatha inbhraite. I gcás nach mbeidh sonraí inbhraite ar fáil, feidhmítear foirmlí sonracha maidir leis an ríomh trí bhreithiúnas saineolach an lucht bainistíochta a úsáid.

Más rud é, tréimhse éigin ina dhiaidh sin, go laghdóidh méid an chaillteanais lagaithe agus go bhféadfar a chinneadh go hoibiachtúil gur bhain an laghdú sin le teagmhas a tharla tar éis an lagú a aithint, déanfar an caillteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin a iompú droim ar ais (Nóta 4 agus Nóta 33(i)).

**(ii) Soláthar i leith Rioscaí Malairte Eachtraí, Rátaí Úis, Creidmheasa agus Phraghas an Óir:**

I bhfianaise chineál oibríochtaí bainc ceannais, féadfaidh an Banc, i gcomhréir leis an Treoirlíne, soláthar a bhunú ar an gClár Comhardaithe i leith rioscaí malairte eachtraí, rátaí úis, creidmheasa agus phraghas an óir.

Tá an soláthar bunaithe ar mheasúnú cuimsitheach ar gach ceann de na rioscaí airgeadais thuasluaite atá ag bagairt ar an mBanc, ag féachaint go cuí don iarmhairt ionchasach ar Chlár Comhardaithe an Bhainc. Déantar athbhreithniú bliantúil ar mhéid an tsoláthair seo agus ar an ngá leanúnach atá leis, bunaithe ar mheasúnú an Bhainc ar a neamhchosaint ar na rioscaí sin agus ag féachaint do réimse tosca. I gcás ina n-aithneofar scaoileadh soláthair sa mheasúnú cuimsitheach, déanfar é a scaoileadh sa bhliain airgeadais ina n-aithneofar é (Nóta 4, Nóta 33(ii), Nóta 36).

**(iii) Léasanna Dochraideacha**

Is ionann léas dochraideach agus léas inar mó na costais dhosheachanta a bhaineann le comhlíonadh na n-oibleagáidí faoin léas ná an sochar eacnamaíoch a gheofar as.

Tugann an Banc cuntas i leith léasanna dochraideacha i gcomhréir le FRS 102.

I gcás ina dtiocfaidh conradh de bheith dochraideach, déanfar an oibleagáid faoin gconradh a aithint agus a thomhas mar sholáthar (Nóta 33).

### (iv) Soláthar um Athstruchtúrú

Is éard is athstruchtúrú ann clár arna bheartú agus arna rialú ag an lucht bainistíochta agus lena n-athraítear go hábhartha réimse an ghnó a dhéanann eintiteas nó an chaoi ina seoltar an gnó sin.

Aithnítear soláthar i leith costas athstruchtúraithe nuair a chomhlíontar na critéir aitheantais do sholáthairtí.

Déanann an Banc cuntas i leith costas athstruchtúraithe i gcomhréir le FRS 102 (Nóta 4 agus Nóta 33(iv)).

## (n) Meastacháin agus Breithiúnais Chriticiúla Chuntasaíochta

Chun an Ráiteas Cuntas a ullmhú i gcomhréir leis an Treoirlíne agus FRS 102, ní mór meastacháin chriticiúla chuntasaíochta áirithe a úsáid. Ina theannta sin, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnas a fheidhmiú le linn dóibh beartais chuntasaíochta an Bhainc a chur i bhfeidhm. Is iad seo a leanas na réimsí a mbaineann leibhéal níos airde breithniúnais nó castachta leo nó na réimsí ina mbíonn toimhdí agus meastacháin suntasach do na ráitis airgeadais:

- Lagú (Nóta 1(j)(iii),(m), Nóta 4, Nóta 33(i);
- Soláthairtí (Nóta 33);
- Rátaí dímheasa (Nóta 1 (e)(ii), Nóta 22);
- Luacháil Scéime Pinsean Sochair Shainithe (Nóta 32); agus
- Luacháil na Punainne Speisialta (Nóta 1(j), Nóta16(i)).

## (o) Ioncam Barrachais

Comhlíonann an Banc Ionstraim Reachtúil 93/1943 - *Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations, 1943*. Féadfaidh an Banc suas go dtí 20 faoin gcéad ar a mhéid den bhrabús a choinneáil gach bliain. Déantar an méid arna choinneáil a leithreasú chuig cúlchistí agus bíonn sé faoi réir fhormheas an Choimisiúin gach bliain (Nóta 10 agus Nóta 9(i)).

## (p) Réadmhaoin Infheistíochta

Réadmhaoin arna sealbhú le haghaidh torthaí cíosa fhadtéarmaigh agus luachmhéadú caipitil, déantar iad a aicmiú mar réadmhaoin infheistíochta.

**Tomhas Tosaigh**
Déantar réadmhaoin infheistíochta a aithint ar costas ag an tosach, lena n-áirítear an costas ceannaigh agus aon chaiteachas inchurtha go díreach ina leith agus déantar í a thaifeadadh i Sócmhainní Eile (Nóta 21(iii)).

**Tomhas ina dhiaidh sin**
Réadmhaoin infheistíochta a bhféadfar a luach cóir a thomhas go hiontaofa, déantar í a thomhas ar luach cóir. I gcomhréir le beartais chuntasaíochta an Bhainc, tabharfaidh an lucht bainistíochta faoi athbhreithniú bliantúil chun luach cóir réamhaoin infheistíochta an Bhainc a chinneadh.

I gcomhréir leis an Treoirlíne, déantar gnóthachain neamhréadaithe ar athluachálacha a bhreacadh sna cuntais athluachála agus déantar caillteanais neamhréadaithe a bhreacadh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála ag deireadh na bliana. Féadfar laghduithe ar luach cóir a fhritháireamh in aghaidh cuntas athluachála, ach sin go feadh an méid go ndéanfaidh siad gnóthachain neamhréadaithe aitheanta roimhe sin a iompú droim ar ais.

**Ioncam Cíosa**
Tugtar cuntas i leith ioncaim cíosa ar bhonn dronlíneach thar théarma an léasa agus déantar é a aithint in Ioncam Úis (nóta 2(v)).

Déantar sochar comhiomlán na ndreasachtaí léasa a aithint mar laghdú ar an gcaiteachas a aithnítear thar théarma an léasa ar bhonn dronlíneach.

## Nóta 2: Ioncam Úis

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Urrúis – MÓM (i) | 552,208 | 680,939 |
| Urrúis – CGA (ii) | 333,964 | 340,445 |
| Urrúis chun Críocha Beartais Airgeadaíochta (iii) Taiscí | 204,877 | 160,704 |
| Institiúidí Creidmheasa (iv) | 47,755 | 6,771 |
| Taiscí Rialtais (iv) | 43,298 | 19,696 |
| Ioncam Cíosa (v) | 1,950 | 298 |
| Cosaint Taiscí / Ioncam Ráthaíochta (vi) | 695 | 822 |
| SDR (vii) | 543 | 51 |
| Eile (viii) | 373 | 277 |
| Ioncam Taiscí | 231 | 60 |
| Oibríochtaí Beartais Airgeadaíochta (ix) | 136 | 11,577 |
| Ioncam ó Aistriú Sócmhainní Cúlchistí Eachtracha chuig BCE (x) | 60 | 290 |
| Comhaontuithe Athcheannaigh | 37 | - |
| Ioncam TARGET | 11 | - |
| **Iomlán** | **1,186,138** | **1,221,930** |

(i) B'ionann agus €552.2 milliún an t-ioncam a tuilleadh ar urrúis arna sealbhú i bPunann na Sócmhainní Speisialta (2015: €668.6 milliún). Fuarthas punann na n-urrús i ndiaidh leachtú Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc (IBRC) i mí Feabhra 2013.

Freagraíonn an laghdú ar ús a tuilleadh ar phunanna na sócmhainní speisialta do mheascán de mheán-iarmhéideanna ní b'ísle mar thoradh ar dhíolacháin agus ar fhuascailtí le linn na tréimhse agus de mheán-rátaí úis ní b'ísle (Nóta 16(i)(a)).

Toisc go raibh formhór na n-urrús á dtrádáil ar thorthaí diúltacha le linn 2016, taifeadadh úschostas foriomlán ar iarmhéid phunann infheistíochta an Bhainc arna aicmiú mar MÓM. Tuilleadh ioncam úis €12.4 milliún ar an bpunann seo le linn 2015 (Nóta 3(i), Nóta 12(ii)(a), Nóta 13(i) agus Nóta 16(i)(a)).

| Urrúis - MÓM | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Punann Sócmhainní Speisialta | 552,208 | 668,575 |
| – *Nótaí Rátaí Comhlúthacha* | *551,649* | *663,826* |
| – *Banna Rialtas na hÉireann 2025* | *–* | *4,067* |
| – *Banna NAMA* | *559* | *682* |
| Punann MÓM | – | 12,364 |
| **Iomlán** | **552,208** | **680,939** |

(ii) Baineann sé seo le hioncam arna thuilleamh ar bhannaí arna n-aicmiú mar bhannaí a choinnítear go dtí aibíocht (CGA) i bpunann infheistíochta an Bhainc. Tá laghdú tagtha ar an ús a tuilleadh ar na hurrúis sin de bharr torthaí níos ísle (Nóta 13(i) agus Nóta 16 (i)(b)).

(iii) Folaíonn an mhír seo ioncam ar urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta agus déantar é a mhiondealú mar seo a leanas: (Nóta 1 (c)(ix) agus Nóta 16 (ii)).

| Urrúis chun Críocha Beartais Airgeadaíochta | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| CMU | 102,122 | 122,731 |
| PSPP | 83,844 | 20,696 |
| CBPP3 | 13,659 | 6,506 |
| CBPP1 | 3,141 | 7,702 |
| CBPP2 | 2,111 | 3,069 |
| **Iomlán** | **204,877** | **160,704** |

An t-athrú ar leibhéal an ioncaim arna thuilleamh in 2016, freagraíonn sé do leibhéil ghaolmhara na gníomhaíochta faoi gach clár (Nóta 16(ii)).

(iv) I mí an Mheithimh 2014, thug an BCE ráta diúltach isteach ar an tsaoráid taisce a bhaineann le taiscí áirithe arna sealbhú leis an mBanc. Thuill an Banc ioncam úis ar thaiscí Institiúidí Creidmheasa agus ar thaiscí Rialtais arbh ionann é agus €47.8 milliún (2015: €6.8 milliún) agus €43.3 milliún (2015: €19.7 milliún) faoi seach. Sular tugadh isteach an ráta diúltach úis, d'íoc an Banc ús ar na taiscí sin. Leanann an Banc d'ús a fheidhmiú ar na taiscí sin go dtí tairseach chomhaontaithe (Nóta 3 agus Nóta 45).

| Taiscí Institiúidí Creidmheasa | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Cúlchiste Íosta (glan) | 25,049 | 936 |
| Taisce Thar Oíche | 22,706 | 5,835 |
| **Iomlán** | **47,755** | **6,771** |

(v) Baineann ioncam cíosa le fáltais ó chíos a thig as cuid de Bhloc R, Duga Spencer, a ligtear le tríú páirtithe ar bhonn tráchtála (Nóta 1(p), Nóta 21(iii)).

(vi) Baineann sé seo le Ciste Ranníocach na Scéime Ráthaíochta Taiscí (SRT) agus le Ciste Leagáide SRT (Nóta 31(iii)).

(vii) Baineann sé seo le hús ar chuóta na hÉireann sa CAI agus le sealúchais CST na hÉireann (Nóta 12(i)).

(viii) Faoi Eile, áirítear méid €0.3 milliún maidir le hioncam ar bhabhtálacha airgeadra eachtraigh (2015: €0.2 milliún) (Nóta 38 agus 39).

(ix) Baineann sé seo le hioncam arna thuilleamh ar iasachtaí ón mBanc chuig institiúidí creidmheasa mar chuid d'oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais. Freagraíonn an laghdú ar ioncam a tuilleadh ar POanna do leibhéil ní b'ísle iasachtaí chuig institiúidí creidmheasa agus do mheánráta úis ní b'ísle in 2016 i gcomparáid le 2015. In 2016, ghlac an Banc páirt i sraith oibríochtaí athmhaoinithe spriocdhírithe fadtéarmacha (OASF II). Fabhraíonn na hoibríochtaí seo ús de réir ráta na saoráide taisce agus déantar iad a thaifeadadh anois mar chaiteachas don Bhanc (Nóta 3(iii), Nóta 14).

| Oibríochtaí Beartais Airgeadaíochta | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Príomhoibríochtaí Athmhaoinithe (PAanna) | 136 | 1,359 |
| Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha (OAFanna) | – | 10,218 |
| **Iomlán** | **136** | **11,577** |

(x) Baineann sé seo le híocaíocht Sócmhainní Cúlchiste Eachtraigh arna n-aistriú chuig an BCE. Freagraíonn an laghdú ar ioncam do mheánráta PA ní b'ísle in 2016 i gcomparáid le 2015 (Nóta 1(c)(vii) agus Nóta 18).

## Nóta 3: Úschostas

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Urrúis - MÓM (i) | 9,468 | – |
| Caiteachais babhtála (ii) | 5,409 | 95 |
| Oibríochtaí Beartais Airgeadaíochta (iii) | 5,355 | – |
| Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (iv) | 3,297 | 620 |
| Íocaíocht ar Dhliteanas i ndáil le leithdháileadh Nótaí Bainc Euro i gCúrsaíocht (v) | 1,667 | 7,992 |
| Eile (vi) | 1,412 | 336 |
| Taiscí (vii) | 477 | 12 |
| Iarmhéideanna In-Eurochórais (glan) (viii) | 55 | 5,304 |
| Taiscí Rialtais | – | 1 |
| **Iomlán** | **27,140** | **14,360** |

(i) Baineann an mhír seo le húschostas ar bhannaí arna n-aicmiú mar MÓM i bpunann infheistíochta an Bhainc le linn 2016. Rinneadh an méid comhréireach do 2015 a thaifeadadh mar ioncam úis (Nóta 12 (i), Nóta 12 (ii)(a), Nóta 13 (i) agus Nóta 16 (i)(a)).

(ii) Baineann an caiteachas seo le babhtálacha airgeadra eachtraigh arna sealbhú ag an mBanc. Tá an méadú seo inchurtha d'fhálú neamhchosaint mhéadaithe ghlan-SRT i ndiaidh an mhéadaithe ar Chuóta CAI (Nóta 4, Nóta 12(i)(a), Nóta 38 agus Nóta 39).

(iii) Cuimsíonn an mhír seo an glanchaiteachas ar OAFanna arna sealbhú ag an mBanc le linn 2016. Roimhe seo, tuilleadh ioncam ar na hoibríochtaí seo go léir ach in 2016 tugadh sraith oibríochtaí OASF II isteach ina ngearrtar ús de réir ráta na saoráide taisce. Áirítear sna méideanna sin ioncam €4.2 milliún (Nóta 2 (ix) agus Nóta 14 (i)).

(iv) Léiríonn an mhír seo an t-ús arna thabhú ar Chomhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (Nóta 1(l) agus Nóta 15).

(v) Tá an caiteachas úis bunaithe ar an difríocht idir luach na nótaí bainc euro leithdháilte ar gach BCN i gcomhréir lena scála leithdháilte nótaí bainc agus le luach na nótaí bainc euro a chuireann an Banc i gcúrsaíocht go hiarbhír. Déantar luach saothair a íoc ina leith de réir an ráta úis imeallaigh is déanaí arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh oibríochtaí athmhaoinithe. Freagraíonn an t-úschostas ní b'ísle do mheánráta PA ní b'ísle in 2016 (Nóta 1(c)(ii), (c)(iv) agus Nóta 29).

(vi) Baineann sé seo go príomha le húschostas is iníoctha ar iarmhéideanna cuntas bainc reatha (Nóta 13).

(vii) Baineann sé seo le húschostas is iníoctha ar iarmhéideanna cuntas bainc taisce (Nóta 15).

(viii) Is ag deireadh gach lae a ríomhann an BCE an caiteachas úis ar na hiarmhéideanna seo, a n-íocfar luach saothair ina leith de réir rátaí gearrthéarmacha athmhaoinithe de chuid an Eurochórais. Freagraíonn an t-úschostas níos ísle d'iarmhéideanna níos ísle in éineacht le rátaí úis níos ísle (Nóta 1 (c)(ii) agus Nóta 30(i)).

## Nóta 4: Glantoradh Oibríochtaí Airgeadais, Díluachálacha agus Soláthairtí

| Glan-ghnóthachain a eascraíonn as Oibríochtaí Airgeadais | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Caillteanais Praghais Réadaithe ar Urrúis | 1,372,598 | 1,097,594 |
| – *Punann Sócmhainní Speisialta (i)* | *1,359,350* | *1,073,057* |
| – *Punann MÓM* | *13,248* | *24,537* |
| Gnóthachain Réadaithe Rátaí Malairte (ii) | 27,048 | – |
| **Iomlán** | **1,399,646** | **1,097,594** |

(i) Freagraíonn sé seo do na gnóthachain réadaithe ar dhíolacháin Nóta Rátaí Comhlúthacha 2038 agus Nóta Rátaí Comhlúthacha 2041 (Nóta 16 (i)(a)). Le linn 2016, tháinig €254 milliún de bhanna GNBS in aibíocht agus díoladh €171 milliún ar par (2015: tháinig €426 milliún in aibíocht, díoladh €172 milliún ar par).

(ii) Baineann gnóthachain réadaithe ráta malairte le réamhdhíol ár neamhchosaint ghlan-CST i ndiaidh an mhéadaithe ar Chuóta CAI a tháinig in éifeacht an 19 Feabhra 2016 (Nóta 12(i)(a), Nóta 38 agus Nóta 39).

| Díluacháil Sócmhainní Airgeadais agus Staideanna Airgeadais | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Caillteanais Praghais Neamhréadaithe ar Urrúis | (70) | (698) |
| Caillteanais Neamhréadaithe ar Ráta Malairte | – | (47) |
| **Iomlán** | **(70)** | **(745)** |

| Aistriú chuig Soláthairtí/ó Sholáthairtí | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Scaoileadh Soláthair d'Urrúis (Nóta 33(i)) | 20,000 | 70,000 |
| Léas Dochraideach agus Trochlú (Nóta 8(iii), Nóta 33(v)) | – | 17,229 |
| Soláthar i leith rioscaí malairte eachtraí, rátaí úis, creidmheasa agus phraghas an óir (Nóta 33(ii)) | (165,000) | – |
| Soláthar um Athstruchtúrú (Nóta 33(iv)) | (667) | (466) |
| **Iomlán** | **(145,667)** | **86,763** |

## Nóta 5: Ioncam ó Tháillí agus ó Choimisiúin

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iasachtú Urrús | 949 | 750 |
| Dáileadh Ioncam Comhthiomsaithe TARGET2 | 626 | 599 |
| Táillí agus Muirir Seirbhíse | 609 | 743 |
| **Iomlán** | **2,184** | **2,092** |

## Nóta 6: Ioncam ó Ghnáthscaireanna agus ó Leasanna Rannpháirteacha

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Scair de Bhrabúis BCE (i) | 20,379 | 15,848 |
| Díbhinn BIS (ii) | 2,320 | 2,422 |
| **Iomlán** | **22,699** | **18,270** |

(i) Is ionann an mhír seo agus scair an Bhainc de bhrabús BCE (Nóta 1 (c)(v)).

In 2016, chinn Comhairle Rialaithe an BCE nach n-aistreofaí aon chuid de bhrabúis an BCE chuig soláthar riosca an BCE (2015: Nialas). Déantar soláthar riosca an BCE a chothabháil ag teorainn scairchaipiteal láníoctha BCNanna an limistéir euro.

Íocadh suim €966.2 milliún (2015: €812.1 milliún) le BCNanna an Eurochórais an 31 Eanáir 2017 i gcomhréir lena scála caipitil Eurochórais mar dháileadh páirteach ar bhrabúis an BCE don bhliain. B'ionann scair an Bhainc agus €15.9 milliún (2015: €13.4 milliún) (Nóta 19). Déantar dáileadh deiridh an bhrabúis do 2015 arna íoc i mí Feabhra 2016 agus arbh ionann é agus €4.4 milliún a chur in iúl sna figiúirí do 2016 freisin (ba é €2.5 milliún an figiúr comhréireach do 2014 a íocadh in 2015).

(ii) Léiríonn an mhír seo díbhinní a fuarthas ar scaireanna a bhí ar seilbh sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (Nóta 21(iv) agus Nóta 37(i)).

## Nóta 7: Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| *Ioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú* | *(161,217)* | *(150,098)* |
| *Ioncam airgeadaíochta arna athdháileadh* | *163,372* | *148,083* |
| **Glanfhaighteoir/(Ranníocóir) Ioncaim Airgeadaíochta (Nóta 19 agus Nóta 30)** | **2,155** | **(2,015)** |
| Coigeartuithe Eurochórais do na Blianta Roimhe seo (Nóta 19) | 344 | 381 |
| **Iomlán** | **2,499** | **(1,634)** |

Léiríonn sé seo an difríocht idir an t-ioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an mBanc de €161.2 milliún (2015: €150.1 milliún) agus méid €163.4 milliún arna athdháileadh ar an mBanc (2015: €148.1 milliún) i ndiaidh dháileadh ioncam airgeadaíochta iomlán an Eurochórais ar na BCNanna de réir a scaireanna scála caipitil faoi seach, móide ús agus coigeartú arb ionann é agus €0.3 milliún ar ghlantorthaí don bhliain roimhe sin (2015: €0.4 milliún) (Nóta 1(c)(vi)).

## Nóta 8: Ioncam Eile

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Glanmhaoiniú Tionscail na Rialála Airgeadais (i) | 74,468 | 74,837 |
| Toradh Ionchais ar Shócmhainní an Chiste Pinsean (Nóta 32 (i)) | 16,400 | 13,280 |
| Pionóis Airgeadaíochta na Rialála Airgeadais (ii) | 12,076 | 2,165 |
| Ioncam Eile na Rialála Airgeadais (Nóta 43) | 3,296 | 3,054 |
| Eile | 2,055 | 203 |
| Muirir Iarchurtha na Rialála Airgeadais (iii) | – | (7,087) |
| Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsean (Nóta 32 (i)) | (20,185) | (19,936) |
| **Iomlán** | **88,110** | **66,516** |

(i) I Nóte 43(i), tugtar comhdhéanamh Ghlanmhaoiniú Tionscail na Rialála Airgeadais.

(ii) Freagraíonn pionóis airgeadaíochta do na méideanna ab iníoctha leis an mBanc ó sholáthraithe seirbhísí airgeadais tar éis comhaontuithe socraíochta maidir le sárú ceanglas rialála a chur i gcrích leis na heintitis sin. Áirítear méid iomlán na bpionós sin atá comhionann le €12.1 milliún in 2016 (2015: €2.2 milliún) faoin Ioncam Barrachais is iníoctha leis an Státchiste i ndiaidh fhaomhadh an Ráitis Cuntas (Nóta 10).

(iii) In 2015, d'fhreagair sé sin do ghlanéifeacht leachtú soláthair i leith léasa dhochraidigh ab inchurtha don tionscal de €5.8 milliún agus scaoileadh coda de tháillí iarchurtha roimhe seo de €1.3 milliún. Níor taifeadadh aon táillí iarchurtha in 2016 (Nóta 4 agus Nóta 43 (vii)).

## Nóta 9: Caiteachais

| | Ceannoifig & Saoráidí Priontála* | | Mionta** | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 |
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Tuarastail/Liúntais (i) | 105,418 | 96,067 | 349 | 487 | 105,767 | 96,554 |
| PRSI | 9,652 | 8,470 | 25 | 25 | 9,677 | 8,495 |
| Pinsin (Nóta 32(i)) | 30,837 | 44,188 | 63 | 111 | 30,900 | 44,299 |
| **Caiteachais foirne** | **145,907** | **148,725** | **437** | **623** | **146,344** | **149,348** |
| Cumarsáid agus TF | 22,670 | 15,207 | (9) | 44 | 22,661 | 15,251 |
| Taisteal ar ghnó | 2,790 | 2,382 | 5 | 8 | 2,795 | 2,390 |
| Caiteachas Riaracháin Oifige | 1,436 | 1,498 | 2 | 1 | 1,438 | 1,499 |
| Táillí Gairmiúla (ii) | 14,668 | 14,257 | 2 | 4 | 14,670 | 14,261 |
| Taighde Seachtrach & Síntiúis Chorparáideacha | 2,523 | 2,067 | 2 | 3 | 2,525 | 2,070 |
| Foilsitheoireacht & Caidreamh Poiblí | 419 | 806 | – | – | 419 | 806 |
| Íocaíochtaí & Táillí Bainistíochta Sócmhainní | 6,025 | 4,888 | 31 | 11 | 6,056 | 4,899 |
| Soláthairtí Airgeadra & Cothabháil Gléasanna | 833 | 776 | 54 | 67 | 887 | 843 |
| Oiliúint, Oideachas & Comhdhálacha | 2,812 | 3,395 | 2 | 4 | 2,814 | 3,399 |
| Earcaíocht & Costais Eile Foirne | 3,637 | 3,352 | 1 | – | 3,638 | 3,352 |
| Bainistíocht & Cothabháil Saoráidí | 5,832 | 5,889 | 20 | 4 | 5,852 | 5,893 |
| Cíos & Fóntais | 7,290 | 10,004 | – | – | 7,290 | 10,004 |
| Ilghnéitheach (iii) | 1,649 | 428 | – | 2 | 1,649 | 430 |
| **Caiteachais Oibríochtúla eile** | **72,584** | **64,949** | **110** | **148** | **72,694** | **65,097** |
| **Díluacháil** | **10,776** | **10,636** | **144** | **99** | **10,920** | **10,735** |
| **Amhábhair um Tháirgeadh Airgeadra (iv)** | **4,176** | **5,983** | **3,166** | **652** | **7,342** | **6,635** |
| **Caiteachais Iomlána** | **233,443** | **230,293** | **3,857** | **1,522** | **237,300** | **231,815** |

* I gcaiteachais na Ceannoifige agus na Saoráidí Priontála, cuimsítear gach caiteachas (lena n-áirítear caiteachais rialála airgid agus saoráidí priontála) seachas na cinn sin a bhaineann leis an Mionta.

**Caiteachais arna dtabhú ag an Mionta, ar caiteachais iad a bhaineann le soláthar agus le heisiúint monaí, déantar iad sin a mhuirearú go díreach ar an gCúlchiste Airgeadra (Nóta 1(g) agus Nóta 25(ii)).

(i) In 2016, rinne an Banc íocaíochtaí coinneála €449,089 le 28 comhalta foirne (2015: €38,009 le trí chomhalta foirne). Rinneadh na híocaíochtaí sin i gcomhréir leis an mBeartas Eatramhach um Choinneáil Comhaltaí Foirne Leithleacha a tugadh isteach i mí Iúil 2014. Forbraíodh an beartas seo mar fhreagairt ar an riosca go gcaillfeadh an Banc comhaltaí foirne ríthábhachtacha a raibh róil straitéiseacha áirithe á sealbhú acu maidir le tionscadail shuntasacha straitéiseacha i dtaca le feidhmeanna an Bhainc. Rinneadh na 28 íocaíocht le comhaltaí foirne a sainaithníodh in 2015 mar “Spriocfhostaithe”, mar a shainítear sa bheartas. Ní dearnadh aon chomhaltaí foirne breise a áireamh sa bheartas ó 2015 i leith agus níl aon íocaíochtaí eile dlite.

I mí an Mheithimh 2015, formheasadh Beartas an tSasra Aonair Maoirseachta (SAM) um Liúntas ar an Láthair agus rinneadh athbhreithniú breise air i mí an Mheithimh 2016. Bíonn feidhm ag an mBeartas sin le comhaltaí foirne a shanntar d’obair ar an láthair in institiúidí creidemheasa, ar comhaltaí iad a chaitheann 65-85% dá gcuid am oibre ar chigireachtaí (ullmhú, gníomhú agus tuairisciú) faoi SAM. B’ionann agus €180,348 méid na n-íocaíochtaí arna ndéanamh faoin mbeartas seo le linn na bliana agus rinneadh na híocaíochtaí sin le 47 comhalta foirne. Aon chomhaltaí foirne a fhaigheann an liúntas seo, bíonn siad faoi réir gnáth-chánachais.

In 2016, rinneadh íocaíocht arbh ionann san iomlán é agus €32,919 ar dhul in éag do chonradh ar théarma socraithe i gcomhréir le forálacha na nAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2007 agus an Achta um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003 (2015: rinneadh íocaíodh €35,775 ar dhul in éag do dhá chonradh ar théarma socraithe). Rinneadh socraíocht €24,322 le duine amháin agus áiríodh sa tsocraíocht sin íocaíocht foirceanta agus íocaíocht in ionad fógra arbh ionann iad agus €6,961 (2015: €2,475 i leith iocaíochta foirceanta). Rinneadh íocaíocht amháin eile in ionad fógra le linn na bliana arbh ionann í agus €2,603.

## Nóta 9: Caiteachais (ar lean)

Luach saothair Chomhaltaí Feidhmiúcháin an Choimisiúin agus Príomhphearsanra in 2016

| Ainm | Tréimhse 2016 | Tuarastal | Tréimhse 2015 | Tuarastal |
|---|---|---|---|---|
| **Philip R. Lane**<br>An Gobharnóir (a) | 1 Eanáir - 31 Nollaig | €254,048 | 26 Samhain - 31 Nollaig | €24,700 |
| **Philip R. Lane**<br>Gobharnóir Tofa (a) | Ní bhaineann le hábhar | Nialas | 1 Samhain - 25 Samhain | €15,997 |
| **Sharon Donnery**<br>An Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais) (a) | 1 Marta -31 Nollaig | €184,093 | Ní bhaineann le hábhar | Nialas |
| **Cyril Roux**<br>An Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais) | 1 Eanáir-31 Nollaig | €310,000 | 1 Eanáir - 31 Nollaig | €310,000 |
| **Patrick Honohan**<br>An Gobharnóir (a) (d'éirigh sé as oifig an 25 Samhain 2015) | Ní bhaineann le hábhar | Nialas | 1 Eanáir - 25 Samhain | €229,349 |
| **Stefan Gerlach**<br>An Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais) (d'éirigh sé as oifig an 27 Samhain 2015). | Ní bhaineann le hábhar | Nialas | 1 Eanáir - 27 Samhain | €202,738 |

Luach saothair Chomhaltaí Neamhfheidhmiúcháin an Choimisiúin

| Ainm | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| Blanaid Clarke | Nialas (b) (c) | Nialas (b) (c) |
| Alan Ahearne | Nialas (b) (c) | Nialas (b) (c) |
| Derek Moran | Nialas (b) | Nialas (b) |
| Des Geraghty | €14,936 | €14,936 |
| Michael Soden | €14,936 | €14,936 |
| John FitzGerald | €14,936 | €14,936 |
| Patricia Byron | €14,936 | €11,202 |

Caiteachais Chomhaltaí Neamhfheidhmiúcháin an Choimisiúin

| Ainm | Taisteal | Cóiríocht agus Liúntas Cothaithe | Iomlán do 2016 | Iomlán do 2015 |
|---|---|---|---|---|
| Blanaid Clarke | Nialas | Nialas | Nialas | €240 |
| Alan Ahearne | €386 | €160 | €546 | €1,761 |
| Derek Moran | Nialas | Nialas | Nialas | Nialas |
| Des Geraghty | Nialas | Nialas | Nialas | Nialas |
| Michael Soden | Nialas | Nialas | Nialas | Nialas |
| John FitzGerald | Nialas | Nialas | Nialas | Nialas |
| Patricia Byron | Nialas | Nialas | Nialas | Nialas |

## Nóta 9: Caiteachais (ar lean)

Luach Saothair Príomhphearsanra Bainistíochta eile

| Ainm | Tréimhse | Tuarastal 2016 | Tuarastal 2015 |
|---|---|---|---|
| Príomhphearsanra Bainistíochta eile (d)[14] | 1 Eanáir - 31 Nollaig | €7,366,496 | €7,007,833 |

(a) Ní théann teidlíochtaí pinsin an Ghobharnóra Philip R. Lane nó an Leas-Ghobharnóra Sharon Donnery thar ghnáth-theidlíochtaí scéim aoisliúntais sochair shainithe an Bhainc (Nóta 32).

(b) I gcomhréir leis an bprionsabal 'Duine amháin, Tuarastal amháin', níor íocadh táillí le triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin den Choimisiún.

(c) Mar gheall ar an tiomantas ama is gá chun feidhmeanna an Choimisiúin a chomhlíonadh, tá ceannach amach ama i bhfeidhm chun fostóirí lánaimseartha earnála poiblí de chuid beirt chomhalta (2015: beirt chomhalta) a chúiteamh i leith costas arna dtabhú de thoradh asláithreacht na beirte sin ar ghnó an Choimisiúin. Le linn 2016, tabhaíodh caiteachas €14,936 (2015: €14,936) i ndáil le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh agus tabhaíodh caiteachas €14,936 (2015: €14,936) i ndáil le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

(d) Oibríonn an Banc scéim iasachta laethanta saoire arna formheas ag na Coimisineirí Ioncaim do na comhaltaí foirne go léir. Rinneadh aircleacain arbh ionann san iomlán iad agus €33,250 a íoc le Comhalta Feidhmiúcháin amháin de chuid an Choimisiúin agus le seachtar Príomhphearsanra Bainistíochta. Amhail ar an 31 Nollaig 2016, aisíocadh na hairleacain go léir faoin scéim seo.

Thug an Banc morgáistí do chomhaltaí foirne ar rátaí fabhracha úis anuas go dtí 2008. Amhail ar an 31 Nollaig 2016, bhí iarmhéid morgáiste €4,728 fós amuigh ag Príomhphearsa Bainistíochta amháin. Rinneadh cáin sochair chomhchineáil ar an ráta fabhrach úis a fheidhmiú maidir leis an morgáiste seo i gcomhréir le nósanna imeachta arna bhformheas ag na Coimisinéirí Ioncaim.

(ii) Folaítear iontu suimeanna is iníoctha leis na hiniúchóirí seachtracha. Ba iad seo a leanas na táillí iniúchóirí arna dtabhú i leith seirbhísí arna soláthar ag Mazars, Grant Thornton agus ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste:

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Iniúchadh Cuntas ar leithligh** | **276** | **276** |
| Mazars (vi) | 151 | - |
| Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 125 | 120 |
| Grant Thornton (vi) | - | 156 |
| **Seirbhísí Dearbhaithe Eile** | **57** | **43** |
| Mazars | 57 | - |
| Grant Thornton | - | 43 |
| **Iomlán** | **333** | **319** |

Seirbhísí Dearbhaithe Eile, baineann siad le seirbhísí iniúchóireachta arna gcur ar fáil thar ceann an BCE agus an Chiste Aoisliúntais agus an Chiste Réitigh do Bhainc agus do Ghnólachtaí Infheistíochta.

(iii) Áirítear in Ilghnéitheach caiteachais an Bhinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais €0.08 milliún (2015: €0.09 milliún) a íocann an Banc i gcomhréir le forálacha Alt 57AX(4) *d'Acht an Bhainc Cheannais* 1942 (arna leasú).

(iv) Baineann Caiteachais Amhábhar um Tháirgeadh Airgeadra le táirgeadh Nótaí Bainc €4.2 milliún (2015: €6 milliún) agus Monaí €3.2 milliún (2015: €0.6 milliún). Baineann an laghdú ar chostas nótaí bainc le méid táirgeachta níos ísle in 2016 i

14 Tagraíonn Príomhphearsanra Bainistíochta do chomhaltaí foirne ar leibhéal Ceannasaithe Rannán nó níos airde lena n-eisiatar an Gobharnóir agus na Leas-Ghobharnóirí a thuairiscítear go leithleach.

gcomparáid le 2015. Baineann an méadú ar chostais bonn go príomha le ceannach óir agus airgid le haghaidh táirgí bonn chun cothrom céad bliain Éirí Amach 1916 agus Fhorógra na Poblachta a chomóradh.

(v) Bhí suim €5.8 milliún (2015: €6.1 milliún) iníoctha leis an Roinn Airgeadais i leith an tobhaigh pinsin ó thuarastail comhaltaí foirne.

(vi) Le linn 2016, d'éirigh Grant Thornton as mar iniúchóirí seachtracha agus ceapadh Mazars ina dhiaidh sin tar éis comórtais um sholáthar poiblí.

## Nóta 10: Ioncam barrachais is iníoctha leis an Státchiste

Tá barrachas ioncaim €1,836.2 milliún iníoctha leis an Státchiste i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2016 (2015: €1,795.2 milliún) (Nóta 1 (o) agus 31 (i)). Tá an méid comhlán iníoctha leis an Státchiste mar faoi Alt 6J *d'Acht an Bhainc Cheannais*, 1942 (arna leasú), tá an Banc díomhaithe ó Cháin Chorparáideach agus ó agus ó Cháin Ghnóchan Caipitiúil.

## Nóta 11: Ór agus Infhaighteachtaí óir

| | 2016 | 2016 | 2015 | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | Mínunsa Óir | €000 | Mínunsa Óir |
| Ór agus Infhaighteachtaí óir | 212,471 | 193,499 | 188,167 | 193,343 |
| **Iomlán** | **212,471** | **193,499** | **188,167** | **193,343** |

In Ór agus Infhaighteachtaí óir, cuimsítear stoic monaí arna gcoinneáil sa Bhanc, maille le barraí óir arna gcoinneáil i mBanc Shasana. Tá an méadú ar an iarmhéid ag deireadh 2016 inchurtha go príomha don athrú ar mhargadhluach sealúchas óir ó dheireadh 2015 go dtí 2016 (Nóta 1j(iv) agus Nóta 34).

## Nóta 12: Éilimh in Airgeadra Eachtrach ar Chónaitheoirí lasmuigh den Limistéar euro

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Infhaighteachtaí ón CAI (i) | 1,858,393 | 1,157,743 |
| Iarmhéideanna le Bainc agus Infheistíochtaí Urrús, Iasachtaí Seachtracha agus Sócmhainní Seachtracha eile a bheidh dlite | 1,332,968 | 677,905 |
| **Iomlán** | **3,191,361** | **1,835,648** |

**(i) Infhaighteachtaí ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI)**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Cuóta | 4,451,425 | 1,576,462 |
| Lúide Sealúchais CAI arna gcothabháil ag an mBanc | (3,423,158) | (1,247,237) |
| Suíomh Cúlchiste sa CAI (a) | 1,028,267 | 329,225 |
| Sealúchais CST (b) | 830,126 | 828,518 |
| **Iomlán** | **1,858,393** | **1,157,743** |

## Nóta 12: Éilimh in Airgeadra Eachtrach ar Chónaitheoirí lasmuigh den Limistéar euro (ar lean)

(a) Suíomh Cúlchiste sa CAI:

Is ionann an tsócmhainn seo agus an difríocht idir Cuóta na hÉireann sa Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) agus sealúchais euro an CAI arna gcothabháil ag an mBanc. Is ionann cuóta na hÉireann agus a suibscríbhinn ballraíochta. An 15 Nollaig, 2010, chuir Bord Gobharnóirí an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) pacáiste d'athchóirithe cuimsitheacha i gcrích maidir le cuótaí agus rialachas an Chiste. An 26 Eanáir 2016, comhlíonadh na coinníollacha chun na méaduithe comhaontaithe ar chuótaí a chur chun feidhme. Dá thoradh sin, méadóidh cuóta CAI na hÉireann faoi CST 2,192.3 milliún ó CST 1,257.6 milliún go dtí CST 3,449.9 milliún an 19 Feabhra 2016. Ag an tús, b'ionann sealúchais euro an CAI arna gcoinneáil leis an mBanc agus 75 faoin gcéad den Chuóta, ach tá athrú tagtha orthu ó am go ham de thoradh treoracha a fuarthas ón CAI maidir lena iasachtaí le ballstáit. Is ionann an sealúchas reatha céatadánach agus 77 faoin gcéad (2015: 79 faoin gcéad).

(b) Sealúchais Ceart Speisialta Tarraingthe (CST):

Is cúlsócmhainn idirnáisiúnta í CST arna cruthú ag an CAI agus arna leithdháileadh ar bhallstáit sna 1970idí/80idí d'fhonn leachtacht idirnáisiúnta a mhéadú. Sainítear CST i dtéarmaí ciseáin d'airgeadraí. Socraítear a luach mar shuim ualaithe rátaí malairte na gcúig airgeadra (dollar Mheiriceá, sterling, Yen na Seapáine, Renminbi na Síne[15] agus an euro) (Nóta 28).

**(ii) Iarmhéideanna le Bainc agus Infheistíochtaí Urrús, Iasachtaí Seachtracha agus Sócmhainní Seachtracha eile a bheidh dlite laistigh d'aon bhliain amháin**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna le Bainc | 377,553 | 4,190 |
| Infheistíochtaí Urrúis – MÓM (a) | 955,415 | 673,715 |
| **Iomlán** | **1,332,968** | **677,905** |

(a) Cuimsíonn na hurrúis seo fiachas arna eisiúint ag eisitheoirí lasmuigh den limistéar euro (Nóta 1(j)).

| Próifíl Aibíochta | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| 0 – 3 mhí | 808,072 | 628,295 |
| 3 mhí – 1 bhliain | 524,896 | 49,610 |
| **Iomlán** | **1,332,968** | **677,905** |

## Nóta 13: Éilimh in euro ar neamhchónaitheoirí sa limistéar euro

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Infheistíochtaí Slándála - CGA (i) | 1,197,079 | 1,035,839 |
| Iarmhéideanna le Bainc | 729,301 | 705,699 |
| Infheistíochtaí Slándála - MÓM (i) | 726,927 | 1,071,058 |
| **Iomlán** | **2,653,307** | **2,812,596** |

(i) Cuimsíonn na hurrúis seo fiachas arna eisiúint ag eisitheoirí lasmuigh den limistéar euro (Nóta 1 (j)).

15 An 1 Deireadh Fómhair 2016, thug an CAI Renminbi na Síne isteach mar an gcúigiú airgeadra a áireofar i mbascaed CST, rud a léiríonn éabhlóid leanúnach an gheilleagair dhomhanda.

## Nóta 13: Éilimh in euro ar neamhchónaitheoirí sa limistéar euro (ar lean)

| Próifíl Aibíochta | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| 0 – 3 mhí | 5,052 | 795,917 |
| 3 mhí – 1 bhliain | 1,064,631 | 413,135 |
| 1 bhliain – 5 bliana | 1,121,719 | 1,349,653 |
| 5 bhliain – 10 bliana | 461,905 | 253,891 |
| **Iomlán** | **2,653,307** | **2,812,596** |

## Nóta 14: Iasachtaí le hInstitiúidí Creidmheasa sa Limistéar Euro maidir le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in Euro

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha (i) *mar atá* | | |
| OAFanna | 1,150,000 | 3,750,000 |
| OASFanna | 6,268,000 | 4,685,000 |
| Na Príomhoibríochtaí Athmhaoinithe (ii) | – | 2,300,000 |
| **Iomlán** | **7,418,000** | **10,735,000** |

Tá na hiarmhéideanna sin déanta suas d'airleacain chuig institiúidí creidmheasa agus léiríonn siad rannpháirtíocht an Bhainc in oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais. Tá na hairleacain go léir urraithe go hiomlán le comhthaobhacht arna formheas ag an Eurochóras[16]. Amhail ar an 31 Nollaig 2016, b'ionann na hairleacain iomlána a bhain le beartas airgeadaíochta an Eurochórais agus €595.9 billiún (2015: €558.9 billiún), agus bhí €7.4 billiún den mhéid sin ar seilbh ag an mBanc (2015: €10.7 billiún). De réir Airteagal 32.4 de Reacht CEBC, ba cheart go ndéanfaí aon chaillteanais ar iasachtaí arna dtabhairt d'institiúidí creidmheasa sa limistéar euro a roinnt go hiomlán idir BCNanna an Eurochórais, i gcomhréir leis na scaireanna scála caipitil a bheadh i réim san Eurochóras. Maidir le comhthaobhacht shonrach ar féidir le BCNanna glacadh léi, dá rogha féin, tá comhroinnt riosca eisiata ag Comhairle Rialaithe an BCE.

(i) Leis na hOibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha, féachtar le hathmhaoiniú breise fadtéarmach a sholáthar do chontrapháirithe. In 2016, seoladh oibríochtaí a raibh tréimhsí aibíochta idir 3 agus 48 mí acu agus seoladh iad le cionroinnt iomlán de mhéid iomlán na tairisceana. In 2016, seoladh OAFanna rialta 3 mhí ar bhonn míosúil, agus bhí an ráta úis infheidhme comhionann le meánráta PA thar an tréimhse ábhartha.

An 5 Meitheamh 2014, chinn Comhairle Rialaithe an BCE go seolfaí sraith oibríochtaí athmhaoinithe spriocdhírithe fadtéarmacha (OASFanna) lena bhféachfaí le hiasachtú banc chuig earnáil phríobháideach neamhairgeadais an limistéir euro a fheabhsú, lena n-eisiatar iasachtaí chuig teaghlaigh chun tithe a cheannach thar thréimhse dhá bhliain. Tá an ráta úis ar na OASFanna socraithe do thréimhse gach oibríochta de réir ráta PAanna an Eurochórais a bheidh i bhfeidhm tráth a nglactha, móide raon difríochta socraithe.

De bhreis air sin, thug an Chomhairle Rialaithe sraith nua d'oibríochtaí OASF II isteach i mí an Mhárta 2016. Tá tréimhse aibíochta ceithre bliana ag na hoibríochtaí seo, agus féadfar iad a aisíoc tar éis dhá bhliain. Bíonn an ráta úis is infheidhme maidir le hoibríochtaí OASF II ag brath ar thagarmharc iasachtaithe na gcontrapháirtithe faoi seach idir dáta na cionroinnte agus mí Eanáir 2018. Socrófar an ráta iarbhír in 2018 agus beidh sé idir ráta PA agus ráta na saoráide taisce tráth na cionroinnte. Úsáideadh ráta na saoráide taisce chun ús OASF II a ríomh do 2016 in éagmais an ráta iarbhír toisc go meastar gur cur chuige stuama é seo (Nóta 3(iii).

16 http://www.ecb.europa.eu/mopo/assets/html/index.en.html

## Nóta 14: Iasachtaí le hInstitiúidí Creidmheasa sa Limistéar Euro maidir le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in Euro (ar lean)

| Próifíl Aibíochta OAFanna agus OASFanna | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| 0 – 3 mhí | 1,150,000 | 3,750,000 |
| 1 bhliain – 5 bliana | 6,268,000 | 4,685,000 |
| **Iomlán** | **7,418,000** | **8,435,000** |

(ii) Déantar príomhoibríochtaí athmhaoinithe a fhorghníomhú trí idirbhearta droim ar ais chun leachtacht a sholáthar, ar idirbhearta iad a mbíonn minicíocht agus aibíocht aon seachtaine acu, ar bhonn tairiscintí caighdeánacha. Ó mhí Dheireadh Fómhair 2008, seoladh na hoibríochtaí sin ar ráta socraithe le cionroinnt iomlán de mhéid iomlán na tairisceana. Cé gur sheol an Banc PAanna le linn na bliana, ní raibh aon iarmhéid amuigh amhail ar an 31 Nollaig 2016.

## Nóta 15: Éilimh eile in euro ar Institiúidí Creidmheasa sa Limistéar euro

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Aibíochtaí is giorra ná aon bhliain amháin:** | | |
| Iarmhéideanna le Bainc | 160,432 | 153,683 |
| Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais | – | 219,750 |
| **Iomlán** | **160,432** | **373,433** |

## Nóta 16: Urrúis in euro de chuid Chónaitheoirí an Limistéir Euro

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Urrúis Eile (i) | 44,820,787 | 48,527,165 |
| Urrúis arna Sealbhú chun Críocha Beartais Airgeadaíochta (ii) | 22,434,179 | 11,103,429 |
| **Iomlán** | **67,254,966** | **59,630,594** |

Cuimsíonn an mhír seo dhá phunann:

(i) ‘Urrúis Eile’ lena n-áirítear urrúis inmhargaidh nach mbaineann le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta de chuid an Eurochórais; agus

(ii) ‘Urrúis arna Sealbhú chun Críocha Beartais Airgeadaíochta’, a tugadh isteach chun punanna bannaí faoi chumhdach arna n-ainmniú in euro a léiriú, (cuireadh tús le CBPP1 i mí Iúil 2009, le CBPP2 i mí na Samhna 2011 agus le CBPP3 i mí Dheireadh Fomhair 2014), mar aon le Clár na Margaí Urrús (CMU) ar cuireadh tús leis i mí Bealtaine 2010, agus clár ceannaigh na hearnála poiblí ar cuireadh tús leis i mí an Mhárta 2015.

## Nóta 16: Urrúis in euro de chuid Chónaitheoirí an Limistéir Euro (ar lean)

### (i) Urrúis Eile

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Infheistíochtaí Urrúis – MÓM (a) | 34,500,568 | 38,402,989 |
| Infheistíochtaí Slándála - CGA (b) | 10,320,219 | 10,124,176 |
| **Iomlán** | **44,820,787** | **48,527,165** |

| Próifíl Aibíochta | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| 0 – 3 mí | 1,109,689 | 1,860,317 |
| 3 mhí – 1 bhliain | 2,460,136 | 2,122,648 |
| 1 bhliain – 5 bliana | 6,480,428 | 6,109,527 |
| 5 bliana – 10 mbliana | 4,542,424 | 5,276,131 |
| 10 mbliana – 15 bliana | – | – |
| > 15 bliana | 30,228,110 | 33,158,542 |
| **Iomlán** | **44,820,787** | **48,527,165** |

(a) Infheistíochtaí Urrúis – MÓM

| | Margadhluach Scoir 2016 | Margadhluach Scoir 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Punann Speisialta (i) | 30,311,163 | 33,412,000 |
| Billí Státchiste | 1,849,346 | 2,360,743 |
| Bannaí Eisiúna Airgeadais | 708,799 | 1,455,858 |
| Bannaí arna n-eisiúint ag an Rialtas | 1,631,260 | 1,174,388 |
| **Iomlán** | **34,500,568** | **38,402,989** |

Tá punann na n-urrús a fuarthas i ndiaidh leachtú IBRC mar chuid den aicme seo mar a leagtar amach sa tábla thíos:

### (i) Punann Speisialta - Sócmhainní a fuarthas i ndiaidh leachtú IBRC

| | Luachanna Leabhair | | | | Gluaiseachtaí Athluachála | | | | Achoimre | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| €000 | 2015 Iarmhéid scoir | Ceannacháin | Díolacháin/ Fuascailtí | Iarmhéid scoir 2016 | Iarmhéid scoir 2015 | Athluacháil Tosaigh ar Dhiúscairtí | Gluaiseacht ar an bPunann Choinnithe | Iarmhéid scoir 2016 | Margadhluach Scoir 2015 | Margadhluach Scoir 2016 |
| Nótaí Rátaí | 22,534,000 | – | (3,000,000) | 19,534,000 | 10,624,542 | (1,239,705) | 1,309,273 | 10,694,110 | 33,158,542 | 30,228,110 |
| Bannaí GNBS | 254,000 | 254,000 | (425,000) | 83,000 | (542) | 542 | 53 | 53 | 253,458 | 83,053 |
| **Iomlán** | **22,788,000** | **254,000** | **(3,425,000)** | **19,617,000** | **10,624,000** | **(1,239,163)** | **1,309,326** | **10,694,163** | **33,412,000** | **30,311,163** |

## Nóta 16: Urrúis in euro de chuid Chónaitheoirí an Limistéir Euro (ar lean)

Sa Tábla thuas, léirítear an ghluaiseacht ar luachanna leabhar agus ar luacháil urrús a fuarthas i ndiaidh leachtú IBRC le linn 2013. Tá sé ar intinn ag an mBanc punann na Nótaí Rátaí Comhlúthacha a dhíol a luaithe is féidir ar choinníoll gur féidir déanamh amhlaidh sna dálaí cobhsaíochta airgeadais. Tá sé curtha in iúl ag an mBanc freisin go ndíolfaidh sé íosmhéid de na hurrúis sin i gcomhréir leis an sceideal seo a leanas: 2017-2018 (€0.5 billiún in aghaidh na bliana), 2019-2023 (€1 billiún in aghaidh na bliana), agus 2024 (€2 billiún in aghaidh na bliana go dtí go mbeidh na bannaí go léir díolta).

**NRCanna**

In 2013, fuair an Banc ocht NRC arbh ionann iad agus €25.0 billiún mar chuid de mhalartú sócmhainní i ndiaidh leachtú IBRC. Tá raon aibíochta ó 2038 go dtí 2053 ag na hocht NRC. Aicmítear iad seo mar urrúis Leibhéal 3 (Nóta 1(j)(v)). Amhail ar an 31 Nollaig 2016, rinneadh na NRCanna a luacháil ar €30.2 billiún (2015: €33.2 billiún), rud ba chionsiocair le gnóthachan neamhréadaithe €10.7 billiún (2015: €10.6 billiún) (Nóta 34). Le linn 2016, dhíol an Banc NRCanna arbh ionann a luach ainmniúil agus €3 billiún (NRC 2041 €1.5 billiún agus NRC 2043 €1.5 billiún) sa chaoi gur réadaíodh gnóthachain €1.4 milliún (Nóta 4). Tá sealúchais uile NRCanna 2038 agus 2041 diúscartha anois.

Ó tharla nach bhfuil margadh gníomhach ann i NRCanna, déanann an Banc luacháil ar NRCanna trí shamhail inmheánach a úsáid lena bhfeidhmítear modhanna agus teicnící luachála a aithnítear mar chinn atá caighdeánach sa tionscal. Rinneadh luach cóir na n-urrús sin a mheas trí úsáid a bhaint as teicníc luachála sreafa airgid lascainithe lena n-ionchorpraítear:

a) cuar Euribor measta "6 mhí ar aghaidh" a athraíonn le himeacht ama mar fhreagairt ar thosca éagsúla, lena n-áirítear soláthar agus éileamh i ndáil le leachtacht sna bainc mar aon le fás eacnamaíoch agus ionchais maidir le boilsciú, agus

b) cuar toraidh gan chúpón arna thiomsú ón gcuar toraidh Éireannach gan chúpón don tréimhse ar ina leith atá praghsanna margaidh inbhraite ar fáil, agus ina dhiaidh sin, trí úsáid a bhaint as torthaí inbhraite ar chuair toraidh Eorpacha ábhartha a bhíonn á dtrádáil ar mhargaí gníomhacha.

Is gá breithiúnas a fheidhmiú i leith tosca samhla chun a áirithiú go ndéantar iad a mheas mar is iomchuí le himeacht aimsire. Déanann an Banc measúnú go tráthrialta ar an tsamhail chun a áirithiú go bhfuil sí i gcomhréir leis an gcleachtas is fearr. Mar shampla, bheadh laghdú €1.6 billiún nó mar sin ar an luacháil mar thoradh ar mhéadú 25 bonnphointe ar an gcuar lascaine Éireannach arna úsáid sa tsamhail praghsála (2015: €1.6 billiún). Bheadh méadú um €1.7 billiún ar an luacháil mar thoradh ar laghdú 25 bonnphointe ar an gcuar lascaine Éireannach arna úsáid sa tsamhail praghsála (2015: €1.7 billiún).

**Bannaí GNBS**

In 2013, fuair an Banc méid ainmniúil €13.7 billiún de Bhannaí GNBS i ndiaidh leachtú IBRC agus d'fhuascail NAMA €0.4 billiún den mhéid sin in 2016 (2015: €0.6 billiún), gan aon ghnóthachan nó aon chaillteanas a réadú (Nóta 4(i)). Amhail ar an 31 Nollaig 2016, rinneadh bannaí GNBS a luacháil ar €0.1 billiún (2015: €0.3 billiún), rud ba chionsiocair le gnóthachan neamhréadaithe €0.1 milliún (2015: caillteanas neamhréadaithe €0.5 milliún) amhail ar an dáta sin (Nóta 4(i)). In éagmais margaidh ghníomhaigh, déanann an Banc luacháil ar na Bannaí seo trí úsáid a bhaint as praghsanna arna ndíorthú ó Mhol Comhphraghsála an Eurochórais. Baintear úsáid as Mol Comhphraghsála an Eurochórais chun críocha phraghsáil na comhthaobhachta i gcomhthéacs oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais. Aicmítear iad seo mar urrúis Leibhéal 2 (Nóta 1(j)).

(b) Infheistíocht Urrúis – CGA

Is ionann urrúis a choinnítear go dtí aibíocht agus urrúis lena ngabhann íocaíochtaí socraithe nó inchinntithe agus aibíocht shocraithe agus a bhfuil sé beartaithe ag an mBanc iad a choinnéail go dtí aibíocht (Nóta 1(j)(iii).

### (ii) Urrúis arna sealbhú chun Críocha Beartais Airgeadaíochta

Amhail ar an 31 Nollaig 2016, baineann na haicmí urrús seo le fáltais ag an mBanc laistigh de raon feidhme na gclár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach[17] (CBPP1, CBPP2, agus CBPP3), agus le hurrúis fiachais phoiblí arna bhfáil laistigh de raon feidhme CMU[18] agus fiachurrúis arna bhfáil laistigh de raon feidhme PSPP[19].

Déantar urrúis arna gceannach faoi na cláir seo a luacháil ar bhonn costais amúchta faoi réir lagaithe (Nóta 1(c)(ix)).

Is iad seo a leanas costais amúchta na n-urrús arna sealbhú ag an mBanc, mar aon lena luachanna margaidh (nach dtaifeadtar ar an gClár Comhardaithe nó sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála ach a chuirtear ar fáil chun críoch comparáide amháin):

| | 2016 | 2016 | 2015 | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| | Costas Amúchta | Margadhluach | Costas Amúchta | Margadhluach |
| Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach 1 (CBPP1) | 61,637 | 63,204 | 61,508 | 66,003 |
| Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach 2 (CBPP2) | 45,463 | 45,897 | 65,489 | 67,890 |
| Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach 3 (CBPP3) | 3,174,440 | 3,209,788 | 2,202,007 | 2,193,410 |
| Clár na Margaí Urrús (CMU) | 1,712,483 | 2,000,627 | 1,950,468 | 2,298,174 |
| Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí (PSPP) *mar atá* | | | | |
| Earnáil Rialtais (Riosca Dílse) | 16,275,110 | 16,561,870 | 6,823,957 | 6,805,513 |
| Fornáisiúnta (Riosca Roinnte) | 1,165,046 | 1,151,169 | – | – |
| **Iomlán** | **22,434,179** | **23,032,555** | **11,103,429** | **11,430,990** |

| **Próifíl Aibíochta** | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| 0 – 3 mhí | 42,498 | 10,015 |
| 3 mhí – 1 bliain | 2,199,074 | 262,767 |
| 1 bhliain – 5 bliana | 5,654,592 | 5,202,697 |
| 5 bliana – 10 mbliain | 10,177,865 | 4,177,901 |
| 10 mbliain – 15 bliana | 2,104,591 | 669,419 |
| > 15 bliana | 2,255,559 | 780,630 |
| **Iomlán** | **22,434,179** | **11,103,429** |

Rinneadh ceannacháin faoi CBPP1 a thabhairt chun críche an 30 Meitheamh 2010 fad a tháinig CBPP2 chun deiridh an 31 Deireadh Fómhair 2012. Cuireadh deireadh le CMU an 6 Meán Fómhair 2012.

17 Cinneadh ón BCE an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an Chláir Cheannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2009/16), IO L 175, 4.7.2009, lch. 18, Cinneadh ón BCE an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an dara clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach (BCE/2011/17), IO L 297, 16.11.2011, lch. 70 agus Cinneadh ón BCE an 15 Deireadh Fómhair 2014 maidir le cur chun feidhme an tríú clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach (BCE/2014/40), IO L335 20.10.2014, lch. 22

18 Cinneadh ón BCE an 14 Bealtaine 2010 lena mbunaítear clár na margaí urrús (BCE/2010/5), IO L 124, 20.5.2010, lch. 8.

19 Cinneadh ón BCE an 4 Márta 2015 lena mbunaítear clár ceannaigh na hearnála poiblí do shócmhainní ar mhargaí tánaisteacha (BCE/2015/10), IO L 121, 14.5.2015, lch. 20.

20 Níl sna margadhluachanna ach luachanna táscacha agus díorthaítear iad ar bhonn cuótaí margaidh. Nuair nach raibh cuótaí margaidh ar fáil, rinneadh praghsanna margaidh a mheas trí úsáid a bhaint as samhlacha inmheánacha an Eurochórais.

## Nóta 16: Urrúis in euro de chuid Chónaitheoirí an Limistéir Euro (ar lean)

In 2016, rinneadh clár ceannaigh leathnaithe an Eurochórais do shócmhainní (EAPP)[21] ina gcuimsítear CBPP3, an Clár Ceannaigh d'Urrúis Sócmhainn-Bhunaithe (ABSPP)[22] agus PSPP[23] a fhorlíonadh le clár ceannaigh na hearnála corparáidí (CSPP)[24] mar an gceathrú comhpháirt. Faoin gclár seo, féadfaidh BCNanna bannaí de ghrád infheistíochta, arna n-ainmniú in euro agus arna n-eisiúint ag corparáidí neamhbhainc atá bunaithe sa limistéar euro, a cheannach.

Ó mhí an Mhárta 2015 go dtí mí an Mhárta 2016, b'ionann agus €60 billiún ar an meán comhcheannacháin mhíosúla EAPP ag na BCNanna agus an BCE. Ó mhí Aibreáin 2016, mhéadaigh sé sin go dtí €80 billiún ar an meán. I mí na Nollag 2016, chinn an Chomhairle Rialaithe go leanfaí de ghlancheannacháin EAPP i ndiaidh mhí an Mhárta 2017 ar bhonn €60 billiún in aghaidh na míosa go dtí deireadh mhí na Nollag 2017 nó ní ba dhéanaí dá mba ghá agus, ar aon chaoi go dtí go bhfeicfeadh an Chomhairle Rialaithe coigeartú marthanach ar threo an bhoilscithe a bheadh i gcomhréir lena haidhm don bhoilsciú. Más rud é, idir an dá linn, go rachaidh an t-ionchas in olcas, nó mura mbeidh dalaí airgeadais feiliúnach chun dul chun cinn breise a dhéanamh i dtreo coigeartú marthanach ar threo an bhoilscithe, tá sé ar intinn ag an gComhairle Rialaithe go méadófar an clár i dtéarmaí méide agus/nó tréimhse. Déanfar na glancheannacháin le taobh athinfheistíochtaí íocaíochtaí príomhshuime ó urrúis a thiocfaidh in aibíocht, ar urrúis iad a ceannaíodh faoin EAPP.

Mar a luadh cheana, déantar na hurrúis arna gceannach faoi na cláir seo a luacháil ar bhonn costais amúchta faoi réir lagaithe. Déanann an Chomhairle Rialaithe measúnú ar bhonn rialta ar na rioscaí airgeadais a bhaineann leis na hurrúis arna sealbhú faoi na cláir seo. Déantar tástálacha bliantúla maidir le lagú a sheoladh ar bhonn na méideanna inghnóthaithe measta amhail ag deireadh na bliana agus formheasann an Chomhairle Rialaithe iad. Ní raibh aon lagú ar urrúis amhail ar an 31 Nollaig 2016 (2015: Nialas).

B'ionann agus €1,654 billiún sealúcháis chomhiomlán an Eurochórais d'urrúis beartais airgeadaíochta ag deireadh mhí na Nollag 2016 agus bhí €22.4 billiún den mhéid sin ar seilbh ag an mBanc (2015: €803 billiún mar a bhí €11.1 billiún ar seilbh ag an mBanc) (féach an tábla thíos) (Nóta 1(c)(ix) agus Nóta 2(iii)):

| Costas Amúchta €m | Bliain | CMU | CBPP1 | CBPP2 | CBPP3 | PSPP | ABSPP | CSPP | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Eurochóras | 2016 | 102,274 | 12,789 | 6,913 | 203,516 | 1,254,635 | 22,830 | 51,069 | 1,654,026 |
| | 2015 | 122,952 | 20,582 | 9,723 | 143,340 | 491,215 | 15,322 | – | 803,134 |
| Banc | 2016 | 1,713 | 62 | 45 | 3,174 | 17,440 | – | – | 22,434 |
| | 2015 | 1,950 | 62 | 65 | 2,202 | 6,824 | – | – | 11,103 |

## Nóta 17: Leas rannpháirteachais sa BCE

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Leas rannpháirteachais sa BCE | 199,021 | 199,021 |
| **Iomlán** | **199,021** | **199,021** |

Is ionann é seo agus ranníocaíocht an Bhainc le caipiteal BCE. De bhun Airteagal 28 de Reacht CEBC is iad na BCNanna amháin a shuibscríobhfaidh caipiteal BCE. Braitheann leibhéal na suibscríbhinní ar scaireanna a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 29.3 de Reacht CEBC agus a choigeartaítear gach cúig bliana.

In 2016, d'fhan scair an Bhainc i scála caipitil an Eurochórais ag 1.1607 faoin gcéad do 2015 (2015:. 1.1607) (Nóta 1 (c)(ii)(iii)).

21 Féadfar tuilleadh sonraí a fháil maidir le módúlachtaí an APP ar shuíomh gréasáin an BCE. https://www.ecb.europa.eu/mopo/implement/omt/html/index.en.html

22 Cinneadh BCE/2014/45 an 19 Samhain 2014 maidir le cur chun feidhme an chláir ceannaigh d'urrúis sócmhainn-bhunaithe.

23 Faoin gclár seo, féadfaidh an BCE agus na BCNanna urrúis a cheannach ar an margadh tánaisteach, ar urrúis iad a bheidh ainmnithe in euro agus eisithe ag rialtais lárnacha, reigiúnacha nó áitiúla sa limistéar euro, nó gnólachtaí aitheanta atá lonnaithe sa limistéar euro agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus bainc forbartha iltaobhacha atá lonnaithe sa limistéar euro.

24 Faoin gclár seo, féadfaidh na BCNanna bannaí de ghrád infheistíochta a cheannach, ar bannaí iad atá ainmnithe in euro agus eisithe ag corparáidí neamhbhainc atá bunaithe sa limistéar euro.

## Nóta 18: Éilimh atá Coibhéiseach le hAistriú Cúlchistí Eachtracha

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha | 672,638 | 672,638 |
| **Iomlán** | **672,638** | **672,638** |

Is ionann iad seo agus éilimh an Bhainc a eascraíonn as aistriú sócmhainní cúlchistí eachtracha chuig an BCE i gcomhréir le forálacha Airteagal 30 de Reacht CEBC. Déantar na héilimh a ainmniú in euro de réir luacha arna shocrú tráth a n-aistrithe. Tabharfar luach saothair ina leith de réir an ráta úis is déanaí atá ar fáil do na príomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna choigeartú chun toradh nialasach ar an gcomhpháirt óir a léiriú. B'ionann agus 1.6489 faoin gcéad scair an Bhainc i scála caipitil an Eurochórais an 31 Nollaig 2016 (2015: 1.6489 faoin gcéad)[25].

Is ionann iomlán na n-éileamh i leith na sócmhainní sin agus €672.6 milliún (2015: €672.6 milliún) (Nóta1 (c)(ii)(iii)(vii) agus Nóta 2(x)).

## Nóta 19: Éilimh eile laistigh den Eurochóras

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Scair de Bhrabúis BCE (i) | 15,932 | 13,392 |
| Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta (ii) | 2,499 | 381 |
| **Iomlán** | **18,431** | **13,773** |

(i) Léiríonn sé seo scair an Bhainc de leithdháileadh eatramhach seigniorage an BCE agus ioncam eile do 2016 (Nóta 1(c)(v) agus Nóta 6 (i)).

(ii) Léiríonn sé seo ioncam airgeadaíochta infhaighte an Bhainc i ndiaidh an choigeartaithe ar ioncam airgeadaíochta 2016 arbh ionann é agus €0.3 milliún (2015: €0.4 milliún) (Nóta 1 (c)(ii)(vi),Nóta 7 agus Nóta 30).

## Nóta 20: Míreanna atá á Socrú

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Míreanna atá á Socrú | – | 5 |
| **Iomlán** | **–** | **5** |

Is ionann míreanna atá á socrú agus éileamh ar institiúidí creidmheasa maidir le seiceanna arna dtaisceadh sa Bhanc ag a chustaiméirí ar an lá deireanach gnó den bhliain agus arna seachadadh chuig na hinstitiúidí creidmheasa sin ar an gcéad lá gnó den bhliain úr airgeadais.

25 Déantar cion cúlsóchmainní eachtracha ó gach BCN a shocrú i gcomhréir lena scair scála caipitil suibscríofa sa BCE.

## Nóta 21: Sócmhainní Eile

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ioncam Úis Fabhraithe (i) | 541,810 | 383,703 |
| Maoin, Gléasra agus Trealamh (Nóta 22) | 237,293 | 155,463 |
| - *Inláimhsithe - Gléasra, Maoin, Trealamh (Nóta 22(i))* | *224,294* | *139,629* |
| - *Doláimhsithe - Bogearraí Ríomhaireachta (Nóta 22 (ii))* | *12,999* | *15,834* |
| Eile (ii) | 143,535 | 79,942 |
| Réadmhaoin Infheistíochta (iii) | 55,000 | 51,548 |
| Scaireanna sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (iv) | 21,604 | 21,480 |
| Stoic Ábhair do Tháirgeadh Nótaí Bainc | 3,301 | 4,324 |
| Réamhíocaíochtaí | 2,815 | 2,180 |
| Ciste Réitigh do Bhainc agus do Ghnólachtaí Infheistíochta (v) | 16 | 75,863 |
| **Iomlán** | **1,005,374** | **774,503** |

(i) Folaíonn an mhír seo ioncam fabhraithe arna thuilleamh ar na hurrúis a fuarthas chun críocha beartais airgeadaíochta. Freagraíonn an méadú ar ioncam fabhraithe do shealúchais níos airde an Bhainc faoi chláir CBPP3 agus PSPP.

(ii) Áirítear sa mhír seo suim €67.8 milliún (2015: €65.4 milliún) a sheasann don ioncam úis a bhí dlite ar urrúis ar dháta ceannaithe an urrúis sin ag an mBanc.

Baineann €6 milliún breise (2015: €5.4 milliún) le heasnaimh a bhí dlite ó fho-aicmí áirithe de Mhaoiniú Tionscail ag deireadh 2016 (Nóta 43(i)).

(iii) I mí na Samhna 2015, fuair an Banc Bloc R, Duga Spencer. Tá an foirgneamh sin, ina gcuimsítear spás tráchtála agus miondíola, á úsáid go páirteach ag an mBanc dá oibríochtaí reatha. Tá an chuid eile de ligthe ar cíos nó ar fáil lena ligean ar an margadh oscailte agus, dá bhrí sin, aithnítear an chuid sin mar réadmhaoin infheistíochta. I gcomhréir le beartais chuntasaíochta an Bhainc, tugann an lucht bainisíochta faoi athbhreithniú bliantúil chun luach cóir réamhaoin infheistíochta an Bhainc a chinneadh. Ba iad luachálaithe réadmhaoine neamhspleácha, a raibh na cáilíochtaí gairmiúla iomchuí acu mar aon le taithí ar an suíomh agus ar aicme na réadmhaoine, a chinn luach cóir na réadmhaoine. Mar thoradh ar mheasúnú an luacha chóir, rinneadh athmheasúnú aníos arbh ionann é agus €3.5 milliún. I gcomhréir leis an Treoirlíne, rinneadh an gnóthachan neamhréadaithe maidir leis an athluacháil sin a bhreacadh sna cuntais athluachála (Nóta 1(p), Nóta 2(v) agus Nóta 34).

Tá an réadmhaoin infheistíochta á ligean le tríú páirtithe éagsúla. Tá idir 17 mbliana agus 19 mbliana sna téarmaí atá fágtha de na léasanna sin agus tá clásail scoir idir 7 mbliana agus 11 bhliain acu. Tá foráil d’athbhreithniú cíosa cúigbhliantúil sna léasanna seo i gcomhréir leis na dálaí margaidh a bheidh i réim.

| **Íocaíochtaí Íosta Léasa amach anseo** | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tráth nach déanaí ná aon bhliain amháin | 1,882 | 1,882 |
| I ndiaidh aon bhliain amháin ach tráth nach déanaí ná cúig bliana | 7,528 | 7,528 |
| I ndiaidh cúig bliana | 24,699 | 26,581 |
| **Iomlán** | **34,109** | **35,991** |

(iv) Sealbhaíonn an Banc 8,564 scair sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, arb é €21.6 milliún a gcoibhéis euro (2015: €21.5 milliún) (Nóta 6(ii) agus 37(i)).

(v) Folaítear sa mhír seo, tobhaigh arna mbailiú thar ceann an Chiste Réitigh do Bhainc agus do Ghnólachtaí Infheistíochta (BIFRF). Tá na cistí arna mbailiú ó na hinstitiúidí údaraithe creidmheasa iníoctha leis an mBord Réitigh Aonair (BRA) agus, dá réir sin, áirítear iad freisin faoi Dhliteanais in euro do Chónaitheoirí lasmuigh den Limistéar euro ag deireadh na bliana (Nóta 26).

## Nóta 22: Maoin, Gléasra agus Trealamh

### (i) Maoin, Gléasra agus Trealamh Inláimhsithe (MGT)

| €000 | Áitreabh | | Gléasra agus Innealra | | Trealamh Ríomhaireachta | | Trealamh Eile | | Troscán, Feistis & Feistithe | | Sócmhainní á dTógáil (c) | | Maoin Iomlán, Gléasra & Trealamh | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 |
| Ar Costas– 1 Eanáir | 125,969 | 67,908 | 49,241 | 56,287 | 1,147 | 16,228 | 13,174 | 17,142 | 10,609 | 16,253 | 33,129 | 15,450 | 233,269 | 189,268 |
| Eadálacha | 147 | 58,061 | 127 | 1,896 | 2,473 | – | 159 | 25 | (1) | 89 | 86,784 | 17,679 | 89,689 | 77,750 |
| Diúscairtí | (164) | – | – | (8,942) | – | (15,081) | (6) | (3,993) | (9) | (5,733) | – | – | (179) | (33,749) |
| Ar Costas – 31 Nollaig | 125,952 | 125,969 | 49,368 | 49,241 | 3,620 | 1,147 | 13,327 | 13,174 | 10,599 | 10,609 | 119,913 | 33,129 | 322,779 | 233,269 |
| Dímheas Carntha amhail ar an 1 Eanáir | 28,478 | 26,758 | 41,491 | 49,355 | 1,065 | 15,655 | 12,591 | 16,099 | 10,015 | 14,626 | – | – | 93,640 | 122,493 |
| Dímheas don Bhliain (a) | 2,834 | 1,720 | 1,119 | 1,078 | 172 | 491 | 355 | 485 | 436 | 1,122 | – | – | 4,916 | 4,896 |
| Diúscairtí (b) | (56) | – | – | (8,942) | – | (15,081) | (5) | (3,993) | (10) | (5,733) | – | – | (71) | (33,749) |
| Dímheas Carntha amhail ar an 31 Nollaig | 31,256 | 28,478 | 42,610 | 41,491 | 1,237 | 1,065 | 12,941 | 12,591 | 10,441 | 10,015 | – | – | 98,485 | 93,640 |
| **Glanluach Leabhar amhail ar an 31 Nollaig** | **94,696** | **97,491** | **6,758** | **7,750** | **2,383** | **82** | **386** | **583** | **158** | **594** | **119,913** | **33,129** | **224,294** | **139,629** |

(a) As an muirear iomlán dímheasa €4.9 milliún (2015: €4.9 milliún), rinneadh €0.2 milliún a mhuirearú ar an gCúlchiste Airgeadra i ndáil le hinnealra Mionta (2015: €0.1 milliún) (Nóta 1(e)).

(b) Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar Chlár na Sócmhainní Dochta le linn na bliana, rinneadh MGT, a raibh costas stairiúil ní ba lú ná €0.1 milliún ag baint leo agus a bhí dímheasta ina n-iomláine, a dhíscríobh in 2016 agus níor eascair aon fháltais astu. Ina theannta sin, rinneadh MGT arbh ionann a nglanluach leabhar agus €0.1 a dhíscríobh chuig Caiteachais Oibríochtúla Eile (Nóta 9) (2015: MGT a raibh costas stairiúil €33.8 milliún ag baint leo agus a bhí dímheasta ina n-iomláine, rinneadh iad a dhíscríobh agus níor eascair aon fháltais astu).

(c) Baineann Sócmhainní atá á dTógáil go príomha le caiteachas ar thionscadal Ché an Phoirt Thuaidh (Nóta 37(ii) Gealltanais) agus áirítear ann freisin caiteachas caipitiúil arna thabhú ar shócmhainní nár úsáideadh faoi dheireadh na bliana.

(d) Tá Bailiúchán Ealaíne ar seilbh ag an mBanc, arna luacháil ar €2 milliún bunaithe ar luacháil 2016 (2015: €1.7 milliún) agus nach n-aithnítear i gcuntais bhliantúla an Bhainc ar bhonn ábharthachta sa bhliain reatha airgeadais nó i mblianta airgeadais roimhe seo (Nóta 1(e)).

## Nóta 22: Maoin, Gléasra agus Trealamh (ar lean)

### (ii) Bogearraí Ríomhaireachta Doláimhsithe

| | Bogearraí Ríomhaireachta | |
|---|---|---|
| | **2016** | **2015** |
| | **€000** | **€000** |
| Ar Costas– 1 Eanáir | 36,278 | 33,039 |
| Eadálacha | 3,169 | 3,619 |
| Diúscairtí | – | (380) |
| **Ar Costas – 31 Nollaig** | **39,447** | **36,278** |
| Dímheas Carntha amhail ar an 1 Eanáir | 20,444 | 14,985 |
| Dímheas don Bhliain (a) | 6,004 | 5,839 |
| Diúscairtí (b) | – | (380) |
| **Dímheas Carntha amhail ar an 31 Nollaig** | **26,448** | **20,444** |
| **Glanluach Leabhar amhail ar an 31 Nollaig** | **12,999** | **15,834** |

(a) B'ionann an muirear dímheasa iomlán agus €6.0 milliún (2015: €5.8 milliún) (Nóta 1(e)).

(b) Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar Chlár na Sócmhainní Dochta le linn na bliana, ní raibh aon Sócmhainní Doláimhsithe le díscríobh (2015: Sócmhainní Doláimhsithe a raibh costas stairiúil €0.4 milliún ag baint leo agus a bhí dímheasta ina n-iomláine, rinneadh iad a dhíscríobh agus níor eascair aon fháltais astu).

## Nóta 23: Nótaí Bainc i gCúrsaíocht

| | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Luach iomlán na nótaí bainc euro arna gcur i gcúrsaíocht ag an mBanc | 33,964,679 | 32,686,097 |
| Dliteanas a eascraíonn as scair an BCE de na nótaí bainc euro i gcúrsaíocht | (1,485,633) | (1,429,191) |
| Dliteanas de réir ualú an Bhainc i scála caipitil an BCE | (15,394,349) | (14,821,288) |
| **Iomlán** | **17,084,697** | **16,435,618** |

Folaíonn an mhír seo scair an Bhainc de na nótaí bainc iomlána arna n-eisiúint ag an Eurochóras. Leithdháiltear luach iomlán nótaí bainc euro i gcúrsaíocht ar gach BCN ar an lá deireanach oibre de gach mí de réir scála leithdháilte nóta bainc.

Tháinig méadú 3.9 faoin gcéad ar luach na nótaí bainc euro arna n-eisiúint go hiarbhír ag an mBanc in 2016, ó €32.7 billiún go dtí €34.0 billiún. Tháinig méadú 3.9 faoin gcéad ar luach iomlan na nótaí bainc a bhí i gcúrsaíocht san Eurochóras i gcomparáid le 6.6 faoin gcéad in 2015. I gcomhréir leis an scála leithdháilte, bhí nótaí bainc euro arbh ionann a luach agus €17.1 billiún i gcúrsaíocht ag an mBanc ag deireadh na bliana, i gcomparáid le €16.4 billiún ag deireadh 2015. Ó tharla go raibh líon na nótaí bainc arna n-eisiúint iarbhír ag an mBanc ní ba mhó ná an méid leithdháilte, taispeántar an difríocht de €16.9 billiún (i gcomparáid le €16.3 billiún in 2015) faoi 'Dliteanais a bhaineann le Leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras' (Nóta 1(c)(iv) agus Nóta 29).

## Nóta 24: Dliteanais in Euro d'Institiúidí Creidmheasa sa Limistéar Euro maidir le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Taiscí Cúlchiste Íosta (i) | 13,508,518 | 5,287,455 |
| Taiscí Thar Oíche (ii) | 5,716,327 | 4,730,093 |
| **Iomlán** | **19,224,845** | **10,017,548** |

(i) Ceanglaítear ar institiúidí creidmheasa sa limistéar euro meántaiscí cúlchiste íosta a shealbhú lena gcuid BCNanna faoi seach chun críocha bainistíochta leachtachta. In 2016, íocadh ús ar na taiscí sin de réir ráta PA an BCE. Ó mhí an Mheithimh 2014 i leith, déantar aon chúlchistí arna sealbhú de bhreis ar na ceanglais íosta a mhuirearú de réir nialais nó de réir ráta na saoráide taisce.

(ii) Tá an tsaoráid taisce seo ar fáil do chontrapháirtithe chun cistí a chur leis an mBanc thar oíche de réir ráta na saoráide taisce.

## Nóta 25: Dliteanais do Chónaitheoirí eile sa Limistéar euro

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Taiscí Rialtais Ghinearálta (i) | 10,403,604 | 13,717,807 |
| Cúlchiste Airgeadra a Bhaineann le Glanfháltais Monaí (ii) | 2,995 | 2,675 |
| **Iomlán** | **10,406,599** | **13,720,482** |

Tá tréimhse aibíochta níos giorra ná aon bhliain amháin ag na míreanna seo.

(i) Folaíonn na taiscí rialtais ghinearálta cuntais reatha agus taiscí is iníoctha ar éileamh agus arna sealbhú sa Bhanc.

(ii) Ceanglaítear go ndéanfar costais agus fáltais a bhaineann le heisiúint monaí a mhuirearú ar an gCúlchiste Airgeadra nó a chreidiúnú don Chúlchiste Airgeadra. Ní mór an t-iarmhéid ón ngníomhaíocht sin a íoc leis an Státchiste ar ordú ón Aire Airgeadais. I gcás ina mbeidh glanchostas ann don Bhanc de thoradh glanfháltas ó eisiúint monaí mar aon le caiteachais, déanfaidh an tAire an difríocht a chúiteamh leis an mBanc. Déantar an t-iarmhéid ar an gCúlchiste Airgeadra a bhaineann le heisiúint monaí a thuairisciú mar shócmhainn nó mar dhliteanas de chuid an Bhainc (Nóta 1(g)). Nochtar na caiteachais go léir i ndáil le táirgeadh monaí i Nóta 9. Nochtar caiteachais aoisliúntais i Nóta 32. Sa tábla thíos, áirítear sonraí maidir leis na glanfháltais don bhliain:

## Nóta 25: Dliteannais do Chonaitheoirí eile sa Limistéar Euro (ar lean)

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Monaí arna n-eisiúint i gcúrsaíocht | 6,035 | 7,734 |
| Foirne Monaí Samplacha | 3,167 | 903 |
| Monaí Éireannacha a tarraingíodh siar | (195) | (209) |
| **Fo-iomlán** | **9,007** | **8,428** |
| **Lúide Costais Oibríochtúla (Nóta 9)** | **(3,857)** | **(1,522)** |
| **Glanfháltais Eisiúint Monaí** | **5,150** | **6,906** |
| Ús ar Dhliteanas Pinsean (Nóta 32) | (115) | (130) |
| Ranníocaíocht Aoisliúntais Fostóra (Nóta 32) | (55) | (62) |
| Aistriú chuig an Státchiste | (4,660) | (7,084) |
| Iarmhéid Tosaigh | 2,675 | 3,045 |
| **Iarmhéid Scoir** | **2,995** | **2,675** |

Mar thoradh ar an *Acht Airgeadais* 2002, agus mar a d'ordaigh an tAire Airgeadais, ceanglaítear ar an mBanc na glanfháltais ó eisiúint monaí a aistriú go díreach chuig an Státchiste. Mar a léirítear sa tábla thuas, b'ionann agus €6.0 milliún (2015: €7.7 milliún) an ghlaneisiúint monaí ón mBanc chuig na bainc thráchtála in 2016. Dá bhrí sin, ghin an glanbharrachas aistriú €4.7 milliún a íocadh leis an Státchiste an 21 Nollaig 2016 (2015: €7.1 milliún).

## Nóta 26: Dliteanais in euro do Chónaitheoirí lasmuigh den Limistéar euro

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Gníomhaireachtaí AE (i) | 521 | 76,434 |
| Institiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta | 66 | 65 |
| **Iomlán** | **587** | **76,499** |

Tá aibíocht níos giorra ná aon bhliain amháin ag na hiarmhéideanna seo.

(i) Faoi Ghníomhaireachtaí AE, áirítear méideanna a bhaineann le BBIFRF arna bhunú le Rialachán 163(1) de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Téarnamh agus Réiteach Banc) 2015. Tá an Banc freagrach as tobhaigh a bhailiú ó institiúidí creidmheasa údaraithe agus ó ghnólachtaí infheistíochta in Éirinn. Tobhaigh arna mbailiú ó institiúidí creidmheasa údaraithe, tá siad iníoctha leis an mBord Réitigh Aonair (BRA) a bunaíodh le hAirteagal 42(1) den Rialachán maidir leis an Sásra Réitigh Aonair. Amhail ar an 31 Nollaig 2016, bhí iarmhéid tobhach faoi bhun €0.1 milliún (2015: €75.9 milliún) ar seilbh ag an mBanc, ar tobhaigh iad ab iníoctha le BRA agus, dá réir sin, tá siad ar seilbh i sócmhainní eile (Nóta 1(c)(ii) agus Nóta 21(v)).

## Nóta 27: Dliteanais in Airgeadra Eachtrach do Chónaitheoirí sa Limistéar euro

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Dliteanais in Airgeadra Eachtrach do Chónaitheoirí sa Limistéar | 224 | 224 |
| **Iomlán** | **224** | **224** |

Baineann an dliteanas seo don chuid is mó le taisce a rinne Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun ceanglas maidir le hiarmhéid íosta i gCuntas leis an gCúlchiste Feidearálach a mhaoiniú, ar cuntas é a úsáidtear chun cistí CAI a bhaineann leis an gClár Maoiniúcháin d'Éirinn a aistriú.

## Nóta 28: Contrapháirt Ceart Speisialta Tarraingthe arna Leithdháileadh ag an CAI

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Contrapháirt CST arna leithdháileadh ag an CAI | 988,353 | 986,956 |
| **Iomlán** | **988,353** | **986,956** |

Is ionann é seo agus dliteanas an Bhainc don CAI i leith leithdháileadh Ceart Speisialta Tarraingthe (CSTanna) ar Éirinn. Féadfaidh go dtiocfaidh athrú ar shócmhainní CST an Bhainc de thoradh oibríochtaí iasachtaithe an CAI nó de thoradh mhalartuithe CSTanna ar airgeadra eachtrach leis an CAI féin, le comhaltaí eile den CAI nó le sealbhóirí oifigiúla eile CSTanna. Féadfar go dtiocfaidh athrú ar shealúchais CST freisin mar thoradh ar íocaíochtaí úis arna ndéanamh ag an CAI ar Shuíomh Cúlchiste an Bhainc sa CAI agus ar shealúchais CST an Bhainc glan ar leithdháileadh CST (Nóta 12(i)).

## Nóta 29: Dliteanais a bhaineann le Leithdháileadh Nótaí Bainc euro laistigh den Eurochóras

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Dliteanas de réir ualú an Bhainc i scála caipitil an BCE | 15,394,349 | 14,821,288 |
| Dliteanas a eascraíonn as scair an BCE de na nótaí bainc euro i gcúrsaíocht | 1,485,633 | 1,429,191 |
| **Iomlán** | **16,879,982** | **16,250,479** |

Cuimsíonn an mhír seo dliteanas an Bhainc i leith an Eurochórais maidir le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras. Léiríonn sé an difríocht idir luach na nótaí bainc euro a eisíodh iarbhír ag an mBanc agus a scair scála caipitil d'eisiúint iomlán an Eurochórais (Nóta 1(c)(ii) agus (c)(iv) agus Nóta 23). Déantar an luach saothair i leith an dliteanais sin a ríomh go laethúil de réir an ráta úis is déanaí arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh príomhoibríochtaí athmhaoinithe (Nóta 3(v)).

## Nóta 30: Dliteanais eile laistigh den Eurochóras (glan)

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid TARGET2 (glan) (i) | 951,727 | 3,036,812 |
| Táille Ioncaim Airgeadaíochta (ii) | - | 2,015 |
| **Iomlán** | **951,727** | **3,038,827** |

(i) Is ionann an mhír seo agus glandliteanas an Bhainc don BCE mar thoradh ar íocaíochtaí trasteorann arna ndéanamh trí chóras TARGET2 ag na BCNanna go léir atá rannpháirteach sa CEBC agus arbh ionann iad agus €951.7 milliún ag deireadh 2016 (2015: €3,036.8 milliún) (Nóta 1(c)(ii)). Ag deireadh 2016, bhí cúig thír neamh-rannpháirteacha (an Bhulgáir, an Chróit, an Danmhairg, an Pholainn agus an Rómáin) ina mbaill de TARGET2 agus, dá bhrí sin, áiríodh iad sa phróiseas iltaobhach glanluachála. Déantar an luach saothair i leith shuíomhanna TARGET2, cé is moite d'iarmhéideanna arna n-eascairt as idirbhearta babhtála droim ar ais, a ríomh go laethúil de réir an ráta úis imeallaigh is déanaí arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh príomhoibríochtaí athmhaoinithe (Nóta 3(viii)).

(ii) D'eascair éileamh foriomlán as glantoradh chomhthiomsú ioncaim airgeadaíochta in 2016 agus cuirtear in iúl é i Nóta 19 den Ráiteas Cuntas. In 2015, folaíodh sa mhír seo dliteanas €2 milliún a eascraíonn as glantoradh chomhthiomsú ioncaim airgeadaíochta (Nóta 1(c)(vi), Nóta 7 agus Nóta 19(iii)).

## Nóta 31: Dliteanais Eile

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Brabús & Caillteanas & Leithghabháil (i) | 1,836,225 | 1,795,212 |
| Scéim Cosanta Taiscí (ii) | 156,008 | 394,965 |
| Eile (iii) | 48,157 | 20,963 |
| Fabhruithe Eile (iv) | 31,813 | 19,297 |
| An Ciste Réitigh Foras Creidmheasa (v) | 14,958 | 12,935 |
| Fabhruithe Úis | 9,566 | 2,218 |
| **Iomlán** | **2,096,727** | **2,245,590** |

(i) Is ionann é seo agus an t-ioncam barrachais is iníoctha leis an Státchiste (Nóta 1(o) agus Nóta 10).

(ii) Ag deireadh 2015, rinneadh Treoir 2014/49/AE maidir le scéimeanna ráthaíochta taiscí a thrasuíomh chuig dlí na hÉireann le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí) 2015[26]. Leis na rialacháin sin, tugadh isteach ceanglais nua maoiniúcháin don SRT agus, de thoradh na gceanglas sin, bunaíodh Ciste Ranníocach SRT. Ní mór do Chiste Ranníocach SRT leibhéal sprice 0.8 faoin gcéad de thaiscí faoi chumhdach a bhaint amach faoi 2024. Ag deireadh 2016, bailíodh na chéad ranníocaí bliantúla arna ndéanamh ag institiúidí creidmheasa le Ciste Ranníocach SRT.

D'fhonn cuidiú le haistriú rianúil ón gCuntas Cosanta Taiscí chuig Ciste Ranníocach SRT agus chun a áirithiú go mbeadh maoiniú leordhóthanach ar fáil chun críocha SRT le linn an ama seo, foráladh leis an reachtaíocht go n-aistreofaí 0.2 faoin gcéad de thaiscí faoi chumhdach ón gCuntas Cosanta Taiscí chuig Ciste Leagáide SRT go luath in 2016. Rinneadh iarmhéideanna iarmharacha sa Chiste Cosanta Taiscí a thabhairt ar ais d'institiúidí creidmheasa an tráth sin. In 2016, rinneadh íocaíochtaí cúitimh €22.7m le tuairim is 9,800 taisceoir i ndáil le leachtú Chomhar Creidmheasa an Rois agus rinneadh iad a mhuirearú ar Chiste Leagáide SRT (Nóta 2 (vi)).

26 Ionstraim Reachtúil Uimh. 516 de 2015

## Nóta 31: Dliteanais Eile (ar lean)

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| DPA | - | 394,965 |
| Ciste Leagáide SRT | 62,587 | - |
| Ciste Ranníocach SRT | 93,421 | - |
| **Iomlán** | **156,008** | **394,965** |

(iii) Áirítear in Eile suim €6.3 milliún (2015: €0.1 milliún) a fhreagraíonn d'easnaimh atá dlite d'fho-aicmí áirithe de Mhaoiniú Tionscail ag deireadh 2016 (Nóta 43(i)).

(iv) Áirítear i bhFabhruithe Eile fabhrú €7.0 milliún (2015: €7.1 milliún) i leith saoire bliantúla nár glacadh (Nóta 9 (i)).

(v) Bunaíodh Ciste Réitigh Foras Creidmheasa in 2011 faoi *Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach)* 2011. Seasann iarmhéid €15.0 milliún (2015: €12.9 milliún) do chistí atá á sealbhú ag an mBanc thar ceann an chiste. Tá an Banc freagrach as an gCiste a bhainistiú agus a riaradh agus ullmhaíonn an Banc ráitis airgeadais ar leith don Chiste.

## Nóta 32: Dliteanais Aoisliúntais

Is faoi scéim pinsean sochair shainithe a éiríonn teidlíochtaí pinsin iarchomhaltaí foirne agus chomhaltaí foirne reatha an Bhainc. Faoin Scéim, faigheann comhaltaí foirne an Bhainc na teidlíochtaí céanna a fhaigheann státseirbhísigh bhunaithe. Is ar bhonn neamh-ranníocach a fheidhmítear an Scéim do na comhaltaí foirne a fostaíodh roimh an 6 Aibreán 1995, cé is moite de na ranníocaíochtaí a dhéantar do Scéim Phinsin Ranníocaigh do Chéilí agus Leanaí agus de na híocaíochtaí a fhaightear ó chomhaltaí foirne incháilithe maidir le seirbhís bhreise bharúlach a cheannach agus a aistriú. I gcás comhaltaí foirne a fostaíodh an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh sin, tá ranníocaíochtaí iníoctha freisin maidir leis an bPríomh-Scéim. Go dtí an 30 Meán Fómhair 2008, bhí córas 'íoctar mar a úsáidtear' i bhfeidhm ag an mBanc, is é sin nár sainaithníodh sócmhainní go leithleach d'fhonn freastal ar dhliteanais pinsin an Bhainc, agus íocadh sochair de réir mar a bhí siad dlite ó na cúlchistí reatha. An 1 Deireadh Fómhair 2008, bunaíodh scéim mhaoinithe pinsin (mar a socraíodh faoi *Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann*, 2003) agus aistríodh €400 milliún chun sócmhainní ciste a cheannach. Cuirtear síos ar luacháil na sócmhainní ciste amhail ar an 31 Nollaig 2016 i gcuid (v) den nóta seo (Nóta 1(f)).

Nochtann an Banc an costas a bhaineann le soláthar sochar i gcomhréir le FRS 102.

Amhail ar an 31 Nollaig 2016, bhí luacháil achtúireach iomlán idir lámha ag achtúirí an Bhainc, Lane Clark Peacock (LCP) (luacháil deiridh amhail ar an 31 Nollaig 2013).

### (i) Méid a gearradh ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála/ar an gCúlchiste Airgeadra

| | Brabús agus Caillteannais 2016 | Cúlchiste Airgeadra 2016 | Iomlán 2016 | Iomlán 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Toradh Ionchais ar Shócmhainní** | **16,400** | **-** | **16,400** | **13,280** |
| **Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin** | **(20,185)** | **(115)** | **(20,300)** | **(20,066)** |
| Costas Seirbhíse Reatha | (30,837) | (63) | (30,900) | (44,299) |
| **Fo-iomlán** | **(30,837)** | **(63)** | **(30,900)** | **(44,299)** |
| **Costas Pinsin Iomlán na Scéime Sochair Shainithe** | **(34,622)** | **(178)** | **(34,800)** | **(51,085)** |

Amhail ar an 31 Nollaig 2016, ní raibh aon bharrachas nár aithníodh roimhe sin asbhainte ó shocraíochtaí nó ó chiorrúcháin ná ní raibh gnóchain nó caillteanais ar shocraíochtaí nó ar chiorrúcháin.

## Nóta 32: Dliteanais Aoisliúntais (ar lean)

### (ii) Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar an Scéim Pinsean

| Bliain dar chríoch an 31 Nollaig | 2016 | 2015 | 2014 | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar dhliteanas pinsean | (177,207) | 160,058 | (198,670) | (11,410) | (92,808) |
| Gnóthachan Achtúireach ar Shócmhainní Plean | 4,267 | 21,001 | 11,828 | 32,624 | 19,468 |
| **Iomlán** | **(172,940)** | **181,059** | **(186,842)** | **21,214** | **(73,340)** |

Le linn 2011, thug an Rialtas tobhach isteach ar shócmhainní an chiste pinsin go ceann tréimhse ceithre bliana. Tugtar cuntas i leith an tobhaigh tríd an toradh ionchais ar shócmhainní a laghdú de réir an ráta ábhartha. Do na blianta airgeadais 2013, 2014 agus 2015, tugtar cuntas i leith an tobhaigh pinsin tríd an toradh ionchais ar shócmhainní a laghdú faoi 0.6 faoin gcead, 0.75 faoin gcead agus 0.15 faoin gcead faoi seach.

### (iii) Aithint sa Chlár Comhardaithe

| Bliain dar chríoch an 31 Nollaig | 2016 | 2015 | 2014 | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Luach reatha Oibleagáidí atá Maoinithe go hIomlán nó go Páirteach (iv) | (971,598) | (750,095) | (853,883) | (615,766) | (571,218) |
| Luach Cóir Shócmhainní an Phlean (v) | 638,695 | 608,714 | 567,945 | 531,198 | 473,793 |
| **(Dliteanas)/Sócmhainn Glanphinsin** | **(332,903)** | **(141,381)** | **(285,938)** | **(84,568)** | **(97,425)** |

Déantar sócmhainní scéime pinsean a mheas ar luach cóir. Déantar dliteanais na scéime pinsean a thomhas ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta. Barrachas de dhliteanais na scéime thar shócmhainní na scéime, léirítear é ar an gClár Comhardaithe mar dhliteanas.

### (iv) Gluaiseacht in Oibleagáidí na Scéime

| | 2016 | 2015 | 2014 | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Luach Láithreach Tosaigh na Scéime | (750,095) | (853,883) | (615,766) | (571,218) | (455,336) |
| Costas Seirbhíse Reatha | (30,900) | (44,299) | (25,356) | (20,255) | (15,083) |
| Costas/(Creidmheas) Iarseirbhíse | - | – | (27) | 3,957 | 7,585 |
| Pinsin Íoctha | 11,908 | 13,109 | 13,325 | 10,468 | 12,337 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe | (4,979) | (4,379) | (4,173) | (4,121) | (4,060) |
| Aistrithe Faighte | (25) | (635) | (433) | (909) | (445) |
| Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsean | (20,300) | (20,066) | (22,783) | (22,278) | (23,408) |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach | (177,207) | 160,058 | (198,670) | (11,410) | (92,808) |
| **Luach Reatha Scoir Oibleagáidí na Scéime** | **(971,598)** | **(750,095)** | **(853,883)** | **(615,766)** | **(571,218)** |

## Nóta 32: Dliteanais Aoisliúntais (ar lean)

### (v) Gluaiseacht i Luach Cóir Shócmhainní an Phlean

| | 2016 | 2015 | 2014 | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Luach cóir tosaigh shócmhainní an phlean (luach tairisceana) | 608,714 | 567,945 | 531,198 | 473,793 | 434,160 |
| Toradh Ionchais | 16,400 | 13,280 | 17,423 | 16,276 | 14,120 |
| Gnóthachan/(caillteanas) Achtúireach | 4,267 | 21,002 | 14,241 | 32,624 | 19,468 |
| Ranníocaíocht Fostóra | 16,218 | 14,582 | 13,802 | 13,943 | 13,877 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe | 4,979 | 4,379 | 4,173 | 4,121 | 4,060 |
| Pinsin Íoctha | (11,908) | (13,109) | (13,325) | (10,468) | (12,337) |
| Aistrithe Faighte | 25 | 635 | 433 | 909 | 445 |
| **Luach Cóir Scoir Shócmhainní an Phlean (Luach Tairisceana)*** | **638,695** | **608,714** | **567,945** | **531,198** | **473,793** |

* Ar áireamh i luach cóir shócmhainní an phlean, cuimsítear dhá chuntas bainc - Cuntas Caipitil Aoisliúntais agus Cuntas Oibre Aoisliúntais ar seilbh leis an mBanc. B'ionann an t-iarmhéid ar an gCuntas Caipitil Aoisliúntais agus ar an gCuntas Oibre Aoisliúntais amhail ar an 31 Nollaig 2016 agus €0.6 milliún (2015: nialas) agus €2.7 milliún (2015: €4.8 milliún) faoi seach.

### (vi) Toimhdí Airgeadais

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | % | % |
| Ráta Lascaine | 1.90 | 2.70 |
| Ráta an Mhéadaithe ar Thuarastail Inphinsin | 3.30 | 3.20 |
| Ráta an Mhéadaithe ar Phinsin | 3.30 | 3.20 |
| Ráta an Bhoilscithe i bPraghsanna | 1.90 | 1.80 |

Dá mbeadh méadú/laghdú 0.1 faoin gcéad ar an ráta lascaine, bheadh laghdú/méadú comhréireach um 2.6 faoin gcéad (2015: 2.4 faoin gcéad) ar dhliteanais na scéime.

Tá laghdú tagtha ar an gcostas seirbhíse reatha de €30.9 milliún (2015: €44.3 milliún) a mhuirearaítear i leith caiteachas (Nóta 9) in 2016, rud atá inchurtha go príomha don athrú ar thoimhdí pinsin a chuirtear in iúl thuas. Ar an gcaoi chéanna, tá caillteanas achtúireach €172.9 milliún (2015: gnóthachan achtúireach €181.1 miliún) go mór faoi thionchar an athraithe ar thoimhdí pinsin a chuirtear in iúl thuas.

## Nóta 32: Dliteanais Aoisliúntais (ar lean)

### (vii) Toimhdí Déimeagrafacha agus Toimhdí Eile

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| Básmhaireacht Réamhscoir (i) | 73% PNFL00 (fireann)<br>77% PNFL00 (baineann) | 73% PNFL00(i) (fireann)<br>77% PNFL00 (baineann) |
| Básmhaireacht Iarscoir | 58% PNFL00 (fireann)<br>62% PNFL00 (baineann) | 58% PNFL00 (fireann)<br>62% PNFL00 (baineann) |
| Liúntas d'fheabhsuithe amach anseo ar bhásmhaireacht | Dearfach | Dearfach |
| Scoir | Scoir leata go cothrom<br>thar aois 60 go 65 (dóibh siúd a bhfuil rogha acu dul ar scor ag aois 60) | Scoir leata go cothrom thar aois 60 go 65 (dóibh siúd a bhfuil rogha acu dul ar scor ag aois 60) |
| Scor ar Fhorais Drochshláinte | Curtha san áireamh | Curtha san áireamh |
| Luathscor | As an áireamh | As an áireamh |
| Tarraingthe Siar | As an áireamh | As an áireamh |
| Céatadán atá pósta | 90% | 90% |
| Difríocht aoise idir chéilí | Glactar leis go bhfuil fireannach 3 bliana níos sine ná a chéile | Glactar leis go bhfuil fireannach 3 bliana níos sine ná a chéile |
| **Ionchas Saoil** | | |
| Idir 60 agus 65 bliain d'aois agus seirbhís 40 bliain curtha isteach (dóibh sin a bhfuil an rogha acu dul ar scor ag 60 bliain d'aois) | Fireannach: 86.2<br>Baineannach: 88.7 | Fireannach: 86.0<br>Baineannach: 88.6 |

(i) Is táblaí foilsithe básmhaireachta iad ILT15 (fireann) agus ILT15 (baineann) arna n-ullmhú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh in Éirinn.

### (viii) Sócmhainní Phlean na Scéime

Is é seo a leanas dáileadh sócmhainní na Scéime amhail ar an 31 Nollaig 2016:

| **Aicme** | **Dáileadh** | **Dáileadh Fadtéarmach** |
|---|---|---|
| | % | % |
| Bannaí | 39.8 | 40.0 |
| Airgead Tirim | 0.1 | - |
| Gnáthscaireanna | 40.8 | 40.0 |
| Cistí ilsócmhainne (MAF) | 9.9 | 10.0 |
| Maoin | 9.4 | 10.0 |
| **Iomlán** | **100.0** | **100.0** |

In 2014, d'fhormheas Coimisiún an Bhainc an cinneadh go ndéanfar an cóimheas um dháileadh sócmhainní a athrú ó 50:50 bannaí/cothromas go dtí 40:40:10:10 bannaí/cothromas/MAF/maoin. In 2015, cuireadh tús leis an straitéis infheistíochta a bhain leis an gcomhdhéanamh nua agus tugadh chun críche sa chéad leath de 2016 í. Ní dhéanann an ciste infheistíocht dhíreach i maoin atá á háitiú ag an mBanc.

## Nóta 33: Soláthairtí

Foráladh do na méideanna seo a leanas an 31 Nollaig 2016:

| | Iarmhéid Tosaigh 1 Eanáir 2016 | Cruthaithe | Úsáidte | Scaoilte chuig P&L | Iarmhéid Scoir 31 Nollaig 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Soláthar d'Urrúis (i) | 180,000 | - | - | (20,000) | 160,000 |
| Soláthar i leith rioscaí malairte eachtraí, rátaí úis, phraghas an óir (ii) | - | 165,000 | - | - | 165,000 |
| Nótaí Puint Neamhfhuascailte (iii) | 8,738 | - | (1,284) | - | 7,454 |
| Soláthar um Athstruchtúrú (iv) | 615 | 667 | (693) | - | 589 |
| Soláthar do Léas Dochraideach agus do throchlú (v) | 200 | - | - | - | 200 |
| **Iomlán** | **189,553** | **165,667** | **(1,977)** | **(20,000)** | **333,243** |

(i) Tá soláthar d'urrúis arb ionann é agus €160 milliún coinnithe ag an mBanc (2015: €180 milliún). Leis an gcomhsholáthar sin, léirítear liúntas measta i leith rioscaí a thig as na hurrúis atá ar seilbh chun críocha beartas airgeadaíochta agus chun críocha infheistíochta. Tá scaoileadh €20 milliún le linn na bliana inchurtha go príomha do neamhchosaintí laghdaithe riosca. Tá meastachán bliantúil na táille lagaithe faoi réir éiginnteachta suntasaí, éiginnteacht atá ard i gcónaí sa timpeallacht eacnamaíoch reatha. Tá sí faoi réir tosca amhail braistint an mhargaidh maidir le hinbhuanaitheacht fiachais. Na toimhdí atá mar bhonn taca leis an tuairim seo, tá siad suibiachtúil agus tá siad bunaithe ar mheasúnú an lucht bainistíochta i gcomhthéacs na ndálaí margadh amhail ar an 31 Nollaig 2016, arna fhormheas ag an gCoimisiún (Nóta 1 (c)(ix) agus (m), Nóta 4 agus Nóta 16(ii)).

(ii) Mar a cuireadh in iúl roimhe seo sna beartais chuntasaíochta, ghlac an Banc na forálacha molta a chuimsítear sa Treoirlíne maidir le soláthar i leith rioscaí malairte eachtraí, rátaí úis, creidmheasa agus phraghas an óir (Nóta 36). Cinneadh an figiúr don soláthar do 2016 tar éis measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar na rioscaí airgeadais ábhartha a bhfuil an Banc neamhchosanta orthu agus a thagann faoi raon feidhme na Treoirlíne. Don bhliain 2016, dhírigh an measúnú ar neamhchosaintí ar riosca rátaí úis agus baineadh leas as samhail airgeadais chun réimse figiúirí ionchasacha caillteanais a bhain leis an riosca seo a aithint. Bhí an anailís bunaithe ar Chlár Comhardaithe deireadh bliana an Bhainc agus toimhdíodh ráta cothrom dhiúscairtí NRC. Sa tsamhail airgeadais, baineadh úsáid as cur chuige bunaithe ar chás ina n-úsáidfí líon mór conairí ráta úis, lena n-áirítear cásanna foircneacha. Rinneadh an riosca a thomhas thar an meántéarma faoi threoir luacha faoi riosca agus easnaimh ionchais araon, agus rinneadh caillteanais aon bhliain amháin agus caillteanais charnacha a mheas in anailís na bliana seo. I bhfianaise shuíomhanna reatha an chláir chomhardaithe, tá an Banc neamhchosanta ar an ionchas go dtiocfaidh méadú gasta ar rátaí úis thar an meántéarma agus freagraíonn soláthar 2016 do chás den sórt sin. Ó tharla go mbaineann éiginnteacht mhór le rioscaí rátaí úis a thomhas thar an meántéarma, d'úsáid an lucht bainistíochta breithniúnas agus meastachán le linn dóibh an réimse figiúirí ón tsamhail airgeadais a mheasúnú agus soláthar riosca iomchuí a chinneadh.

Beidh iarmhairt €165 milliún ar an mbliain reatha le cruthú an tsoláthair sin. Cé go bhfuil an beartas á fheidhmiú go cúlghabhálach, ní gá aon choigeartú a dhéanamh ar na cúlchistí tosaigh a raibh gá leo ar dháta an aistrithe an 1 Eanáir 2015 nó ar fhaisnéis chomparáideach (Nóta 1(m) agus Nóta 4).

(iii) Nótaí puint Éireannacha arna n-eisiúint ag an mBanc, stad siad de bheith ina nótaí dlíthairgthe le héifeacht ón 9 Feabhra 2002. Ó shin i leith, tá soláthar arna chothabháil ag an mBanc i leith nótaí puint (IEP). Fuasclaíodh €1.3 milliún as an soláthar sin in 2016, rud a fhágann gurb é €7.4 milliún an t-iarmhéid sa soláthar sin amhail ar an 31 Nollaig 2016 (2015: €8.7 milliún) (Nóta 37(iii)).

(iv) Rinneadh soláthar um athstruchtúrú ragoibre a bhunú in 2014 do chomhaltaí foirne riaracháin agus airgeadra.

Le linn 2016, íocadh €0.6 milliún i ndáil leis an soláthar sin. Rinneadh soláthar eile um athstruchtúrú ragoibre a bhunú in 2016 arbh ionann é agus €0.6 milliún. Ní dearnadh aon íocaíochtaí le comhaltaí foirne as an soláthar sin agus, dá bhrí sin, bhí iarmhéid €0.6 milliún ann amhail ar an 31 Nollaig 2016. Beidh 50 faoin gcéad de na méideanna sin iníoctha i mí Eanáir 2017 agus 50% i mí Eanáir 2018.

## Nóta 33: Soláthairtí (ar lean)

Cruthaíodh soláthar €0.1 milliún do Scéim Téarfa Shaorálaigh i leith comhaltaí foirne sonracha teicniúla agus ginearálta agus baineadh úsáid as i leith comhaltaí foirne a d'éirigh as le linn 2016. Úsáidfear an chuid atá fágtha den soláthar do chomhalta foirne amháin a formheasadh i leith na scéime agus a éireoidh as a post/phost ag deireadh na bliana. Tá an scéim seo, ar cuireadh tús leis in 2015 ar oscailt do chomhaltaí foirne a chomhlíonann critéir shonracha agus féadfaidh comhaltaí foirne iarratas a dhéanamh ar an scéim go ceann tréimhse sé mhí i ndiaidh an aistrithe chuig an bhfoirgneamh nua ag Cé an Phoirt Thuaidh. Ó tharla nach eol an líon foirne a chuirfidh isteach ar an scéim seo, níor cruthaíodh aon soláthar breise le linn 2016 (Nóta 1(m) agus Nóta 4).

Is ionann téarmaí na Scéimeanna Téarfa Shaorálaigh agus téarmaí an chomhaontaithe chomhchoitinn idir an Rialtas agus Choiste ICTU um an tSeirbhis Phoiblí maidir le híocaíochtaí iomarcaíochta le seirbhísigh phoiblí.

(v) Cruthaíodh soláthar trochlaithe €0.2 milliún i leith an áitribh ag Cúirt Uíbh Eachach in 2013 agus tá sé beartaithe é a úsáid in 2017 (Nóta 1(m) agus Nóta 4).

## Nóta 34: Cuntais Athluachála

| | 2016 | 2015 | Glanghluuaiseacht ar Ghnóthachain Néamhréadaithe |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Urrúis (i) | 10,712,947 | 10,642,401 | 70,546 |
| Ór | 164,518 | 140,386 | 24,132 |
| Airgeadra Eachtrach | 6,213 | 36,241 | (30,028) |
| Réadmhaoin Infheistíochta | 3,452 | - | 3,452 |
| **Amhail ar an 31 Nollaig** | **10,887,130** | **10,819,028** | **68,102** |

(i) Baineann an ghluaiseacht ar urrúis go príomha le gnóthachain chaipitiúla neamhréadaithe a d'eascair as luach____áil dheireadh na bliana ar an hurrúis a fuarthas i ndiaidh leachtú IBRC, ar gnóthachain iad a fhritháirítear go páirteach le scaoileadh na hathluachála tosaigh ar urrúis chomhchosúla arna ndiúscairt le linn na bliana (Nóta 1(j)(i) agus Nóta 16(i)).

Is iad seo a leanas na rátaí malairte eachtraí a úsáidtear i leith an euro do luachálacha dheireadh na bliana:

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Airgeadra** | **Ráta** | **Ráta** |
| Dollar SA | 1.0541 | 1.0887 |
| Yen na Seapáine | 123.4000 | 131.0700 |
| Steirling | 0.8562 | 0.7340 |
| Franc na hEilvéise | 1.0739 | 1.0835 |
| Krone na Danmhairge | 7.4344 | 7.4626 |
| Krona na Sualainne | 9.5525 | 9.1895 |
| Dollar Cheanada | 1.4188 | 1.5116 |
| CST | 0.7846 | 0.7857 |
| Ba iad seo na praghsanna óir a úsáideadh: | | |
| Euro in aghaidh an fhínunsa | 1,098.0460 | 973.2250 |

## Nóta 35: Caipiteal agus Cúlchistí

| | Caipiteal (i) | Cúlchiste Ginearálta | Cúlchiste Airgeadra | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Amhail ar an 31 Nollaig 2015** | **30** | **2,961,515** | **351,648** | **3,313,193** |
| Brabús coinnithe don bhliain (ii) | - | 285,791 | - | 285,791 |
| **Amhail ar an 31 Nollaig 2016** | **30** | **3,247,306** | **351,648** | **3,598,984** |

(i) Faoi Alt 9(1) *d'Acht an Bhainc Cheannais* 1942 (arna leasú), socraítear caipiteal údaraithe an Bhainc mar €50,790. Is ionann agus €30,474 an caipiteal atá eisithe agus íoctha agus a bhfuil gach cuid de ar seilbh ag an Aire Airgeadais. Beidh an t-iarmhéid iníoctha mar a aontóidh agus nuair a aontóidh an Coimisiún agus an tAire é.

(ii) Faoi na *Central Bank of Ireland (Surplus Income) Regulations*, 1943, cheadaigh an Coimisiún go n-aistreofaí €285.8 milliún chuig an gcúlchiste ginearálta. Beidh an tsuim sin comhdhéanta de €458.7 milliún ón gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus de chaillteanas achtúireach €172.9 milliún a aithníodh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 31(i) agus Nóta 32(ii)).

## Nóta 36: Aistriú chuig feidhmiú iomlán Threoirlíne Chuntasaíochta BCE

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2015, d'aistrigh an Banc ó fheidhmiú fhorálacha éigeantacha na Treoirlíne chuig feidhmiú fhorálacha uile na Treoirlíne, idir fhorálacha molta agus fhorálacha éigeantacha na Treoirlíne. Níl na beartais a feidhmíodh faoi chreat cuntasaíochta an Bhainc roimhe seo éagsúil go substaintiúil leis na cinn sin a fheidhmítear faoin Treoirlíne nua a ghlactar ina hiomláine, cé is moite do thabhairt isteach soláthair i leith rioscaí malairte eachtraí, rátaí úis, creidmheasa agus phraghas an óir ag deireadh na bliana. Tar éis measúnú cuimsitheach a dhéanamh, ní raibh gá le haon choigeartuithe ar chúlchistí tosaigh nó ar chomparáidí ón mbliain roimhe sin (Nóta 4 agus Nóta 33).

## Nóta 37: Dliteanais Theagmhasacha agus Ceangaltais

### Dliteanais Theagmhasacha

**(i) An Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta**

Sealbhaíonn an Banc 8,564 scair sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta agus tá gach ceann díobh sin láníoctha go feadh 25 faoin gcéad. Tá dliteanas teagmhasach ag an mBanc i leith an iarmhéid (Nóta 6(ii) agus Nóta 21(iv)).

**(ii) Sócmhainní Caipitil agus Cúlsócmhainní Eachtracha atá Geallta don BCE**

Faoi Reacht CEBC, féadfar go n-iarrfar ar an mBanc amach anseo, mar aon leis na BCNanna rannpháirteacha eile go léir, méideanna breise caipitil (Airteagal 28) agus cúlsócmhainní eachtracha (Airteagal 30) a aistriú chuig an BCE.

**(iii) Nótaí Puint Éireannacha**

Tá an Banc faoi dhliteanas teagmhasach maidir le nótaí puint nach bhfuil ina nótaí dlíthairgthe a thuilleadh ach a bhféadfaí a thíolacadh dó amach anseo. Amhail ar an 31 Nollaig 2016, bhí nótaí puint arbh ionann a luach agus €227.1 milliún fós amuigh (2015: €228.4 milliún) a bhfuil soláthar €7.4 milliún ag an mBanc ina leith (2015 €8.7 milliún) (Nóta 33 (iii)).

**(iv) Dlíthíocht**

Tá dhá chás dlí ar siúl faoi láthair ag an mBanc a bhféadfaidh dliteanas don Bhanc a bheith mar thoradh orthu i gcás ina bhfuil éilimh á ndéanamh i gcoinne an Bhainc. Níl na dliteanais theagmhasacha seo inchainníochtúil. Tá na caingne seo á gcosaint ag an mBanc agus, dá bhrí sin, ní dhéantar foráil d'aon mhéid.

## Nóta 37: Dliteanais Theagmhasacha agus Ceangaltais (ar lean)

### Ceangaltais

**(i) Léasanna Oibriúcháin**

Cuireadh síneadh leis an léas ar an áitreabh ag Cúirt Uíbh Eachach go dtí mí Bealtaine 2017. Is é €1.1 milliún an méid iomlán is iníoctha faoi théarmaí a bhfuil fágtha den léas. B'ionann agus €2.8 milliún na híocaíochtaí iomlána cíosa faoin léas oibriúcháin seo in 2016 (2015: €2.7 milliún).

**(ii) Tionscadal Ché an Phoirt Thuaidh**

Tá infheistíocht shuntasach ón mBanc i gceist leis an tionscadal i ndáil le dearadh, tógáil agus feistiú an fhoirgnimh reatha. (Nóta 22(i)(iii)). B'ionann agus €11.3 milliún na ceanglais chonraithe iomlána amhail ar an 31 Nollaig 2016 (2015: €66.5 milliún).

## Nóta 38: Bainistíocht Riosca Airgeadais

Tá Clár Comhardaithe an Bhainc nearmhchosanta ar rioscaí airgeadais a eascraíonn as feidhmiú a róil reachtúil, i dtéarmaí chur chun feidhme beartais airgeadaíochta san earnáil airgeadais intíre, gníomhartha beartais infheistíochta a bhaineann le bainistiú chúlchistí an Bhainc, agus mar Bhanc Ceannais Náisiúnta (BCN) an Eurochórais a ghlacann páirt i dtionscnaimh níos leithne beartais airgeadaíochta amhail an Clár Ceannaigh Leathnaithe do Shócmhainní (EAPP). Ó thaobh an chláir chomhardaithe fhoriomláin, áirítear rioscaí creidmheasa, margaidh, leachtachta agus airgeadra sna rioscaí sin de ghnáth.

Féachann an Banc leis na neamhchosaintí sin a rialú trí raon próiseas bainistíochta riosca a chothabháil chun rioscaí a shainaithint, a mheas, a bhainistiú agus chun faireachán a dhéanamh orthu, laistigh de bheartais shainithe inmheánacha bainistíochta riosca agus faoi threoir creataí agus nósanna imeachta bainistíochta riosca de chuid an Eurochórais i gcás inar iomchuí. Déanann Coiste Riosca an Choimisiúin (CRC), le tacaíocht ón gCoiste Feidhmiúcháin Riosca (ERC), maoirseacht ar ghníomhaíochtaí an Bhainc um bainistíocht riosca airgeadais sa chaoi go n-áirithítear go gcloítear le caighdeáin agus beartais fhormheasta. Tá an Leas-Ghobharnóir (Baincéireacht Cheannais) ina cathaoirleach ar an ERC.

Tá bainistiú gníomhach á dhéanamh ag trí rannán sa Bhanc ar rioscaí airgeadais an Bhainc. Déanann an Rannán um Margaí Airgeadais (FMD) oibríochtaí beartais airgeadaíochta a sheoladh thar ceann an BCE (lena n-áirítear ceannacháin sócmhainní faoin EAPP), faireachán ar shuíomh leachtachta na mbanc intíre agus Cúnamh Leachtachta Éigeandála a sholáthar i gcás inar gá, na hoibríochtaí bainistíochta infheistíochta a sheoladh, ar oibríochtaí iad atá riachtanach chun cúlchistí infheistíochta an Bhainc agus cion an Bhainc i bpunann infheistíochta BCE a bhainistiú. Tá an Rannán Íocaíochtaí agus Socraíochtaí Urrús (PSSD) freagrach, *inter alia*, as socraíochtaí íocaíochtaí euro laistigh de Chreat Mear-Aistrithe Ollsocraíochtaí Fíor-ama (TARGET2), as feidhmiú gníomhaíochtaí cúloifige a bhaineann le hidirbhearta comhthaobhachta arna n-eascairt as cur chun feidhme beartais airgeadaíochta, agus as socraíocht idirbheart a bhaineann le bainistiú phunann infheistíochta an Bhainc féin agus le bainistiú chion an Bhainc i bunpann infheistíochta an BCE.

Tá an Rannán um Riosca Eagraíochtúil (ORD) freagrach, *inter alia*, as beartais bainistíochta riosca a shainiú agus as measúnú agus faireachán a dhéanamh ar riosca airgeadais. Sainíonn ORD na creataí um theorainneacha ar infheistíocht, seolann sé dícheall cuí maidir le comhthaobhacht, déanann sé faireachán ar chomhlíonadh beartais airgeadaíochta agus infheistíochta agus déanann sé measúnú ar rioscaí reatha agus ar rioscaí a thagann chun cinn ar Chlár Comhardaithe an Bhainc. Tuairiscíonn FMD agus PSSD don Stiúrthóir ar Oibríochtaí Airgeadais fad atá ORD neamhspleách ó thaobh feidhme agus tuairiscíonn sé don Stiúrthóir ar Ghnóthaí Corparáideacha.

Tuairiscítear thíos na beartais agus bearta bainistíochta riosca a chuirtear i bhfeidhm maidir le gach ceann de phríomh-neamhchosaintí airgeadais an Bhainc.

### Riosca Creidmheasa

Is ionann riosca creidmheasa agus riosca caillteanais a eascraíonn as mainneachtain ar thaobh iasachtaí, eisitheora nó contrapháirtí a chuid oibleagáidí don Bhanc a chomhlíonadh. Tá an Banc neamhchosanta ar riosca creidmheasa a bhaineann le gníomhaíochtaí infheistíochta an Bhainc agus trí bhíthin oibríochtaí beartais airgeadaíochta, lena n-áirítear bearta neamhchaighdeánacha amhail EAPP.

Déantar riosca creidmheasa i bpunanna infheistíochta an Bhainc a rialú trí chóras de theorainneacha arna bhfaomhadh ag an gCoimisiún, ar córas é atá bunaithe go príomha ar rátálacha seachtracha creidmheasa arna gcur ar fáil ag gníomhaireachtaí áirithe rátála. Déantar an neamhchosaint ar riosca creidmheasa a mhaolú ar shócmhainní infheistíochta an Bhainc trí chreat formheasta beartais infheistíochta a chur chun feidhme agus a chothabháil.

## Nóta 38: Bainistíocht Riosca Airgeadais (ar lean)

Déantar riosca creidmheasa a eascraíonn as cur chun feidhme bheartas airgeadaíochta an Eurochórais a mhaolú trí chritéir dhochta incháilitheachta do chontrapháirtithe a chur i bhfeidhm agus trí fhorálacha Airteagal 18.1 de Reacht CEBC a chomhlíonadh, lena n-áirithítear go bhfuil gach ceann d'oibríochtaí athmhaoiniúcháin an Eurochórais (i.e. oibríochtaí beartais airgeadaíochta chun leachtacht agus creidmheas ionlae a sholáthar) bunaithe ar chomhthaobhacht leordhóthanach. Chun an riosca seo a rialú tuilleadh, áirithítear le Creat Measúnaithe Creidmheasa an Eurochórais (ECAF) go gcomhlíonfar ceanglas an Eurochórais maidir le hardchaighdeáin chreidmheasa do na sócmhainní incháilithe go léir. De bhreis air sin, cuirtear bearta leanúnacha um rialú riosca i bhfeidhm freisin lena n-áirítear ciorruithe luachála, éarlais tosaigh agus athrúcháin. Más infheidhme, déantar an riosca creidmheasa don Bhanc a mhaolú tuilleadh trí bhíthin sásraí roinnte caillteanas de chuid an Eurochórais lena ndéantar aon chaillteanais arna n-eascairt as oibríochtaí beartais airgeadaíochta a leithdháileadh i gcomhréir le scála caipitil na mbanc ceannais náisiúnta. Ar a shon sin, i gcás oibríochtaí beartais airgeadaíochta arna gcomhthaobhú le hÉilimh Bhreise Creidmheasa, is é an BCN a ghlacann leis an gcomhthaobhacht i gceist a iompróidh an riosca. Sa chás seo, déantar rialuithe breise riosca a chur chun feidhme trí mheasúnú tiomanta bliantúil um dhícheall cuí oibríochtúil agus dlíthiúil a dhéanamh ar na buniasachtaí agus an doiciméadacht ghaolmhar.

Riosca creidmheasa i ndáil le punanna a bhaineann le beartas neamhchaighdeánach airgeadaíochta an Eurochórais, déantar é a bhainistiú i gcomhréir le creataí ábhartha an Eurochórais. Is é an Banc a iompróidh caillteanais ionchasacha ar urrúis arna sealbhú mar chomhiomlán ag an Eurochóras i gClár na Margaí Urrús agus sa tríú Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach, mar aon le sealúchais BCE agus sealúchais bannaí fornáisiúnta faoi na Cláir Cheannaigh Leathnaithe do Shócmhainní, ar bhonn scaireanna scála caipitil, fad a shealbhaítear sealúchais an Bhainc d'urrúis rialtas na hÉireann faoi Chlár Ceannaigh na hEarnála Poiblí agus fad a shealbhaítear sealúchais faoin gcéad Chlár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach agus faoin dara Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach ar bhonn riosca dílse. Tar éis measúnú comhchoiteann a dhéanamh ar lagú sócmhainní, mheas an Banc go mbeadh sé stuama soláthar €160 milliún a choinneáil ina chuntais bhliantúla do 2016 i leith neamhchosaintí ar rioscaí creidmheasa ar shócmhainní áirithe a choinnítear go dtí aibíocht (Nóta 33).

### Riosca Rátaí Úis

Tagraíonn riosca rátaí úis don riosca caillteanais a eascraíonn as athruithe díobhálacha ar rátaí úis. Is é an Rannán um Margaí Airgeadais (FMD) a dhéanann bainistíocht ar phunanna infheistíochta an Bhainc i gcomhréir le paraiméadair, rialachas agus creataí rialaithe bainistíochta riosca arna bhformheas ag an gCoimisiún. Is é an Rannán um Riosca Eagraíochtúil (ORD) a fhíoróidh comhlíonadh agus feidhmíocht i ndáil leis na beartais sin agus tuairisceoidh sé an céanna don Choiste Feidhmiúcháin Riosca agus do Choiste Riosca an Choimisiúin (CRC).

Ceann de phríomhfhoinsí neamhchosaint an Bhainc ar riosca rátaí úis, baineann sé le híogaireacht luach a chuid sócmhainní infheistíochta ar athruithe ar rátaí úis. Déanann an Banc an neamhchosaint seo ar riosca rátaí úis a mhaolú ar chion den phunann infheistíochta trí leithdháileadh chuig punann a choinnítear go dtí aibíocht. Déantar tosaíochtaí bainistíochta riosca i ndáil le fuílleach na sócmhainní infheistíochta a shainiú trí thagarmharc arna thiomsú go seachtrach, agus déantar na punanna infheistíochta a mheas agus a bhainistiú ina choinne sin. Déantar riosca rátaí úis ar phunanna marcáil ón margadh de chuid an Bhainc a ríomh agus a bhainistiú trí úsáid a bhaint as marthanacht leasaithe lena ndeantar íogaireacht luach punainne infheistíochta a chainníochtú maidir le hathruithe ar thorthaí bannaí. Úsáidtear Luach faoi Riosca [27] (LfR) agus Easnamh Ionchais mar thomhas forlíontach ar riosca margaidh ar phunanna an Bhainc.

Ina theannta sin, tá an Banc neamhchosanta ar riosca rátaí úis ar a phunann neamh-amúchta de bhannaí caighdeánacha inmhargaidh Rialtas na hÉireann agus de bhannaí Rialtas-Ráthaithe NAMA a fuarthas i ndiaidh leachtú IBRC (Nóta 16 (i)). Déantar riosca rátaí úis ar neamhchosaintí an Bhainc ar bheartas neamhchaighdeánach airgeadaíochta an Eurochórais EAPP a mhaolú trí bheartas cuntasaíochta amúchta a chur i bhfeidhm.

Tagraíonn riosca rátaí úis freisin do riosca reatha nó do riosca amach anseo do chaipiteal agus do thuilleamh an Bhainc arna eascairt as gluaiseachtaí i rataí úis a dhéanann difear dá Chlár Comhardaithe. Sa cháil seo, tá an Banc neamhchosanta ar neamhréir ionchasach ráta úis mar gheall ar a shealúchais sócmhainní ráta sheasta faoin gClár Ceannaigh Leathnaithe do Shócmhainní (EAPP), agus tá sé neamhchosanta ar dhliteanais atá nasctha le rátaí beartais airgeadaíochta ag an am céanna. Chun an riosca seo a mheas, déanann an Banc measúnú rialta ar shuíomhanna a Chláir Chomhardaithe i gcomhthéacs rátaí úis thar roinnt blianta atá le teacht agus ríomhann sé raon staidrimh um thomhas riosca ó thorthaí brabúsachta. Úsáidtear Luach faoi Riosca agus Easnamh Ionchais, mar aon le sainbhreithiúnas, chun leibhéal an riosca rátaí úis ar Chlár Comhardaithe an Bhainc a thomhas. Mar chuid dá mheasúnú ar riosca rátaí úis agus de shainaithint neamhréir ionchasach rátaí úis, mheas an Banc go mbeadh sé stuama soláthar €165 milliún a chur ar leataobh do riosca ginearálta (Nóta 33).

27 Is ionann an Luach faoi Riosca agus an caillteanas uasta a bheifí ag súil leis laistigh de thréimhse shonraithe sealúchais agus a mbaineann leibhéal sonraithe muiníne leis.

## Nóta 38: Bainistíocht Riosca Airgeadais (ar lean)

### Riosca Airgeadra

Tagraíonn riosca airgeadra don riosca caillteanais de bharr athruithe ar rátaí malairte. I gcomhthéacs an limistéir euro agus an chur chuige iarmhartaigh maidir le hidirghabháil malairte eachtraí, coinníonn an Banc sealúchas teoranta de shócmhainní airgeadra eachtraigh. Déantar athbhreithniú ar leithdháileadh airgeadra na punainne infheistíochta go tréimhsiúil trí úsáid a bhaint as modheolaíochtaí cainníochtúla, as LfR agus tástáil struis mar aon le tosca cáilíochtúla éagsúla eile. Amhail ar an 31 Nollaig 2016, bhí punanna an Bhainc ainmnithe in euro, tríd is tríd, le méid beag óir praghasálaithe i ndollair SA agus le neamhchosaint bheag ar shócmhainní ioncaim sheasta in airgeadra eachtrach ar bhonn fálaithe. Tá an Banc neamhchosanta go páirteach ar riosca airgeadra freisin trí shuíomh glansócmhainne i gCearta Speisialta Tarraingthe. Tá an neamhchosaint seo á sealbhú ar bhonn fálaithe (Nóta 12(i) agus Nóta 28). Is trí bhabhtálacha agus réamhchonarthaí i malairt eachtrach atá ar comhréir le luach na mbunsócmhainní a dhéantar fálú airgeadra.

### Riosca Leachtachta

Is ionann riosca leachtachta agus an riosca a éiríonn as easnamh indíoltachta infheistíochta, ar infheistíocht í nach féidir a cheannach nó a dhíol sách tapa chun caillteanas a chosc nó a íoslaghdú i gcás athruithe díobhálacha ar phraghas. Déantar riosca leachtachta a mhaolú trí chion de phunann infheistíochta an Bhainc a leithdháileadh ar phunann leachtachta marcáil ón margadh. D'fhonn comhchruinniú iomarcach a sheachaint, tá infheistíochtaí laistigh de phunann marcáil ón margadh faoi réir teorainneacha eisiúna agus, ar an gcaoi sin, íoslaghdaítear an neamhchosaint ar aon saincheist ar leith a d'fhéadfadh riosca géar leachtachta a chruthú i gcás inar ghá an tsócmhainn a dhíol. Ina theannta sin, déantar teorainneacha eisiúna a chúpláil le rátálacha creidmheasa íosta chun go maolófar dóchúlacht diúscairtí neamhsceidealaithe.

## Nóta 39: Conarthaí Neamhaibithe in Airgeadra Eachtrach

Ba iad seo a leanas Conarthaí Neamhaibithe in Airgeadra Eachtrach ag deireadh na bliana:

| | 31 Nollaig 2016 | | | | 31 Nollaig 2015 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | DKK | EUR | JPY | SDR | EUR | GBP | JPY |
| | 000 | 000 | 000 | 000 | 000 | 000 | 000 |
| **Ceannacháin Neamhaibithe** | 7,497 | 2,231,948 | 134,546 | - | 661,180 | - | 10,051 |
| **Díolacháin Neamhaibithe** | (2,645,397) | (2,141) | (120,784,546) | (682,284) | (75) | (1,480) | (88,310,051) |
| **Ceannacháin agus Díolacháin Neamhaibithe** | **(2,637,900)** | **2,229,807** | **(120,650,000)** | **(682,284)** | **661,105** | **(1,480)** | **(88,300,000)** |

Tiocfaidh na conarthaí uile in airgeadra eachtrach in aibíocht faoin 20 Deireadh Fómhair 2017.

## Nóta 40: Conarthaí Neamhaibithe in Urrúis

Ba iad seo a leanas conarthaí neamhaibithe in urrúis ag deireadh na bliana:

| | 31 Nollaig 2016 | 31 Nollaig 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Ceannacháin Neamhaibithe** | – | 59,068 |
| **Díolacháin Neamhaibithe** | – | (256,895) |
| **Ceannacháin agus Díolacháin Neamhaibithe** | **–** | **(197,827)** |

## Nóta 41: Páirtithe Gaolmhara

(i) Cuireann an Banc cuid mhór seirbhísí ar fáil don Aire Airgeadais, a scairshealbhóir aonair, agus do ranna agus comhlachtaí eile Rialtais.

Ba iad seo a leanas na príomhsheirbhísí a cuireadh ar fáil le linn na bliana go dtí an 31 Nollaig 2016:

- soláthar seirbhísí baincéireachta lena n-áirítear príomhchuntais an Rialtais a choinneáil;
- soláthar agus eisiúint monaí;
- clár urrúis Rialtas na hÉireann a choinneáil agus a chothabháil.

(ii) Mar bhall rannpháirteach den CEBC, bíonn caidreamh leanúnach ag an mBanc le BCNanna eile agus leis an BCE.

(iii) Tá an Banc ar cheann de thrí scairshealbhóir sa 'Chuideachta um Chúiteamh d'Infheisteoirí Teoranta' (ICCL) agus soláthraíonn sé seirbhísí riaracháin agus eile di, a ndéantar a gcostais a ghnóthú ón ICCL. Is é an Banc an t-údarás maoirseachta chun críocha an Achta seo. Riarann an ICCL an scéim chúitimh d'infheisteoirí d'fhonn cliaint de chuid gnólachtaí infheistíochta teipthe a chúiteamh go páirteach. Ullmhaíonn an Chuideachta a Tuarascáil Bhliantúil agus a Ráitis Airgeadais iniúchta féin. Amhail ar an 31 Nollaig 2016, bhí iarmhéid €43,010 dlite ón ICCL (2015: €35,781). Rinneadh é seo a íoc ina iomláine i mí Feabhra 2017 (2015: Feabhra 2016) (Nóta 21(ii)).

(iv) Mar údarás réitigh, tá an Banc freagrach as an gCiste Réitigh do Bhainc agus do Ghnólachtaí Infheistíochta a bhainistiú agus a riaradh de bhun Rialachán 163(3) de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Téarnamh agus Réiteach Banc) 2015. Féadfaidh an Banc airgead a thaisceadh nó a infheistiú freisin le hinstitiúidí eile seachas leis an mBanc (Nóta 21(v) agus Nóta 26(i)).

(v) Tá an Banc freagrach as an gCiste Réitigh Foras Creidmheasa a bhainistiú agus a riaradh de bhun Alt 11(1) d'Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011 (Nóta 8 agus Nóta 31(v)).

(vi) Bhunaigh an Banc scéim mhaoinithe pinsin an 1 Deireadh Fómhair 2008 faoi Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003. Is é an Banc a bhainistíonn agus a riarann an scéim chun sochair d'fhostaithe an Bhainc. I Nóta 32, leagtar amach sonraí maidir le ranníocaí an Bhainc leis na cistí pinsean.

## Nóta 42: Teagmhais i ndiaidh Dheireadh na Tréimhse Tuairiscithe

### (i) Dáileadh Deiridh Bhrabúis an BCE

Chinn Comhairle Rialaithe an BCE an 16 Eanáir 2017 go ndéanfaí an brabús a bhí fágtha ag an BCE don bhliain 2016 arbh ionann é agus €226.9 milliún a dháileadh ar BCNanna an limistéir euro, i gcomhréir lena scaireanna lániocta. B'ionann scair an Bhainc den dáileadh deiridh seo agus €3.7 milliún a íocadh an 17 Feabhra 2017 agus tabharfar cuntas ina leith i Ráitis Airgeadais 2017.

### (ii) Díolachán Réadmhaoine

An 23 Nollaig 2016, rinne an Banc conradh ceangailteach chun a chuid réadmhaoine, lena n-áirítear réadmhaoin ar Shráid an Dáma arbh ionann a luach tugtha anonn agus €27.7 milliún, a dhiúscairt, ar chomaoin €67 milliún. Ar an dáta sin, fuair aturnaetha an Bhainc, mar gheallsealbhóir do na páirtithe, taisce €13.4 milliún. An 16 Eanáir 2017, forghníomhaíodh gníomhais tíolacais agus aistrithe chun díolachán na réadmhaoine a thabhairt chun críche. Fuair an Banc ceadúnuithe lenar ceadaíodh dó fanacht sna foirgnimh saor ó tháille ceadúnais anuas go dtí an 16 Bealtaine 2017. Mura mbeidh an Banc imithe ón réadmhaoin sin faoin dáta sin, beidh feidhm ag táille ceadúnais.

## Nóta 43: Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais

| Maoiniú Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Ioncam Tobhaigh** | | | |
| Ioncam Tobhaigh (i) | | 73,259 | 67,677 |
| Ioncam Tobhaigh Iarchurtha (ii) | | 1,198 | 5,873 |
| **Ioncam Tobhaigh** | **A** | **74,457** | **73,550** |
| **Soláthar** | | | |
| Soláthairtí Tosaigh d'Fhógraí Tobhaigh Neamhíoctha | | 1,914 | 3,493 |
| Tobhaigh Dhíscríofa | | (363) | (292) |
| Soláthairtí Scoir do Thobhaigh Neamhíoctha (iii) | | (1,540) | (1,914) |
| **Muirear don Bhliain** | **B** | **11** | **1,287** |
| **Glanmhaoiniú Tionscail-Rialáil Airgeadais** | **C (A+B)** | **74,468** | **74,837** |
| **Ioncam Eile** | | | |
| Táillí Margaidh Urrús | | 2,738 | 2,496 |
| Táillí Ceadúnúcháin | | 500 | 500 |
| Ilghnéitheach | | 58 | 58 |
| **Ioncam Eile** | **D** | **3,296** | **3,054** |
| **Ioncam Iomlán** | **E (C+D)** | **77,764** | **77,891** |
| **Fóirdheontas** | | | |
| Gníomhaíochtaí um Maoirseacht ar Mhargaí Urrús | | 6,789 | 6,195 |
| Costais eile Rialála Airgeadais nár Gnóthaíodh | | 70,501 | 62,584 |
| **Fóirdheontas ón mBanc Ceannais (iv)** | **F** | **77,290** | **68,779** |
| **Maoiniú Iomlán Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais** | **G (E+F)** | **155,054** | **146,670** |

## Nóta 43: Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais (ar lean)

| Costais Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Caiteachais Dhíreacha** | | | |
| Tuarastail/Liúntais | | 52,275 | 46,333 |
| PRSI | | 4,893 | 4,133 |
| Soláthar do Phinsin | | 15,328 | 21,383 |
| **Caiteachais foirne** | **H** | **72,496** | **71,849** |
| Oiliúint, Earcaíocht & Costais Eile Foirne | | 1,077 | 2,306 |
| Trealamh, Stáiseanóireacht & Riachtanais | | 68 | 1 |
| Taisteal ar Ghnó | | 1,630 | 1,269 |
| Foilsitheoireacht agus Fógraíocht dírithe ar Thomhaltóirí | | 39 | 28 |
| Táillí Gairmiúla | | 7,819 | 3,504 |
| Ilghnéitheach | | 4,188 | 2,147 |
| **Caiteachais Oibríochtúla Neamhphá** | **I** | **14,821** | **9,255** |
| **Caiteachais Dhíreacha Iomlána** | **J (H+I)** | **87,317** | **81,104** |
| **Seirbhísí Tacaíochta** | | | |
| Áitribh & Saoráidí | | 14,160 | 15,252 |
| Seirbhísí na Teicneolaíochta Faisnéise | | 22,703 | 18,019 |
| Acmhainní Daonna | | 8,898 | 8,880 |
| Seirbhísí eile | | 21,620 | 22,136 |
| **Seirbhísí Tacaíochta Iomlána (v)** | **K** | **67,381** | **64,287** |
| **Soláthairtí** | | | |
| **Muirear um Athstruchtúrú don Bhliain (vi)** | **L** | **356** | **–** |
| **Muirir Iarchurtha** | | | |
| Soláthar Tosaigh do Tháillí Iarchurtha | | – | 7,087 |
| Athrú ar an Soláthar | | – | (5,808) |
| Athrú ar an soláthar measta do léas dochraideach | | – | – |
| Soláthar scoir do Tháillí Iarchurtha | | – | – |
| **Muirir Iarchurtha i ndáil leis an mBliain Reatha (vii)** | **M** | **–** | **1,279** |
| **Costais Iomlána i leith Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais** | **N (J+K+L+M)** | **155,054** | **146,670** |

## Nóta 43: Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais (ar lean)

### (i) Ioncam Tobhaigh

| | 2015 Easnamh/ (Barrachas) A | Méid a gearradh in 2016 B | 2016 Easnamh (Barrachas)* * C | Ioncam Tobhaigh 2016 D (B+C-A) |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Institiúidí Creidmheasa | 747 | 40,967 | (6,115) | **34,105** |
| Gnóthais Árachais | 1,326 | 17,906 | 1,854 | **18,434** |
| Idirghabhálaithe & Gnólachtaí Bainistithe Fiachais | 1,712 | 3,192 | 1,107 | **2,587** |
| Gnólachtaí Urrús & Infheistíochta | 1,538 | 10,764 | 2,016 | **11,242** |
| Cistí Infheistíochta | 1 | 2,785 | 649 | **3,433** |
| Comhair Chreidmheasa | - | 1,483 | - | **1,483** |
| Iasachtóirí Airgid | (32) | 392 | (81) | **343** |
| Comhlachtaí Gairme Faofa | 4 | 11 | 13 | **20** |
| Bureaux de Change | 16 | 12 | 15 | **11** |
| Gnólachtaí Frithdhílse Teaghais, Creidmheasa Miondíola & Bainistithe | 143 | 683 | 383 | **923** |
| Institiúidí Seirbhíse Íocaíochta & Airgid Leictreonaigh | (41) | 792 | (155) | **678** |
| **Maoiniú Iomlán** | **5,414** | **78,987** | **(314)** | **73,259** |

* Déantar comhiomlán na nglaneasnamh (€60 milliún) agus an bharrachais (€6.3 milliún) is inchurtha do gach fo-aicme de Mhaoiniú Tionscail a áireamh; Nóta 21(ii) agus Nóta 31(ii) faoi seach.

### (ii) Ioncam Tobhaigh Iarchurtha

In 2015, d'athraigh an Banc an modh chun costais pinsin seirbhíse reatha a thobhach. Faoin gcur chuige athbhreithnithe seo, déantar iarmhairt na luaineachta pinsin a leathadh thar thréimhse atrátha deich mbliana agus, dá bhrí sin, aithnítear sa bhliain reatha ioncam fabhraithe i ndáil le muirir tobhaigh iarchurtha arb ionann é agus €1.2 milliún (2015: €5.9 milliún).

### (iii) Soláthar do Thobhaigh Neamhíoctha

Coinníonn an Banc soláthairtí i leith tobhach a bheidh fós gan íoc ag deireadh na bliana. Tobhaigh atá dlite laistigh 28 lá tar éis na sonraisc a eisiúint agus thuairiscítear mar thobhaigh gan íoc ó lá 29 ar aghaidh. Soláthar iomlán a dhéanamh do thobhaigh a bhaineann leis na blianta roimhe sin agus soláthar páirteach a dhéanamh i leith tobhach gan íoc a bhaineann leis an mbliain reatha. Téitear sa tóir ar thobhaigh gan íoc mar chuid den phróiseas leanúnach aisghabhála fiachais.

### (iv) Fóirdheontas

Le comhaontú an Aire Airgeadais, ó 2007 i leith tá 50 faoin gcéad de chostais iomlána na ngníomhaíochtaí rialála airgeadais á n-íoc ó thobhaigh a ghearradh ar an tionscal. Soláthraíonn an Banc iarmhéid na gcostas iomlán bliantúil i gcomhréir le hAlt 32I d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (mar atá arna leasú). Ó 2007 i leith, thabhaigh an Banc, le ceadú an Aire airgeadais, costais i leith gníomhaíochtaí áirithe um maoirseacht ar mhargaí urrús (a bhaineann leis an Treoir Réamheolaire, an Treoir um Dhrochúsáid Margaidh, an Treoir Trédhearcachta agus an Treoir um Dhíol Folamh) a dhéantar san eagraíocht. Eisiadh na costais seo, arbh ionann iad agus €9.5 milliún in 2016 (2015: €8.7 milliún) ó na Glantobhaigh Maoiniúcháin Tionscail arna n-eisiúint chuig an tionscal in 2016. Áirítear táillí i leith na margaí urrús in Ioncam Eile.

### (v) Seirbhísí Tacaíochta

Faigheann na Stiúrthóireachtaí Rialála Airgeadais seirbhísí éagsúla lena n-áirítear áitreabh, riarachán acmhainní daonna, cuntasaíocht, iniúchóireacht inmheánach, seirbhísí staidrimh agus teicneolaíochta faisnéise ó stiúrthóireachtaí seirbhísí tacaíochta sa Bhanc. B'ionann costas na seirbhísí sin in 2016 agus €67.4 milliún (2015: €64.3 milliún).

Tá leithdháileadh bunaithe ar chleachtas aitheanta tionscail lena n-áirítear spás urláir áitithe, líon ríomhairí pearsanta agus líon daoine (líon foirne) de réir mar is iomchuí.

**(vi) Soláthairtí**

In 2016, chruthaigh an Banc soláthar d'athstruchtúrú i leith ragoibre. Is ionann é seo agus an cion den soláthar sin is inchurtha i leith na gníomhaíochta rialála airgeadais (Nóta 1(m), Nóta 4 agus Nóta 33).

**(vii) Muirir Iarchurtha**

Idir 2013 agus 2015, d'aithin an Banc muirir áirithe sa Ráiteas Ioncaim agus ar Caiteachais ar bhonn fabhraithe, ar muirir iad a ghearrfaí ar an Tionscal amach anseo de réir mar a thabhófaí eisíocaíochtaí iarbhír. Bhain na caiteachais seo leis an méid seo a leanas:

(i) Soláthar léasa dhochraidigh agus trochlaithe. Nuair a fuarthas an t-áitreabh ag Duga Spencer in 2015, arbh é an t-áitreabh sin ba bhun leis an soláthar seo, ní raibh gá a thuilleadh leis an soláthar seo. Dá bhrí sin, rinneadh é a scaoileadh in 2015.

(ii) Fabhrú i leith saoire bliantúla (Nóta 31 (iv)); agus

(iii) Soláthar um athstruchtúrú d'athstruchtúrú beartaithe in 2015 i ndáil le foireann riaracháin agus airgeadra. Iarmhéideanna na muirear iarchurtha maidir leis an bhfabhrú i leith saoire bliantúla agus an soláthar um athstruchtúrú, rinneadh iad a scaoileadh chuig Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais in 2015 sa chaoi gurbh é nialas an t-iarmhéid ag deireadh na bliana 2015.

## Nóta 44: Cumhdach an nóta gealltanais atá mar bhonn le hiasachtú chuig Poblacht na hÉireann ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta do thacaíocht bhuiséadach dhíreach.

Amhail ar an 31 Nollaig 2016, bhí nóta gealltanais ar seilbh ag an mBanc arbh ionann é agus SDR 3,722.8 milliún arna eisiúint ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i bhfabhar an CAI i gcomhthéacs na hiasachta a fuarthas ón CAI do thacaíocht bhuiséadach dhíreach. Faoin socrú seo, thug an CAI cistí a bhí comhionann le SDR 19,465.8 milliún don Aire Airgeadais a bhfuil aonoibleagáid air nó uirthi an fiach gaolmhar a aisíoc leis an CAI. Rinneadh an nóta gealltanais seo an 16 Nollaig 2010.

## Nóta 45: Comparáidí

Rinneadh faisnéis chomparáideach áirithe a athaicmiú ó thaobh comhsheasmhachta le nochtadh faisnéise na bliana reatha. Ioncam úis (e.g. ús cúpóin) agus úschostas (e.g. amúchadh préimheanna) a eascraíonn as urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta agus arna gcur i láthair roimhe seo ar bhonn comhlán, cuirtear i láthair anois iad ar bhonn glan, ag brath ar cibé an bhfuil an méid glan dearfach nó diúltach (Nóta 2 agus Nóta 3). An dliteanas a bhaineann leis an gCiste Réitigh do Bhainc agus do Ghnólachtaí Infheistíochta agus a bhí ar áireamh roimhe seo faoi Dliteanais Eile (Nóta 31), rinneadh é a athaicmiú agus cuirtear i láthair anois é faoi Dliteanais in euro do Chónaitheoirí lasmuigh den Limistéar euro (Nóta 26). Tugadh faoi na hathaicmithe seo chun comhréireacht chur i láthair na ráiteas airgeadais i measc na BCNanna a áirithiú.

## Nóta 46: Faomhadh na gCuntas

D'fhaomh an Coimisiún an Ráiteas Cuntas an 14 Márta 2017.

## Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Bhainc Ceannais na hÉireann

Faoi Acht an Bhainc Cheannais 1942, arna leasú leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010, tá iniúchadh déanta agam ar ráiteas cuntas Bhanc Ceannais na hÉireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016. Cuimsítear an cuntas brabúis agus caillteanais agus leithghabhála, an clár comhardaithe agus na nótaí gaolmhara sa Ráiteas Cuntas. An creat um thuairisciú airgeadais a úsáideadh chun an ráiteas cuntas a ullmhú, leagtar amach é i Nóta 1 (b) de na nótaí a ghabhann leis na cuntais.

### Freagrachtaí Choimisiún an Bhainc Ceannais

Tá comhaltaí Choimisiún an Bhainc Ceannais freagrach as an ráiteas cuntas a ullmhú, as a áirithiú go dtugtar léargas fíor, cothrom ann agus as rialtacht idirbheart a áirithiú.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá freagracht orm an ráiteas cuntas a iniúchadh agus tuarascáil a thabhairt air i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Rinne mé an iniúchóireacht faoi threoir léirbhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmíocht.

Cuireadh an t-iniúchadh seo i gcrích i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (RA agus Éire) agus le Caighdeáin Eitice an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta d'Iniúchóirí.

### Raon na hiniúchóireachta ar an Ráiteas Cuntas

Is é a bhíonn i gceist le hiniúchóireacht, fianaise leordhóthanach a fháil maidir leis na méideanna agus an nochtadh faisnéise sa ráiteas chun go bhféadfar dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil an ráiteas saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu trí chalaois nó trí mhírialtacht nó earráid eile. Áirítear sa mhéid seo measúnú ar na nithe seo a leanas:

– cibé acu an bhfuil na beartais chuntasaíochta iomchuí do dhálaí an Bhainc, agus an bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus á nochtadh go leordhóthanach;

– réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh le linn an Ráiteas Cuntas a ullmhú; agus

– cur i láthair foriomlán an Ráitis Cuntas.

Féachaim freisin le fianaise a fháil maidir le rialtacht idirbheart airgeadais le linn na hiniúchóireachta.

Ina theannta sin, léim tuarascáil bhliantúil an Bhainc chun aon neamhréireachtaí ábhartha leis an ráiteas cuntas iniúchta a shainaithint agus chun aon fhaisnéis atá mícheart nó neamhréireach bunaithe ar an eolas atá faighte agam le linn dom an iniúchóireacht a dhéanamh. Má fheictear dom go bhfuil aon mhíráitis nó neamhréireachtaí ábhartha, breithním na himpleachtaí don tuarascáil seo.

### Tuairim ar an Ráiteas Cuntas

Is é mo thuairim maidir leis an Ráiteas Cuntas:

– go dtugtar léargas fíor, cothrom ann ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar shuíomh airgeadais an Bhainc amhail ar an 31 Nollaig 2016 agus ar a ioncam agus caiteachas do 2016; agus

– gur ullmhaíodh go cuí é ar an mbonn a thuairiscítear i Nóta 1 (b) de na nótaí a ghabhann leis na cuntais.

Is é mo thuairim go raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun go bhféadfaí iniúchóireacht a dhéanamh orthu go héasca agus go cuí. Tá an ráiteas cuntas ag teacht leis na leabhair chuntais.

## Nithe a gceanglaítear orm a thuairisciú ar bhonn eisceachtúil

Tuairiscím go heisceachtúil mura mbíonn gach faisnéis agus gach míniú a bhí ag teastáil uaim don iniúchóireacht, nó

- má bhíonn aon chás ábhartha ann nach n-úsáidtear airgead poiblí chun na gcríoch atá beartaithe nó nach mbíonn na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis atá á rialú, nó
- má bhíonn an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil bhliantúil an Bhainc ar neamhréir leis an ráiteas cuntas gaolmhar nó leis an eolas atá faighte agam le linn dom an iniúchóireacht a dhéanamh, nó
- mura léirítear sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais go bhfuil an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit á chomhlíonadh ag an mBanc, nó
- má fheictear dom go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an gcaoi ina ndearnadh gnó poiblí.

*Soláthar neamhiomaíoch*
Nochtaítear sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais caiteachas €1.6 milliún ag an mBanc in 2016 ar earraí agus ar sheirbhísí nach raibh bunaithe ar phróisis iomchuí tairisceana um sholáthar poiblí.

**Seamus McCarthy**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

14 Márta 2017

## Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha do Choimisiún Bhanc Ceannais na hÉireann

Tá iniúcóireacht déanta againn ar Ráiteas Cuntas Bhanc Ceannais na hÉireann ('an Banc') don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016, a gcuimsítear ann an Cuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála, an Clár Comhardaithe agus nótaí gaolmhara 1 go dtí 46. An creat um thuairisciú airgeadais a cuireadh i bhfeidhm chun iad a ullmhú ab ea an Treoirlíne ón mBanc Ceannais Eorpach maidir leis an gcreat dlíthiúil do thuairisciú cuntasaíochta agus airgeadais sa Chóras Eorpach Banc Ceannais agus, i gcás ina mbíonn an Treoirlíne tostach, leanadh na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn, eadhon FRS 102.

Tugtar an tuarascáil seo, lena n-áirítear an tuairim, do Choimisiún an Bhainc amháin mar chomhlacht, i gcomhréir le hAirteagal 27 de Reacht an Bhainc Cheannais Eorpaigh, agus tugaimid faoin obair iniúchóireachta sa chaoi go mbeimid ábalta nithe a thuairisciú do Chomhaltaí an Choimisiúin, ar nithe iad a gceanglaítear orainn a thuairisciú dóibh i dtuarascáil iniúchóra agus chun na críche sin amháin. A mhéid a cheadaítear de réir dlí, ní glacaimid orainn féin freagracht do dhuine ar bith eile seachas don Choimisiún as an obair iniúchóireachta atá déanta againn, as an tuarascáil seo nó as na tuairimí atá tugtha againn.

### Freagrachtaí chomhaltaí an Choimisiúin agus na nIniúchóirí faoi seach

Mar a mhínítear ar mhodh níos iomláine sa Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Choimisiúin, tá comhaltaí an Choimisiúin freagrach as an Ráiteas Cuntas a ullmhú i gcomhréir leis an gcreat um thuairisciú airgeadais.

De bhun cheanglais Airteagal 27 de Reacht an Bhainc Cheannais Eorpaigh, ceapadh muidne le hiniúchóireacht a dhéanamh ar Ráiteas Cuntas an Bhainc. Tá de fhreagracht orainn mar iniúchóirí neamhspleácha iniúchóireacht a dhéanamh ar an Ráiteas Cuntas agus tuairim a thabhairt ina leith i gcomhréir le hAirteagal 27 de Reacht an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (RA agus Éire). Cuireann na caighdeáin seo de cheangal orainn Caighdeáin Eitice an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta d'Iniúchóirí a chomhlíonadh.

### Raon na hiniúchóireachta ar an Ráiteas Cuntas

Is é a bhíonn i gceist le hiniúchóireacht, fianaise leordhóthanach a fháil maidir leis na méideanna agus leis an nochtadh faisnéise sa Ráiteas Cuntas chun go bhféadfar dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil an Ráiteas Cuntas saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu trí chalaois nó trí mhírialtacht nó earráid eile. Folaíonn sé seo measúnú ar na nithe seo a leanas: cibé acu an bhfuil na beartais chuntasaíochta iomchuí d'imthosca an Bhainc, agus an bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus á nochtadh go leordhóthanach; réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta arna ndéanamh ag Comhaltaí an Choimisiúin; agus cur i láthair foriomlán an Ráitis Cuntas. Ní cheanglaítear orainn tuairim a thabhairt i dtaobh éifeachtacht chóras rialuithe inmheánacha airgeadais an Bhainc. Ina theannta sin, léimid an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais go léir sa tuarascáil bhliantúil chun aon neamhréireachtaí ábhartha leis an Ráiteas Cuntas iniúchta a shainaithint agus chun aon fhaisnéis atá mícheart nó neamhréireach a shainaithint bunaithe ar an eolas a fuaireamar le linn dúinn an iniúchóireacht a dhéanamh. Má fheictear dúinn go bhfuil aon mhíráitis nó neamhréireachtaí ábhartha ann, breithnímid na himpleachtaí don tuarascáil seo.

### Tuairim ar an Ráiteas Cuntas

Is é ár dtuairim maidir leis an Ráiteas Cuntas:

- go dtugtar léargas fíor, cothrom ann ar staid ghnóthaí an Bhainc, amhail ar an 31 Nollaig 2016, agus ar an mbarrachas don bhliain dar chríoch an dáta sin, i gcomhréir leis an Treoirlíne ón mBanc Ceannais Eorpach maidir leis an gcreat dlíthiúil do thuairisciú cuntasaíochta agus airgeadais sa Chóras Eorpach Banc Ceannais agus, i gcás ina mbíonn an Treoirlíne tostach, i gcomhréir FRS 102; agus
- gur ullmhaíodh go cuí é i gcomhréir leis an gcreat ábhartha um thuairisciú airgeadais.

## Nithe eile a gceanglaítear orainn a thuairisciú

- Fuaireamar gach faisnéis agus gach míniúchán a mheasamar a bheith riachtanach don iniúchóireacht.
- Is é ár dtuairim gur choinnigh an Banc taifid chuntasaíochta chuí.
- Tá an Ráiteas Cuntas ag teacht leis na taifid chuntais.
- Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis an gcleachtas is fearr, ar ní é a chuirfeadh in iúl go dtuairisceoimid daoibh más rud é, gurb é ár dtuairim nach ndéantar luach saothair agus idirbhearta Chomhaltaí an Choimisiúin a nochtadh.

**Micheal Tuohy**
**Ar son agus thar ceann**
**Mazars**
**Cunstasóirí Cairte & Gnólacht Iniúchóireachta**
**Harcourt Centre**
**Bloc 3**
**Baile Átha Cliath 2**

14 Márta 2017

**An leagan Gaeilge seo de Thuarascáil Bhliantúil 2016 Bhanc Ceannais na hÉireann, arna fhoilsiú i gcomhréir le halt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, is aistriúchán é ar an leagan Béarla arna ullmhú agus arna thíolacadh don Aire Airgeadais i gcomhréir le halt 32K d'Acht an Bhainc Cheannais 1942.**

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

**Central Bank of Ireland**
**New Wapping Street, North Wall Quay, Dublin 1, Ireland**

**Banc Ceannais na hÉireann,**
**Sráid Wapping Nua, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1, Éire**

**Web/Gréasán:** **www.centralbank.ie**
**Email/R-phost:** **publications@centralbank.ie**